*Uimhir* 31 *de* 2010

# AN tACHT COMHDHLÚITE CÁNACH BREISLUACHA, 2010

[*An tiontú oifigiúil*]

## RIAR NA nALT


CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal.

2. Léiriú — ginearálta.

3. Cáin bhreisluacha a mhuirearú.

CUID 2

DAOINE CUNTASACHA

CAIBIDIL 1

*Léiriú*

4. Mínithe — *Cuid 2*.

CAIBIDIL 2

*Rialacha ginearálta*

5. Daoine atá, nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith, ina ndaoine cuntasacha.

6. Daoine nach daoine cuntasacha mura roghnaíonn siad amhlaidh.

7. Déileáil le daoine mar dhaoine nach daoine cuntasacha.

8. Roghnú a chealú.

CAIBIDIL 3

*Rialacha le haghaidh fálacha laistigh den Chomhphobal*

9. Fálacha laistigh den Chomhphobal agus daoine cuntasacha.

10. Soláthairtí áirithe earraí — soláthraí nach bhfuil bunaithe sa Stát.

11. Forálacha eile i ndáil le hearraí.

CAIBIDIL 4

*Seirbhísí arna soláthar sa Stát ag daoine atá bunaithe lasmuigh den Stát*

12. Seirbhísí a fhaightear ón gcoigrích agus daoine cuntasacha.

13. Soláthairtí áirithe seirbhísí — soláthraí nach bhfuil bunaithe sa Stát.

CAIBIDIL 5

*Forálacha forlíontacha*

14. An Stát agus comhlachtaí poiblí.

15. Grúpaí CBL.

16. Muirear freaschurtha ar sholáthairtí áirithe.

17. Forálacha eile i ndáil le seirbhísí.

18. Saobhadh ar iomaíocht, soláthairtí a meastar gur soláthairtí inchánach iad, etc.

CUID 3

IDIRBHEARTA INCHÁNACH

CAIBIDIL 1

*Soláthar earraí*

19. An bhrí atá le soláthar earraí.

20. Aistrithe, etc., a meastar nach soláthairtí iad.

21. Soláthairtí arna ndéanamh saor ó tháille.

22. Rialacha speisialta i ndáil le soláthairtí earraí.

23. Soláthar tar éis fáil laistigh den Chomhphobal.

CAIBIDIL 2

*Fálacha laistigh den Chomhphobal*

24. Fálacha earraí laistigh den Chomhphobal.

CAIBIDIL 3

*Soláthar seirbhísí*

25. An bhrí atá le soláthar seirbhísí.

26. Aistriú sócmhainní doláimhsithe gnó a meastar nach soláthar seirbhísí é.

27. Féinsoláthar seirbhísí.

28. Rialacha speisialta i ndáil le soláthairtí seirbhísí.

CUID 4

AN ÁIT A NDÉANTAR IDIRBHEARTA INCHÁNACH

CAIBIDIL 1

*An áit a soláthraítear earraí*

29. Rialacha ginearálta.

30. Earraí a sholáthraítear do dhaoine neamhchláraithe.

31. Soláthairtí gáis agus leictreachais.

CAIBIDIL 2

*An áit a ndéantar idirbhearta laistigh den Chomhphobal*

32. Fálacha earraí laistigh den Chomhphobal.

CAIBIDIL 3

*An áit a soláthraítear seirbhísí*

33. Feidhm agus léiriú *alt 34*.

34. Rialacha ginearálta.

35. Forálacha a bhaineann le húsáid agus le teachtadh.

CUID 5

MÉID INCHÁNACH

CAIBIDIL 1

*Méid inchánach — na príomhfhorálacha*

36. Mínithe — *Caibidil 1*.

37. Rialacha ginearálta maidir leis an méid inchánach.

38. Cinneadh go bhfuil feidhm ag an margadhluach oscailte.

39. Forálacha ginearálta maidir le comaoin.

40. Riail speisialta maidir le comaoin, triantánú.

41. Riail maidir le dhá thrian.

42. An méid inchánach le haghaidh soláthairtí áirithe.

43. Dearbháin, etc.

44. Úsáid earraí dochorraithe nach úsáid ghnó.

CAIBIDIL 2

*Comaoin a choigeartú agus a ghnóthú*

45. Comaoin a choigeartú agus a ghnóthú.

CUID 6

RÁTAÍ AGUS DÍOLÚINE

CAIBIDIL 1

*Rátaí*

46. Rátaí cánach.

47. Soláthairtí ilchodacha agus ilsoláthairtí.

48. Saothair ealaíne, etc.

49. Obair chonartha.

50. Forálacha i ndáil le soláthairtí áirithe.

51. Cinntí maidir le rátaí agus díolúintí.

CAIBIDIL 2

*Díolúintí*

52. Riail ghinearálta maidir le gníomhaíocht dhíolmhaithe.

CUID 7

FORÁLACHA A BHAINEANN LE HALLMHAIRÍ, ONNMHAIRÍ, ETC.

53. Allmhairí — forálacha ginearálta.

54. Cáin ar earraí allmhairithe áirithe a loghadh nó a aisíoc.

55. Earraí faoi bhealach — forálacha ilghnéitheacha.

56. Scéim rátála nialais le haghaidh gnóthaí cáilitheacha.

57. Loghadh cánach ar earraí a onnmhairítear, etc.

58. An scéim um onnmhairí miondíola.

CUID 8

ASBHAINTÍ

CAIBIDIL 1

*Forálacha ginearálta*

59. Asbhaint i leith cáin a iompraíodh nó a íocadh.

60. Teorainneacha ginearálta le hinasbhainteacht.

61. Cionroinnt le haghaidh ionchuir dhé-úsáide.

62. Laghdú ar an gcáin is inasbhainte i ndáil le feithiclí cáilitheacha.

CAIBIDIL 2

*Scéim earraí caipitiúla*

63. Léiriú agus feidhm.

64. Scéim earraí caipitiúla.

CUID 9

OIBLEAGÁIDÍ DAOINE CUNTASACHA

CAIBIDIL 1

*Clárú*

65. Clárú.

CAIBIDIL 2

*Sonraisc a chur*

66. Sonraisc agus doiciméid eile a eisiúint.

67. Leasuithe ar shonraisc.

68. Sonraisc de chuid feirmeoirí cothromráta agus doiciméid eile.

69. Sonraisc nó nótaí sochair — earráidí, etc.

70. Teorainneacha ama maidir le sonraisc, etc. a eisiúint.

71. Féinbhilleáil agus eisfhoinsiú.

72. Sonraisc a stóráil.

73. Iarrataí ar shonraí i leith aisíoc cánach.

CAIBIDIL 3

*Tuairisceáin agus cáin a íoc*

74. Cáin atá dlite ar sholáthairtí.

75. Cáin atá dlite ar fhálacha laistigh den Chomhphobal.

76. Tuairisceáin agus seoltáin.

77. Údaruithe i ndáil le dátaí comhdaithe.

78. Seoltáin agus tuairisceáin leictreonacha.

79. Forálacha speisialta i ndáil le dátaí íoca.

CAIBIDIL 4

*Cáin atá dlite ar airgead a fuarthas*

80. Cáin atá dlite ar bhonn airgid a fuarthas.

CAIBIDIL 5

*Léiriú amhrais*

81. Litir léirithe amhrais.

CAIBIDIL 6

*Ráitis achoimrithe*

82. Ráiteas i dtaobh soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal.

83. Ráiteas i dtaobh soláthairtí seirbhísí inchánach laistigh den Chomhphobal.

CAIBIDIL 7

*Taifid a choimeád*

84. Dualgas taifid a choimeád.

85. Forálacha forlíontacha maidir le taifid.

CUID 10

SCÉIMEANNA SPEISIALTA

86. Forálacha speisialta i leith cánach arna sonrasc ag feirmeoirí cothromráta.

87. Imeallscéim — déileálaithe inchánach.

88. Imeallscéim — gníomhairí taistil.

89. Imeallscéim — ceantálaithe.

90. Ór infheistíochta.

91. An scéim um sheirbhísí leictreonacha.

92. Socruithe fionraí le haghaidh táirgí alcóil.

CUID 11

EARRAÍ DOCHORRAITHE

93. Soláthar earraí dochorraithe (na seanrialacha).

94. Soláthairtí earraí dochorraithe (na rialacha nua).

95. Bearta idirthréimhseacha le haghaidh soláthairtí earraí dochorraithe.

96. Díolúine a tharscaoileadh faoi na seanrialacha.

97. Rogha go ngearrfar cáin ar earraí dochorraithe.

98. Luacháil ar leas in earraí dochorraithe.

CUID 12

AISÍOCAÍ AGUS AISÍOCAÍOCHTAÍ CÁNACH

99. Forálacha ginearálta maidir le haisíoc cánach.

100. Saibhriú míchóir.

101. Aisíocaí cánach laistigh den Chomhphobal.

102. Aisíocaí le daoine inchánach atá bunaithe lasmuigh den Chomhphobal.

103. Orduithe aisíoca ón Aire.

104. Aisíocaíochtaí in imthosca sonracha.

105. Ús ar aisíocaí cánach.

CUID 13

RIARACHÁN AGUS GINEARÁLTA

CAIBIDIL 1

*Riarachán*

106. Cúram agus bainistiú cánach.

107. An t-oifigeach atá freagrach i gcás comhlachta daoine.

108. Taifid a iniúchadh agus a thabhairt chun siúil.

109. Urrús atá le tabhairt ag daoine inchánach áirithe.

CAIBIDIL 2

*Meastachán, measúnú agus teorainneacha ama*

110. Meastachán ar an gcáin atá dlite.

111. An cháin atá dlite a mheasúnú.

112. Meastacháin agus measúnachtaí leictreonacha, etc. a ghiniúint.

113. Teorainneacha ama.

CAIBIDIL 3

*Ús agus pionóis*

114. Ús is iníoctha ag daoine cuntasacha.

115. Pionóis i gcoitinne.

116. Pionós mar gheall ar thuairisceáin mhíchearta, etc., a thabhairt d'aon turas nó go míchúramach.

117. Pionós mar gheall ar chabhrú le tuairisceáin mhíchearta a thabhairt, etc.

118. Pionóis a mhaolú agus a chur chun feidhme.

CAIBIDIL 4

*Achomhairc agus rialacháin*

119. Achomhairc.

120. Rialacháin.

CUID 14

AISGHAIRM, LEASUITHE IARMHARTACHA, BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS TOSACH FEIDHME

121. Míniú ar "achtachán aisghairthe".

122. An tAcht Cánach Breisluacha, 1972 a aisghairm, etc.

123. Leasuithe iarmhartacha agus aisghairm agus cúlghairm.

124. Forálacha idirthréimhseacha.

125. Tosach feidhme.

SCEIDEAL 1

Gníomhaíochtaí Díolmhaithe

CUID 1

Gníomhaíochtaí ar Mhaithe le Leas an Phobail

CUID 2

Gníomhaíochtaí Díolmhaithe Eile

SCEIDEAL 2

Earraí agus Seirbhísí Nialas-Rátaithe

CUID 1

Soláthairtí Idirnáisiúnta

CUID 2

Soláthairtí Laistigh den Stát

SCEIDEAL 3

Earraí agus Seirbhísí is Inmhuirearaithe de réir an Ráta Laghdaithe

CUID 1

Léiriú

CUID 2

Soláthairtí Iarscríbhinn III

CUID 3

Soláthairtí Áirithe lenar ghabh Ráta Laghdaithe an 1 Eanáir, 1991: Forálacha Speisialta de réir Airteagal 115 den Treoir CBL

CUID 4

Soláthairtí Áirithe lenar ghabh Ráta Laghdaithe an 1 Eanáir, 1991: Forálacha Speisialta de réir Airteagal 118 den Treoir CBL

CUID 5

Soláthairtí Plandaí Beo Áirithe agus Táirgí den tSamhail Chéanna

CUID 6

Soláthairtí Saothar Ealaíne, Seandachtaí agus Lámhscríbhinní Litheartha Áirithe

SCEIDEAL 4

Gníomhaíochtaí agus Seirbhísí Táirgthe Talmhaíochta

CUID 1

Airteagal 295(1) agus Iarscríbhinn VII den Treoir CBL

CUID 2

Airteagal 295(1) agus Iarscríbhinn VIII den Treoir CBL

SCEIDEAL 5

Saothair Ealaíne, Míreanna Bailitheoirí agus Seandachtaí is Inmhuirearaithe de réir an Ráta a Shonraítear in *alt 46(1)(c)* sna hImthosca a Shonraítear in *alt 48*

SCEIDEAL 6

Gníomhaíochtaí atá Liostaithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Treoir CBL

SCEIDEAL 7

Leasuithe Iarmhartacha

CUID 1

Leasuithe Iarmhartacha ar Achtanna

CUID 2

Leasuithe Iarmhartacha ar Ionstraimí Reachtúla

SCEIDEAL 8

Aisghairm agus Cúlghairm

CUID 1

Aisghairm

CUID 2

Cúlghairm

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 | 2003, Uimh. 1 |
| An tAcht um Chúram Leanaí, 1991 | 1991, Uimh. 17 |
| Acht na gCuideachtaí, 1963 | 1963, Uimh. 33 |
| Acht na gCuideachtaí, 1990 | 1990, Uimh. 33 |
| An tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 | 1996, Uimh. 31 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil), 1962 | 1962, Uimh. 12 |
| Na hAchtanna Custam | |
| *Customs Consolidation Act*, 1876 | 1876, Uimh. (39 & 40 Vict.) c. 36 |
| An tAcht Aerphoirt Neamhchustam, 1947 | 1947, Uimh. 5 |
| An tAcht um Leasacháin, Ábhair Bheatha agus Meascáin Mhianrúla, 1955 | 1955, Uimh. 8 |
| An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 1975 | 1975, Uimh. 19 |
| An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 1981 | 1981, Uimh. 28 |
| *Finance Act*, 1920 | 1920, (10 & 11 Geo. 5) c.18 |
| An tAcht Airgeadais, 1973 | 1973, Uimh. 19 |
| An tAcht Airgeadais, 1975 | 1975, Uimh. 6 |
| An tAcht Airgeadais, 1976 | 1976, Uimh. 16 |
| An tAcht Airgeadais, 1979 | 1979, Uimh. 11 |
| An tAcht Airgeadais, 1980 | 1980, Uimh. 14 |
| An tAcht Airgeadais, 1981 | 1981, Uimh. 16 |
| An tAcht Airgeadais, 1982 | 1982, Uimh. 14 |
| An tAcht Airgeadais, 1983 | 1983, Uimh. 15 |
| An tAcht Airgeadais, 1984 | 1984, Uimh. 9 |
| An tAcht Airgeadais, 1985 | 1985, Uimh. 10 |
| An tAcht Airgeadais, 1986 | 1986, Uimh. 13 |
| An tAcht Airgeadais, 1987 | 1987, Uimh. 10 |
| An tAcht Airgeadais, 1988 | 1988, Uimh. 12 |
| An tAcht Airgeadais, 1989 | 1989, Uimh. 10 |
| An tAcht Airgeadais, 1990 | 1990, Uimh. 10 |
| An tAcht Airgeadais, 1991 | 1991, Uimh. 13 |
| An tAcht Airgeadais, 1992 | 1992, Uimh. 9 |
| An tAcht Airgeadais, 1993 | 1993, Uimh. 13 |
| An tAcht Airgeadais, 1994 | 1994, Uimh. 13 |
| An tAcht Airgeadais, 1995 | 1995, Uimh. 8 |
| An tAcht Airgeadais, 1996 | 1996, Uimh. 9 |
| An tAcht Airgeadais, 1997 | 1997, Uimh. 22 |
| An tAcht Airgeadais, 1998 | 1998, Uimh. 3 |
| An tAcht Airgeadais, 1999 | 1999, Uimh. 2 |
| An tAcht Airgeadais, 2000 | 2000, Uimh. 3 |
| An tAcht Airgeadais, 2001 | 2001, Uimh. 7 |
| An tAcht Airgeadais, 2002 | 2002, Uimh. 5 |
| An tAcht Airgeadais, 2003 | 2003, Uimh. 3 |
| An tAcht Airgeadais, 2004 | 2004, Uimh. 8 |
| An tAcht Airgeadais, 2005 | 2005, Uimh. 5 |
| An tAcht Airgeadais, 2006 | 2006, Uimh. 6 |
| An tAcht Airgeadais, 2007 | 2007, Uimh. 11 |
| An tAcht Airgeadais, 2008 | 2008, Uimh. 3 |

| | |
|---|---|
| An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2008 | 2008, Uimh. 25 |
| An tAcht Airgeadais, 2009 | 2009, Uimh. 12 |
| An tAcht Airgeadais, 2010 | 2010, Uimh. 5 |
| An tAcht Saorphort, 1986 | 1986, Uimh. 6 |
| An tAcht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 | 1956, Uimh. 2 |
| An tAcht Sláinte, 1970 | 1970, Uimh. 1 |
| Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982 | 1982, Uimh. 6 |
| Acht na dTithe, 1988 | 1988, Uimh. 28 |
| Na hAchtanna Cánach Ioncaim | |
| An tAcht Beodhíle (Intseamhnú Saorga), 1947 | 1947, Uimh. 32 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009 | 2009, Uimh. 30 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 | 2001, Uimh. 37 |
| An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 | 2009, Uimh. 34 |
| An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 | 2004, Uimh. 27 |
| An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 | 1999, Uimh. 31 |
| An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 | 2001, Uimh. 31 |
| An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 | 1997, Uimh. 39 |
| An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990 | 1990, Uimh. 37 |
| An tAcht Cánach Breisluacha (Leasú), 1978 | 1978, Uimh. 34 |
| An tAcht Cánach Breisluacha, 1972 | 1972, Uimh. 22 |
| Na hAchtanna Cánach Breisluacha, 1972-1992 | |
| Na hAchtanna Cánach Breisluacha, 1972-1997 | |

## GIORRUITHE A ÚSÁIDTEAR I NÓTAÍ IMILL

| | |
|---|---|
| AA 2010 | An tAcht Airgeadais, 2010 |
| Sc. | Sceideal |
| ACBL | An tAcht Cánach Breisluacha, 1972 |

*Uimhir* 31 *de* 2010

# AN tACHT COMHDHLÚITE CÁNACH BREISLUACHA, 2010

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO CHOMHDHLÚTHÚ ACHTACHÁN A BHAINEANN LE CÁIN BHREISLUACHA.

[23 *Samhain*, 2010]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

**1**.—Féadfar an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal.

[ACBL alt 44]

**2**.—(1) San Acht seo—

Léiriú — ginearálta.

[ACBL alt 1 (go páirteach) agus alt 3(1B) agus AA 2010 alt 165(4)]

tá le “duine cuntasach” an bhrí chéanna atá leis i *gCuid 2*;

ciallaíonn “bliain chuntasaíochta” tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig, ach más gnách do dhuine inchánach cuntais a dhéanamh suas do thréimhsí 12 mhí dar críoch dáta socraithe eile, ansin, i leith duine den sórt sin, tréimhse 12 mhí dar críoch an dáta socraithe sin;

tá le “toradh talmhaíochta” an bhrí a shanntar dó le *halt 4(1)*;

tá le “seirbhís talmhaíochta” an bhrí a shanntar dó le *halt 4(1)*;

ciallaíonn “soláthar coimhdeach” soláthar, is cuid de sholáthar ilchodach, nach bhfuil indealaithe go fisiciúil agus go heacnamaíoch ó phríomhsholáthar agus nach féidir a sholáthar ach amháin i gcomhthéacs an príomhsholáthar sin a theachtadh níos fearr;

tá le “seandachtaí” an bhrí a shanntar dó le *halt 87(1)*;

ciallaíonn “Coimisinéirí Achomhairc” daoine arna gceapadh, de réir alt 850 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, chun bheith ina gCoimisinéirí Achomhairc chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim;

ciallaíonn “sannadh”, i ndáil le leas in earraí dochorraithe, duine do shannadh an leasa sin sna hearraí sin nó in aon chuid de na hearraí sin do dhuine eile, ach amháin go mbeidh an sannadh sin ina

ghéilleadh má choinníonn an duine eile sin an fhrithdhílse ar an leas sin sna hearraí sin tráth an tsannta;

tá le “ceantscéim” an bhrí a shanntar dó le *halt 89(1)*;

ciallaíonn “comhlacht daoine” aon chomhlacht polaiteach, corpraithe nó coláisteach, agus aon chuideachta, comhpháirtíocht, bráithreachas, comhaltacht agus cumann daoine, corpraithe nó neamhchorpraithe;

sa mhíniú ar “forbairt”, folaíonn “foirgneamh”, i ndáil le hidirbheart, aon déanmhas réamhdhéanta nó déanmhas dá shamhail a gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ina leith:

(*a*) maidir leis an déanmhas—

(i) go bhfuil díon docht agus balla docht amháin nó níos mó air agus (seachas i gcás déanmhas a úsáidtear chun plandaí a shaothrú) urlár ann,

(ii) go bhfuil sé ceaptha chun go bhféadfaidh daoine dul isteach ann, agus gluaiseacht go héasca laistigh de,

(iii) gur le haghaidh críche é nach gá dó a bheith gluaisteach ná iniompair chuige, agus

(iv) nach bhfuil aon chabhracha ag baint leis ná ann chun é a dhéanamh gluaisteach nó iniompair;

agus

(*b*) (i) nach bhfuil sa chomhaontú maidir leis an idirbheart ná in aon chomhaontú eile idir na páirtithe sa chomhaontú sin foráil i dtaobh an déanmhas a dhéanamh gluaisteach nó iniompair nó an déanmhas a bhogadh nó a athshuíomh tar éis a thógtha, agus

(ii) go ndéanann an duine (dá ngairtear an “duine iomchuí” san fhomhír seo) dá ndearnadh an déanmhas a fhoirgniú, a leathnú, a athrú nó a athfhoirgniú dearbhú a shíniú agus a sheachadadh, tráth an idirbhirt, ar an duine a rinne an déanmhas a fhoirgniú, a leathnú, a athrú nó a athfhoirgniú, á rá go bhfuil ar intinn ag an duine iomchuí an déanmhas a choinneáil ar an láithreán ar a bhfuil sé suite an tráth sin;

ciallaíonn “gnó” gníomhaíocht eacnamaíochta, is cuma cad é cuspóir nó torthaí na gníomhaíochta sin, agus folaíonn sé aon ghníomhaíocht de chuid táirgeoirí, trádálaithe nó daoine a sholáthraíonn seirbhísí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí mianadóireachta agus talmhaíochta agus gníomhaíochtaí de chuid na ngairmeacha, agus saothrú maoine inláimhsithe nó doláimhsithe chun ioncam a fháil uaithi ar bhonn leanúnach;

ciallaíonn “ráithe féilire” tréimhse 3 mhí dar tosach an 1 Eanáir, an 1 Aibreán, an 1 Iúil nó an 1 Deireadh Fómhair;

ciallaíonn “earraí caipitiúla” earraí dochorraithe forbartha agus folaíonn sé athfheistiú de réir bhrí *alt 63(1)*, agus folaíonn tagairt d’earra caipitiúil tagairt d’aon chuid de agus forléireofar an téarma “earra caipitiúil” dá réir sin;

ní fholaíonn “éadaí” coisbheart;

ciallaíonn “Ard-Bhailitheoir” an tArd-Bhailitheoir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 851 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

tá le “míreanna bailitheoirí” an bhrí a shanntar dó le *halt 87(1)*;

tá le “Comhphobal” an bhrí chéanna atá leis in Airteagail 5 go 8 den Treoir CBL, agus forléireofar tagairtí gaolmhara dá réir sin;

tá le “críochnaithe”, i leith earraí dochorraithe, an bhrí a shanntar dó le *halt 94(1)*;

ciallaíonn “soláthar ilchodach” soláthar arna dhéanamh ag duine inchánach le custaiméir arb éard atá ann 2 sholáthar earraí nó seirbhísí nó níos mó nó aon teaglaim díobh, arna soláthar i dteannta a chéile, ar príomhsholáthar ceann díobh;

ciallaíonn “conraitheoir”, i ndáil le hobair chonartha, duine a dhéanann nó a chóimeálann earraí sochorraithe;

ciallaíonn “obair chonartha” an tseirbhís arb éard í conraitheoir do thabhairt earraí sochorraithe do dhuine eile, ar earraí iad arna ndéanamh nó arna gcóimeáil ag an gconraitheoir as earraí a chuir an duine eile sin ar iontaoibh an chonraitheora, cibé acu a sholáthair nó nár sholáthair an conraitheoir aon chuid de na hearraí a úsáideadh;

ciallaíonn “an t-aerfort neamhchustam” an talamh arb é an t-aerfort Neamhchustam é de thuras na huaire faoin Acht Aerphoirt Neamhchustam, 1947;

ciallaíonn “forbairt”, i ndáil le haon talamh—

(*a*) aon fhoirgneamh ar an talamh a fhoirgniú, a scartáil, a leathnú, a athrú nó a athfhoirgniú, nó

(*b*) aon oibríocht innealtóireachta nó aon oibríocht eile sa talamh, ar an talamh, os cionn na talún nó faoin talamh lena oiriúnú le haghaidh malairt ábhartha úsáide;

folaíonn “seirbhísí a sholáthraítear go leictreonach”—

(*a*) soláthar láithreán gréasáin, óstáil gréasáin, agus cianchothabháil clár agus trealaimh,

(*b*) bogearraí a sholáthar agus iad a uasdátú,

(*c*) íomhánna, téacs agus faisnéis a sholáthar, agus bunachair sonraí a chur ar fáil,

(*d*) ceol, scannáin agus cluichí (lena n-áirítear cluichí amhantair agus cluichí cearrbhachais) agus craoltaí agus ócáidí polaitiúla, cultúir, ealaíne, spóirt, eolaíochta agus siamsaíochta a sholáthar, agus

(*e*) cianteagasc a sholáthar,

agus forléireofar “seirbhís leictreonach” dá réir sin, ach i gcás ina ndéanann soláthraí seirbhíse agus a chustaiméir nó a custaiméir cumarsáid le chéile leis an bpost leictreonach, ní chiallóidh sé sin as féin gur seirbhís leictreonach í an tseirbhís a chomhlíontar;

ciallaíonn "achtachán" Acht nó ionstraim reachtúil nó aon chuid d'Acht nó d'ionstraim reachtúil;

ciallaíonn "táirgí inmháil" na táirgí dá dtagraítear in alt 97 den Acht Airgeadais, 2001;

ciallaíonn "gníomhaíocht dhíolmhaithe"—

(*a*) soláthar earraí dochorraithe nach bhfuil cáin inmhuirearaithe ina leith de bhun *ailt 94(2)* agus *95(3)* agus *(7)(b)*, agus

(*b*) soláthar aon earraí nó seirbhísí de chineál a shonraítear i *Sceideal 1* nó a mbeidh dearbhaithe ag an Aire le hordú a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire faoi *alt 52* gur gníomhaíocht dhíolmhaithe é;

ciallaíonn "onnmhairiú earraí" earraí a onnmhairiú chuig ceann scríbe atá lasmuigh den Chomhphobal, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

tá le "feirmeoir" an bhrí a shanntar dó le *halt 4(1)*;

tá le "breisiú cothromráta" an bhrí a shanntar dó le *halt 86(1)*;

ciallaíonn "feirmeoir cothromráta"—

(*a*) feirmeoir nach duine cuntasach,

(*b*) feirmeoir is duine cuntasach dá dtagraítear in *alt 9(4)* nó *12(3)*, nó

(*c*) duine a meastar, de réir *alt 17(2)*, nach duine cuntasach é nó í i leith soláthairtí de chineál a shonraítear sa mhíniú ar "feirmeoir" in *alt 4(1)*,

sa mhéid a ghabhann an feirmeoir sin do thoradh talmhaíochta nó seirbhísí talmhaíochta a sholáthar laistigh den Stát;

folaíonn "coisbheart" bróga, buatais, slipéir agus a leithéidí ach ní fholaíonn sé stocaí, fostocaí, gearrstocaí, stocaí rúitín nó airceadail dá samhail ná coisbheart gan bhoinn ná coisbheart arb éard é, nó ar cuid de, trealamh scátála nó snámha;

ciallaíonn "saorphort" an talamh a ndearbhaítear gur saorphort é chun críocha an Achta Saorphort, 1986 le hordú arna dhéanamh faoi alt 2 den Acht sin;

ciallaíonn "leas atá coibhéiseach le ruíleas" leas in earraí dochorraithe (seachas leas ruílse) ar soláthar earraí de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 3* é a aistriú;

ciallaíonn "seithe fionnaidh" aon seithe faoi fhionnadh, clúmh nó olann ach amháin seithe caorach nó uain faoi olann;

ciallaíonn "earraí" gach ábhar sochorraithe agus gach ábhar dochorraithe (seachas nithe i gcaingean nó airgead), agus folaíonn tagairtí d'earraí tagairtí d'earraí nua agus tagairtí d'earraí úsáidte araon;

ciallaíonn "tairseach earraí" €75,000;

folaíonn an briathar “fruiliú”, i ndáil le hearraí sochorraithe, ligean ar aon téarmaí lena n-áirítear léasú;

ciallaíonn “earraí dochorraithe” talamh;

ciallaíonn “allmhairiú earraí” allmhairiú earraí ó áit lasmuigh den Chomhphobal isteach sa Stát—

(*a*) go díreach, nó

(*b*) trí aon Bhallstát amháin eile nó níos mó i gcás nach raibh cáin bhreisluacha dá dtagraítear sa Treoir CBL inmhuirearaithe ar na hearraí sa Bhallstát eile sin nó sna Ballstáit eile sin i leith an idirbhirt lena mbaineann,

agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

ní fholaíonn “go neamhspleách”, i ndáil le duine inchánach, duine atá fostaithe nó atá faoi cheangal le fostóir trí chonradh fostaíochta nó trí aon naisc dhlíthiúla eile lena mbunaítear an gaol idir fostóir agus fostaí maidir le coinníollacha oibre, luach saothair agus dliteanas an fhostóra;

ciallaíonn “soláthar aonair” soláthar earraí nó soláthar seirbhísí ar comhchuid é d’ilsoláthar agus atá indealaithe go fisiciúil agus go heacnamaíoch ó na hearraí eile nó na seirbhísí eile ar cuid den ilsoláthar sin iad, agus ar féidir é a sholáthar mar earra ann féin nó mar sheirbhís inti féin;

ciallaíonn “cigire cánacha” cigire cánacha arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 852 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

tá le “fáil laistigh den Chomhphobal”, i ndáil le hearraí, an bhrí a shanntar dó le *halt 24*;

tá le “comhrogha cánachais” an bhrí a shanntar dó le *halt 94*;

tá le “rogha tiarna talún go ngearrfar cáin” an bhrí a shanntar dó le *halt 97*;

ciallaíonn “beostoc” eallach, capaill, caoirigh, gabhair, muca agus fianna, agus iad beo;

tá le “údarás áitiúil” an bhrí a shanntar dó leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

tá le “imeallscéim” an bhrí a shanntar dó le *halt 87(1)*;

ciallaíonn “Aire” an tAire Airgeadais;

ciallaíonn “earraí sochorraithe” earraí seachas earraí dochorraithe;

ciallaíonn “ilsoláthar” 2 sholáthar aonair nó níos mó arna ndéanamh ag duine inchánach le custaiméir i gcás go ndéantar na soláthairtí sin i dteannta a chéile ar chomaoin iomlán a chuimsíonn na soláthairtí aonair sin go léir, agus i gcás nach soláthar ilchodach atá sna soláthairtí aonair sin;

ciallaíonn “córacha iompair nua” feithiclí talún mótarthrealmhaithe ar mó ná 48 gceintiméadar chiúbacha toilleadh sorcórach a n-inneall nó ar mó ná 7.2 cileavata a gcumhacht, soithí is mó ná 7.5 méadar ar fhad agus aerárthaí ar mó ná 1,550 cileagram a meáchan ar thurgbháil agus—

(*a*) atá beartaithe chun daoine nó earraí a iompar, agus

(*b*) (i) a soláthraíodh 3 mhí nó tréimhse is giorra ná sin tar éis an dáta a tháinig siad i seirbhís den chéad uair i gcás soithí agus aerárthaí agus a soláthraíodh 6 mhí nó tréimhse is giorra ná sin tar éis an dáta a tháinig siad i seirbhís den chéad uair i gcás feithiclí talún, nó

(ii) a thaistil 6,000 ciliméadar nó níos lú i gcás feithiclí talún, a seoladh ar feadh 100 uair an chloig nó níos lú i gcás soithí nó a eitlíodh ar feadh 40 uair an chloig nó níos lú i gcás aerárthaí,

seachas soithí agus aerárthaí den chineál dá dtagraítear i *mír 4(2)* de *Sceideal 2*;

maidir le "duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha"—

(*a*) i ndáil le Ballstát eile, ciallaíonn sé duine a bhfuil uimhir aitheantais eisithe chuige nó chuici faoi láthair sa Stát sin chun cuntas a thabhairt i leith cánach breisluacha dá dtagraítear sa Treoir CBL,

(*b*) i ndáil leis an Stát, ciallaíonn sé duine cláraithe;

ciallaíonn "príomhsholáthar" an soláthar earraí nó seirbhísí arb é atá ann an phríomhghné de sholáthar ilchodach agus ar coimhdeach leis aon soláthar eile is cuid den soláthar ilchodach sin;

ciallaíonn "comhlacht poiblí"—

(*a*) Roinn Stáit,

(*b*) údarás áitiúil, nó

(*c*) comhlacht arna bhunú le haon achtachán;

ciallaíonn "duine cláraithe" duine atá cláraithe sa chlár arna chothabháil faoi *alt 65*;

ciallaíonn "rialacháin" rialacháin faoi *alt 120*;

tá le "achtachán aisghairthe" an bhrí a shanntar dó le *halt 121*;

tá le "earraí réchaite" an bhrí a shanntar dó le *halt 87(1)*;

folaíonn "rúnaí" na daoine sin dá dtagraítear in alt 1044(2) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus in alt 55(1) den *Finance Act*, 1920;

ciallaíonn "tairseach seirbhísí" €37,500;

ciallaíonn "stoc trádála", i ndáil le duine, earraí—

(*a*) is earraí sochorraithe de chineál a sholáthair an duine i ngnáthchúrsa ghnó an duine agus—

(i) a shealbhaítear lena soláthar (seachas mar gheall ar *alt 19(1)(f)*), nó

(ii) a shealbhófaí amhlaidh dá mbeidís aibí nó dá mbeadh a monarú, a n-ullmhú nó a ndéanamh críochnaithe,

(*b*) is ábhair atá corpraithe in earraí dochorraithe, de chineál—

(i) a sholáthraíonn an duine i ngnáthchúrsa ghnó an duine, agus

(ii) nár sholáthair an duine ó forbraíodh na hearraí, ach a shealbhaítear lena soláthar, nó a shealbhófaí amhlaidh dá mbeadh a bhforbairt críochnaithe,

agus glacfar leis gur soláthraíodh na hábhair sin go feadh an mhéid chéanna a nglacfar leis gur soláthraíodh na hearraí dochorraithe inar corpraíodh iad,

(*c*) ábhair inchaite arna gcorprú in earraí dochorraithe ag an duine i gcúrsa gnó arb é atá ann seirbhís a sholáthar lena ngabhann earraí dochorraithe a dhéanamh, a dheisiú, a phéinteáil nó a mhaisiú i gcás nach bhfuil an tseirbhís sin críochnaithe go fóill, agus glacfar leis gur soláthraíodh na hábhair sin go feadh an mhéid a soláthraíodh an tseirbhís ar i ndáil léi a úsáideadh iad, nó

(*d*) ábhair nár corpraíodh in earraí agus—

(i) a úsáideann an duine le linn earraí de chineál a sholáthraíonn an duine i gnáthchúrsa ghnó an duine a mhonarú nó a dhéanamh, nó

(ii) más é gnáthghnó an duine earraí dochorraithe a dheisiú, a phéinteáil nó a mhaisiú, is earraí a úsáideann an duine mar ábhair inchaite i gcúrsa an ghnó sin;

tá le "soláthar"—

(*a*) i ndáil le hearraí, an bhrí a shanntar dó le *fo-alt (3)* agus le *Caibidil 1* de *Chuid 3*,

(*b*) i ndáil le seirbhísí, an bhrí a shanntar dó le *Caibidil 3* de *Chuid 3*,

agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

maidir le "géilleadh", i ndáil le leas in earraí dochorraithe—

(*a*) ciallaíonn sé duine (dá ngairtear an "léasaí" sa mhíniú seo) do ghéilleadh leasa sna hearraí sin nó in aon chuid de na hearraí sin don duine (dá ngairtear an "léasóir" sa mhíniú seo) a choinníonn an fhrithdhílse ar an leas sin sna hearraí sin tráth an ghéillte, agus

(*b*) folaíonn sé—

(i) an léasaí do thréigean an leasa sin sna hearraí sin,

(ii) an léasaí do mhainneachtain aon rogha den chineál dá dtagraítear in *alt 93(1)(a)* a fheidhmiú i ndáil leis an leas sin sna hearraí sin (ach gan aon mhainneachtain den sórt sin a áireamh dá mba rud é gur cruthaíodh an leas sin an 1 Iúil, 2008 nó dá éis), agus

(iii) an léasóir do ghnóthú an leasa sin sna hearraí sin trí eisiachtain nó trí fhorghéilleadh roimh an dáta a rachadh an leas in éag murach é a ghéilleadh;

ciallaíonn “cáin” cáin bhreisluacha is inmhuirearaithe de bhua an Achta seo;

maidir le “déileálaí inchánach”—

(*a*) i ndáil le soláthairtí gáis tríd an gcóras dáilte gáis nádúrtha nó i ndáil le soláthairtí leictreachais, tá leis an bhrí a shanntar dó le *halt 31(1)(a)*, agus

(*b*) i ndáil le soláthairtí earraí sochorraithe (lena n-áirítear cóir iompair agus innealra talmhaíochta), tá leis an bhrí a shanntar dó le *halt 87(1)*;

ciallaíonn “earraí inchánach”, i ndáil le haon soláthar, fáil laistigh den Chomhphobal nó allmhairiú, earraí nach gníomhaíocht dhíolmhaithe a soláthar;

ciallaíonn “tréimhse inchánach” tréimhse 2 mhí dar tosach an 1 Eanáir, an 1 Márta, an 1 Bealtaine, an 1 Iúil, an 1 Meán Fómhair nó an 1 Samhain;

ciallaíonn “duine inchánach” duine a sheolann gnó go neamhspleách sa Chomhphobal nó in áit eile;

ciallaíonn “seirbhísí inchánach” seirbhísí nach gníomhaíocht dhíolmhaithe a soláthar;

ciallaíonn “seirbhísí teileachumarsáide” seirbhísí a bhaineann le comharthaí, scríbhinn, íomhánna agus fuaimeanna nó faisnéis d’aon chineál a tharchur, a astú nó a ghlacadh de shreang, trí raidió, trí chórais optúla nó trí chórais leictreamaighnéadacha eile agus folaíonn sé—

(*a*) an t-aistriú nó an sannadh gaolmhar ar an gceart chun acmhainn a úsáid le haghaidh tarchur, astú nó glacadh den sórt sin, agus

(*b*) rochtain ar líonraí faisnéise domhanda a sholáthar;

ciallaíonn “cárta teileafóin” cárta, nó modh seachas airgead—

(*a*) lena dtugtar ceart chun rochtain a fháil ar sheirbhís teileachumarsáide agus, i gcásanna ina n-aontaíonn soláthraí na seirbhíse teileachumarsáide amhlaidh le soláthraí eile (dá ngairtear “soláthraí tríú páirtí faoi chonradh” sa mhíniú seo), ceart chun seirbhísí nó earraí eile a fháil ón soláthraí tríú páirtí sin faoi chonradh, agus

(*b*) lena bhfágtar an soláthraí, nuair a sholáthraítear an cárta nó an modh eile do dhuine seachas chun críocha athdhíola, i dteideal comaoine i leith an tsoláthair in imthosca lena gcoisctear ar úsáidire an chárta nó an mhodha eile sin a bheith faoi dhliteanas maidir le haon mhuirear breise i leith rochtain a fháil ar an tseirbhís teileachumarsáide nó i leith seirbhísí nó earraí a fháil ó sholáthraí tríú páirtí faoi chonradh;

ciallaíonn “Treoir CBL” Treoir Uimh. 2006/112/CE an 28 Samhain, 2006 ón gComhairle[1] maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha;

ciallaíonn “soitheach”, i ndáil le hiompar, árthach snámha d’aon chineál, cibé acu uathghluaisteach di nó nach ea, agus folaíonn sé sciorrárthach;

[1]IO Uimh. L347, 11.12.2006, lch. 1

tá le “saothair ealaíne” an bhrí a shanntar dó le *halt 87(1)*.

(2) San Acht seo, folaíonn tagairtí d’airgead a fuair duine—

(*a*) tagairtí d’airgead a taisceadh nó a creidiúnaíodh do chuntas an duine in aon bhanc, banc taisce, cumann foirgníochta, gnólacht airgeadais fruilcheannaigh nó gnólacht airgeadais dá shamhail,

(*b*) tagairtí d’airgead (seachas airgead dá dtagraítear i *mír (a)*), a bhfuil scortha aige faoi chomhaontú (seachas comhaontú ina bhfuil socrú le haghaidh lascaine nó coigeartú praghais arna dhéanamh i ngnáthchúrsa gnó nó comhshocraíocht le creidiúnaithe) de bheith dlite don duine,

(*c*) tagairtí d’airgead a bhí dlite don duine agus, de réir alt 1002 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, a íocann duine eile leis na Coimisinéirí Ioncaim agus a bhfuil scortha aige dá bhíthin sin de bheith dlite don duine den duine eile sin, agus

(*d*) tagairtí d’airgead a ndearnadh, i ndáil le hairgead a fuair duine ó dhuine eile, é a asbhaint—

(i) de réir Chaibidil 1 de Chuid 18 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó

(ii) de réir Chaibidil 2 de Chuid 18 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

agus a bhfuil scortha aige dá bhíthin sin de bheith dlite den duine eile don duine céadluaite,

agus aon airgead a taisceadh nó a creidiúnaíodh amhlaidh do chuntas duine, measfar go bhfuair an duine é ar an dáta a rinneadh an taisceadh nó an creidiúnú agus aon airgead a bhfuil scortha aige amhlaidh de bheith dlite do dhuine, measfar go bhfuair an duine é ar dháta an scoir.

(3) Measfar, chun críocha an Achta seo, gur soláthar earraí agus nach soláthar seirbhísí leictreachas, gás agus aon sórt cumhachta, teasa, cuisnithe nó aeraithe a sholáthar.

(4) San Acht seo, tá le tagairt do chríoch Ballstáit an bhrí chéanna atá léi in Airteagail 5 go 8 den Treoir CBL, agus déanfar tagairtí do Bhallstáit agus tagairtí gaolmhara a fhorléiriú dá réir sin.

(5) Ciallaíonn tagairtí in aon achtachán eile do “na hAchtanna Cánach Breisluacha” an tAcht seo agus gach achtachán atá le léamh i dteannta an Achta seo.

Cáin bhreisluacha a mhuirearú.

[ACBL alt 2]

**3**.—Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite leis an Acht seo, tá cáin ar a dtugtar cáin bhreisluacha, faoi réir agus de réir an Achta seo agus rialachán, inmhuirearaithe, intobhaigh agus iníoctha ar na hidirbhearta seo a leanas:

(*a*) soláthar earraí ar chomaoin ag duine inchánach ag gníomhú dó nó di sa cháil sin nuair is é an Stát an áit a ndéantar an soláthar;

(*b*) allmhairiú earraí isteach sa Stát;

(*c*) soláthar seirbhísí ar chomaoin ag duine inchánach ag gníomhú dó nó di sa cháil sin nuair is é an Stát an áit a ndéantar an soláthar;

(*d*) earraí (seachas córacha iompair nua) a fháil laistigh den Chomhphobal ar chomaoin ag duine cuntasach nuair is laistigh den Stát a dhéantar an fháil;

(*e*) córacha iompair nua a fháil laistigh den Chomhphobal ar chomaoin nuair is laistigh den Stát a dhéantar an fháil.

## CUID 2

## Daoine Cuntasacha

### Caibidil 1

### *Léiriú*

Mínithe — *Cuid 2.*

[ACBL alt 8(3B) agus (9)]

**4**.—(1) San Acht seo—

ciallaíonn "toradh talmhaíochta", i ndáil le feirmeoir, earraí (seachas cúnna beo) a tháirgeann an feirmeoir i gcúrsa gníomhaíochta de chuid Iarscríbhinn VII;

ciallaíonn "seirbhís talmhaíochta", i ndáil le feirmeoir, aon seirbhís de chuid Iarscríbhinn VIII a sholáthraíonn an feirmeoir trí úsáid a bhaint as a shaothar nó a saothar féin nó as saothar a fhostaithe nó a fostaithe nó a dhéantar le hinnealra, gléasra nó trealamh eile a úsáidtear de ghnáth chun críocha gníomhaíochta de chuid Iarscríbhinn VII a sheolann an feirmeoir;

ciallaíonn "gníomhaíocht de chuid Iarscríbhinn VII" aon ghníomhaíocht de thuairisc a shonraítear in Airteagal 295(1) agus in Iarscríbhinn VII den Treoir CBL (ar Iarscríbhinn í a bhfuil an téacs di i *gCuid 1* de *Sceideal 4*);

ciallaíonn "seirbhís de chuid Iarscríbhinn VIII" aon seirbhís de thuairisc a shonraítear in Airteagal 295(1) agus in Iarscríbhinn VIII den Treoir CBL (ar Iarscríbhinn í a bhfuil an téacs di i *gCuid 2* de *Sceideal 4*);

ciallaíonn "feirmeoir" duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht amháin ar a laghad de chuid Iarscríbhinn VII, agus—

(*a*) arb é atá go heisiach ina chuid soláthairtí nó ina cuid soláthairtí ceachtar díobh seo a leanas nó iad araon:

(i) soláthairtí toraidh talmhaíochta;

(ii) soláthairtí seirbhísí talmhaíochta;

nó

(*b*) arb é atá go heisiach ina chuid soláthairtí nó ina cuid soláthairtí ceachtar de na soláthairtí a shonraítear i *mír (a)*, nó iad araon, agus ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(i) soláthairtí innealra, gléasra nó trealaimh a d'úsáid an duine sin chun críocha gníomhaíochta de chuid Iarscríbhinn VII;

(ii) soláthairtí seirbhísí arb éard iad capaill a thraenáil le haghaidh rásaíochta nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán ina leith thar an tairseach seirbhísí in aon tréimhse leanúnach 12 mhí;

(iii) soláthairtí earraí agus seirbhísí (seachas na hearraí agus na seirbhísí sin dá dtagraítear i *bhfomhíreanna (i)* agus *(ii)* nó i *mír (a)*) arb í an chomaoin iomlán ina leith comaoin de chineál a fhágann, de bhíthin *alt 6(1)(c)* nó *(d)*, nár dhuine cuntasach an duine sin dá mba rud é nach ndearna sé nó sí aon soláthairtí ach amháin na soláthairtí sin.

(2) Sa Chuid seo, maidir le "rialú"—

(*a*) i ndáil le comhlacht corpraithe, ciallaíonn sé cumhacht duine chun a áirithiú, trí scaireanna a shealbhú nó trí chumhacht vótála a bheith aige nó aici sa chomhlacht corpraithe sin nó in aon chomhlacht corpraithe eile, nó i ndáil leis, nó de bhua aon chumhachtaí a thugtar leis na hairteagail chomhlachais nó le haon doiciméad eile lena rialáiltear an comhlacht corpraithe sin nó aon chomhlacht corpraithe eile, go seoltar gnóthaí an chomhlachta chorpraithe chéadluaite de réir thoil an duine sin,

(*b*) i ndáil le comhpháirtíocht, ciallaíonn sé an ceart chun sciar is mó ná leath de shócmhainní, nó is mó ná leath d'ioncam, na comhpháirtíochta a fháil.

Caibidil 2

*Rialacha ginearálta*

**5**.—(1) (*a*) Faoi réir *mhír (c)*, maidir le duine inchánach a ghabhann do sholáthar earraí nó seirbhísí inchánach laistigh den Stát— Daoine atá, nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith, ina ndaoine cuntasacha.

(i) beidh sé nó sí ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach, agus [ACBL alt 8(1) agus (4)]

(ii) beidh sé nó sí cuntasach sa cháin a mhuirearaítear i leith an tsoláthair sin agus faoi dhliteanas an cháin a mhuirearaítear i leith an tsoláthair sin a íoc.

(*b*) Ina theannta sin, faoi réir *mhír (c)*, is daoine cuntasacha na daoine dá dtagraítear in *ailt 9*, *10*, *12*, *13*, *15*, *17(1)* agus *94(3)*.

(*c*) Ní duine cuntasach duine nach bhfuil bunaithe sa Stát agus nach soláthraíonn earraí sa Stát ach amháin sna himthosca atá leagtha amach in *alt 10* nó nach soláthraíonn seirbhís sa Stát ach amháin sna himthosca atá leagtha amach in *alt 13* nó *16(3)*.

(2) Más rud é, de bhua *alt 6(1)* nó *7*, nach raibh duine ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach agus go dtarlaíonn athrú imthosca

ónar léir gur dóigh don duine teacht chun bheith ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach, measfar, chun críocha an Achta seo, gur duine cuntasach é nó í ó thosach na tréimhse inchánach is túisce a thosóidh tar éis an athraithe sin.

Daoine nach daoine cuntasacha mura roghnaíonn siad amhlaidh.

[ACBL alt 8(3) agus (3D)(*a*)]

**6**.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(3)* agus *ailt 9*, *10*, *12*, *13*, *14(1)* agus *17(1)*, agus d'ainneoin *alt 5(1)*, ní daoine cuntasacha na daoine seo a leanas mura roghnaíonn siad a mhalairt agus ní hea ansin féin ach in imeacht na tréimhse a bhfuil éifeacht leis an roghnú sin ina leith:

(*a*) feirmeoir—

(i) nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith soláthar seirbhísí talmhaíochta (seachas seirbhísí inseamhnaithe, fosaíocht stoic nó tógáil stoic) aige nó aici thar an tairseach seirbhísí in aon tréimhse leanúnach 12 mhí,

(ii) nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith soláthar earraí is seamhan bólachta aige nó aici thar an tairseach earraí in aon tréimhse leanúnach 12 mhí,

(iii) nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith soláthar earraí, is táirgí de shaghas gairneoireachta den chineál a shonraítear i *mír 22(1)* de *Sceideal 3*, aige nó aici do dhaoine nach bhfuil ag gabháil do na hearraí sin a sholáthar i gcúrsa nó ag bisiú gnó, thar an tairseach earraí in aon tréimhse leanúnach 12 mhí,

(iv) nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith soláthar seirbhísí a shonraítear i *bhfomhír (i)* agus earraí den chineál a shonraítear i *bhfomhír (ii)* nó earraí den chineál a shonraítear i *bhfomhír (iii)*, nó iad araon, arna soláthar aige nó aici sna himthosca atá leagtha amach san fhomhír sin, thar an tairseach seirbhísí in aon tréimhse leanúnach 12 mhí, nó

(v) nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith soláthar earraí den chineál a shonraítear i *bhfomhír (ii)* agus earraí den chineál a shonraítear i *bhfomhír (iii)* arna soláthar aige nó aici sna himthosca atá leagtha amach san fhomhír sin, thar an tairseach earraí in aon tréimhse leanúnach 12 mhí;

(*b*) duine arb é atá go heisiach in earraí nó seirbhísí inchánach a sholáthraíonn sé nó sí—

(i) soláthairtí éisc (nach bhfuil ag céim próiseála is faide anonn ná glanadh, sailleadh agus cuisniú), a ghabh sé nó sí i gcúrsa gnó iascaireachta mara, do dhaoine cuntasacha agus do dhaoine lena mbaineann *alt 102*, nó

(ii) soláthairtí den chineál a shonraítear i *bhfomhír (i)* agus ceachtar díobh seo a leanas, nó iad araon:

(I) soláthairtí innealra, gléasra nó trealaimh a d'úsáid sé nó sí i gcúrsa gnó iascaireachta mara;

(II) soláthairtí earraí agus seirbhísí eile arb í an chomaoin iomlán ina leith comaoin de chineál a fhágann, de bhíthin *mhír (c)* nó *(d)*, nár dhuine cuntasach an duine sin dá mba rud é nach ndearna sé nó sí aon soláthairtí ach amháin na soláthairtí sin an chomaoin iomlán ina leith;

(*c*) (i) faoi réir *fhomhír (ii)*, duine nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith soláthar earraí inchánach (seachas soláthairtí den chineál a shonraítear in *alt 30(1)(a)(i)*) agus seirbhísí inchánach aige nó aici thar an tairseach earraí in aon tréimhse leanúnach 12 mhí,

(ii) ní bheidh feidhm ag *fomhír (i)* ach amháin más rud é go bhfaightear 90 faoin gcéad ar a laghad den chomaoin iomlán dá dtagraítear san fhomhír sin ó sholáthar earraí inchánach (seachas earraí is inmhuirearaithe de réir aon cheann de na rátaí a shonraítear in *alt 46(1)(a)* agus *(c)* agus a tháirg nó a mhonaraigh an duine dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* go hiomlán nó go formhór as ábhair is inmhuirearaithe de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(b)*);

(*d*) duine (seachas duine lena mbaineann *mír (a)*, *(b)* nó *(c)*) nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith soláthar earraí agus seirbhísí inchánach aige nó aici thar an tairseach seirbhísí in aon tréimhse leanúnach 12 mhí.

(2) (*a*) Maidir le soláthairtí seamhain bólachta—

(i) ag feirmeoir d'aon fheirmeoir eile atá ceadúnaithe mar ionad inseamhnaithe shaorga de réir an Achta Beodhíle (Intseamhnú Saorga), 1947, nó

(ii) ag feirmeoir do dhuine cuntasach a bhfeidhmíonn an feirmeoir sin rialú air nó uirthi,

tabharfar neamhaird orthu le linn an chomaoin iomlán dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)(ii)* a ríomh.

(*b*) Más rud é, i gcás 2 dhuine nó níos mó a bhfeidhmíonn duine amháin díobh rialú ar dhuine amháin nó níos mó de na daoine eile, go soláthraíonn 2 dhuine nó níos mó de na daoine sin earraí den aicme chéanna nó seirbhísí den chineál céanna, déileálfar, chun críocha fheidhm *mhíreanna (c)* agus *(d) d'fho-alt (1)* i ndáil le gach duine de na daoine sin a rinne na soláthairtí sin, leis an gcomaoin iomlán i ndáil leis na soláthairtí sin amhail is dá mba rud é go ndearna gach duine de na daoine sin is deireanaí a luaitear na soláthairtí go léir atá i gceist.

(*c*) I gcás go soláthraíonn feirmeoir seirbhísí nó earraí den chineál a shonraítear i *bhfo-alt (1)(a)(i)*, *(ii)* nó *(iii)*, ansin measfar go bhfuil feidhm ag *mír (b)* maidir leis na soláthairtí sin, d'ainneoin nach bhfuil feidhm ag an mír sin thairis sin maidir le soláthairtí ag feirmeoir.

(*d*) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le soláthar den chineál dá dtagraítear in *alt 12(3)* nó *(5)*, *13* nó *17(1)*.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)(b)* go *(d)* maidir le duine nach bhfuil bunaithe sa Stát.

Déileáil le daoine mar dhaoine nach daoine cuntasacha.

[ACBL alt 8(6)]

**7**.—Chun críocha an Achta seo, féadfar déileáil le duine cuntasach (seachas duine lena mbaineann *alt 8*), de réir rialachán, mar dhuine nach duine cuntasach más deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim nár dhuine cuntasach an duine mura ndéanfadh sé nó sí roghnú faoi *alt 6(1)*.

Roghnú a chealú.

[ACBL alt 8(5) agus (5A)]

**8**.—(1) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin le go gcealófar, ar iarraidh ó dhuine, roghnú a bheidh déanta ag an duine faoin gCuid seo agus le go n-íocfaidh sé nó sí cibé suim leis na Coimisinéirí Ioncaim mar choinníoll le cealú a bheidh, ar í a chur le glanmhéid iomlán na cánach (más ann) a d'íoc an duine sin de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* i ndáil le soláthar earraí nó seirbhísí (seachas seirbhísí den chineál dá dtagraítear i *mír 11* de *Sceideal 3*) ag an duine sa tréimhse a raibh éifeacht ina leith ag an roghnú, comhionann le comhshuim an mhéid cánach a aisíocadh leis nó léi le linn na tréimhse sin i leith cánach a iompraíodh nó a íocadh i ndáil le soláthar earraí nó seirbhísí (seachas seirbhísí den chineál dá dtagraítear i *mír 11* de *Sceideal 3*) agus an mhéid cánach is inasbhainte faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* i leith fálacha laistigh den Chomhphobal arna ndéanamh ag an duine sin le linn na tréimhse sin.

(2) (*a*) D'ainneoin *fho-alt (1)*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin le go gcealófar, ar iarraidh ó dhuine a sholáthraíonn seirbhísí de chineál dá dtagraítear i *mír 11* de *Sceideal 3*, roghnú a bheidh déanta ag an duine faoin gCuid seo agus le go n-íocfaidh sé nó sí cibé méid (dá ngairtear "méid an chealaithe" san fho-alt seo) leis na Coimisinéirí Ioncaim, i dteannta aon mhéid is iníoctha de réir *fho-alt (1)*, a chinnfear de réir *mhír (b)*, mar choinníoll le cealú agus beidh méid an chealaithe iníoctha amhail is dá mba cháin é a bhí dlite de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* don tréimhse inchánach ina dtagann an cealú in éifeacht.

(*b*) (i) Más rud é, maidir leis an duine dá dtagraítear i *mír (a)*—

(I) go raibh sé nó sí i dteideal cáin a asbhaint de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8* i leith earraí dochorraithe a úsáideann an duine sin i gcúrsa soláthar seirbhísí de chineál dá dtagraítear i *mír 11* de *Sceideal 3* a fháil, a cheannach nó a fhorbairt, nó

(II) go mbeadh sé nó sí i dteideal cáin a asbhaint de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8* i leith earraí dochorraithe a úsáideann sé nó sí i gcúrsa soláthar seirbhísí de chineál dá dtagraítear i *mír 11* de *Sceideal 3* a fháil, mar thoradh ar aistriú chuig an duine sin, dá mbeadh an cháin sin inmhuirearaithe ar an aistriú sin murach feidhm *alt 20(2)(c)*,

ansin, déanfar méid (dá ngairtear an "méid coigeartúcháin" san fho-alt seo) a ríomh de réir *fhomhír (ii)* i leith gach fáil, ceannach nó forbairt den sórt sin agus is é a bheidh i méid an chealaithe comhshuim na méideanna coigeartúcháin arna ríomh amhlaidh nó, mura bhfuil ann ach méid coigeartúcháin amháin den sórt sin, an méid sin: ach mura mbeidh aon mhéid coigeartúcháin ann, nialas a bheidh i méid an chealaithe.

(ii) Déanfar an méid coigeartúcháin a chinneadh de réir na foirmle—

$$\frac{A \times (10 - B)}{10}$$

i gcás—

gurb é A—

(I) an méid cánach is inasbhainte i leith na hearraí dochorraithe sin a fháil, a cheannach nó a fhorbairt amhlaidh, nó

(II) an méid cánach a bheadh inasbhainte i leith na hearraí dochorraithe sin a fháil amhlaidh dá mba rud é nach raibh feidhm ag *alt 20(2)(c)* maidir le haistriú na n-earraí dochorraithe sin,

agus

gurb é B líon na mblianta iomlána ar úsáid an duine na hearraí dochorraithe sin ina leith i gcúrsa soláthar seirbhísí de chineál dá dtagraítear i *mír 11* de *Sceideal 3*: ach más mó ná 10 an líon sin de bhlianta iomlána, measfar gur nialas an méid coigeartúcháin sin.

(*c*) Chun críocha *mhír (b)*, is é a bheidh i mbliain iomlán aon tréimhse leanúnach 12 mhí.

(*d*) Níl feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le hearraí dochorraithe arna bhfáil nó arna bhforbairt an 1 Iúil, 2008 nó dá éis.

Caibidil 3

*Rialacha le haghaidh fálacha laistigh den Chomhphobal*

Fálacha laistigh den Chomhphobal agus daoine cuntasacha.

[ACBL alt 8(1A)(*a*), (*b*), (*c*) agus (*d*)]

**9**.—(1) I gcás go ngabhann duine d'earraí a fháil laistigh den Chomhphobal sa Stát i gcúrsa nó ag bisiú gnó—

(*a*) beidh sé nó sí ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach, agus

(*b*) beidh sé nó sí cuntasach sa cháin is inmhuirearaithe agus faoi dhliteanas an cháin is inmhuirearaithe a íoc.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)* agus *ailt 12(3)* agus *(5)*, *13* agus *17(1)*, agus d'ainneoin *fho-alt (1)*, maidir le duine nach ndeachaigh, agus nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith fálacha earraí laistigh

den Chomhphobal aige nó aici (ar earraí iad seachas córacha iompair nua nó earraí atá faoi réir dleachta máil) thar €41,000 in aon tréimhse leanúnach 12 mhí, ní duine cuntasach an duine sin mura roghnaíonn an duine a mhalairt agus ní hea ansin féin ach amháin in imeacht na tréimhse a bhfuil éifeacht leis an roghnú sin.

(3) I gcás ina bhfuil feidhm ag *alt 5(1)* maidir le duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, ansin ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an duine mura bhfuil feidhm ag *alt 6(1)* maidir leis nó léi freisin.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, maidir le duine is duine cuntasach de bhua an ailt seo nó *alt 10* agus is duine dá dtagraítear in *alt 6(1)(a)* nó *(b)*, ní mheasfar gur duine cuntasach é nó í ach amháin—

(*a*) i leith fálacha earraí laistigh den Chomhphobal a dhéanann sé nó sí, agus

(*b*) i leith aon seirbhísí den chineál dá dtagraítear in *alt 12*, *13* nó *17(1)* agus a fhaigheann sé nó sí.

(5) Féadfaidh duine a roghnú nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (4)* maidir leis nó léi.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)*, maidir le duine is duine cuntasach de bhua an ailt seo nó *alt 10* agus is duine dá dtagraítear in *alt 17(2)*, ní mheasfar gur duine cuntasach é nó í ach amháin—

(*a*) i leith fálacha earraí laistigh den Chomhphobal a dhéanann sé nó sí, agus

(*b*) i leith seirbhísí traenála capall rásaíochta a sholáthraíonn sé nó sí, agus

(*c*) i leith aon seirbhísí den chineál dá dtagraítear in *alt 12, 13* nó *17(1)* agus a fhaigheann sé nó sí.

(7) Féadfaidh duine a roghnú nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (6)* maidir leis nó léi.

Soláthairtí áirithe earraí — soláthraí nach bhfuil bunaithe sa Stát.

[ACBL alt 8(1A)(*f*) agus (*g*)]

**10**.—(1) I gcás go ndéanann duine nach bhfuil bunaithe sa Stát gás a sholáthar tríd an gcóras dáilte gáis nádúrtha, nó leictreachas a sholáthar, d'fhaighteoir sa Stát agus más rud é—

(*a*) gur duine inchánach a sheolann gnó sa Stát an faighteoir, nó

(*b*) gur comhlacht poiblí an faighteoir,

ansin is duine cuntasach, nó measfar gur duine cuntasach, an faighteoir sin i ndáil leis an soláthar sin agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin is inmhuirearaithe a íoc amhail is dá soláthródh an faighteoir na hearraí sin i gcúrsa nó ag bisiú gnó.

(2) I gcás go ndéanann duine nach bhfuil bunaithe sa Stát earraí a sholáthar sa Stát ar earraí iad a dhéanann an duine a shuiteáil nó a chóimeáil, nó a dhéantar a shuiteáil nó a chóimeáil thar ceann an duine, tar éis turas trialach a dhéanamh nó gan turas trialach a dhéanamh, agus más rud é—

(*a*) gur duine inchánach a sheolann gnó sa Stát faighteoir sholáthar na n-earraí sin, nó

(*b*) gur comhlacht poiblí faighteoir sholáthar na n-earraí sin,

ansin is duine cuntasach, nó measfar gur duine cuntasach, an faighteoir sin i ndáil leis an soláthar sin agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin is inmhuirearaithe a íoc amhail is dá soláthródh an faighteoir na hearraí sin i gcúrsa nó ag bisiú gnó.

Forálacha eile i ndáil le hearraí.

[ACBL alt 8(2B) agus (3D)(*b*)]

**11**.—(1) I gcás nach duine cuntasach duine ach amháin mar gheall ar chóir iompair nua a fháil laistigh den Chomhphobal, ansin ní duine cuntasach an duine chun críocha an Achta seo, seachas *alt 79(2)* nó *(3)*, mura roghnaíonn sé nó sí amhlaidh.

(2) Más rud é—

(*a*) nach duine cuntasach duine ach amháin mar gheall ar tháirgí inmháil a fháil laistigh den Chomhphobal, agus

(*b*) de bhua na fála, agus de réir Chaibidil II de Chuid II den Acht Airgeadais, 1992, agus aon achtacháin eile atá le forléiriú i dteannta na Caibidle sin, go bhfuil an dleacht mháil ar na táirgí sin iníoctha sa Stát,

ansin ní duine cuntasach an duine chun aon chríocha de chuid an Achta seo, seachas *alt 79(4)*, mura roghnaíonn sé nó sí amhlaidh.

(3) Maidir le duine nach bhfuil bunaithe sa Stát, measfar, mura roghnaíonn an duine clárú de réir *alt 65*, nach ndearna an duine fáil laistigh den Chomhphobal nó soláthar earraí sa Stát i gcás nach ndéanann sé nó sí aon soláthairtí sa Stát ach amháin sna himthosca atá leagtha amach in *alt 23*.

## Caibidil 4

### *Seirbhísí arna soláthar sa Stát ag daoine atá bunaithe lasmuigh den Stát*

Seirbhísí a fhaightear ón gcoigrích agus daoine cuntasacha.

[ACBL alt 8(1A)(*aa*) agus (*ab*) agus (2)(*b*) agus (*c*)]

**12**.—(1) Más rud é—

(*a*) go bhfaigheann duine inchánach a sheolann gnó sa Stát, nó go bhfaigheann duine ar sannadh uimhir chláraithe dó nó di de réir *alt 65(2)*, seirbhís ó sholáthraí atá bunaithe lasmuigh den Stát, agus

(*b*) gurb é an Stát an áit a soláthraítear an tseirbhís (arna cinneadh de réir *alt 34(a)*),

ansin tá an duine cuntasach sa cháin is inmhuirearaithe sa Stát agus faoi dhliteanas an cháin sin a íoc amhail is dá mba rud é gur sholáthair sé nó sí an tseirbhís sin ar chomaoin i gcúrsa nó ag bisiú gnó.

(2) Más rud é—

(*a*) go bhfaigheann duine inchánach a sheolann gnó sa Stát, nó

(*b*) go bhfaigheann comhlacht poiblí,

seirbhís (seachas seirbhís de chineál dá dtagraítear in *alt 33(2)(b)* nó *(c)*) ó sholáthraí nach bhfuil bunaithe sa Stát, agus gurb é an Stát an áit a soláthraítear an tseirbhís (arna cinneadh de réir *alt 34(c)*), ansin

beidh faighteoir na seirbhíse cuntasach sa cháin is inmhuirearaithe sa Stát agus faoi dhliteanas an cháin sin a íoc amhail is dá mba rud é gur sholáthair an faighteoir sin an tseirbhís ar chomaoin i gcúrsa nó ag bisiú gnó.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, maidir le duine is duine cuntasach de bhua an ailt seo nó *alt 13* nó *17(1)* agus is duine dá dtagraítear in *alt 6(1)(a)* nó *(b)*, ní mheasfar gur duine cuntasach é nó í ach amháin—

(*a*) i leith aon fhálacha earraí laistigh den Chomhphobal a dhéanann sé nó sí, agus

(*b*) i leith seirbhísí den chineál dá dtagraítear san alt seo nó in *alt 13* nó *17(1)* agus a fhaigheann sé nó sí.

(4) Féadfaidh duine a roghnú nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (3)* maidir leis nó léi.

(5) Faoi réir *fho-alt (6)*, aon duine is duine cuntasach de bhun an ailt seo nó *alt 13* nó *17(1)* agus is duine dá dtagraítear in *alt 17(2)*, ní mheasfar gur duine cuntasach é nó í ach amháin—

(*a*) i leith aon fhálacha earraí laistigh den Chomhphobal a dhéanann sé nó sí,

(*b*) i leith seirbhísí traenála capall rásaíochta a sholáthraíonn sé nó sí, agus

(*c*) i leith seirbhísí den chineál dá dtagraítear san alt seo nó in *alt 13* nó *17(1)* agus a fhaigheann sé nó sí.

(6) Féadfaidh duine a roghnú nach mbeidh feidhm ag *fo-alt (5)* maidir leis nó léi.

Soláthairtí áirithe seirbhísí — soláthraí nach bhfuil bunaithe sa Stát.

[ACBL alt 8(2)(*aa*)]

**13**.—I gcás go ndéanann duine nach bhfuil bunaithe sa Stát seirbhís chultúir, ealaíne nó siamsaíochta nó seirbhís dá samhail a sholáthar sa Stát, ansin maidir le haon duine (seachas duine atá ag gníomhú i gcáil phríobháideach) a fhaigheann an tseirbhís sin—

(*a*) beidh sé nó sí, nó measfar é nó í a bheith, ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach i ndáil leis an tseirbhís, agus

(*b*) beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin is inmhuirearaithe a íoc amhail is dá mba rud é gur sholáthair an duine cuntasach sin an tseirbhís iarbhír ar chomaoin i gcúrsa nó ag bisiú gnó,

ach i gcás gur tionscnóir, gníomhaire nó duine eile nach duine atá ag gníomhú i gcáil phríobháideach a dhéanann an tseirbhís sin a choimisiúnú nó a fháil, ansin measfar gurb é nó í an tionscnóir, an gníomhaire nó an duine sin an duine a fhaigheann an tseirbhís.

## CAIBIDIL 5

### *Forálacha forlíontacha*

An Stát agus comhlachtaí poiblí.

[ACBL alt 8(1A)(*e*) agus (2A) agus AA 2010 alt 117(2)(*b*) agus (*c*)]

**14**.—(1) Chun críocha *ailt 9* agus *10*, i gcás go ndéanann comhlacht poiblí fáil laistigh den Chomhphobal sa Stát, measfar go ndearnadh an fháil i gcúrsa nó ag bisiú gnó.

(2) D'ainneoin *alt 3*, ach faoi réir *fho-alt (3)*, ní dhéileálfar leis an Stát ná le haon chomhlacht poiblí mar dhuine inchánach ag gníomhú

dó sa cháil sin i leith aon ghníomhaíochta nó idirbhirt, a sheolann sé le linn don Stát nó don chomhlacht poiblí sin cearta nó cumhachtaí áirithe a fheidhmiú arna dtabhairt dó le haon achtachán, nó ag a mbeidh dlúthcheangal le feidhmiú den sórt sin, ach amháin—

(*a*) sa chás go liostaítear an ghníomhaíocht sin in Iarscríbhinn I den Treoir CBL (ar Iarscríbhinn í a bhfuil a téacs i *Sceideal 6*) agus go seolann an Stát nó an comhlacht poiblí sin í ar scála seachas scála neamhbhríoch, nó

(*b*) sa chás, mura ndéileálfar leis an Stát nó leis an gcomhlacht poiblí sin mar dhuine inchánach i leith na gníomhaíochta nó an idirbhirt sin, go gcruthófar nó gur dóigh go gcruthófaí mórshaobhadh ar iomaíocht.

(3) (*a*) Chun críocha an fho-ailt seo, ciallaíonn "saoráidí pobail"—

(i) saoráidí chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt nó corpoideachais agus seirbhísí a bhfuil dlúthbhaint acu le saoráidí den sórt sin a sholáthar (seachas saoráidí chun páirt a ghlacadh sa ghalf agus, chun na críche sin, ní fholaíonn saoráidí chun páirt a ghlacadh sa ghalf saoráidí chun páirt a ghlacadh san áin agus amas), agus

(ii) fruiliú hallaí, seomraí cruinnithe, faichí agus saoráidí eile dá samhail le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha spóirt, cultúir, sóisialacha agus pobail.

(*b*) Tagann *fo-alt (2)* i ngníomh, a mhéid a bhaineann sé le soláthar saoráidí pobail, cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh saoráidí pobail éagsúla.

(*c*) Ní bheidh an Stát ná aon údarás áitiúil ina dhuine cuntasach maidir le soláthar saoráide pobail aige go dtí go dtagann ordú faoi *mhír (b)* i ngníomh maidir leis an tsaoráid phobail sin.

Grúpaí CBL.

[ACBL alt 8(8)]

**15**.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, más deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil dlúthcheangal idir 2 dhuine nó níos mó, atá bunaithe sa Stát, ar duine inchánach duine amháin acu ar a laghad, de bharr nasc airgeadais, eacnamaíochta agus eagair agus más dóigh leo gur gá nó gur cuí chun críche riaradh éifeachtach agus éifeachtúil na cánach (lena n-áirítear í a bhailiú) sin a dhéanamh, ansin, chun críche an Achta seo, féadfaidh na Coimisinéirí, cibé acu i ndiaidh iarratais thar ceann na ndaoine sin nó ar shlí eile—

(*a*) a mheas, le fógra i scríbhinn (dá ngairtear "fógra grúpa" san alt seo) do gach duine de na daoine sin, gur aon duine inchánach amháin iad (dá ngairtear "grúpa" san alt seo), agus measfar ansin na daoine a dtabharfar fógra dóibh amhlaidh a bheith sa ghrúpa fad atá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir leo, ach beidh feidhm ag *alt 65* i leith gach duine de chomhaltaí an ghrúpa, agus—

(i) beidh duine de na daoine sin, a dtabharfaidh na Coimisinéirí fógra dó nó di dá réir, freagrach as an Acht seo a chomhlíonadh i leith an ghrúpa, agus

(ii) déanfar na cearta agus na hoibleagáidí go léir a éiríonn faoin Acht seo i leith idirbhearta an ghrúpa a chinneadh dá réir sin,

agus

(*b*) gach duine sa ghrúpa a chur faoi dhliteanas, i gcomhpháirt agus go leithleach, an tAcht seo agus na rialacháin (lena n-áirítear na forálacha á cheangal go n-íocfaí cáin) a bhaineann le gach duine de na daoine sin a chomhlíonadh agus faoi réir na bpionós faoin Acht seo a mbeidís faoina réir dá mbeadh gach duine den sórt sin faoi dhliteanas iomlán na cánach is inmhuirearaithe, ar leith ó rialacháin faoin alt seo, i leith gach duine den sórt sin a íoc leis na Coimisinéirí.

(2) Ní bheidh feidhm ag an alt seo—

(*a*) i gcás soláthar earraí dochorraithe ag aon duine sa ghrúpa d'aon duine eile sa ghrúpa,

(*b*) i gcás an cheanglais sonrasc nó doiciméad eile a eisiúint, de réir *Chaibidil 2* de *Chuid 9*, i leith soláthairtí do dhaoine seachas soláthairtí idir daoine atá faoi dhliteanas, i gcomhpháirt agus go leithleach, an tAcht seo a chomhlíonadh de réir *fho-alt (1)(b)*,

(*c*) i gcás an cheanglais ráiteas a thabhairt de réir *alt 82*, nó

(*d*) i gcás úinéireacht earraí a aistriú, mar a shonraítear in *alt 20(2)(c)*, ó aon duine sa ghrúpa chuig aon duine eile sa ghrúpa, ach amháin i gcás gur duine cuntasach, ar leith ón alt seo, gach duine de na daoine a meastar a ngníomhaíochtaí a bheith á seoladh ag an ngrúpa.

(3) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, le fógra i scríbhinn do gach duine sa ghrúpa, amhail ar an agus ón dáta a bheidh sonraithe san fhógra (ar dáta é nach luaithe ná dáta eisiúna an fhógra) fógra grúpa an ghrúpa a chealú.

(4) Amhail ar an agus ón dáta a chealaítear fógra grúpa an ghrúpa faoi *fho-alt (3)*, beidh feidhm ag an Acht seo agus ag rialacháin maidir leis na daoine go léir a bhí ina gcomhaltaí den ghrúpa amhail is nár eisíodh an fógra grúpa sin, ach sin gan dochar do dhliteanas aon duine de na daoine sin i leith cánach nó pionós maidir le haon ní a rinneadh nó nach ndearnadh le linn na tréimhse a raibh an fógra grúpa i bhfeidhm ina leith.

(5) Más rud é—

(*a*) go ndéanann duine sa ghrúpa (dá ngairtear an "tiarna talún" san alt seo), tar éis dó nó di leas a fháil in earraí dochorraithe, nó forbairt a dhéanamh ar earraí dochorraithe, lenar bhain alt 4 den achtachán aisghairthe, cibé acu a rinneadh an fháil nó an fhorbairt sin sular tháinig an tiarna talún chun bheith ina dhuine nó ina duine sa ghrúpa nó ina dhiaidh sin, seilbh na n-earraí dochorraithe sin, nó aon choda díobh, a ghéilleadh do dhuine eile sa ghrúpa (dá ngairtear "an t-áititheoir" san alt seo) dá éis sin i gcás nárbh ionann an géilleadh seilbhe, dá ndéanfaí an géilleadh do dhuine nach duine

sa ghrúpa, agus soláthar earraí dochorraithe de réir alt 4 den achtachán aisghairthe, agus

(*b*) go scoireann an tiarna talún nó an t-áititheoir dá éis sin de bheith ina dhuine nó ina duine sa ghrúpa (dá ngairtear "scor" san alt seo),

ansin, faoi réir *fho-alt (6)*, murar fheidhmigh an tiarna talún rogha an tiarna talún go ngearrfar cáin de réir *alt 97* i leith na hearraí dochorraithe sin a ligean tráth an scoir nó mura bhfuil tarscaoileadh aige nó aici ar a cheart nó a ceart chun díolúine ó cháin de réir *alt 96(2)* go *(5)* atá fós in éifeacht tráth an scoir—

(i) maidir leis an ngéilleadh seilbhe, nó

(ii) má ghéill an tiarna talún sin seilbh ar na hearraí dochorraithe sin níos mó ná uair amháin do dhuine eile sa ghrúpa, maidir leis an gcéad ghéilleadh seilbhe den sórt sin,

measfar go ndéantar é nuair a tharlaíonn an chéad scor díobh sin (dá ngairtear an "scor iomchuí" san alt seo).

(6) Chun críocha *fho-alt (5)*, i gcás gur cealaíodh tarscaoileadh an tiarna talún ar a cheart nó a ceart chun díolúine ó cháin de réir *alt 96(2)* go *(5)* sula gcríochnaítear géilleadh seilbhe ar earraí dochorraithe do dhuine eile sa ghrúpa, measfar go ndéantar an géilleadh seilbhe sin ar dháta an scoir iomchuí.

(7) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh de réir mar is dóigh leo is gá chun críocha an ailt seo.

Muirear freaschurtha ar sholáthairtí áirithe.

[ACBL alt 8(1B), (1C) agus (1D)]

**16**.—(1) (*a*) San fho-alt seo—

tá le "GNBS" an bhrí a shanntar dó leis an Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009;

ciallaíonn "eintiteas de chuid GNBS" duine nó comhlacht daoine lena bhfuil GNBS bainteach de réir bhrí *alt 97(3)*;

ciallaíonn "faighteoir", i ndáil le soláthar iomchuí, GNBS agus aon eintiteas de chuid GNBS;

ciallaíonn "soláthar iomchuí" soláthar earraí is aistriú úinéireachta earraí a dhéantar le hordú dílseacháin arna dhéanamh de réir alt 153 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009;

ciallaíonn "soláthraí", i ndáil le soláthar iomchuí, an muirearóir dá dtagraítear in alt 153 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009.

(*b*) I gcás ina ndéantar soláthar iomchuí—

(i) beidh an faighteoir, i ndáil leis an soláthar sin, ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin is inmhuirearaithe a íoc amhail is dá ndéanfadh an faighteoir sin an soláthar sin i gcúrsa nó ag bisiú gnó, agus

(ii) ní bheidh an soláthraí cuntasach in íoc na cánach sin i ndáil leis an soláthar sin ná ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin sin a íoc.

(2) (*a*) San fho-alt seo—

tá le "lamháltas" an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 3 den Treoir;

ciallaíonn "Treoir" Treoir 2003/87/CE an 13 Deireadh Fómhair, 2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] (arna leasú) lenar bunaíodh scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lenar leasaíodh Treoir 96/61/CE ón gComhairle;

tá le "gáis ceaptha teasa" an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 3 den Treoir;

ciallaíonn "lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa" lamháltais chun gáis ceaptha teasa a astú is inaistrithe de réir na Treorach agus aonaid eile a fhéadfaidh oibritheoirí a úsáid d'fhonn an Treoir a chomhlíonadh;

tá le "oibritheoir" an bhrí a shanntar dó le hAirteagal 3 den Treoir.

(*b*) I gcás go bhfaigheann duine inchánach a sheolann gnó sa Stát (dá ngairtear "faighteoir" san fho-alt seo) lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa ó dhuine inchánach eile a sheolann gnó sa Stát, ansin—

(i) beidh an faighteoir, i ndáil leis an soláthar sin, ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach nó measfar gur duine cuntasach é nó í agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin is inmhuirearaithe a íoc amhail is dá ndéanfadh an faighteoir sin an soláthar sin i gcúrsa nó ag bisiú gnó, agus

(ii) ní bheidh an duine a sholáthair na lamháltais sin i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa cuntasach sa cháin sin i leith an tsoláthair sin ná ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas i leith an cháin sin a íoc.

(3) (*a*) Déanfar *mír (b)* agus *ailt 59(2)(i)* agus *66(4)* a fhorléiriú i dteannta Chaibidil 2 de Chuid 18 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

(*b*) Más rud é go bhfaigheann príomhaí lena mbaineann alt 531(1) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (seachas príomhaí lena mbaineann fomhíreanna (ii) nó (iii) d'alt 531(1)(*b*) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) seirbhísí arb éard iad oibríochtaí foirgníochta (mar a mhínítear i míreanna (*a*) go (*f*) d'alt 530(1) den Acht sin) ó fhochonraitheoir, ansin—

(i) is duine cuntasach, nó measfar gur duine cuntasach, an príomhaí sin i ndáil leis an soláthar sin agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin is inmhuirearaithe a

[2]IO Uimh. L 275, 25.10.2003, lch. 32

íoc amhail is dá mba é nó í an príomhaí sin a sholáthair na seirbhísí sin i gcúrsa nó ag bisiú gnó, agus

(ii) ní bheidh an fochonraitheoir cuntasach sa cháin sin, ná ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin sin a íoc, i leith an tsoláthair sin.

Forálacha eile i ndáil le seirbhísí.

[ACBL alt 8(2)(*d*) agus (3A)]

**17**.—(1) (*a*) San fho-alt seo—

ciallaíonn "soláthraí áitribh" duine a bhfuil talamh ar úinéireacht nó ar áitiú nó faoi rialú aige nó aici, agus ciallaíonn tagairtí do thalamh an tsoláthraí áitribh an talamh atá ar úinéireacht, ar áitiú nó faoi rialú aige nó aici amhlaidh;

ciallaíonn "oifig iomchuí" an oifig de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a dhéileálfadh go hiondúil le scrúdú na dtaifead a choimeádann an soláthraí áitribh de réir *Chaibidil 7* de *Chuid 9*.

(*b*) I gcás go gceadaíonn soláthraí áitribh, i gcúrsa nó ag bisiú gnó, do dhuine nach bhfuil bunaithe sa Stát earraí a sholáthar ar chomaoin i gcúrsa nó ag bisiú gnó (dá ngairtear "trádálaí taistil" san fho-alt seo) ar thalamh an tsoláthraí áitribh ar feadh tréimhse is giorra ná 7 lá as a chéile, ansin déanfaidh an soláthraí áitribh sin, tráth nach déanaí ná 14 lá roimh an lá a cheadaítear don trádálaí taistil earraí a sholáthar ar an talamh sin, na sonraí seo a leanas a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim ag an oifig iomchuí—

(i) ainm agus seoladh an trádálaí taistil;

(ii) na dátaí a bheartaíonn an trádálaí taistil earraí a sholáthar ar an talamh sin;

(iii) seoladh na talún sin; agus

(iv) aon fhaisnéis eile a shonrófar i rialacháin.

(*c*) I gcás go gceadaíonn soláthraí áitribh, i gcúrsa nó ag bisiú gnó, do thionscnóir nach bhfuil bunaithe sa Stát seirbhís chultúir, ealaíne nó siamsaíochta nó seirbhís dá samhail a sholáthar ar thalamh an tsoláthraí áitribh ar seirbhís í a meastar de réir *alt 13* gurb é nó í an tionscnóir sin a sholáthraíonn í, ansin déanfaidh an soláthraí áitribh sin, tráth nach déanaí ná 14 lá sula bhfuil an tseirbhís sin ceaptha tosú, na sonraí seo a leanas a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim ag an oifig iomchuí:

(i) ainm agus seoladh an tionscnóra;

(ii) mionsonraí (lena n-áirítear dátaí, fad agus ionad) an imeachta arna choimisiúnú nó arna aslú ag an tionscnóir le linn an tseirbhís sin a sholáthar; agus

(iii) aon fhaisnéis eile a shonrófar i rialacháin.

(*d*) I gcás go mainníonn soláthraí áitribh sonraí fíora cearta a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim mar a cheanglaítear de réir *mhír (b)* nó *(c)*, ansin féadfaidh na Coimisinéirí, i gcás gur dóigh leo gur gá déanamh amhlaidh chun an t-ioncam a chosaint, an soláthraí áitribh a chur faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach le trádálaí taistil nó tionscnóir, de réir mar a bheidh, i leith na cánach is inmhuirearaithe i leith soláthairtí arna ndéanamh ag an trádálaí taistil sin nó ag an tionscnóir sin ar thalamh an tsoláthraí áitribh, agus sna himthosca sin tabharfaidh na Coimisinéirí fógra don soláthraí áitribh i scríbhinn dá réir sin.

(*e*) Aon soláthraí áitribh ar tugadh fógra dó nó di de réir *mhír (d)*, measfar gur duine cuntasach é nó í agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin dá dtagraítear sa mhír sin a íoc amhail is dá mba cháin í a bhí dlite de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* den soláthraí áitribh don tréimhse inchánach ar laistigh di a dhéanann an trádálaí taistil nó an tionscnóir na soláthairtí, ach ní bheidh an soláthraí áitribh faoi dhliteanas cáin dá dtagraítear i *mír (d)* a íoc ar deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim ina leith gur thug trádálaí taistil nó tionscnóir cuntas ina leith.

(2) (*a*) Dá mba rud é, i gcás duine a sholáthraíonn seirbhísí arb éard iad capaill a thraenáil le haghaidh rásaíochta, ar mó an chomaoin ina leith ná an tairseach seirbhísí in aon tréimhse leanúnach 12 mhí, go mba fheirmeoir an duine sin mura mbeadh soláthar na seirbhísí sin, measfar nach duine cuntasach é nó í ach amháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) soláthar na seirbhísí sin,

(ii) aon fhálacha earraí laistigh den Chomhphobal a dhéanann sé nó sí, agus

(iii) aon seirbhísí den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó in *alt 12* nó *13* agus a fhaigheann sé nó sí.

(*b*) Cheal roghnaithe dá dtagraítear in *alt 6(1)*, measfar, maidir leis an duine dá dtagraítear i *mír (a)*, nach duine cuntasach é nó í i ndáil le soláthar aon earraí nó seirbhísí a shonraítear—

(i) i *mír (a)* den mhíniú ar "feirmeoir" in *alt 4(1)*, agus

(ii) i *mír b(i)* agus *(iii)* den mhíniú sin.

Saobhadh ar iomaíocht, soláthairtí a meastar gur soláthairtí inchánach iad, etc.

[ACBL alt 8(3C), (3E) agus (7)]

**18**.—(1) (*a*) D'ainneoin *ailt 5(1)* agus *52(1)*, ach faoi réir *alt 6(1)*, i gcás go soláthraíonn duine (dá ngairtear an "duine iomchuí" san fho-alt seo) seirbhísí atá díolmhaithe de réir *alt 52* agus *mhír 3(4)* de *Sceideal 1*, ansin déanfaidh oifigeach údaraithe (is oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim a bheidh údaraithe acu i scríbhinn chun críocha an fho-ailt seo)—

(i) más deimhin leis an oifigeach gur cruthaíodh, nó gur dóigh go gcruthófar, le soláthar sin na seirbhísí sin saobhadh ar iomaíocht de chineál a dhéanfaidh fiontar tráchtála is duine cuntasach a sholáthraíonn

seirbhísí de chineál dá samhail a chur faoi mhíbhuntáiste, nó

(ii) más deimhin leis an oifigeach go ndéanann duine eile soláthar sin na seirbhísí sin a bhainistiú nó a riaradh, nó go ndéantar é a bhainistiú nó a riaradh thar ceann duine eile, ag a bhfuil leas tairbhiúil díreach nó neamhdhíreach (go díreach nó trí idirghabhálaí) i soláthar na seirbhísí sin,

cinneadh i ndáil le cuid de na soláthairtí sin, nó i ndáil leis na soláthairtí sin go léir, a shonraítear sa chinneadh á mheas—

(I) go soláthraíonn an duine iomchuí na soláthairtí sin a shonraítear sa chinneadh sin i gcúrsa nó ag bisiú gnó,

(II) gur duine cuntasach an duine iomchuí i ndáil le soláthar na soláthairtí sin a shonraítear sa chinneadh sin, agus

(III) gur soláthairtí inchánach lena mbaineann an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(c)* na soláthairtí sin a shonraítear sa chinneadh sin.

(*b*) Faoi réir *mhír (c)*, i gcás go ndéantar cinneadh faoi *mhír (a)*, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, a luaithe is féidir tar éis an cinneadh a dhéanamh, fógra i scríbhinn i dtaobh an chinnidh sin a eisiúint chuig an duine iomchuí, agus beidh éifeacht leis an gcinneadh sin ó cibé dáta a shonrófar san fhógra i dtaobh an chinnidh sin.

(*c*) Ní bheidh éifeacht le cinneadh dá dtagraítear i *mír (b)* tráth is luaithe ná tosach na chéad tréimhse inchánach eile tar éis na tréimhse inchánach inar eisíodh an fógra dá dtagraítear sa mhír sin i leith an chinnidh sin.

(*d*) I gcás inar deimhin le hoifigeach údaraithe nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na coinníollacha ba bhun le cinneadh a dhéanamh faoi *mhír (a)*, déanfaidh an t-oifigeach an cinneadh sin a chealú le fógra i scríbhinn chuig an duine iomchuí agus beidh éifeacht leis an gcealú sin ó thosach na chéad tréimhse inchánach eile tar éis na tréimhse inchánach inar eisíodh an fógra.

(2) I gcás go ndéanann club nó eagraíocht eile den tsamhail sin aon earraí nó seirbhísí a chur ar fáil i leith íocaíochta airgid ag aon duine dá chomhaltaí, ansin, chun críocha an Achta seo—

(*a*) measfar gurb ionann na hearraí nó na seirbhísí a chur ar fáil agus an club nó an eagraíocht eile do sholáthar na n-earraí nó na seirbhísí, de réir mar a bheidh, i gcúrsa nó ag bisiú gnó a sheolann sé nó sí, agus

(*b*) measfar gur comaoin i leith an tsoláthair an t-airgead.

(3) (*a*) I *mír (b)*, ciallaíonn “ceadúnaí”—

(i) i gcás ina sealbhaíonn ainmnitheach comhlachta chorpraithe an ceadúnas, an comhlacht corpraithe,

(ii) in aon chás eile, sealbhóir an cheadúnais.

(*b*) Maidir le ceadúnaí aon áitribh (is áitreabh ar ina leith a deonaíodh ceadúnas chun deochanna meisciúla a dhíol san áitreabh sin nó in áit nach san áitreabh)—

(i) measfar gurb é nó í tionscnóir aon rince a sheoltar, fad a mhaireann an ceadúnas sin, san áitreabh sin é nó í, agus

(ii) measfar go bhfuair sé nó sí an t-airgead go léir (gan cáin a áireamh) a d'íoc na daoine a ligeadh isteach sa rince sin mar aon le haon chomaoin eile a fuarthas nó ab infhaighte i dtaca leis an rince.

## CUID 3

### IDIRBHEARTA INCHÁNACH

### CAIBIDIL 1

### *Soláthar earraí*

An bhrí atá le soláthar earraí.

[ACBL alt 3(1), (1C) agus (2)]

**19**.—(1) San Acht seo, ciallaíonn "soláthar", i ndáil le hearraí—

(*a*) úinéireacht na n-earraí a aistriú trí chomhaontú (lena n-áirítear úinéireacht na n-earraí a aistriú chuig duine a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais den chineál a shonraítear i bhfomhír (i)(*e*) den Chéad Sceideal i gcás ina soláthraítear na seirbhísí sin mar chuid de chomhaontú den chineál dá dtagraítear i *mír (c)* i leith na n-earraí),

(*b*) earraí sochorraithe a dhíol de bhun conartha faoina bhfuil coimisiún iníoctha ar cheannach nó ar dhíol ag gníomhaire nó ceantálaí a chríochnaíonn comhaontuithe in ainm an ghníomhaire nó an cheantálaí féin ach sin de réir treoracha ó dhuine eile agus chun cuntais duine eile,

(*c*) na hearraí a thabhairt do dhuine de bhun comhaontú lena ndéantar socrú chun na hearraí a ligean ar cíos ar feadh tréimhse áirithe faoi réir coinníll go n-aistreofar úinéireacht na n-earraí chun an duine ar dháta nach déanaí ná an dáta a íoctar an tsuim dheireanach faoin gcomhaontú,

(*d*) duine (dá ngairtear an "forbróir" sa mhír seo) do thabhairt earraí dochorraithe do dhuine eile, ar earraí iad a forbraíodh as earraí a chuir an duine eile sin ar iontaoibh an fhorbróra chun críche na forbartha sin, cibé acu a sholáthair nó nár sholáthair an forbróir aon chuid de na hearraí a úsáideadh,

(*e*) úinéireacht na n-earraí a aistriú—

(i) de bhun an Stát nó údarás áitiúil dá bhfáil nó de bhun a bhfála thar ceann an Stáit nó údaráis áitiúil (ar shlí seachas trí chomhaontú), nó

(ii) de bhun a n-urghabhála ag aon duine ag gníomhú dó nó di faoi údarás reachtúil,

(*f*) duine do bhaint úsáid (seachas trí dhiúscairt chuig duine eile), chun críocha aon ghnó a sheolann sé nó sí, as na hearraí is earraí sochorraithe a d'fhorbair, a rinne, a chóimeáil, a mhonaraigh, a tháirg, a d'asbhain, a cheannaigh, a d'allmhairigh nó a fuair sé nó sí ar shlí eile nó a d'fhorbair, a rinne, a chóimeáil, a mhonaraigh, a tháirg, a d'asbhain, a cheannaigh, a d'allmhairigh nó a fuair duine eile ar shlí eile thar a cheann nó thar a ceann, ach amháin i gcás ina mbeadh cáin ab inmhuirearaithe i ndáil leis an úsáid, dá muirearófaí í, inasbhainte go hiomlán faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8*,

(*g*) duine cuntasach do leithreasú na n-earraí chun aon chríche seachas críoch a ghnó nó a gnó nó duine cuntasach do dhiúscairt na n-earraí saor ó tháille i gcás—

(i) an cháin ab inmhuirearaithe i ndáil leis na hearraí sin—

(I) ar iad a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú ag an duine cuntasach, nó

(II) ar iad a fhorbairt, a dhéanamh, a chóimeáil, a mhonarú, a tháirgeadh, a asbhaint nó a úsáid faoi *mhír (f)*,

de réir mar a bheidh, a bheith inasbhainte go hiomlán nó go páirteach faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, nó

(ii) gur aistríodh úinéireacht na n-earraí chuig an duine cuntasach le linn gnó nó cuid de ghnó a aistriú agus gur measadh nár sholáthar earraí de réir *alt 20(2)* an t-aistriú úinéireachta sin,

agus

(*h*) duine d'aistriú na n-earraí óna ghnó nó óna gnó sa Stát chuig críoch Ballstáit eile chun críocha ghnó an duine nó duine sa Stát d'aistriú cóir iompair nua chuig críoch Ballstáit eile, seachas chun críocha aon cheann díobh seo a leanas:

(i) aistriú na n-earraí atá i gceist sna himthosca a shonraítear in *alt 29(1)(b)* nó *(d)* nó *30*;

(ii) aistriú na n-earraí chuig duine eile sna himthosca a shonraítear i *míreanna 1(1)* go *(3)*, *3(1)* agus *(3)* agus *7(1)* go *(4)* de *Sceideal 2* agus aistriú na n-earraí dá dtagraítear i *míreanna 4(2)*, *(4)* agus *(5)* agus *5(2)* de *Sceideal 2*;

(iii) aistriú na n-earraí chun go ndéanfar seirbhís orthu i gcás go ndéanfar na hearraí arna n-aistriú amhlaidh ag an duine a chur ar ais chuig an duine sin sa Stát tar éis an obair a dhéanamh orthu;

(iv) úsáid shealadach na n-earraí atá i gceist le linn don duine seirbhís a sholáthar sa Bhallstát eile sin;

(v) úsáid shealadach na n-earraí atá i gceist, ar feadh tréimhse nach faide ná 24 mhí, sa Bhallstát eile sin, i gcás ina mbeadh allmhairiú na n-earraí céanna isteach sa Bhallstát eile sin d'fhonn iad a úsáid ar bhonn sealadach incháilithe le haghaidh díolúine iomlán ó dhleachtanna ar allmhairí.

(2) Chun críocha an Achta seo, measfar go bhfolaíonn "soláthar", i ndáil le hearraí dochorraithe, an méid seo a leanas—

(*a*) an ceart chun na hearraí dochorraithe a dhiúscairt mar úinéir a aistriú ó thaobh substainte, nó

(*b*) an ceart chun na hearraí dochorraithe a dhiúscairt a aistriú ó thaobh substainte.

(3) I gcás ina ndéanann 3 dhuine nó níos mó comhaontuithe i dtaobh na n-earraí céanna agus na comhaontuithe sin a chomhall tríd an gcéad duine sa réim díoltóirí agus ceannaitheoirí do sholáthar na n-earraí don cheannaitheoir deiridh go díreach, ansin measfar, chun críocha an Achta seo, gur soláthar comhuaineach ag gach díoltóir sa réim an soláthar don cheannaitheoir deiridh sin.

Aistrithe, etc., a meastar nach soláthairtí iad.

[ACBL alt 3(5)(*a*), (*b*) agus (*d*)]

**20**.—(1) Chun críocha an Achta seo, measfar nach ionann úinéireacht earraí a aistriú de bhun conartha den chineál dá dtagraítear in *alt 19(1)(c)* ag an duine a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais den chineál dá dtagraítear i *mír 6(1)(e)* de *Sceideal 1* mar chuid den chonradh sin agus na hearraí a sholáthar.

(2) Measfar, chun críocha an Achta seo, nach ionann úinéireacht earraí a aistriú—

(*a*) mar urrús d'iasacht nó d'fhiach,

(*b*) i gcás na hearraí a bheith ar teachtadh mar urrús d'iasacht nó d'fhiach, ar an iasacht nó an fiach a aisíoc, nó

(*c*) arb éard é iomláine sócmhainní gnó nó cuid díobh a aistriú chuig duine cuntasach (fiú más rud é gur scoir an gnó sin, nó cuid den ghnó sin de thrádáil) i gcás gur gnóthas nó cuid de ghnóthas atá inoibrithe ar bhonn neamhspleách iad na sócmhainní aistrithe sin,

agus na hearraí a sholáthar.

(3) Measfar, chun críocha an Achta seo, nach ionann earraí a dhiúscairt ag árachóir a ghlac seilbh orthu ó úinéir na n-earraí (dá ngairtear an "t-árachaí" san fho-alt seo), i dtaca le socraíocht ar éileamh faoi pholasaí árachais, ar earraí iad—

(*a*) ar iompair an t-árachaí cáin i ndáil lena bhfáil, agus

(*b*) de chineál, nó a úsáideadh in imthosca, nach raibh aon chuid den cháin a iompraíodh inasbhainte ag an árachaí,

agus na hearraí a sholáthar.

**21**.—Aon ní is soláthar earraí de bhua *alt 19(1)(f)*, *(g)* nó *(h)* measfar, chun críocha an Achta seo, gur ar chomaoin a rinneadh é i gcúrsa nó ag bisiú an ghnó lena mbaineann ach amháin—

Soláthairtí arna ndéanamh saor ó tháille.

[ACBL alt 3(1A)]

(*a*) earraí a thabhairt de bhronntanas i gcúrsa nó ag bisiú gnó an ghnó (seachas mar bhronntanas is cuid de shraith bronntanas nó de bhronntanais chomhleanúnacha don duine céanna) nach mó a gcostas ar an deontóir ná suim a bheidh sonraithe chun na críche sin i rialacháin, nó

(*b*) samplaí tionscail a thabhairt de bhronntanas, i gcainníocht réasúnach, don chustaiméir iarbhír nó ionchasach, i bhfoirm nach mbíonn ar fáil de ghnáth lena ndíol leis an bpobal.

**22**.—(1) I gcás ina ndéanann gníomhaire nó ceantálaí díol earraí de réir *alt 19(1)(b)*, measfar gurb ionann na hearraí sin a aistriú chuig an ngníomhaire nó chuig an gceantálaí sin agus na hearraí a sholáthar don ghníomhaire nó don cheantálaí an tráth a dhéanann an gníomhaire nó an ceantálaí an díol sin.

Rialacha speisialta i ndáil le soláthairtí earraí.

[ACBL alt 3(4), (5)(*c*) agus (7)]

(2) Más rud é, maidir le duine (dá ngairtear "an t-úinéir" san fho-alt seo agus in *alt 20(3)*)—

(*a*) go soláthraíonn sé nó sí seirbhísí airgeadais den chineál a shonraítear i *mír 6(1)(e)* de *Sceideal 1* i leith soláthar earraí de réir bhrí *alt 19(1)(c)*, agus

(*b*) go bhforfheidhmíonn sé nó sí ceart an úinéara chun seilbh ar na hearraí a aisghabháil,

ansin measfar, chun críocha an Achta seo, gurb ionann diúscairt na n-earraí ag an úinéir agus soláthar earraí nach bhfuil feidhm ag *mír 12* de *Sceideal 1* maidir leis.

(3) (*a*) Más rud é, i gcás gnó atá á sheoladh ag duine cuntasach, nó a bhfuil scortha ag duine cuntasach de bheith á sheoladh, go ndéanann duine eile, faoi aon chumhacht is infheidhmithe ag an duine eile sin (lena n-áirítear leachtaitheoir agus glacadóir), earraí is cuid de shócmhainní an ghnó a dhiúscairt i gcomhair nó faoi chomhair fiach atá dlite den duine cuntasach a shásamh, nó i gcúrsa cuideachta a fhoirceannadh, ansin measfar gur i gcúrsa nó ag bisiú a ghnó nó a gnó a sholáthair an duine cuntasach na hearraí sin.

(*b*) Folóidh diúscairt earraí faoin bhfo-alt seo aon sannadh nó géilleadh a meastar gur soláthar earraí dochorraithe mar a fhoráiltear le *halt 95(5)* é.

**23**.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, i gcás ina ndéanann duine nach bhfuil bunaithe sa Stát fáil earraí laistigh den Chomhphobal sa Stát agus go ndéanann sé nó sí soláthar dá éis sin ar na hearraí do dhuine cuntasach sa Stát, ansin measfar, chun críocha an Achta seo, maidir leis an duine a ndéantar an soláthar sin dó nó di, go ndearna sé nó sí an soláthar sin agus tabharfar neamhaird ar an bhfáil laistigh den Chomhphobal.

Soláthar tar éis fáil laistigh den Chomhphobal.

[ACBL alt 3(8)]

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* ach amháin más rud é—

(*a*) nár fheidhmigh an duine nach bhfuil bunaithe sa Stát a rogha chun clárú de réir *alt 65* de bhua *alt 11(3)*, agus

(*b*) go bhfuil an duine a ndéantar an soláthar dó nó di cláraithe de réir *alt 65*.

Caibidil 2

*Fálacha laistigh den Chomhphobal*

Fálacha earraí laistigh den Chomhphobal.

[ACBL alt 3A(1), (1A), (3) agus (4)]

**24**.—(1) San Acht seo, ciallaíonn "fáil laistigh den Chomhphobal", i ndáil le hearraí—

(*a*) fáil earraí sochorraithe (seachas córacha iompair nua)—

(i) arna soláthar—

(I) ag duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát,

(II) ag duine a bhfuil d'oibleagáid air nó uirthi a bheith cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát,

(III) ag duine a sheolann gníomhaíocht dhíolmhaithe i mBallstát, nó

(IV) ag feirmeoir cothromráta i mBallstát,

(ii) arna soláthar do dhuine i mBallstát eile (seachas pearsa aonair nach duine inchánach nó nach bhfuil i dteideal roghnú a bheith ina dhuine inchánach nó ina duine inchánach, mura seolann an phearsa aonair gníomhaíocht dhíolmhaithe), agus

(iii) a seoladh nó a iompraíodh ó chríoch Ballstáit chuig críoch Ballstáit eile mar thoradh ar an soláthar sin,

nó

(*b*) fáil córacha iompair nua arna soláthar ag duine i mBallstát do dhuine i mBallstát eile agus a seoladh nó a iompraíodh ó chríoch Ballstáit chuig críoch Ballstáit eile mar thoradh ar an soláthar sin.

(2) Measfar nach ndearnadh fáil earraí laistigh den Chomhphobal i gcás soláthar na n-earraí sin a bheith faoi réir cánach breisluacha dá dtagraítear sa Treoir CBL sa Bhallstát ónar seoladh na hearraí faoi na forálacha lena ndéantar Airteagail 4 agus 35, an chéad fhomhír d'Airteagal 139(3) agus Airteagail 311 go 341 den Treoir sin a chur chun feidhme sa Bhallstát sin.

(3) Chun críocha an ailt seo agus *alt 32*—

(*a*) measfar gur éirigh soláthar i gcríoch Ballstáit eile dá mba rud é, in imthosca den tsamhail chéanna, go n-éireodh soláthar sa Stát faoi *Chaibidil 1* nó faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 4* (lena n-áirítear ceachtar de na Caibidlí sin arna léamh i dteannta *alt 2(3)*),

(*b*) measfar gur gníomhaíocht dhíolmhaithe í gníomhaíocht i mBallstát eile i gcás ina mbeadh an ghníomhaíocht chéanna ina gníomhaíocht dhíolmhaithe dá ndéanfaí sa Stát í,

(*c*) measfar gur feirmeoir cothromráta i mBallstát eile duine dá mba rud é, in imthosca den tsamhail chéanna, go mbeadh an duine ina fheirmeoir cothromráta nó ina feirmeoir cothromráta sa Stát de réir *alt 86(1)*, agus

(*d*) measfar gur duine inchánach nó duine atá i dteideal roghnú a bheith ina dhuine inchánach nó ina duine inchánach i mBallstát eile é nó í duine dá mba rud é, in imthosca den tsamhail chéanna, go mbeadh an duine ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach nó i dteideal roghnú a bheith ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach sa Stát de réir *Chuid 2*.

(4) Más rud é—

(*a*) go ndéantar earraí a sheoladh nó a iompar ó lasmuigh den Chomhphobal chuig duine sa Stát nach bhfuil cláraithe le haghaidh cánach agus nach pearsa aonair é nó í, agus

(*b*) go bhfuil cáin bhreisluacha dá dtagraítear sa Treoir CBL inmhuirearaithe ar allmhairiú na n-earraí sin isteach i mBallstát eile,

ansin, chun críocha *fho-alt (1)*, measfar go bhfuil an duine cláraithe le haghaidh cánach breisluacha sa Bhallstát eile sin agus measfar gur seoladh nó gur iompraíodh na hearraí ón mBallstát eile sin.

Caibidil 3

*Soláthar seirbhísí*

**25**.—(1) San Acht seo, ciallaíonn "soláthar", i ndáil le seirbhís, aon ghníomh a dhéanamh nó a fhágáil gan déanamh, nó glacadh le haon dáil seachas—

An bhrí atá le soláthar seirbhísí.

[ACBL alt 5(1) agus (2)]

(*a*) soláthar earraí, agus

(*b*) idirbheart a shonraítear in *alt 20* nó *22(2)*.

(2) Maidir le bia agus deoch a sholáthar, de chineál a shonraítear i *mír 8* de *Sceideal 2*, i bhfoirm atá oiriúnach lena gcaitheamh ag daoine gan a thuilleadh ullmhúcháin—

(*a*) le meaisín díola,

(*b*) le linn óstán, bialann, caife, teach úrúcháin, ceaintín, bunachas atá ceadúnaithe chun deochanna meisciúla a dhíol lena gcaitheamh san áitreabh, gnó lónadóireachta nó gnó dá shamhail a oibriú, nó

(*c*) le linn aon ghnó eile a oibriú a bhfuil saoráidí ann i ndáil le seoladh an ghnó sin chun an bia nó an deoch a sholáthraítear a chaitheamh,

measfar, chun críocha an Achta seo, gur soláthar seirbhísí agus nach soláthar earraí an soláthar.

Aistriú sócmhainní doláimhsithe gnó a meastar nach soláthar seirbhísí é.

[ACBL alt 5(8)]

**26**.—(1) Chun críocha an ailt seo, ní fholóidh "duine cuntasach" duine is duine cuntasach d'aontoisc de bhua *alt 9*, *10*, *12*, *13*, *14(1)* nó *17(1)*.

(2) Measfar, chun críocha an Achta seo, nach ionann cáilmheas nó sócmhainní doláimhsithe eile gnó a aistriú, i dtaca leis an ngnó nó le cuid den ghnó a aistriú (fiú más rud é gur scoir an gnó sin nó an chuid sin den ghnó de thrádáil) nó i dtaca le húinéireacht earraí a aistriú de réir *alt 20(2)(c)*—

(*a*) ag duine cuntasach chuig duine inchánach a sheolann gnó sa Stát, nó

(*b*) ag duine nach duine cuntasach chuig duine eile,

agus soláthar seirbhísí.

Féinsoláthar seirbhísí.

[ACBL alt 5(3) agus (3B)]

**27**.—(1) Measfar, chun críocha an Achta seo, má fhoráiltear amhlaidh le rialacháin, agus de réir na rialachán sin, gur soláthar seirbhísí ag duine ar chomaoin i gcúrsa nó ag bisiú ghnó an duine sin aon cheann díobh seo a leanas:

(*a*) úsáid earraí (seachas earraí dochorraithe) is cuid de shócmhainní gnó—

(i) lena n-úsáid go príobháideach ag duine cuntasach nó ag foireann an duine sin, nó

(ii) chun aon chríoch seachas críocha gnó duine chuntasaigh,

i gcás go bhfuil an cháin ar na hearraí sin inasbhainte go hiomlán nó go páirteach;

(*b*) soláthar seirbhísí a thug duine cuntasach saor ó tháille lena n-úsáid go príobháideach ag an duine sin féin nó ag foireann an duine sin nó chun aon chríoch seachas críocha ghnó an duine sin;

(*c*) duine cuntasach do sholáthar seirbhísí chun críocha ghnó an duine sin i gcás nach mbeadh an cháin ar na seirbhísí sin, dá mba dhuine cuntasach eile a sholáthair iad, inasbhainte go hiomlán.

(2) Maidir le húsáid earraí dochorraithe is cuid de shócmhainní gnó—

(*a*) lena n-úsáid go príobháideach ag duine cuntasach nó ag foireann an duine sin, nó

(*b*) chun aon chríche seachas críocha ghnó an duine chuntasaigh,

is soláthar incháneach seirbhísí í más rud é—

(i) go dtarlaíonn an úsáid sin le linn tréimhse 20 bliain tar éis don duine cuntasach na hearraí sin a fháil nó a fhorbairt, agus

(ii) go ndéileáiltear leis na hearraí sin chun críocha cánach mar chuid de shócmhainní an ghnó an tráth a fhaightear nó a fhorbraítear iad.

Rialacha speisialta i ndáil le soláthairtí seirbhísí.

[ACBL alt 5(4) go (4B)]

**28**.—(1) Measfar, chun críocha an Achta seo, gurb ionann seirbhísí a sholáthar trí dhuine (dá ngairtear an "gníomhaire" san fho-alt seo) a dhéanann, cé go n-airbheartaíonn sé nó sí gníomhú thar a cheann féin nó thar a ceann féin, comhaontuithe ina ainm féin nó ina hainm féin ach sin de réir treoracha ó dhuine eile agus chun cuntais duine eile, agus soláthar na seirbhísí don ghníomhaire agus go comhuaineach ag an ngníomhaire.

(2) I gcás go soláthraíonn duine seirbhísí agus nach bhfuil teideal dlí ag an duine comaoin a ghnóthú maidir leis an soláthar sin nó i ndáil leis ach go bhfaightear airgead maidir leis an soláthar sin nó i ndáil leis, ansin, chun críocha an Achta seo—

(*a*) measfar gur soláthraíodh na seirbhísí atá i gceist ar chomaoin, agus

(*b*) maidir leis an airgead a fhaightear, measfar gur comaoin é ar tháinig an duine a sholáthair na seirbhísí atá i gceist chun bheith ina teideal maidir le soláthar na seirbhísí sin nó i ndáil le soláthar na seirbhísí sin.

(3) I gcás ina bhfuil duine slánaithe, faoi pholasaí árachais, i leith aon mhéid is iníoctha i leith seirbhísí abhcóide nó aturnae, measfar, chun críocha an Achta seo, gur seirbhísí iad arna soláthar don duine sin agus arna bhfáil aige nó aici.

## CUID 4

## An Áit a nDéantar Idirbhearta Inchánach

### Caibidil 1

### *An áit a soláthraítear earraí*

Rialacha ginearálta.

[ACBL alt 3(6)(*a*), (*b*), (*c*) agus (*cc*)]

**29**.—(1) Chun críocha an Achta seo, measfar gurb é an áit a soláthraítear earraí—

(*a*) i gcás earraí a sheoltar nó a iompraítear agus nach bhfuil feidhm ag *alt 30* maidir leo, faoi réir *fho-alt (2)*, an áit a dtosaíonn an seoladh nó an t-iompar chuig an duine a soláthraítear na hearraí dó nó di,

(*b*) i gcás earraí a dhéanann an soláthraí a shuiteáil nó a chóimeáil, nó a dhéantar a shuiteáil nó a chóimeáil thar ceann an tsoláthraí, tar éis turas trialach a dhéanamh nó gan turas trialach a dhéanamh, an áit a ndéantar na hearraí a shuiteáil nó a chóimeáil,

(*c*) i gcás earraí nach seoltar nó nach n-iompraítear, an áit a bhfuil na hearraí tráth an tsoláthair,

(*d*) i gcás earraí a sholáthraítear ar bord soithí, aerárthaí nó traenacha le linn iompar, a bhfuil na háiteanna imeachta agus cinn scríbe ina leith laistigh den Chomhphobal, an áit a dtosaíonn an t-iompar.

(2) I gcás ina ndéantar earraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* a sheoladh nó a iompar ó áit lasmuigh den Chomhphobal, ansin, chun críocha an Achta seo, measfar gurb é an áit a n-allmhairítear na hearraí an áit a ndéanann an duine a allmhairíonn na hearraí sin iad a sholáthar agus áit aon soláthairtí dá éis sin.

Earraí a sholáthraítear do dhaoine neamhchláraithe.

[ACBL alt 3(6)(*d*)]

**30**.—(1) (*a*) D'ainneoin *alt 29(1)(a)* nó *(b)* nó *(2)*, ach faoi réir *mhír (b)* agus *fho-alt (2)*, measfar, chun críocha an Achta seo, gurb é an áit a soláthraítear earraí, i gcás earraí a sheolann nó a iompraíonn an soláthraí, nó a sheoltar nó a iompraítear thar ceann an tsoláthraí—

(i) (I) ó chríoch Ballstáit eile, nó

(II) ó áit lasmuigh den Chomhphobal trí chríoch Ballstáit eile ar allmhairíodh na hearraí sin isteach ann,

chuig duine nach duine cuntasach sa Stát, nó

(ii) ón Stát chuig duine i mBallstát eile nach bhfuil cláraithe le haghaidh cánach breisluacha,

an áit a bhfuil na hearraí nuair a thagann deireadh leis an seoladh nó leis an iompar.

(*b*) Ní bheidh feidhm ag *mír (a)* maidir le córacha iompair nua.

(2) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)(a)* maidir le soláthar earraí (seachas earraí atá faoi réir dleachta máil) i gcás nach dtéann, nó nach dóigh go rachaidh, an chomaoin iomlán i leith an tsoláthair sin—

(i) i gcás earraí lena mbaineann *fo-alt (1)(a)(i)*, thar €35,000 i mbliain féilire, mura roghnaíonn an soláthraí, de réir rialachán, go mbeidh feidhm ag *fo-alt (1)(a)*, agus

(ii) i gcás earraí lena mbaineann *fo-alt (1)(a)(ii)*, thar an méid a shonraítear sa Bhallstát atá i gceist de réir Airteagal 34 den Treoir CBL mura rud é—

(I) go roghnaíonn an soláthraí go mbeidh feidhm ag *fo-alt (1)(a)*, agus

(II) go gcláraíonn an soláthraí le haghaidh cánach breisluacha agus go dtugann sé nó sí cuntas i leith an chéanna sa Bhallstát sin i leith an tsoláthair sin.

(*b*) Ní bheidh feidhm ag *mír (a)* maidir le córacha iompair nua.

Soláthairtí gáis agus leictreachais.

[ACBL alt 3(6)(*e*) agus (*f*) agus (6A)]

**31**.—(1) (*a*) San fho-alt seo, ciallaíonn "déileálaí inchánach" duine cuntasach arb é a phríomhghnó nó a príomhghnó i leith soláthairtí gáis tríd an gcóras dáilte gáis nádúrtha, nó i leith soláthairtí leictreachais, a fhaigheann an duine sin, na hearraí sin a sholáthar ar chomaoin i gcúrsa nó ag

bisiú gnó agus ar tomhailt neamhbhríoch tomhailt na n-earraí sin ag an duine sin féin.

(*b*) Chun críocha an Achta seo, measfar gurb é an áit a soláthraítear earraí—

(i) i gcás gás a sholáthar tríd an gcóras dáilte gáis nádúrtha, nó i gcás leictreachas a sholáthar, do dhéileálaí inchánach, cibé acu sa Stát, i mBallstát eile de chuid an Chomhphobail nó lasmuigh den Chomhphobal—

(I) an áit inar bhunaigh an déileálaí inchánach sin an gnó lena mbaineann nó ina bhfuil bunachas socraithe aige nó aici a soláthraítear na hearraí ina leith,

(II) murab ann d'áit ghnó nó do bhunachas socraithe den sórt sin, an áit a bhfuil seoladh buan ag an déileálaí inchánach sin nó a gcónaíonn sé nó sí de ghnáth,

(ii) i gcás gás a sholáthar tríd an gcóras dáilte gáis nádúrtha, nó i gcás leictreachas a sholáthar, do chustaiméir seachas déileálaí inchánach, an áit a bhfuil úsáid agus tomhailt na n-earraí sin iarbhír ag an gcustaiméir sin.

(2) I gcás nach dtomhlaíonn an custaiméir dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)(ii)* na hearraí go léir, nó cuid de na hearraí, dá dtagraítear san fho-alt sin, ansin measfar, chun críocha an Achta seo, go ndearnadh na hearraí nár tomhlaíodh amhlaidh a sholáthar don chustaiméir sin agus gur úsáid agus gur thomhail an custaiméir sin iad—

(*a*) san áit inar bhunaigh an custaiméir an gnó lena mbaineann nó ina bhfuil bunachas socraithe aige nó aici a soláthraítear na hearraí ina leith,

(*b*) murab ann d'áit ghnó nó do bhunachas socraithe den sórt sin, san áit a bhfuil seoladh buan ag an gcustaiméir nó a gcónaíonn sé nó sí de ghnáth.

CAIBIDIL 2

*An áit a ndéantar idirbhearta laistigh den Chomhphobal*

Fálacha earraí laistigh den Chomhphobal.

[ACBL alt 3A(2) agus (5)]

**32**.—(1) Measfar gurb é an áit a ndéantar fáil earraí laistigh den Chomhphobal an áit ina bhfuil na hearraí nuair a thagann deireadh leis an seoladh nó leis an iompar.

(2) Gan dochar *d'fho-alt (1)*, ach faoi réir *fho-alt (3)*, nuair a luann an duine a fhaigheann na hearraí a uimhir chláraithe cánach breisluacha nó a huimhir chláraithe cánach breisluacha chun críche na fála, measfar, maidir leis an áit a ndéantar fáil earraí laistigh den Chomhphobal, gur áit í atá laistigh de chríoch an Bhallstáit a d'eisigh an uimhir chláraithe sin, mura féidir leis an duine a fhaigheann na hearraí a shuíomh go raibh an fháil sin faoi réir cánach breisluacha dá dtagraítear sa Treoir CBL de réir *fho-alt (1)*.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)* más rud é—

(*a*) go luann an duine an uimhir chláraithe a sannadh dó nó di de réir *alt 65* chun fáil laistigh den Chomhphobal a dhéanamh agus go ndéantar na hearraí a sheoladh nó a iompar ó chríoch Ballstáit go díreach chuig críoch Ballstáit eile, nach é an Stát é ceachtar acu,

(*b*) go ndéanann an duine soláthar dá éis sin ar na hearraí do dhuine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha sa Bhallstát ina dtagann deireadh leis an seoladh nó an leis an iompar,

(*c*) go n-eisíonn an duine sonrasc i ndáil leis an soláthar sin—

(i) i cibé foirm agus ina bhfuil cibé sonraí a cheanglófaí de réir *alt 66(1)* dá ndéanfadh sé nó sí na hearraí sin a sholáthar sa Stát do dhuine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát eile,

(ii) ina bhfuil tagairt fhollasach do chomhshocraíochtaí triantánaithe simplithe CE, agus

(iii) ina gcuirtear in iúl go bhfuil faighteoir an tsoláthair sin faoi dhliteanas cuntas a thabhairt i leith na cánach breisluacha atá dlite sa Bhallstát sin,

agus

(*d*) de réir rialachán, go gcuireann an duine tagairt don soláthar sa ráiteas dá dtagraítear in *alt 82* amhail is dá mba sholáthar laistigh den Chomhphobal chun críocha an ailt sin é.

CAIBIDIL 3

*An áit a soláthraítear seirbhísí*

Feidhm agus léiriú *alt 34.*

[ACBL alt 5(5A) go (5E) agus (9)]

**33**.—(1) D'fhonn *alt 34* a chur chun feidhme, is duine inchánach gach duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha.

(2) In *alt 34(c)*, folaíonn soláthar seirbhísí a bhaineann le hearraí dochorraithe—

(*a*) soláthar seirbhísí ag saineolaithe nó ag gníomhairí eastáit,

(*b*) soláthar cóiríochta in óstán nó i dteach aíochta nó i mbunachas ag a bhfuil feidhm den tsamhail chéanna nó i gcampa saoire nó ar láithreán a forbraíodh lena úsáid mar láithreán campála, agus

(*c*) soláthar seirbhísí lena ngabhann obair foirgníochta a ullmhú agus a chomhordú (lena n-áirítear soláthar seirbhísí ailtirí agus daoine a sholáthraíonn maoirseacht ar an láthair).

(3) In *alt 34(e)*, ciallaíonn "iompar earraí laistigh den Chomhphobal" aon iompar earraí a bhfuil an áit imeachta agus an áit cinn scríbe ina leith laistigh de chríocha 2 Bhallstát éagsúla.

(4) In *alt 34(k)*, ciallaíonn "gearrthéarma" seilbh nó úsáid leanúnach córa iompair i gcaitheamh tréimhse nach faide ná 30 lá nó, más soitheach an chóir iompair, tréimhse nach faide ná 90 lá.

(5) Sonraítear na seirbhísí seo a leanas chun críche *alt 34(m)*:

(*a*) seirbhísí arb éard iad cóipchearta, paitinní, ceadúnais, trádmharcanna agus cearta den tsamhail chéanna a aistriú nó a shannadh;

(*b*) seirbhísí fógraíochta;

(*c*) seirbhísí sainchomhairleoirí, innealtóirí, gnólachtaí sainchomhairle, dlíodóirí, cuntasóirí agus seirbhísí eile den tsamhail chéanna, chomh maith le próiseáil sonraí agus soláthar faisnéise;

(*d*) seirbhísí arb éard iad oibleagáidí chun staonadh ó ghníomhaíocht ghnó nó ceart dá dtagraítear san fho-alt seo a chleachtadh nó a fheidhmiú, go hiomlán nó go páirteach;

(*e*) seirbhísí arb éard iad idirbhearta airgeadais (lena n-áirítear idirbhearta baincéireachta agus idirbhearta bainistithe cistí airgeadais, ach gan soláthar saoráidí taiscthe taisceán a áireamh) nó idirbhearta árachais (lena n-áirítear idirbhearta athárachais);

(*f*) seirbhísí arb éard iad foireann a sholáthar;

(*g*) seirbhísí arb éard iad maoin inláimhsithe shochorraithe (seachas cóir iompair) a fhruiliú;

(*h*) seirbhísí arb éard iad rochtain a sholáthar ar chórais dáilte gáis nádúrtha agus leictreachais nó tarchur a sholáthar tríd an gcéanna, agus seirbhísí eile a sholáthar atá ceangailte go díreach leis na córais sin;

(*i*) seirbhísí teileachumarsáide;

(*j*) seirbhísí craolacháin raidió agus teilifíse;

(*k*) seirbhísí a sholáthraítear go leictreonach.

**34**.—Tá feidhm ag na rialacha seo a leanas chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh na háite a soláthraítear seirbhísí chun críocha an Achta seo:

Rialacha ginearálta.

[ACBL alt 5(5)]

(*a*) ach amháin mar a fhoráiltear le míreanna *(c)*, *(d)*, *(g)*, *(i)*, *(j)* agus *(k)*, is é an áit a soláthraítear seirbhísí do dhuine inchánach atá ag gníomhú sa cháil sin—

(i) faoi réir *fhomhír (ii)*, an áit ina bhfuil gnó an duine bunaithe,

(ii) má sholáthraítear na seirbhísí do bhunachas socraithe de chuid an duine atá suite in áit seachas an áit ina bhfuil an gnó bunaithe, an áit ina bhfuil an bunachas socraithe suite,

(iii) murab ann d'áit ghnó nó do bhunachas socraithe den sórt sin, an áit ina bhfuil seoladh buan nó gnátháit chónaithe an duine inchánach a fhaigheann na seirbhísí suite;

(*b*) ach amháin mar a fhoráiltear le *míreanna (c)* go *(n)*, is é an áit a soláthraítear seirbhísí do dhuine neamh-inchánach—

(i) faoi réir *fhomhír (ii)*, an áit ina bhfuil gnó an tsoláthraí bunaithe,

(ii) má sholáthraítear na seirbhísí ó bhunachas socraithe de chuid an tsoláthraí atá suite in áit seachas an áit ina bhfuil gnó an tsoláthraí bunaithe, an áit ina bhfuil an bunachas socraithe suite,

(iii) murab ann d'áit ghnó nó do bhunachas socraithe den sórt sin, an áit ina bhfuil seoladh buan nó gnátháit chónaithe an tsoláthraí suite;

(*c*) má tá soláthar seirbhísí bainteach le hearraí dochorraithe, nó más é atá ann deonú cirt chun na hearraí sin a úsáid, an áit ina bhfuil na hearraí sin suite;

(*d*) más soláthar iompair do phaisinéirí atá i soláthar seirbhísí, an áit nó na háiteanna ina dtarlaíonn an t-iompar;

(*e*) más soláthar iompair earraí do dhuine neamh-inchánach atá i soláthar seirbhísí agus nach iompar earraí laistigh den Chomhphobal atá ann, an áit nó na háiteanna ina dtarlaíonn an t-iompar;

(*f*) más soláthar iompair earraí laistigh den Chomhphobal do dhuine neamh-inchánach atá i soláthar seirbhísí, an áit imeachta i leith na n-earraí sin (arb í an áit a dtosaíonn iompar na n-earraí iarbhír í) is cuma cad é an t-achar a thaistealaíonn an chóir iompair d'fhonn an áit ina bhfuil na hearraí suite a bhaint amach;

(*g*) má tá soláthar seirbhísí, agus aon seirbhísí coimhdeacha, bainteach le gníomhaíochtaí cultúir, ealaíne, spóirt, eolaíochta, oideachais nó siamsaíochta nó gníomhaíochtaí den tsamhail chéanna (lena n-áirítear aontaí agus taispeántais agus soláthar seirbhísí ag eagraithe na ngníomhaíochtaí sin), an áit ina gcuirtear na gníomhaíochtaí sin i gcrích go fisiciúil;

(*h*) más soláthar seirbhísí do dhuine neamh-inchánach atá i soláthar seirbhísí agus más é atá ann—

(i) gníomhaíochtaí iompair coimhdeacha, amhail earraí a luchtú, a dhíluchtú agus a láimhseáil,

(ii) luacháil nó obair a dhéanamh ar earraí sochorraithe, nó

(iii) obair chonartha,

an áit ina gcuirtear na seirbhísí sin i gcrích go fisiciúil;

(*i*) más soláthar seirbhísí bialainne nó lónadóireachta (seachas na seirbhísí bialainne nó lónadóireachta sin dá dtagraítear i *mír (j)*) atá i soláthar seirbhísí, an áit ina gcuirtear na seirbhísí sin i gcrích go fisiciúil;

(*j*) más soláthar seirbhísí bialainne nó lónadóireachta a chuirtear i gcrích go fisiciúil ar bord loinge, aerárthaigh nó traenach le linn coda d'oibríocht iompair do phaisinéirí a dhéantar laistigh den Chomhphobal atá i seirbhísí agus más sa Stát atá céadphointe imeachta sceidealta na hoibríochta iompair sin laistigh den Chomhphobal, an Stát;

(*k*) más fruiliú gearrthéarma córa iompair atá i soláthar seirbhísí, an áit ina ndéantar an chóir iompair a chur ar a mhian nó ar a mian don chustaiméir iarbhír;

(*l*) más rud é—

(i) gurb é atá i soláthar seirbhísí seirbhísí a sholáthraítear go leictreonach a chur ar fáil, ar seirbhísí iad a sholáthraítear do dhuine neamh-inchánach—

(I) atá bunaithe sa Stát,

(II) a bhfuil a sheoladh buan nó a seoladh buan laistigh den Stát, nó

(III) a chónaíonn sa Stát de ghnáth,

agus

(ii) go soláthraíonn duine inchánach na seirbhísí sin, ar duine inchánach é nó í—

(I) a bhfuil a ghnó nó a gnó bunaithe lasmuigh den Chomhphobal,

(II) a bhfuil bunachas socraithe aige nó aici lasmuigh den Chomhphobal óna soláthraítear na seirbhísí, nó

(III) mura bhfuil áit ghnó nó bunachas socraithe den sórt sin ag an duine, a bhfuil a sheoladh buan nó a seoladh buan nó a ghnátháit chónaithe nó a gnátháit chónaithe lasmuigh den Chomhphobal,

an Stát;

(*m*) más é atá i soláthar seirbhísí soláthar seirbhísí a shonraítear in *alt 33(5)* agus má dhéantar an soláthar do dhuine neamh-inchánach—

(i) atá bunaithe lasmuigh den Chomhphobal,

(ii) a bhfuil seoladh buan aige nó aici lasmuigh den Chomhphobal, nó

(iii) a chónaíonn lasmuigh den Chomhphobal de ghnáth,

an áit ina bhfuil an duine bunaithe, ina bhfuil seoladh buan aige nó aici nó ina gcónaíonn sé nó sí de ghnáth;

(*n*) más é atá i soláthar seirbhísí idirghabhálaí a ghníomhaíonn in ainm duine eile agus thar ceann duine eile do chur seirbhísí ar fáil do dhuine neamh-inchánach, an áit ina ndéantar an t-idirbheart is bun leis an soláthar.

Forálacha a bhaineann le húsáid agus le teachtadh.

[ACBL alt 5(6) go (6AF)]

**35**.—(1) I gcás soláthar seirbhísí arb éard é earraí sochorraithe a fhruiliú, más rud é, ar leith ón bhfo-alt seo, gur áit lasmuigh den Chomhphobal a bheadh san áit a soláthraítear na seirbhísí ach gur sa Stát a úsáidtear agus a theachtar na seirbhísí iarbhír, meastar, dá ainneoin sin, gurb é an Stát an áit a soláthraítear na seirbhísí sin chun críocha an Achta seo.

(2) I gcás soláthar seirbhísí arb éard é cóir iompair a fhruiliú, más rud é, ar leith ón bhfo-alt seo, gurbh é an Stát an áit a soláthraítear na seirbhísí ach gur in áit lasmuigh den Chomhphobal a úsáidtear agus a theachtar na seirbhísí sin iarbhír, meastar, dá ainneoin sin, gur áit lasmuigh den Chomhphobal an áit a soláthraítear na seirbhísí sin chun críocha an Achta seo.

(3) I gcás soláthar seirbhísí arb éard é seirbhís teileachumarsáide, seirbhís craoltóireachta raidió nó teilifíse nó cárta teileafóin a chur ar fáil do dhuine neamh-inchánach, más rud é, ar leith ón bhfo-alt seo, gur áit lasmuigh den Chomhphobal a bheadh san áit a soláthraítear na seirbhísí ach gur sa Stát a úsáidtear agus a theachtar na seirbhísí iarbhír, meastar, dá ainneoin sin, gurb é an Stát an áit a soláthraítear na seirbhísí sin chun críocha an Achta seo.

(4) I gcás soláthar seirbhísí arb éard é duine inchánach atá bunaithe sa Stát do chur seirbhís teileachumarsáide nó cárta teileafóin ar fáil do dhuine neamh-inchánach, más rud é, ar leith ón bhfo-alt seo, gur áit lasmuigh den Chomhphobal a bheadh san áit a soláthraítear na seirbhísí ach gur sa Stát a úsáidtear agus a theachtar na seirbhísí iarbhír, meastar gurb é an Stát an áit a soláthraítear na seirbhísí sin chun críocha an Achta seo.

(5) I gcás soláthar seirbhísí arb éard é seirbhísí airgeadais (lena n-áirítear seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí bainistithe cistí airgeadais ach gan soláthar saoráidí taiscthe taisceán a áireamh) nó seirbhísí árachais (lena n-áirítear athárachas) a chur ar fáil do dhuine neamh-inchánach, más rud é, ar leith ón bhfo-alt seo, gur áit lasmuigh den Chomhphobal a bheadh san áit a soláthraítear na seirbhísí ach gur sa Stát a úsáidtear agus a theachtar na seirbhísí iarbhír, meastar, dá ainneoin sin, gurb é an Stát an áit a soláthraítear na seirbhísí sin chun críocha an Achta seo.

(6) Más rud é gur sa Stát a úsáidtear agus a theachtar iarbhír seirbhísí aistrithe airgid a sholáthraítear do dhuine sa Stát, meastar, chun críocha an Achta seo, gurb é an Stát an áit a soláthraítear seirbhísí idirghabhálaí a sholáthraítear i leith na seirbhísí sin nó i ndáil leis na seirbhísí sin do phríomhaí atá bunaithe lasmuigh den Chomhphobal.

## CUID 5

### MÉID INCHÁNACH

### CAIBIDIL 1

### *Méid inchánach — na príomhfhorálacha*

Mínithe — *Caibidil 1.*

[ACBL alt 10(10) (go páirteach)]

**36**.—Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn “margadhphraghas oscailte”, i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(*a*) soláthar aon earraí nó seirbhísí (seachas leas in earraí dochorraithe nach leas ruílse), nó

(*b*) fáil earraí laistigh den Chomhphobal,

an praghas (gan cáin a áireamh) a mbeifí ag súil le réasún go bhfaighfí é nó a mbeifí ag súil le réasún go muirearófaí é i leith na seirbhísí dá ndéanfaí iad a dhíol sa mhargadh oscailte tráth na hócáide atá i gceist;

maidir le "margadhluach oscailte", i ndáil le soláthar earraí nó seirbhísí—

(*a*) faoi réir *mhír (b)*, ciallaíonn sé an chomaoin iomlán (gan cáin a áireamh) a mbeifí ag súil le réasún go ndéanfadh custaiméir, ag céim mhargaíochta is ionann agus an chéim ag a ndéantar soláthar na n-earraí nó na seirbhísí, í a íoc le soláthraí ar neamhthuilleamaí faoi choinníollacha iomaíochta córa as soláthar inchomparáide earraí nó seirbhísí den sórt sin,

(*b*) murab ann do sholáthar inchomparáide earraí nó seirbhísí, ciallaíonn sé—

(i) maidir le hearraí, méid nach lú ná praghas ceannaigh na n-earraí nó earraí den tsamhail chéanna nó, cheal praghais ceannaigh, an costphraghas, arna chinneadh tráth an tsoláthair,

(ii) maidir le seirbhísí, méid nach lú ná an costas iomlán ar an soláthraí as an tseirbhís a sholáthar.

Rialacha ginearálta maidir leis an méid inchánach.

[ACBL alt 10(1) go (2) agus (9A)]

**37**.—(1) Faoi réir na Caibidle seo, is é an méid ar arb inmhuirearaithe cáin de bhua *alt 3(a)* nó *(c)* an chomaoin iomlán a dtagann an duine a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí chun bheith i dteideal í a fháil maidir leis an soláthar sin earraí nó seirbhísí nó i ndáil leis, lena n-áirítear gach uile cháin, coimisiún, costas agus muirear ar bith, ach gan cáin bhreisluacha a áireamh is inmhuirearaithe i leith an tsoláthair sin.

(2) Faoi réir na Caibidle seo, is é an méid ar arb inmhuirearaithe cáin ar fháil earraí laistigh den Chomhphobal de bhua *alt 3(d)* nó *(e)* an chomaoin iomlán, lena n-áirítear gach uile cháin, coimisiún, costas agus muirear ar bith, ach gan cáin bhreisluacha a áireamh is inmhuirearaithe i leith na fála sin.

(3) Murab é atá sa chomaoin dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó *(2)*, nó murab é atá inti go hiomlán, méid airgid, is é an méid ar arb inmhuirearaithe cáin méid iomlán an airgid a bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go muirearófaí é dá mba é a bhí go huile sa chomaoin méid airgid is comhionann leis an margadhphraghas oscailte.

(4) I ndáil leis an gcáin is inmhuirearaithe de bhua *alt 3(a)*, *(c)*, *(d)* nó *(e)*, i gcás ina sloinntear méid in airgeadra seachas airgeadra an Stáit—

(*a*) mura bhfuil feidhm ag *mír (b)*, is é an ráta malairte atá le húsáid an ráta díola is deireanaí arna thaifeadadh ag Banc Ceannais na hÉireann le haghaidh an airgeadra atá i gceist an tráth a thagann an cháin chun bheith dlite,

(*b*) má tá comhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim ann maidir le modh atá le húsáid chun an ráta malairte a chinneadh, ansin—

(i) is é an ráta malairte atá le húsáid an ráta malairte a fhaightear tríd an modh sin a úsáid, agus

(ii) déanfar an modh arna chomhaontú amhlaidh a chur chun feidhme maidir le gach idirbheart i gcás ina sloinntear méid in airgeadra seachas airgeadra an Stáit go dtí go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim an comhaontú chun an modh sin a úsáid a tharraingt siar.

Cinneadh go bhfuil feidhm ag an margadhluach oscailte.

[ACBL alt 10(3A)]

**38**.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcás inar dóigh leo gur gá nó gur cuí déanamh amhlaidh chun a chinntiú go mbaileofar an cháin i gceart, cinneadh a dhéanamh gurb é atá sa mhéid ar arb inmhuirearaithe cáin ar sholáthar earraí nó seirbhísí ná margadhluach oscailte an tsoláthair sin, más deimhin leis na Coimisinéirí—

(*a*) maidir leis an gcomaoin iarbhír i ndáil leis an soláthar sin—

(i) go bhfuil sí níos ísle ná margadhluach oscailte an tsoláthair sin más rud é, maidir le faighteoir an tsoláthair sin—

(I) nach bhfuil aon teideal aige nó aici chun cáin a asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8*,

(II) nach bhfuil sé nó sí i dteideal an cháin go léir is inmhuirearaithe ar an soláthar sin a asbhaint, nó

(III) gur feirmeoir cothromráta é nó í,

(ii) go bhfuil sí níos ísle ná margadhluach oscailte an tsoláthair sin, ar gníomhaíocht dhíolmhaithe é, más rud é, maidir leis an soláthraí—

(I) go ngabhann sé nó sí, i gcúrsa nó ag bisiú gnó, do sholáthairtí nó gníomhaíochtaí neamh-inasbhainte de réir bhrí *alt 61(1)*, nó

(II) gur feirmeoir cothromráta é nó í,

nó

(iii) go bhfuil sí níos airde ná an margadhluach oscailte más rud é, maidir leis an soláthraí—

(I) go ngabhann sé nó sí, i gcúrsa nó ag bisiú gnó, do sholáthairtí nó gníomhaíochtaí neamh-inasbhainte de réir bhrí *alt 61(1)*, nó

(II) gur feirmeoir cothromráta é nó í,

agus

(*b*) gurb amhlaidh—

(i) maidir le soláthraí agus faighteoir an tsoláthair sin, gur daoine iad atá bainteach lena chéile mar gheall ar cheangail airgeadais nó dlí, agus ar daoine iad is páirtithe in aon chomhaontú, comhthuiscint,

geallúint nó gealltanas, cibé acu sainráite nó intuigthe agus cibé acu atá nó nach bhfuil an céanna infhorfheidhmithe, nó ceaptha a bheith infhorfheidhmithe, le himeachtaí dlí, nó

(ii) go bhfeidhmíonn soláthraí nó faighteoir an tsoláthair sin rialú (de réir na brí a shanntar dó le *halt 4(2)*) ar an duine eile.

(2) Chun críocha an Achta seo, maidir le luach a chinnfear de réir an ailt seo, measfar gurb é fíorluach an tsoláthair lena mbaineann sé é.

(3) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh de réir mar is dóigh leo is gá chun críocha an ailt seo.

(4) Féadfaidh cigire cánacha, nó cibé oifigeach eile a údaróidh na Coimisinéirí Ioncaim chun na críche sin, cinneadh a dhéanamh faoin alt seo.

Forálacha ginearálta maidir le comaoin.

[ACBL alt 10(3)]

**39**.—(1) Más mó an chomaoin a fuarthas iarbhír i ndáil le soláthar aon earraí nó seirbhísí ná an méid a bhí an duine a bhí ag soláthar na n-earraí nó na seirbhísí i dteideal a fháil, is é an méid ar arb inmhuirearaithe cáin an méid a fuarthas iarbhír (gan cáin is inmhuirearaithe i leith an tsoláthair a áireamh).

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, más rud é, i gcás nach dtagann faoi réim *alt 38*, gur lú an chomaoin a fuarthas iarbhír i ndáil le soláthar aon earraí nó seirbhísí ná an méid ar arb inmhuirearaithe cáin nó nach bhfuarthas aon chomaoin ina leith iarbhír, féadfar cibé faoiseamh dá bhforáiltear le rialacháin a thabhairt trí aisíocaíocht nó eile i leith an easnaimh.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)* i gcás ligean earraí dochorraithe is soláthar inchánach earraí de réir *alt 95*.

(4) Más rud é, tar éis do dhuine cuntasach sonrasc a eisiúint i leith soláthar earraí nó seirbhísí, go lamhálann an duine cuntasach laghdú nó lascaine ar mhéid na comaoine atá dlite i leith an tsoláthair sin, ní thabharfar an faoiseamh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* go dtí go n-eisíonn sé nó sí an nóta sochair is gá de réir *alt 67(1)(b)* i leith an laghdaithe sin nó na lascaine sin.

Riail speisialta maidir le comaoin, triantánú.

[ACBL alt 10(5A)]

**40**.—Más rud é—

(*a*) go meastar go ndearnadh fáil laistigh den Chomhphobal i gcríoch Ballstáit eile de réir *alt 32(1)*,

(*b*) go raibh an fháil laistigh den Chomhphobal faoi réir cánach breisluacha, dá dtagraítear sa Treoir CBL, sa Bhallstát eile sin, agus

(*c*) go meastar freisin go ndearnadh an fháil laistigh den Chomhphobal sa Stát de réir *alt 32(2)*,

ansin déanfar an chomaoin i leith na fála laistigh den Chomhphobal lena mbaineann *mír (c)* a laghdú go nialas.

Riail maidir le dhá thrian.

[ACBL alt 10(8)]

**41**.—(1) I gcás inar mó luach earraí sochorraithe (seachas earraí de chineál a shonraítear i *mír 8* de *Sceideal 2*) a cuireadh ar fáil faoi chomhaontú chun seirbhísí a sholáthar ná dhá thrian den chomaoin iomlán faoin gcomhaontú chun na hearraí sin a chur ar fáil agus na seirbhísí a sholáthar (seachas seirbhísí iompair i ndáil leo)—

(*a*) measfar gur i leith soláthar na n-earraí sin amháin a bheidh an chomaoin inchurtha, agus

(*b*) muirearófar cáin de réir an ráta chuí nó na rátaí cuí a shonraítear i *gCaibidil 1* de *Chuid 6* ar bhonn aon chionranna ar an gcomaoin iomlán sin a dhéantar de réir *fho-alt (2)*.

(2) I gcás ina ndéantar earraí de chineálacha éagsúla a chur ar fáil faoi chomhaontú den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, déanfar méid na comaoine is inchurtha i leith soláthar earraí de gach cineál a fhionnadh chun críocha an fho-ailt sin tríd an gcomaoin iomlán a chionroinnt i gcomhréir le luach na n-earraí de gach cineál a cuireadh ar fáil.

(3) Beidh feidhm ag an alt seo freisin maidir le comhaontú chun earraí dochorraithe a sholáthar agus, dá réir sin, measfar go bhfolaíonn na tagairtí i *bhfo-ailt (1)* agus *(2)* do chomhaontú chun seirbhísí a sholáthar tagairt do chomhaontú den sórt sin.

(4) Níl feidhm ag an alt seo maidir le soláthar seirbhísí lena mbaineann *alt 16(3)*.

An méid inchánach le haghaidh soláthairtí áirithe.

[ACBL alt 10(4) go (4C) agus (5)]

**42**.—(1) (*a*) Faoi réir *mhír (c)*, is é an méid ar arb inmhuirearaithe cáin i ndáil le soláthar earraí dá dtagraítear in *alt 19(1)(e)(ii)*, *(f)* nó *(g)* nó soláthar seirbhísí de bhua rialachán arna ndéanamh chun críocha *alt 27(1)(a)* nó *(b)* costas na n-earraí (gan cáin a áireamh) don duine a sholáthraíonn nó a fhaigheann na hearraí nó an costas (gan cáin a áireamh) a bhain le soláthar na seirbhísí, de réir mar a bheidh.

(*b*) Is é an méid ar arb inmhuirearaithe cáin i ndáil le soláthar seirbhísí de bhua rialachán arna ndéanamh chun críocha *alt 27(1)(c)* margadhphraghas oscailte na seirbhísí a soláthraíodh.

(*c*) I gcás inar soláthar earraí dochorraithe (dá ngairtear an “leithreasú” sa mhír seo) an soláthar dá dtagraítear i *mír (a)*, beidh ar áireamh ar an gcostas don duine a dhéanann an leithreasú méid is comhionann leis an méid ar a raibh cáin inmhuirearaithe ar sholáthar na n-earraí sin don duine sin, arb é soláthar deireanach na n-earraí sin don duine sin roimh an leithreasú é.

(2) (*a*) Is é an méid ar arb inmhuirearaithe cáin i ndáil leis an soláthar earraí dá dtagraítear in *alt 19(1)(h)* costas na n-earraí don duine a dhéanann an soláthar nó, d’uireasa costais den sórt sin, costphraghas earraí den tsamhail chéanna sa Stát.

(*b*) I gcás gur sa Stát a dhéantar fáil laistigh den Chomhphobal tar éis soláthar earraí i mBallstát eile, ar sholáthar earraí de réir *alt 19(1)(h)* é dá ndéanfaí an soláthar sin in imthosca den tsamhail chéanna sa Stát, ansin is é an méid

ar arb inmhuirearaithe cáin i leith na fála sin laistigh den Chomhphobal an costas don duine a dhéanann an soláthar sa Bhallstát sin nó, d'uireasa costais don duine sin, costphraghas earraí den tsamhail chéanna sa Bhallstát eile sin.

(3) Is é an méid ar arb inmhuirearaithe cáin i ndáil le seirbhísí a bhfuil an faighteoir, de bhua *alt 12*, *13* nó *17(1)*, faoi dhliteanas maidir leis an gcáin is inmhuirearaithe ina leith, an chomaoin ar ar soláthraíodh na seirbhísí dó nó di iarbhír.

(4) I gcás soláthar earraí den chineál dá dtagraítear in *alt 19(1)(c)*, más rud é, mar chuid de chomhaontú den chineál dá dtagraítear san alt sin, go ndéanann soláthraí na n-earraí seirbhísí airgeadais den chineál a shonraítear i *mír 6(1)(e)* de *Sceideal 1* a sholáthar freisin i leith na n-earraí sin, is é an méid ar arb inmhuirearaithe cáin i leith sholáthar na n-earraí atá i gceist an méid is mó díobh seo a leanas—

(*a*) margadhphraghas oscailte na n-earraí,

(*b*) méid na comaoine iomláine a shonraítear in *alt 37(1)* agus a dtagann an duine a sholáthraíonn na hearraí chun bheith i dteideal í a fháil i leith an tsoláthair sin nó i ndáil leis an soláthar sin.

(5) I gcás ina ndéantar earraí ar arb inmhuirearaithe dleacht mháil (seachas táirgí alcóil de réir bhrí *alt 92*) a sholáthar, le linn dóibh a bheith i stóras agus roimh an dleacht a íoc, do dhuine neamhchláraithe, déanfar an méid ar arb inmhuirearaithe cáin i leith an tsoláthair a mhéadú de mhéid is comhionann le méid na dleachta ab iníoctha i ndáil leis na hearraí dá mba rud é gur tháinig an dleacht chun bheith dlite tráth an tsoláthair.

**43**.—(1) San alt seo, ciallaíonn "luach infhuascailte" an méid a luaitear ar chúpón, stampa, cárta teileafóin, airíocht nó dearbhán nó, i gcás nach luaitear méid amhlaidh, an luach a shloinntear i dtéarmaí airgid ar féidir cúpón, stampa, cárta teileafóin, airíocht nó dearbhán a úsáid ina leith mar chomaoin (nó mar pháirtchomaoin) as soláthar earraí nó seirbhísí. Dearbháin, etc.

[ACBL alt 10(6) go (7A) agus alt 10(10) (go páirteach)]

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, i gcás ina ndeonaítear ar chomaoin ceart chun earraí nó seirbhísí a fháil ar luach infhuascailte aon chúpóin, stampa, airíochta nó dearbháin, tabharfar neamhaird ar an gcomaoin chun críocha an Achta seo ach amháin a mhéid (más ann) is mó í ná an luach infhuascailte sin.

(3) D'ainneoin *fho-alt (2)*, más rud é—

(*a*) maidir le soláthraí—

(i) go ndéanann sé nó sí cúpón, stampa, cárta teileafóin, airíocht nó dearbhán ar a bhfuil luach infhuascailte a sholáthar do dhuine a fhaigheann é nó í i gcúrsa nó ag bisiú gnó le hionchas é nó í a athdhíol, agus

(ii) go ngeallann sé nó sí an cúpón, an stampa, an cárta teileafóin, an airíocht nó an dearbhán sin a ghlacadh dá éis sin ar a luach infhuascailte mar láníocaíocht nó mar pháirtíocaíocht i leith praghais earraí nó seirbhísí,

agus

(*b*) go ndéanann duine a fhaigheann an cúpón, an stampa, an cárta teileafóin, an airíocht nó an dearbhán sin, cibé acu ón soláthraí dá dtagraítear i *mír (a)* nó ó aon duine eile i gcúrsa nó ag bisiú gnó é nó í a sholáthar ar chomaoin i gcúrsa nó ag bisiú gnó,

ansin, i gcás gach soláthar den sórt sin, ní thabharfar neamhaird chun críocha an Achta seo ar an gcomaoin a fuarthas agus nuair a úsáidtear an cúpón, an stampa, an cárta teileafóin, an airíocht nó an dearbhán sin mar íocaíocht nó mar pháirtíocaíocht i leith praghais earraí nó seirbhísí, tabharfar neamhaird chun críocha *alt 37(3)* ar a luach infhuascailte.

(4) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin chun an méid a chinneadh ar arb inmhuirearaithe cáin i ndáil le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(*a*) soláthairtí cúpón, stampaí, airíochtaí nó dearbhán nuair a sholáthraítear iad mar ábhair i gcaingean (nach cúpóin, stampaí, airíochtaí ná dearbháin a shonraítear i *bhfo-alt (2)* iad);

(*b*) faoi réir *fho-alt (3)* nó *(5)*, soláthairtí earraí nó seirbhísí mar mhalairt go hiomlán nó go páirteach ar chúpóin, stampaí, cártaí teileafóin, airíochtaí nó dearbháin de chineál a shonraítear i *bhfo-alt (2)* nó i *mír (a)*,

agus féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin, i gcás soláthairtí dá dtagraítear i *mír (a)*, gur nialas an méid ar arb inmhuirearaithe cáin.

(5) (*a*) I gcás ina ndíolann soláthraí dearbhán le ceannaitheoir ar lascaine agus ina ngeallann sé nó sí go nglacfaidh sé nó sí ina dhiaidh sin leis an dearbhán sin ar a aghaidhluach mar láníocaíocht nó mar pháirtíocaíocht i leith praghais earraí a cheannaigh custaiméir nárbh é nó í ceannaitheoir an dearbháin é nó í, agus nach eol dó nó di go hiondúil an praghas iarbhír ar ar dhíol an soláthraí an dearbhán, is í an chomaoin arb ionannas di an dearbhán, faoi réir rialachán (más ann), an tsuim a fuair an soláthraí iarbhír ar an dearbhán a dhíol.

(*b*) Is mír chun tuilleadh éifeachta a thabhairt d'Airteagal 73 den Treoir CBL *mír (a)* agus forléireofar í dá réir sin.

Úsáid earraí dochorraithe nach úsáid ghnó.

[ACBL alt 10(4D)]

**44**.—(1) Is é a bheidh sa mhéid ar arb inmhuirearaithe cáin i ndáil le soláthar seirbhísí dá dtagraítear in *alt 27(2)* in aon tréimhse inchánach méid is comhionann leis an séú cuid den fhichiú cuid de chostas na n-earraí dochorraithe a úsáidtear chun na seirbhísí sin a sholáthar—

(*a*) arb é an méid é ar arbh inmhuirearaithe cáin ar an duine a rinne an soláthar maidir leis an duine sin d'fháil nó d'fhorbairt na n-earraí dochorraithe dá dtagraítear in *alt 27(2)*, agus

(*b*) i gcás ina raibh feidhm ag *alt 20(2)(c)* maidir le fáil na n-earraí dochorraithe, arb é an méid é ar arbh inmhuirearaithe cáin murach feidhm an ailt sin,

arna choigeartú chun an cion d'úsáid na n-earraí sa tréimhse sin a léiriú i gceart.

(2) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh ina sonrófar modhanna a fhéadfar a úsáid—

(*a*) chun an cion a aithint a léiríonn i gceart an méid a úsáidtear earraí dochorraithe chun na gcríoch dá dtagraítear in *alt 27(2)*, agus

(*b*) chun an méid nó na méideanna inchánach iomchuí a ríomh.

CAIBIDIL 2

*Comaoin a choigeartú agus a ghnóthú*

Comaoin a choigeartú agus a ghnóthú.

[ACBL alt 35(1A) go (2)]

**45**.—(1) Más rud é, tar éis comhaontú a dhéanamh chun earraí nó seirbhísí a sholáthar agus roimh an dáta a dtagann aon cháin i leith an idirbhirt chun bheith dlite faoi *alt 74 (1)* nó *(2)*, de réir mar is cuí, go bhfuil athrú ar an méid cánach is inmhuirearaithe ar an soláthar atá i gceist, ansin, cheal comhaontú dá mhalairt, déanfar méid is comhionann le méid an athraithe ar an gcáin is inmhuirearaithe a chur le, nó a bhaint as, méid iomlán na comaoine agus aon cháin a luaitear ar leithligh faoin gcomhaontú.

(2) Folaíonn tagairtí i *bhfo-alt (1)* d'athrú ar an méid cánach is inmhuirearaithe ar sholáthar earraí nó seirbhísí tagairtí d'athrú go dtí staid nó ó staid nach ndéantar inti aon cháin a mhuirearú ar an soláthar.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, más rud é, i ndáil le soláthar earraí nó seirbhísí ag duine cuntasach, go n-eisíonn an duine sonrasc ina ndéantar an cháin is inmhuirearaithe i leith an idirbhirt a lua ar leithligh, ansin, d'fhonn í a ghnóthú, measfar gur cuid den chomaoin i leith an idirbhirt an cháin a luaitear amhlaidh agus beidh sí inghnóthaithe dá réir sin ag an duine.

(4) I gcás go ndéantar an sonrasc dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a eisiúint de bhun *alt 66(1)*, ní bheidh feidhm ag *fo-alt (3)* mura mbeidh an sonrasc san fhoirm, agus mura mbeidh na sonraí ann, a shonraítear le rialacháin.

CUID 6

RÁTAÍ AGUS DÍOLÚINE

CAIBIDIL 1

*Rátaí*

Rátaí cánach.

[ACBL alt 11(1), (1A) agus (8)]

**46**.—(1) Muirearófar cáin, i ndáil le soláthar earraí nó seirbhísí inchánach, fáil earraí laistigh den Chomhphobal agus allmhairiú earraí, de réir cibé ráta díobh seo a leanas is cuí in aon chás áirithe:

(*a*) 21 faoin gcéad den mhéid ar arb inmhuirearaithe cáin seachas i ndáil le hearraí nó seirbhísí ar arb inmhuirearaithe cáin de réir aon ráta díobh sin a shonraítear i *míreanna (b)*, *(c)* agus *(d)*;

(*b*) nialas faoin gcéad den mhéid ar arb inmhuirearaithe cáin i ndáil le hearraí sna himthosca a shonraítear i *míreanna 1(1)* go *(3)*, *3(1)* agus *(3)* agus *7(1)* go *(4)* agus *(6)* de *Sceideal 2* nó earraí nó seirbhísí de chineál a shonraítear sna míreanna eile den Sceideal sin;

(*c*) 13.5 faoin gcéad den mhéid ar arb inmhuirearaithe cáin i ndáil le hearraí nó seirbhísí de chineál a shonraítear i *Sceideal 3*;

(*d*) 4.8 faoin gcéad den mhéid ar arb inmhuirearaithe cáin i ndáil le soláthar beostoic agus cúnna beo agus le fruiliú capall.

(2) Is é an ráta ar dá réir is inmhuirearaithe cáin faoi *alt 3(a)*, *(c)*, *(d)* nó *(e)* an ráta atá i bhfeidhm an tráth a dtagann an cháin chun bheith dlite mar a fhoráiltear le *halt 74(1)* nó *(2)* nó *75* (cibé acu is infheidhme).

(3) Maidir le hearraí nó seirbhísí atá eisiata go sonrach ó aon mhír de Sceideal, measfar, mura mbeidh a mhalairt d'intinn sainráite, gur earraí nó seirbhísí iad atá eisiata ó gach mír eile sa Sceideal sin, agus ní mheasfar iad a bheith sonraithe sa Sceideal sin.

(4) (*a*) Féadfaidh an tAire le hordú *Sceideal 2* nó *3* a athrú trí thuairiscí earraí nó seirbhísí d'aon chineál a chur leo nó a scriosadh astu nó trí athrú a dhéanamh ar aon tuairisc earraí nó seirbhísí atá sonraithe iontu de thuras na huaire, ach ní dhéanfar aon ordú faoin gCaibidil seo chun aon cheann de na rátaí cánach a mhéadú ná chun na haicmí gníomhaíochtaí nó earraí a bhfuil cáin inmhuirearaithe ina leith de thuras na huaire a leathnú.

(*b*) Féadfaidh an tAire ordú faoin bhfo-alt seo (lena n-áirítear ordú faoin mír seo) a leasú nó a chúlghairm le hordú.

(*c*) Déanfar ordú faoin bhfo-alt seo a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an t-ordú a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin ach sin gan dochar d'aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Soláthairtí ilchodacha agus ilsoláthairtí.

[ACBL alt 11(3)]

**47.**—(1) Faoi réir *alt 41*—

(*a*) i gcás soláthar ilchodach, maidir leis an gcáin is inmhuirearaithe ar an gcomaoin iomlán a bhfuil an duine cuntasach i dteideal í a fháil i leith an tsoláthair ilchodaigh sin, beidh sí de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)* agus is cuí don phríomhsholáthar, ach más gníomhaíocht dhíolmhaithe an príomhsholáthar sin, ní bheidh cáin inmhuirearaithe i leith an tsoláthair ilchodaigh sin,

(*b*) i gcás ilsoláthair—

(i) maidir leis an gcáin is inmhuirearaithe ar gach soláthar aonair san ilsoláthar sin, beidh sí de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)* agus is cuí do gach soláthar aonair den sórt sin, agus

(ii) d'fhonn an méid inchánach is inchurtha i leith gach soláthar aonair a fháil amach chun an ráta cuí a chur chun feidhme i ndáil leis an méid sin, déanfar an chomaoin iomlán a bhfuil an duine cuntasach i dteideal í a fháil i leith an ilsoláthair sin a chionroinnt idir na soláthairtí aonair sin ar shlí a léireoidh i gceart an cóimheas atá idir luach gach soláthar aonair den sórt sin agus iomlán na comaoine i leith an ilsoláthair sin.

(2) I gcás ina bhfaigheann duine soláthar ilchodach nó ilsoláthar trí fháil laistigh den Chomhphobal, beidh feidhm ag an alt seo maidir leis an bhfáil sin.

(3) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh de réir mar is gá ina sonrófar na nithe seo a leanas—

(*a*) na himthosca nó na coinníollacha a bhféadfar nó nach bhféadfar déileáil fúthu le soláthar mar sholáthar coimhdeach, mar sholáthar ilchodach, mar sholáthar aonair, mar ilsoláthar nó mar phríomhsholáthar,

(*b*) na modhanna cionroinnte a fhéadfar a chur chun feidhme chun críocha *fho-ailt (1)* agus *(2)*,

(*c*) méid réasúnta beag, nó gné de sholáthar, ar a bhféadfar neamhaird a thabhairt chun an fo-alt seo a chur chun feidhme.

Saothair ealaíne, etc.

[ACBL alt 11(1AA)]

**48**.—(1) D'ainneoin *alt 46(1)*, muirearófar cáin de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(c)* den mhéid ar arb inmhuirearaithe cáin i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(*a*) earraí a shonraítear i *Sceideal 5* a allmhairiú isteach sa Stát,

(*b*) soláthar saothair ealaíne den chineál a shonraítear i *mír 1* de *Sceideal 5*, arna dhéanamh ag cruthaitheoir an tsaothair ealaíne sin nó ag comharbaí i dteideal an chruthaitheora, nó

(*c*) soláthar saothair ealaíne den chineál a shonraítear i *mír 1* de *Sceideal 5*, arna dhéanamh ar bhonn ócáideach ag duine cuntasach seachas déileálaí inchánach más rud é—

(i) go ndearna an duine cuntasach an saothar ealaíne sin a allmhairiú, nó

(ii) go ndearna cruthaitheoir an tsaothair ealaíne sin nó comharbaí i dteideal an chruthaitheora an saothar ealaíne sin a sholáthar don duine cuntasach, nó

(iii) go raibh an cháin ab inmhuirearaithe i ndáil leis an saothar ealaíne sin a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú ag an duine cuntasach inasbhainte go hiomlán faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8*.

(2) D'ainneoin *alt 46(1)*, muirearófar cáin de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(c)* den mhéid ar arb inmhuirearaithe cáin i ndáil le saothar ealaíne den chineál a shonraítear i *mír 1* de *Sceideal 5* a fháil laistigh den Chomhphobal sa Stát ag duine cuntasach, más rud é, maidir le soláthar an tsaothair ealaíne sin don duine cuntasach sin ba chúis leis an bhfáil sin laistigh den Chomhphobal, gur soláthar é den chineál a mhuirearófaí de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(c)* de réir *fho-alt (1)(b)* nó *(c)* dá ndéanfaí an soláthar sin laistigh den Stát.

Obair chonartha.

[ACBL alt 11(1AB)]

**49**.—(1) D'ainneoin *alt 46(1)*, ach faoi réir *fho-alt (2)*, is é an ráta ar dá réir is inmhuirearaithe cáin ar sholáthar, arb é atá ann obair chonartha a sholáthar, an ráta ab inmhuirearaithe dá mba é a bhí sa soláthar seirbhísí sin soláthar earraí a bheadh á dtabhairt ag an gconraitheoir don duine dá ndéantar an soláthar sin.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le soláthar, arb é atá ann obair chonartha a sholáthar, sna himthosca a shonraítear i mír (xvi) den Dara Sceideal.

Forálacha i ndáil le soláthairtí áirithe.

[ACBL alt 11(4), (4A) agus (6)]

**50**.—(1) Más rud é—

(*a*) go soláthraíonn monaróir earraí do dhuine agus gur sholáthair an duine sin ábhair, nó gur soláthraíodh ábhair thar ceann an duine sin, chun na hearraí sin a mhonarú, agus

(*b*) gur mó an ráta cánach is inmhuirearaithe i ndáil le soláthar na n-earraí (dá ngairtear "an ráta i leith na n-earraí" san fho-alt seo) ná an ráta cánach (dá ngairtear "an ráta i leith na n-ábhar" san fho-alt seo) ab inmhuirearaithe i ndáil le soláthar na n-ábhar laistigh den Stát,

ansin, beidh an monaróir faoi dhliteanas (i dteannta aon dliteanais eile a fhorchuirtear ar an monaróir leis an Acht seo), maidir le soláthar na n-earraí sin, cáin a íoc ar luach na n-ábhar a soláthraíodh don mhonaróir de réir ráta is comhionann leis an difríocht idir an ráta i leith na n-earraí agus an ráta i leith na n-ábhar.

(2) Más rud é—

(*a*) go n-úsáideann duine earraí de chineál a shonraítear i *mír 8* de *Sceideal 2* le linn don duine seirbhísí inchánach a sholáthar, agus

(*b*) gurb é nó í an duine dá soláthraítear na seirbhísí a dhéanann, nó gur thar a cheann nó thar a ceann a dhéantar, na hearraí a chur ar fáil,

beidh an duine a sholáthraíonn na seirbhísí inchánach faoi dhliteanas ina leith (i dteannta aon dliteanais eile a fhorchuirtear air nó uirthi faoin Acht seo) cáin a íoc de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(c)* ar luach na n-earraí a úsáidtear amhlaidh.

(3) I gcás earraí dochorraithe arb é atá iontu innealra nó suiteálacha gnó a ligean ar leithligh ó earraí dochorraithe eile ar cuid díobh iad, beidh cáin inmhuirearaithe i leith an idirbhirt de réir an ráta ab inmhuirearaithe dá mba é a bheadh ann earraí sochorraithe den chineál céanna a fhruiliú.

**51**.—(1) Ar iarratas i scríbhinn a fháil ó dhuine cuntasach, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh, de réir rialachán agus tar éis cibé comhairle (más ann) is dóigh leo is gá a ghlacadh le cibé duine nó cibé comhlacht daoine a mheasann siad a d'fhéadfadh cabhrú leo ar cinneadh é— Cinntí maidir le rátaí agus díolúintí. [ACBL alt 11(1B)]

(*a*) i dtaobh an gníomhaíocht dhíolmhaithe gníomhaíocht d'aon chineál áirithe a sheolann an duine, nó

(*b*) i dtaobh an ráta ar dá réir is inmhuirearaithe cáin i ndáil le hearraí d'aon chineál a sholáthar nó a fháil laistigh den Chomhphobal ag an duine, i ndáil le soláthar earraí nó fáil earraí laistigh den Chomhphobal in aon imthosca áirithe nó i ndáil leis an duine do sholáthar seirbhísí d'aon chineál.

(2) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, aon uair is oiriúnach leo é, cinneadh a dhéanamh, de réir rialachán agus tar éis cibé comhairle (más ann) is dóigh leo is gá a ghlacadh le cibé duine nó cibé comhlacht daoine a mheasann siad a d'fhéadfadh cabhrú leo—

(*a*) i dtaobh an gníomhaíocht dhíolmhaithe gníomhaíocht d'aon chineál áirithe, nó

(*b*) i dtaobh an ráta ar dá réir is inmhuirearaithe cáin i ndáil le hearraí d'aon chineál a sholáthar nó a fháil laistigh den Chomhphobal, i ndáil le soláthar earraí nó fáil earraí laistigh den Chomhphobal in aon imthosca áirithe nó i ndáil le soláthar seirbhísí d'aon chineál.

(3) Chun críocha an Achta seo, beidh éifeacht le cinneadh faoin alt seo—

(*a*) i ndáil le duine cuntasach a dhéanann iarratas ar an gcinneadh, amhail ar an agus ón dáta a shonrófar chun na críche sin sa chinneadh a chuirfear in iúl don duine cuntasach de réir *fho-alt (5)(a)*, agus

(*b*) i ndáil le haon duine eile, amhail ar an agus ón dáta a shonrófar chun na críche sin sa chinneadh arna fhoilsiú san Iris Oifigiúil.

(4) Ní dhéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh faoin alt seo maidir le haon ní a cinneadh ar achomharc faoin Acht seo nó a bheidh, de thuras na huaire, faoi rialú ordaithe faoi *alt 46(4)* nó *52(2)*, agus ní bheidh de cheangal orthu cinneadh den sórt sin a dhéanamh i ndáil le haon ní de na nithe a luafar in iarratas faoi *fho-alt (1)*—

(*a*) má foilsíodh cinneadh roimhe sin i dtaobh an ní, nó

(*b*) más rud é, ina dtuairim, go bhfuil ábhar an iarratais saor a dhóthain ó amhras le nach gá cinneadh a dhéanamh agus a fhoilsiú.

(5) (*a*) A luaithe is féidir tar éis cinneadh a dhéanamh faoi *fho-alt (1)*, cuirfear in iúl é don duine a rinne an t-iarratas trí na Coimisinéirí Ioncaim do sheirbheáil fógra ar an duine ina mbeidh sonraí an chinnidh.

(*b*) Féadfar cinneadh faoi *fho-alt (1)*, agus déanfar cinneadh faoi *fho-alt (2)*, a fhoilsiú san Iris Oifigiúil agus i nuachtán laethúil amháin ar a laghad a fhoilsítear sa Stát.

(6) Maidir le duine arb éagóir leis nó léi cinneadh faoi *fho-alt (1)* a rinneadh de bhun iarratais uaidh nó uaithi, féadfaidh sé nó sí, tar éis fógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den tréimhse 21 lá dar tosach an dáta ar a ndearnadh fógra i dtaobh an chinnidh a sheirbheáil air nó uirthi de réir *fho-alt (5)(a)*, achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc.

(7) Maidir le haon duine cuntasach a sholáthraíonn earraí nó a dhéanann fáil earraí laistigh den Chomhphobal nó a sholáthraíonn seirbhísí de chineál nó in imthosca a shonraítear i gcinneadh faoi *fho-alt (1)* nó *(2)* i gcúrsa a ghnó nó a gnó, féadfaidh sé nó sí, tar éis fógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den tréimhse 21 lá dar tosach an dáta a foilsíodh an cinneadh san Iris Oifigiúil, achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc.

## Caibidil 2

### *Díolúintí*

Riail ghinearálta maidir le gníomhaíocht dhíolmhaithe.

[ACBL alt 6]

**52**.—(1) Ní bheidh cáin inmhuirearaithe i leith aon ghníomhaíochta díolmhaithe.

(2) (*a*) Féadfaidh an tAire a dhearbhú le hordú gur gníomhaíocht dhíolmhaithe soláthar earraí nó seirbhísí d'aon chineál.

(*b*) Féadfaidh an tAire ordú faoin bhfo-alt seo, lena n-áirítear ordú faoin mír seo, a leasú nó a chúlghairm le hordú.

(*c*) Déanfar ordú faoin bhfo-alt seo a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an t-ordú a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin ach sin gan dochar d'aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

## CUID 7

### Forálacha a Bhaineann le hAllmhairí, Onnmhairí, etc.

Allmhairí — forálacha ginearálta.

[ACBL alt 15(3), (6) agus (8) agus AA 2010 alt 125]

**53**.—(1) Is é luach earraí allmhairithe chun críocha an ailt seo agus *alt 54* a luach arna chinneadh de réir na ngníomhartha, a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire, a ghlac institiúidí an Chomhphobail i ndáil le luacháil earraí chun críocha custam, arna modhnú trí thagairtí do chríoch an Stáit a chur in ionad na dtagairtí do chríoch custam an Chomhphobail, mar aon le haon chánacha, dleachtanna, caiteachais a thig de dhroim na hearraí a iompar chuig áit cinn scríbe eile sa Chomhphobal (más eol an ceann scríbe sin tráth an allmhairithe) agus muirir eile a tobhaíodh lasmuigh den Stát nó, mar gheall ar allmhairiú, laistigh den Stát (ach amháin cáin bhreisluacha) ar na hearraí agus nach bhfuil ar áireamh sa chinneadh.

(2) Le héifeacht ón 1 Eanáir, 2011, más rud é, tar éis earraí a allmhairiú, go ndéantar na hearraí sin a sholáthar do dhuine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát eile nó a aistriú chuige nó chuici, ní bheidh feidhm ag *mír 2(1)* de *Sceideal 2* ach amháin más rud é go ndéanann an duine a allmhairíonn na hearraí sin (dá ngairtear "an t-allmhaireoir" san fho-alt seo)—

(*a*) an fhaisnéis seo a leanas a dhearbhú tráth an allmhairithe:

(i) uimhir chláraithe an allmhaireora,

(ii) uimhir aitheantais (dá dtagraítear sa mhíniú in *alt 2(1)* ar "duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha") an duine dá soláthraítear na hearraí nó a n-aistrítear na hearraí chuige nó chuici,

agus

(*b*) fianaise a sholáthar, má iarrann na Coimisinéirí Ioncaim air nó uirthi déanamh amhlaidh, go ndéanfar na hearraí allmhairithe a iompar nó a sheoladh ón Stát chuig Ballstát eile.

(3) Faoi réir *fho-alt (1)* agus *alt 54*, beidh feidhm ag an *Customs Consolidation Act*, 1876, agus aon dlí eile ag a bhfuil feidhm sa Stát i ndáil le custaim, faoi réir cibé eisceachtaí agus modhnuithe (más ann) a shonrófar i rialacháin, maidir le cáin dá dtagraítear san alt seo nó in *alt 54* nó *120(7)(b)* nó *(c)* ionann is dá mba dhleacht custam í.

Cáin ar earraí allmhairithe áirithe a loghadh nó a aisíoc.

[ACBL alt 15(5) agus (5A)]

**54**.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, de réir rialachán, loghadh nó aisíoc a dhéanamh, más cuí leo é, ar an gcáin go léir nó ar chuid den cháin is inmhuirearaithe—

(*a*) ar aon earraí a allmhairiú a suitear chun a sástachta gur onnmhairíodh roimhe sin iad,

(*b*) ar aon earraí a allmhairiú más deimhin leo gur athonnmhairíodh nó go n-athonnmhaireofar na hearraí,

(*c*) ar aon earraí a allmhairiú ón aerfort neamhchustam ag duine neamhchláraithe a shuíonn chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur iompair sé nó sí cáin cheana féin ar na hearraí.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, de réir rialachán, an cháin is inmhuirearaithe ar allmhairiú earraí a aisíoc i gcás ina ndearnadh na hearraí a sheoladh nó a iompar—

(*a*) chuig Ballstát eile ó áit lasmuigh den Chomhphobal, agus

(*b*) chuig duine (seachas pearsa aonair) nach bhfuil cláraithe le haghaidh cánach breisluacha sa Bhallstát eile sin.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)* ach amháin i gcás ina suitear chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim go raibh na hearraí atá i gceist faoi réir cánach breisluacha dá dtagraítear sa Treoir CBL sa Bhallstát eile sin.

Earraí faoi bhealach — forálacha ilghnéitheacha.

[ACBL alt 15B(1) go (5A) agus (7)]

**55**.—(1) (*a*) San alt seo—

ciallaíonn "dáta aontachais"—

(i) an 1 Eanáir, 1995 i leith Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne (gan Oileáin Åland a áireamh) agus Ríocht na Sualainne,

(ii) an 1 Bealtaine, 2004 i leith Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice,

(iii) an 1 Eanáir, 2007 i leith Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine;

ciallaíonn "Comhphobal méadaithe" an Comhphobal tar éis aontachas na mBallstát nua;

ciallaíonn "Ballstát nua" aon stát dá dtagraítear sa mhíniú ar "dáta aontachais" le héifeacht ón dáta iomchuí.

(*b*) Tá le focal nó le habairt a úsáidtear san alt seo agus a úsáidtear freisin i dTreoir Uimh. 94/76/CE an 22 Nollaig, 1994 ón gComhairle[3], mura léir a mhalairt a bheith ar intinn, an bhrí san alt seo atá leis nó léi sa Treoir sin ón gComhairle.

(2) Más rud é—

(*a*) gur allmhairíodh earraí ó Bhallstát nua isteach sa Stát roimh an dáta aontachais,

(*b*) nach raibh an cháin dá dtagraítear in *alt 3(b)* inmhuirearaithe de bhrí gur cuireadh na hearraí, tráth an allmhairithe sin—

(i) faoi shocrú le haghaidh allmhairiú sealadach agus díolúine iomlán ó dhleacht custam acu, nó

(ii) faoi cheann de na socruithe dá dtagraítear in Airteagal 156(1) den Treoir CBL,

agus

(*c*) go bhfuil na hearraí fós faoi réir socrú den sórt sin ar an dáta aontachais,

ansin leanfaidh na forálacha a bhí i bhfeidhm an tráth a cuireadh na hearraí faoin socrú sin d'fheidhm a bheith acu go dtí go bhfágann na hearraí an socrú sin ar an dáta aontachais nó dá éis.

(3) (*a*) San fho-alt seo, ciallaíonn "nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach" an nós imeachta a cheadaigh Comhairle na gComhphobal Eorpach le Cinneadh Uimh. 87/415/CEE an 15 Meitheamh, 1987 ón gComhairle[4], lena gceadaítear an Coinbhinsiún arna dhéanamh in Interlaken an 20ú lá de Bhealtaine, 1987 idir an Comhphobal Eorpach, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne, agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach, a bhfuil an téacs de ag gabháil leis an gCinneadh sin ón gComhairle.

(*b*) Más rud é—

[3]IO Uimh. L365, 31.12.1994, lch. 53
[4]IO. Uimh. L 226, 13.8.87, lch. 1

(i) gur cuireadh earraí faoin nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach nó faoi nós imeachta custam eile maidir le hearraí faoi bhealach i mBallstát nua roimh an dáta aontachais, agus

(ii) nár fhág na hearraí sin an nós imeachta lena mbaineann roimh an dáta aontachais,

ansin leanfaidh na forálacha a bhí i bhfeidhm an tráth a cuireadh na hearraí faoin nós imeachta sin d'fheidhm a bheith acu go dtí go bhfágann na hearraí an nós imeachta sin ar an dáta aontachais nó dá éis.

(4) I gcás ina raibh earraí i saorchúrsaíocht i mBallstát nua roimh theacht isteach sa Stát, measfar go ndéantar allmhairiú isteach sa Stát sna cásanna seo a leanas:

(*a*) na hearraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a bhaint laistigh den Stát (lena n-áirítear iad a bhaint ar bhonn mírialta) den socrú dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)(i)*;

(*b*) na hearraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a bhaint laistigh den Stát (lena n-áirítear iad a bhaint ar bhonn mírialta) den socrú dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)(ii)*;

(*c*) aon cheann de na nósanna imeachta dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a fhoirceannadh laistigh den Stát.

(5) Measfar go ndéantar allmhairiú isteach sa Stát nuair a dhéantar earraí, a soláthraíodh laistigh de Bhallstát nua roimh an dáta aontachais, agus nach raibh inmhuirearaithe i leith cánach breisluacha sa Bhallstát nua sin mar gheall ar iad a onnmhairiú ón mBallstát nua sin, a úsáid sa Stát ar an dáta aontachais nó dá éis agus ar earraí iad nár allmhairíodh roimh an dáta sin.

(6) Ní bheidh an cháin dá dtagraítear in *alt 3(b)* inmhuirearaithe más rud é—

(*a*) go ndéantar na hearraí allmhairithe dá dtagraítear i *bhfo-ailt (4)* agus *(5)* a sheoladh nó a iompar lasmuigh den Chomhphobal méadaithe,

(*b*) gur earraí seachas córacha iompair iad na hearraí allmhairithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)* agus go bhfuil siad á gcur ar ais chuig an mBallstát nua ónar onnmhairíodh iad agus chuig an duine a d'onnmhairigh iad, nó

(*c*) gurb é atá sna hearraí allmhairithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)* córacha iompair a fuarthas i mBallstát nua nó a allmhairíodh isteach i mBallstát nua roimh an dáta aontachais de réir na gcoinníollacha ginearálta cánachais a bhí i bhfeidhm ar mhargadh intíre an Bhallstáit nua sin agus nach raibh, mar gheall ar iad a onnmhairiú, faoi réir aon díolúine ó cháin bhreisluacha nó aon aisíoc cánach breisluacha sa Bhallstát nua sin.

(7) Measfar *fo-alt (6)(c)* a bheith comhlíonta i gcás go suitear chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim—

(*a*) gur thit dáta chéadúsáide na gcóracha iompair ar dháta roimh an 1 Eanáir, 1987 i gcás córacha iompair ag teacht isteach sa Stát ó Phoblacht na hOstaire, ó Phoblacht na Fionlainne (gan Oileáin Åland a áireamh) nó ó Ríocht na Sualainne,

(*b*) gur thit dáta chéadúsáide na gcóracha iompair ar dháta roimh an 1 Bealtaine, 1996 i gcás córacha iompair ag teacht isteach sa Stát ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na hEastóine, ó Phoblacht na Cipire, ó Phoblacht na Laitvia, ó Phoblacht na Liotuáine, ó Phoblacht na hUngáire, ó Phoblacht Mhálta, ó Phoblacht na Polainne, ó Phoblacht na Slóivéine nó ó Phoblacht na Slóvaice,

(*c*) gur thit dáta chéadúsáide na gcóracha iompair ar dháta roimh an 1 Eanáir, 1999 i gcás córacha iompair ag teacht isteach sa Stát ó Phoblacht na Bulgáire nó ón Rómáin, nó

(*d*) nach mó ná €130 an cháin atá dlite de bhíthin an allmhairithe.

Scéim rátála nialais le haghaidh gnóthaí cáilitheacha.

[ACBL alt 13A]

**56**.—(1) Chun críocha an ailt seo agus *mhír 7(7)* de *Sceideal 2*—

ciallaíonn “duine údaraithe” duine cáilitheach a bheidh údaraithe de réir *fho-alt (3)*;

ciallaíonn “duine cáilitheach” duine cuntasach arb é atá, nó ar dóigh gurb é a bheidh, ina láimhdeachas—

(*a*) ó sholáthairtí earraí arna ndéanamh de réir *mhír 1(1)* nó *3(1)* nó (*3*) de *Sceideal 2*,

(*b*) ó sholáthairtí arb é atá iontu obair chonartha a sholáthar i gcás go meastar gurb é an Stát an áit a ndéantar na soláthairtí, agus

(*c*) ó sholáthairtí arb é atá iontu obair chonartha a sholáthar arna ndéanamh de réir *mhír 3(4)* de *Sceideal 2*,

75 faoin gcéad de láimhdeachas iomlán an duine ó sholáthar earraí agus seirbhísí, ach amháin go ndéantar láimhdeachas ó earraí a sholáthraítear do dhuine cuntasach agus a léasaítear ar ais ón duine sin ina dhiaidh sin a eisiamh ón láimhdeachas iomlán d’fhonn a chinneadh an duine cáilitheach an duine cuntasach;

ciallaíonn “earraí cáilitheacha” gach earra inchánach gan mótarfheithiclí de réir bhrí *alt 60(1)* ná peitreal a áireamh;

ciallaíonn “seirbhísí cáilitheacha” gach seirbhís inchánach gan soláthar bia nó dí, cóiríochta, seirbhísí pearsanta eile, seirbhísí siamsaíochta nó fruiliú mótarfheithiclí de réir bhrí *alt 60(1)* a áireamh.

(2) Déanfaidh duine ar mian leis nó léi teacht chun bheith ina dhuine údaraithe nó ina duine údaraithe—

(*a*) cibé foirm iarratais a sholáthróidh na Coimisinéirí Ioncaim chun na críche sin a chomhlánú,

(*b*) a dheimhniú go bhfuil na sonraí a thaispeánfar ar an bhfoirm sin ceart, agus

(*c*) an fhoirm iarratais chomhlánaithe agus dheimhnithe a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim, mar aon le cibé faisnéis bhreise mar thaca leis an iarratas a iarrfaidh siad.

(3) (*a*) I gcás gur thug duine na sonraí a cheanglaítear a thabhairt faoi *fho-alt (2)*, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcás gur deimhin leo gur duine cáilitheach é nó í, údarú i scríbhinn a eisiúint chuig an duine sin á dheimhniú gur duine údaraithe é nó í.

(*b*) Beidh údarú arna eisiúint de réir *mhír (a)* bailí ar feadh cibé tréimhse a chinnfidh na Coimisinéirí Ioncaim.

(*c*) I gcás go scoireann duine a údaraíodh de réir *mhír (a)* de bheith ina dhuine cáilitheach nó ina duine cáilitheach, cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim, trí fhógra i scríbhinn, tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse inchánach ar scoir sé nó sí de bheith ina dhuine cáilitheach nó ina duine cáilitheach lena linn.

(*d*) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, trí fhógra i scríbhinn, údarú arna eisiúint chuig duine de réir *mhír (a)* a chealú i gcás gur deimhin leo nach duine cáilitheach é nó í a thuilleadh agus beidh éifeacht leis an gcealú sin ón dáta a shonrófar san fhógra.

(4) Déanfaidh duine údaraithe cóip den údarú dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a thabhairt do gach duine cuntasach sa Stát a sholáthraíonn earraí inchánach nó seirbhísí inchánach don duine údaraithe.

(5) Maidir le duine cuntasach a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí in imthosca ina bhfuil feidhm ag *mír 7(7)* de *Sceideal 2*, déanfaidh sé nó sí, i dteannta na mionsonraí atá le cur san áireamh i ngach sonrasc, nóta sochair nó doiciméad eile a cheanglaítear a eisiúint de réir *Chaibidil 2* de *Chuid 9*, tagairt d'uimhir an údaraithe a eisíodh chuig an duine údaraithe de réir *fho-alt (3)* a chur san áireamh sa sonrasc, sa nóta sochair nó sa doiciméad eile sin.

(6) I ndáil le gach coinsíneacht earraí atá le hallmhairiú ag duine údaraithe de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(b)* de bhua *mhír 7(7)* de *Sceideal 2*, comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(*a*) tabharfar cóip den údarú dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* ar aird i dteannta an taifid custam iomchuí; agus

(*b*) beidh na nithe seo a leanas sa taifead custam iomchuí—

(i) dearbhú ón duine údaraithe, nó óna ionadaí nó óna hionadaí a bheidh údaraithe go cuí i scríbhinn chun na críche sin, gur duine údaraithe é nó í de réir an ailt seo chun críocha *mhír 7(7)* de *Sceideal 2*, agus

(ii) éileamh ar allmhairiú de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(b)*.

(7) Chun críocha *alt 93(1)(c)(ii)*, measfar gur cáin is inasbhainte faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* an cháin a mhuirearaítear de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(b)* de bhua *mhír 7(7)* de *Sceideal 2*.

(8) I gcás go bhfuil seirbhís á fáil ag duine údaraithe ar seirbhís í, mura mbeadh feidhm ag *mír 7(7)* de *Sceideal 2*, a mbeadh cáin inmhuirearaithe ina leith de réir ráta seachas an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(b)* agus nach mbeadh an cháin sin go léir nó cuid di inasbhainte ag an duine údaraithe faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, ansin beidh an duine údaraithe sin faoi dhliteanas, i ndáil leis an tseirbhís sin, cáin a íoc amhail is dá mba rud é gur sholáthair sé nó sí an tseirbhís ar chomaoin do dhuine nach duine údaraithe i gcúrsa nó ag bisiú a ghnó nó a gnó.

(9) Chun críocha an ailt seo, agus faoi réir threorú agus rialú na gCoimisinéirí Ioncaim, féadfaidh oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim aon chumhacht, feidhm nó dualgas a thugtar do na Coimisinéirí nó a fhorchuirtear orthu a fheidhmiú nó a chomhlíonadh thar a gceann.

Loghadh cánach ar earraí a onnmhairítear, etc.

[ACBL alt 13(1)(*a*) agus (2)(*a*)]

**57**.—(1) Féadfar a fhoráil le rialacháin go ndéanfar, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar sna rialacháin nó a fhorchuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim, an cháin is inmhuirearaithe i leith soláthar earraí, nó i leith soláthar cibé earraí a shonrófar sna rialacháin, a loghadh nó a aisíoc i gcásanna inar deimhin leis na Coimisinéirí gur onnmhairíodh nó go n-onnmhaireofar na hearraí.

(2) Féadfar a fhoráil le rialacháin go ndéanfar, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar sna rialacháin nó a fhorchuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim, an cháin is inmhuirearaithe i leith soláthar seirbhísí atá ceangailte go díreach le honnmhairiú earraí nó le hearraí a chur faoi bhealach ó áit lasmuigh den Stát go dtí áit eile lasmuigh den Stát a loghadh nó a aisíoc.

An scéim um onnmhairí miondíola.

[ACBL alt 13(1A) go (1D) (3B) agus (3C)]

**58**.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "taistealaí" duine nach bhfuil sainchónaí nó gnáthchónaí air nó uirthi laistigh den Chomhphobal agus folaíonn sé duine a chónaíonn go rialta sa Chomhphobal ach a bhfuil rún aige nó aici, an tráth a sholáthraítear na hearraí, dul chun cónaithe lasmuigh den Chomhphobal go luath agus ar feadh tréimhse 12 mhí as a chéile ar a laghad;

ciallaíonn "earraí cáilitheacha taistealaí" earraí (seachas earraí a iompraíonn an taistealaí le haghaidh trealaimh, breosla agus ábhair soláthair do bháid áineasa, d'aerárthaí príobháideacha nó do chóracha eile iompair lena n-úsáid go príobháideach) a sholáthraítear laistigh den Stát do thaistealaí agus a onnmhairíonn an taistealaí sin nó a onnmhairítear thar a cheann nó thar a ceann faoin lá deireanach den 3ú mí tar éis na míosa ina ndéantar an soláthar;

ciallaíonn "gníomhaire aisíoca CBL" duine a sholáthraíonn seirbhísí arb éard iad rátáil nialais (de réir bhrí *fho-alt (2)*) nó aisíoc cánach a shaothrú i ndáil le soláthairtí earraí cáilitheacha taistealaí.

(2) Ceadóidh na Coimisinéirí Ioncaim, faoi réir agus de réir rialachán (más ann), *alt 46(1)(b)* (dá ngairtear "rátáil nialais" san alt seo) a chur chun feidhme maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) soláthar earraí cáilitheacha taistealaí, agus

(*b*) gníomhaire aisíoca CBL do sholáthar seirbhísí arb é atá iontu an tseirbhís arb éard í aisíoc na cánach a éilíonn

taistealaí i ndáil le soláthar earraí cáilitheacha taistealaí nó rátáil nialais a shaothrú i leith soláthar earraí cáilitheacha taistealaí,

i gcás gur deimhin leo, maidir le soláthraí na n-earraí nó na seirbhísí, de réir mar a bheidh—

(i) go bhfuil gach beart réasúnach déanta aige nó aici, an tráth a sholáthraítear na hearraí, chun a dheimhniú gur taistealaí mar a mhínítear sin san alt seo an ceannaitheoir,

(ii) go bhfuil cruthúnas aige nó aici gur onnmhairigh an taistealaí na hearraí, nó gur onnmhairíodh na hearraí thar ceann an taistealaí, faoin lá deireanach den 3ú mí tar éis na míosa ina ndéantar an soláthar,

(iii) go bhfuil cruthúnas aige nó aici go ndearnadh, i gcás gur muirearaíodh méid cánach ar an taistealaí i leith soláthar earraí a thagann faoi réim *mhír (ii)*, an méid a bhí le haisíoc leis an taistealaí a aisíoc leis an taistealaí sin tráth nach déanaí ná an 25ú lá oibre tar éis don soláthraí éileamh an taistealaí ar aisíoc a fháil,

(iv) go dtugann sé nó sí fógra i scríbhinn don taistealaí i dtaobh aon mhéid (lena n-áirítear an uasmharcáil) a mhuirearaigh an soláthraí as aisíoc an mhéid a éilíodh a shaothrú nó as rátáil nialais a shocrú i leith an tsoláthair agus i gcás ina ndéantar méid a dtugtar fógra ina thaobh amhlaidh a shloinneadh i dtéarmaí céatadáin nó codáin, bainfidh an céatadán nó an codán sin leis an gcáin a loghadh nó is inaisíoctha faoin bhfo-alt seo,

(v) go n-úsáideann sé nó sí, mar ráta malairte i leith airgid atá á aisíoc le taistealaí in airgeadra seachas airgeadra an Stáit—

(I) mura bhfuil feidhm ag *fo-mhír (II)*, an ráta díola is deireanaí arna thaifeadadh ag Banc Ceannais na hÉireann le haghaidh an airgeadra atá i gceist tráth an aisíoca,

(II) má tá comhaontú ann leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le modh atá le húsáid chun an ráta malairte a chinneadh, an ráta malairte a fhaightear tríd an modh sin a úsáid,

agus

(vi) go ndearna sé nó sí cibé mionsonraí maidir leis an idirbheart a shonrófar i rialacháin a chur i bhfios don taistealaí.

(3) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le daoine cuntasacha nó aicme daoine cuntasacha a údarú, faoi réir coinníollacha áirithe, chun rátáil nialais a shaothrú i leith soláthar earraí cáilitheacha taistealaí nó chun oibriú mar ghníomhaire aisíoca CBL le linn aisíoc cánach ar sholáthar earraí cáilitheacha taistealaí a láimhsiú agus féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin maidir le cealú an údaraithe sin agus maidir le nithe a leanann as an gcealú sin.

(4) De réir rialachán, féadfaidh gníomhaire aisíoca CBL ag gníomhú sa cháil sin dó nó di déileáil leis an gcáin a muirearaíodh ar an taistealaí ar sholáthar earraí cáilitheacha an taistealaí sin mar cháin atá inasbhainte ag an ngníomhaire de réir *alt 59(2)* ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an gníomhaire sin na coinníollacha atá leagtha amach i *bhfo-alt (2)* i leith an tsoláthair sin.

(5) Más rud é, i ndáil le soláthar earraí, go bhfágtar aon cheann de choinníollacha *mhíreanna (i)* go *(vi) d'fho-alt (2)* gan chomhlíonadh, nó gan chomhlíonadh laistigh de na teorainneacha ama a shonraítear sna míreanna sin, más infheidhme, ansin—

(*a*) ní soláthar earraí cáilitheacha taistealaí an soláthar sin, agus

(*b*) níl rátáil nialais infheidhme maidir le soláthar seirbhísí ag gníomhaire aisíoca CBL (más ann) i leith na n-earraí sin.

(6) Chun críocha an ailt seo, agus faoi réir threorú agus rialú na gCoimisinéirí Ioncaim, féadfaidh oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim aon chumhacht, feidhm nó dualgas a thugtar dóibh nó a fhorchuirtear orthu a fheidhmiú nó a chomhlíonadh thar a gceann.

## CUID 8

## Asbhaintí

### Caibidil 1

### *Forálacha ginearálta*

Asbhaint i leith cáin a iompraíodh nó a íocadh.

[ACBL alt 12(1), (1A) agus (2)]

**59**.—(1) San fho-alt seo agus i *bhfo-alt (2)*—

ciallaíonn "gníomhaíochtaí cáilitheacha"—

(*a*) paisinéirí, mar aon leis an mbagáiste atá ina dteannta, a iompar lasmuigh den Stát,

(*b*) soláthairtí earraí a meastar, de bhua *alt 30*, go ndearnadh iad laistigh de chríoch Ballstáit eile ach sin sá chás amháin go bhfuil soláthraí na n-earraí sin cláraithe le haghaidh cánach breisluacha sa Bhallstát eile sin,

(*c*) an Scéim um Thástáil Eallaigh nó um Cheannach Eallaigh lena nDíothú a oibriú, de réir Rialachán (CE) Uimh. 2777/2000 an 18 Nollaig, 2000 ón gCoimisiún[5], ag comhlacht is duine inchánach de bhua an Ordaithe Cánach Breisluacha (An Ghníomhaireacht Idirghabhála Talmhaíochta), 2001 (I.R. Uimh. 11 de 2001),

(*d*) seirbhísí a shonraítear i *mír 6*, *7* nó *8* de *Sceideal 1* agus a sholáthraítear—

(i) lasmuigh den Chomhphobal, nó

(ii) go díreach i ndáil le honnmhairiú earraí chuig áit lasmuigh den Chomhphobal,

[5]IO Uimh. L 321, 19.12.2000, lch. 47

(*e*) seirbhísí arb éard iad an duine cuntasach d'eisiúint stoc nua, scaireanna nua, bintiúr nua nó urrús nua eile a mhéid a dhéantar an eisiúint sin d'fhonn caipiteal a chruinniú chun críocha soláthairtí inchánach an duine chuntasaigh, agus

(*f*) soláthairtí earraí nó seirbhísí lasmuigh den Stát ar sholáthairtí inchánach iad dá ndéanfaí sa Stát iad;

ciallaíonn "feithicil cháilitheach" mótarfheithicil a chláraítear den chéad uair an 1 Eanáir, 2009 nó dá éis chun críocha cánach cláraithe feithiclí de réir alt 131 den Acht Airgeadais, 1992 agus ar lú ná 156g/km leibhéal na n-astaíochtaí $CO_2$ aisti chun críocha an chláraithe sin.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, le linn an méid cánach is iníoctha ag duine cuntasach i leith tréimhse inchánach a ríomh, féadfaidh an duine sin, a mhéid a úsáideann sé nó sí na hearraí agus na seirbhísí chun críocha a sholáthairtí nó a soláthairtí inchánach nó chun críocha aon cheann de na gníomhaíochtaí cáilitheacha, an méid seo a leanas a asbhaint, eadhon—

(*a*) an cháin a mhuirearaigh daoine cuntasacha eile air nó uirthi le linn na tréimhse trí shonraisc, arna n-ullmhú ar an modh a fhorordaítear le rialacháin, i leith soláthairtí earraí nó seirbhísí dó nó di,

(*b*) maidir le hearraí a d'allmhairigh sé nó sí sa tréimhse, an cháin a d'íoc sé nó sí nó a iarchuireadh mar a shuitear ó na doiciméid custam iomchuí arna gcoimeád aige nó aici de réir *alt 84(3)*,

(*c*) faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar i rialacháin, an cháin ab inmhuirearaithe le linn na tréimhse, is cáin a bhfuil sé nó sí faoi dhliteanas í a íoc i leith fálacha earraí laistigh den Chomhphobal,

(*d*) faoi réir *alt 61* agus rialachán (más ann), 20 faoin gcéad den cháin a muirearaíodh ar an duine cuntasach i leith feithicil cháilitheach a cheannach, a fhruiliú, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú, i gcás gur úsáid ghnó a bhaintear as an bhfeithicil sin go príomha agus nach lú an úsáid sin ná 60 faoin gcéad ar a laghad den úsáid a bhaintear as an bhfeithicil sin, agus i gcás go ndiúscraíonn an duine cuntasach an fheithicil sin ina dhiaidh sin, déileálfar leis an gcáin a asbhaineann an duine sin de réir an fho-ailt seo amhail is nach mbeadh sí inasbhainte ag an duine sin chun críocha *mhír 12(c)* de *Sceideal 1*,

(*e*) an cháin ab inmhuirearaithe le linn na tréimhse, is cáin a bhfuil an duine cuntasach faoi dhliteanas í a íoc de bhua *alt 10(1)* i leith gás a sholáthar tríd an líonra dáilte gáis nádúrtha, nó i leith leictreachas a sholáthar, don duine sin, ach sin sa chás amháin go mbeadh an duine cuntasach i dteideal an cháin sin a asbhaint in áit eile faoin bhfo-alt seo dá mba rud é go ndearna duine cuntasach eile an cháin sin a mhuirearú ar an duine sin,

(*f*) an cháin ab inmhuirearaithe le linn na tréimhse, is cáin a bhfuil an duine cuntasach faoi dhliteanas í a íoc de bhua *alt 10(2)* i leith earraí a shuiteáiltear nó a chóimeáiltear

ach sin sa chás amháin go mbeadh an duine cuntasach i dteideal an cháin sin a asbhaint in áit eile faoin bhfo-alt seo dá mba rud é go ndearna duine cuntasach eile an cháin sin a mhuirearú ar an duine sin,

(*g*) an cháin ab inmhuirearaithe le linn na tréimhse, is cáin a bhfuil sé nó sí faoi dhliteanas í a íoc de bhua *alt 12*, *13* nó *17(1)* i leith seirbhísí a fuair sé nó sí,

(*h*) an cháin ab inmhuirearaithe le linn na tréimhse, is cáin a bhfuil an faighteoir (de réir bhrí *alt 16(2)*) faoi dhliteanas í a íoc de bhua *alt 16(2)* i leith lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa (de réir bhrí *alt 16(2)*) arna bhfáil ag an bhfaighteoir sin, ach sin sa chás amháin go mbeadh an faighteoir i dteideal an cháin sin a asbhaint in áit eile faoin bhfo-alt seo dá mba rud é go ndearna duine cuntasach an cháin sin a mhuirearú ar an bhfaighteoir sin,

(*i*) an cháin ab inmhuirearaithe le linn na tréimhse, is cáin a bhfuil an príomhaí faoi dhliteanas í a íoc de bhua *alt 16(3)* i leith seirbhísí oibríochtaí foirgníochta a fuair an príomhaí sin, ach sin sa chás amháin go mbeadh an príomhaí sin i dteideal an cháin sin a asbhaint in áit eile faoin bhfo-alt seo dá mba rud é go ndearna duine cuntasach eile an cháin sin a mhuirearú ar an bpríomhaí sin,

(*j*) an cháin ab inmhuirearaithe le linn na tréimhse, is cáin a bhfuil an duine cuntasach faoi dhliteanas í a íoc de bhua *alt 16(1)*, *94(6)(a)* nó *95(8)(c)* go *(e)*, i leith soláthar earraí dochorraithe don duine sin,

(*k*) an cháin ab inmhuirearaithe le linn na tréimhse i leith earraí (seachas soláthairtí earraí dá dtagraítear in *alt 30*) a ndéileáiltear leo mar earraí a sholáthair sé nó sí de réir *alt 19(1)(f)*,

(*l*) faoi réir agus de réir rialachán, maidir le hearraí arna soláthar faoi *alt 19(1)(h)*, méid is comhionann le haon cháin iarmharach atá ar áireamh sa chomaoin i leith an tsoláthair,

(*m*) an cháin a mhuirearaigh daoine cuntasacha eile air nó uirthi le linn na tréimhse i leith seirbhísí a bhaineann go díreach le haistriú úinéireachta earraí a shonraítear in *alt 20(2)(c)*,

(*n*) an cháin ab inmhuirearaithe le linn na tréimhse i leith seirbhísí a ndéileáiltear leo mar sheirbhísí a sholáthair sé nó sí ar chomaoin i gcúrsa nó ag bisiú a ghnó nó a gnó de réir *alt 27(1)(c)*,

(*o*) breisiú cothromráta, a measfar gur cáin é, a muirearaíodh air nó uirthi le linn na tréimhse trí shonraisc arna n-ullmhú ar an modh a fhorordaítear le rialacháin agus arna n-eisiúint chuige nó chuici de réir *alt 86(1)*,

(*p*) an cháin ab inmhuirearaithe le linn na tréimhse, is cáin a bhfuil sé nó sí faoi dhliteanas í a íoc de bhua *alt 90(5)(a)*, i leith ór infheistíochta (de réir bhrí *alt 90*) a fuair sé nó sí, agus

(*q*) faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar i rialacháin, i leith earraí dá dtagraítear in *alt 92*, an cháin atá dlite sa tréimhse de réir an ailt sin.

(3) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (2)*—

(*a*) maidir le duine cuntasach dá dtagraítear in *alt 9(4)* nó *12(3)*, nó

(*b*) maidir le duine cuntasach dá dtagraítear in *alt 9(6)* nó *12(5)* mura mbaineann an cháin le seirbhísí traenála capall rásaíochta a sholáthraíonn sé nó sí.

(4) (*a*) Má mheastar duine a theacht chun bheith ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach, trí roghnú nó de réir *alt 5(2)*, beidh sé nó sí i dteideal, de réir rialachán, le linn an méid cánach a ríomh is iníoctha aige nó aici i leith na chéad tréimhse inchánach a meastar amhlaidh é nó í a bheith ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach ina leith, déileáil mar cháin is inasbhainte faoi *fho-alt (2)* le cibé cuid de luach an stoic trádála arna shealbhú aige nó aici díreach roimh thosach na tréimhse inchánach sin a bhféadfaí a mheas le réasún gurb é an méid é a bheadh sé nó sí i dteideal a éileamh faoi *fho-alt (2)* dá mba dhuine cuntasach an duine sin an tráth a seachadadh an stoc trádála sin air nó uirthi.

(*b*) Ní bheidh aon ábhar éilimh ann faoin bhfo-alt seo chun asbhaint a fháil i leith na cánach a bhaineann le haon stoc trádála más rud é go bhféadfaí, agus a mhéid a d'fhéadfaí, asbhaint faoi *fho-alt (2)* a éileamh ar leith ón bhfo-alt seo.

(5) Más rud é, i ndáil le haon tréimhse inchánach, go rachaidh an méid iomlán is inasbhainte faoin gCaibidil seo thar an méid a bheadh, mura mbeadh an Chaibidil seo, iníoctha i leith na tréimhse sin, aisíocfar an bhreis leis an duine cuntasach de réir *alt 99(1)*, ach sin faoi réir *alt 100*.

Teorainneacha ginearálta le hinasbhainteacht.

[ACBL alt 12(3) agus alt 12(3A) (go páirteach)]

**60**.—(1) San fho-alt seo agus i *bhfo-alt (2)*—

ciallaíonn "toscaire" duine inchánach nó fostaí nó gníomhaire de chuid duine inchánach a fhreastalaíonn ar chomhdháil cháilitheach i gcúrsa nó ag bisiú ghnó an duine inchánach sin;

ciallaíonn "mótarfheithiclí" mótarfheithiclí atá deartha agus déanta chun daoine a iompar de bhóthar agus mótarfheithiclí spóirt, carranna eastáit, vaigíní stáisiúin, gluaisrothair, mótar-scútair, móipéid agus uathrothair, cibé acu atá nó nach bhfuil siad deartha agus déanta amhlaidh, gan feithiclí a áireamh atá deartha agus déanta chun níos mó ná 16 dhuine (agus an tiománaí san áireamh) a iompar, carráistí easláin agus feithiclí eile atá ceaptha lena n-úsáid ag easláin nó ag daoine éiglí;

ciallaíonn "cóiríocht cháilitheach" seirbhís a sholáthar do thoscaire ar seirbhís í arb é atá inti earraí dochorraithe nó cóiríocht a thagann faoi réim *mhír 11* de *Sceideal 3* a ligean, ar feadh tréimhse uasta dar tosach an oíche roimh an dáta a thosaíonn an chomhdháil cháilitheach agus dar críoch an dáta a chríochnaíonn an chomhdháil;

ciallaíonn "comhdháil cháilitheach" comhdháil nó cruinniú i gcúrsa nó ag bisiú gnó a eagraítear chun freastal ar 50 toscaire nó níos mó,

agus a tharlaíonn in ionad a dearadh agus a foirgníodh chun friotháil ar 50 toscaire nó níos mó agus ar ina leith a dhéanann an duine atá freagrach as an gcomhdháil a eagrú na mionsonraí faoin gcomhdháil a eisiúint i scríbhinn chuig gach duine inchánach a fhreastalaíonn ar an gcomhdháil nó a chuireann toscaire chuici, agus beidh na nithe seo a leanas san áireamh sna mionsonraí sin—

(*a*) suíomh agus dátaí na comhdhála,

(*b*) cineál an ghnó atá á sheoladh,

(*c*) líon na dtoscairí dá bhfuil an chomhdháil á heagrú, agus

(*d*) ainm, seoladh gnó agus uimhir chláraithe cánach breisluacha an duine atá freagrach as an gcomhdháil a eagrú.

(2) (*a*) D'ainneoin aon ní sa Chaibidil seo, ní dhéanfar cáin a asbhaint faoin gCaibidil seo má bhaineann, agus a mhéid a bhaineann, an cháin leis na nithe seo a leanas—

(i) caiteachas arna thabhú ag an duine cuntasach ar bhia nó ar dheoch, nó ar chóiríocht (seachas cóiríocht cháilitheach i dtaca le freastal ar chomhdháil cháilitheach), nó ar sheirbhísí pearsanta eile, don duine cuntasach, do ghníomhairí nó d'fhostaithe an duine chuntasaigh, ach amháin a mhéid (más aon mhéid é) a thabhaítear an caiteachas sin i ndáil le soláthar seirbhísí a bhfuil an duine cuntasach sin cuntasach i gcáin ina leith,

(ii) caiteachas arna thabhú ag an duine cuntasach ar bhia nó ar dheoch, nó ar chóiríocht nó ar sheirbhísí siamsaíochta eile, i gcás gurb éard atá sa chaiteachas sin an costas uile nó cuid den chostas a ghabhann le seirbhís fógraíochta a sholáthar a bhfuil cáin dlite agus iníoctha ag an duine cuntasach ina leith,

(iii) caiteachais siamsaíochta arna dtabhú ag an duine cuntasach, a ghníomhairí nó a gníomhairí nó a fhostaithe nó a fostaithe,

(iv) faoi réir *alt 59(2)(d)*, mótarfheithiclí a cheannach, a fhruiliú, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú ar shlí seachas mar stoc trádála nó chun iad a sholáthar ag duine a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais den chineál a shonraítear i *mír 6(1)(e)* de *Sceideal 1* i leith na mótarfheithiclí sin mar chuid de chomhaontú den chineál dá dtagraítear in *alt 19(1)(c)* nó chun críocha gnó arb é atá ann go hiomlán nó go páirteach mótarfheithiclí a fhruiliú nó iad a úsáid, i ngnó scoile tiomána, chun teagasc tiomána a thabhairt,

(v) peitreal a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú ar shlí seachas mar stoc trádála, nó

(vi) soláthar a shaothrú arb éard é obair chonartha a sholáthar i gcás gurb é atá sa soláthar sin earraí lena mbaineann an mhír seo a thabhairt.

(*b*) (i) I *bhfomhír (i)* de *mhír (a)*, folaíonn tagairt do chóiríocht a sholáthar caiteachas ag an duine cuntasach ar fhoirgneamh, lena n-áirítear an foirgneamh sin a fheistiú, chun an chóiríocht sin a sholáthar.

(ii) I *bhfomhír (iii)* de *mhír (a)*, folaíonn caiteachais siamsaíochta caiteachas ar fhoirgneamh nó ar shaoráid, lena n-áirítear an foirgneamh nó an tsaoráid sin a fheistiú, chun an tsiamsaíocht sin a sholáthar.

(3) D'ainneoin aon ní sa Chaibidil seo, i gcás inar cuireadh *alt 87(3)* nó *(8)* nó *89(3)* chun feidhme maidir le soláthar earraí do dhuine cuntasach, ní dhéanfaidh an duine cuntasach sin aon cháin a asbhaint, de réir *alt 59(2)*, i ndáil leis an soláthar dó nó di.

Cionroinnt le haghaidh ionchuir dhé-úsáide.

[ACBL alt 12(4)]

**61**.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "soláthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte" soláthar earraí inchánach nó seirbhísí inchánach, nó seoladh gníomhaíochtaí cáilitheacha de réir bhrí *alt 59(1)*;

ciallaíonn "ionchuir dhé-úsáide" earraí sochorraithe nó seirbhísí (seachas earraí nó seirbhísí nach ndéanfar cáin a asbhaint, de bhua *alt 60(2)*, i leith iad a cheannach nó a fháil, nó seirbhísí a bhaineann le forbairt earraí dochorraithe atá faoi réir *Chaibidil 2*) nach n-úsáidtear chun críocha soláthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte nó soláthairtí nó gníomhaíochtaí neamh-inasbhainte amháin;

ciallaíonn "soláthairtí nó gníomhaíochtaí neamh-inasbhainte" soláthar earraí nó seirbhísí nó seoladh gníomhaíochtaí seachas soláthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte;

ciallaíonn "soláthairtí agus gníomhaíochtaí san iomlán" soláthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte agus soláthairtí nó gníomhaíochtaí neamh-inasbhainte.

(2) I gcás ina ngabhann duine cuntasach do sholáthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte agus do sholáthairtí nó gníomhaíochtaí neamh-inasbhainte araon, ansin, i ndáil leis an duine d'fháil ionchuir dhé-úsáide chun críche ghnó an duine sin ar feadh tréimhse, ní bheidh an duine i dteideal aon cháin a asbhaint de réir *alt 59(2)* ach amháin cibé cion cánach, a iompraítear nó is iníoctha ar an bhfáil sin, a ríomhtar de réir an ailt seo agus rialachán mar cháin is inchurtha i leith a chuid soláthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte nó a cuid soláthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte agus, chun críocha an ailt seo, gairtear "an cion cánach is inasbhainte" den chion cánach sin.

(3) Chun críocha an ailt seo, measfar gur tagairt do "20 faoin gcéad den cháin, a iompraítear nó is iníoctha" í an tagairt i *bhfo-alt (2)* do "cáin, a iompraítear nó is iníoctha" i gcás feithicil cháilitheach (de réir bhrí *alt 59(1)*) a fháil.

(4) Chun críocha an ailt seo agus rialachán, déanfar an cion cánach is inasbhainte ag duine cuntasach do thréimhse a ríomh ar aon bhonn a bhfuil de thoradh air cion cánach inasbhainte—

(*a*) a léiríonn i gceart an méid a úsáidtear na hionchuir dhé-úsáide chun críocha soláthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte an duine, agus

(*b*) a dtugtar aird chuí leis ar raon soláthairtí agus gníomhaíochtaí an duine san iomlán.

(5) Féadfar an cion cánach is inasbhainte a ríomh ar bhonn an chóimheasa atá idir méid láimhdeachais cháin-eisiata duine ó sholáthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte do thréimhse agus méid láimhdeachas cáin-eisiata an duine ó sholáthairtí agus gníomhaíochtaí san iomlán don tréimhse sin ach sin sa chás amháin go mbeidh de thoradh ar an mbonn sin cion cánach is inasbhainte atá de réir *fho-alt (4)*.

(6) I gcás gur gá sin a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil an cion cánach is inasbhainte ag duine cuntasach de réir *fho-alt (4)*, déanfaidh an duine cuntasach—

(*a*) cion cánach inasbhainte ar leithligh a ríomh d'aon chuid de ghnó an duine sin, nó

(*b*) méideanna láimhdeachais ó idirbhearta teagmhasacha ag an duine sin den chineál a shonraítear i *mír 6* de *Sceideal 1*, nó méideanna láimhdeachais ó idirbhearta teagmhasacha ag an duine sin in earraí dochorraithe, a eisiamh ón ríomh ar an gcion cánach is inasbhainte.

(7) Déanfar an cion cánach is inasbhainte arna ríomh ag duine cuntasach do thréimhse inchánach a choigeartú de réir rialachán más rud é, don bhliain chuntasaíochta ina gcríochnaíonn an tréimhse inchánach—

(*a*) nach léiríonn an cion sin i gceart an méid a úsáidtear na hionchuir dhé-úsáide chun críocha soláthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte an duine, nó

(*b*) nach dtugtar aird chuí leis an gcion sin ar raon soláthairtí agus gníomhaíochtaí an duine san iomlán.

Laghdú ar an gcáin is inasbhainte i ndáil le feithiclí cáilitheacha.

[ACBL alt 12(4A)]

**62**.—(1) (*a*) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo i gcás go n-asbhaineann duine cuntasach cáin i ndáil le feithicil cháilitheach (de réir bhrí *alt 59(1)*) a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú de réir *alt 59(2)(d)*, agus go ndiúscraíonn sé nó sí an fheithicil cháilitheach sin laistigh de 2 bhliain ón gceannach, ón bhfáil nó ón allmhairiú sin.

(*b*) Beidh d'oibleagáid ar an duine cuntasach an méid cánach is inasbhainte ag an duine sin don tréimhse inchánach ina ndiúscraítear an fheithicil cháilitheach a laghdú de mhéid arna ríomh de réir na foirmle seo a leanas—

$$\frac{TD \times (4 — N)}{4}$$

i gcás—

gurb é TD an méid cánach a asbhaineann an duine sin ar an bhfeithicil sin a cheannach, a fháil nó a allmhairiú, agus

gur uimhir é N atá cothrom leis an líon laethanta ó dháta ceannaithe, fála nó allmhairithe na feithicle sin ag an duine sin go dtí dáta a diúscartha ag an duine sin,

arna roinnt ar 182 agus arna cothromú anuas go dtí an tslánuimhir is gaire di,

ach más mó an N sin ná 4, beidh N ina 4.

(2) (*a*) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo i gcás go n-asbhaineann duine cuntasach cáin i ndáil le feithicil cháilitheach (de réir bhrí *alt 59(1)*) a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú de réir *alt 59(2)(d)*, agus gur lú ná 60 faoin gcéad dá húsáid an úsáid ghnó a bhaintear as an bhfeithicil sin ina dhiaidh sin i dtréimhse inchánach.

(*b*) Tá d'oibleagáid ar an duine cuntasach an méid cánach is inasbhainte ag an duine sin don tréimhse inchánach sin a laghdú de mhéid a ríomhfar de réir na foirmle—

$$\frac{TD \times (4 — N)}{4}$$

i gcás—

gurb é TD an méid cánach is inasbhainte ag an duine sin ar an bhfeithicil cháilitheach sin a cheannach, a fháil nó a allmhairiú, agus

gur uimhir é N atá cothrom leis an líon laethanta ó dháta ceannaithe, fála nó allmhairithe na feithicle sin ag an duine sin go dtí an chéad lá den tréimhse inchánach inar lú ná 60 faoin gcéad d'úsáid na feithicle sin an úsáid ghnó a bhaintear aisti, arna roinnt ar 182 agus arna cothromú anuas go dtí an tslánuimhir is gaire di,

ach más mó an N sin ná 4, beidh N ina 4.

## Caibidil 2

### *Scéim earraí caipitiúla*

**63**.—(1) Sa Chaibidil seo— Léiriú agus feidhm.

[ACBL alt 12E(1), (2) agus (3)(*b*)]

ciallaíonn "tréimhse choigeartúcháin", i ndáil le hearra caipitiúil, an tréimhse a chuimsíonn an líon eatramh dá bhforáiltear in *alt 64(1)(a)* agus a gceanglaítear coigeartuithe a dhéanamh ar asbhaintí i leith earra chaipitiúil lena linn;

ciallaíonn "méid bunchánach", i ndáil le hearra caipitiúil, an méid a ríomhtar tríd an gcáin iomlán arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin a roinnt ar an líon eatramh sa tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra caipitiúil sin;

maidir le "úinéir earraí caipitiúla"—

(*a*) mura bhfuil feidhm ag *mír (b)*, ciallaíonn sé duine inchánach a thabhaíonn caiteachas ar earra caipitiúil a fháil nó a fhorbairt,

(*b*) i gcás duine inchánach is feirmeoir cothromráta, ciallaíonn sé duine inchánach a thabhaíonn caiteachas chun earra caipitiúil a fhorbairt nó a fháil seachas foirgneamh nó déanmhas a dheartar agus a úsáidtear d'aon toisc chun

críocha gnó feirmeoireachta nó chun talamh a fhálú, a shiltean nó a mhíntíriú agus ar baineadh úsáid as iarbhír sa ghnó sin;

tá le “soláthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte” an bhrí a shanntar dó le *halt 61*;

maidir le “eatramh tosaigh”—

(*a*) i ndáil le hearra caipitiúil, mura bhfuil feidhm ag *mír (b)*, ciallaíonn sé tréimhse 12 mhí dar tosach an dáta a chríochnaítear an t-earra caipitiúil sin,

(*b*) i ndáil le hearra caipitiúil a sholáthraítear tar éis é a chríochnú, ciallaíonn sé, d’fhaighteoir an tsoláthair sin, tréimhse 12 mhí dar tosach dáta an tsoláthair sin;

ciallaíonn “cion an eatraimh tosaigh den úsáid inasbhainte”, i ndáil le hearra caipitiúil, an cion a léiríonn i gceart an méid a úsáidtear earra caipitiúil le linn an eatraimh tosaigh chun críocha soláthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte úinéara earraí caipitiúla;

ciallaíonn “eatramh”, i ndáil le hearra caipitiúil, an t-eatramh tosaigh, an dara heatramh nó eatramh dá éis sin i dtréimhse choigeartúcháin, cibé acu is cuí;

ciallaíonn “méid inasbhainte eatraimh”, i ndáil le hearra caipitiúil i leith an dara heatramh agus gach eatraimh dá éis sin, an méid a ríomhtar tríd an méid bunchánach i ndáil leis an earra caipitiúil sin a iolrú ar an gcion den úsáid inasbhainte don earra caipitiúil sin is infheidhme maidir leis an eatramh iomchuí;

ciallaíonn “méid neamh-inasbhainte”, i ndáil le hearra caipitiúil, an méid arb é an difríocht é idir an cháin iomlán arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin agus an méid iomlán athbhreithnithe inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil sin;

ciallaíonn “an cion den úsáid inasbhainte”, i ndáil le hearra caipitiúil d’eatramh seachas an t-eatramh tosaigh, an cion a léiríonn i gceart an méid a úsáidtear earra caipitiúil le linn an eatraimh sin chun críocha soláthairtí nó gníomhaíochtaí inasbhainte úinéara earraí caipitiúla;

ciallaíonn “méid asbhainte tagartha”, i ndáil le hearra caipitiúil, an méid a ríomhtar tríd an méid iomlán athbhreithnithe inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil sin a roinnt ar an líon eatramh sa tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra caipitiúil sin;

ciallaíonn “athfheistiú” forbairt ar fhoirgneamh, ar dhéanmhas nó ar shaothar innealtóireachta a críochnaíodh roimhe sin;

ciallaíonn “an dara heatramh”, i ndáil le hearra caipitiúil, an tréimhse dar tosach an lá tar éis dheireadh an eatraimh tosaigh sa tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra caipitiúil sin agus dar críoch an lá deiridh den bhliain chuntasaíochta a dtosaíonn an dara heatramh lena linn;

ciallaíonn “eatramh dá éis sin”, i ndáil le hearra caipitiúil, gach bliain chuntasaíochta de chuid úinéara earraí caipitiúla sa tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra caipitiúil sin, agus atá tar éis an dara heatramh;

ciallaíonn "méid iomlán athbhreithnithe inasbhainte", i ndáil le hearra caipitiúil, an méid a ríomhtar tríd an gcáin iomlán arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin a iolrú ar chion an eatraimh tosaigh den úsáid inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil sin;

ciallaíonn "cáin iomlán arna tabhú", i ndáil le hearra caipitiúil—

(*a*) an méid cánach a mhuirearaítear ar úinéir earraí caipitiúla maidir leis an úinéir sin d'fháil nó d'fhorbairt earra chaipitiúil,

(*b*) i gcás aistrí más rud é, maidir le haistriú úinéireachta ar earra caipitiúil lena mbaineann *alt 20(2)(c)*—

(i) i gcás gur sholáthar a bheadh in aistriú den sórt sin murach feidhm *alt 20(2)(c)* agus go mbeadh an soláthar sin díolmhaithe de réir *alt 94(2)* nó *95(3)* nó *(7)(b)*, an cháin iomlán arna tabhú a cheanglaítear a áireamh sa chóip den taifead earra chaipitiúil a cheanglaítear ar an aistreoir a thabhairt de réir *alt 64*, agus

(ii) i gcás nach aistriú lena mbaineann *fomhír (i)* aistriú den sórt sin, an méid cánach a bheadh inmhuirearaithe ar an aistriú sin murach feidhm *alt 20(2)(c)* agus *alt 56*,

agus

(*c*) an méid cánach a bheadh inmhuirearaithe, murach feidhm *alt 56*, ar úinéir earraí caipitiúla ar an úinéir sin d'fháil nó d'fhorbairt earra chaipitiúil.

(2) Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le hearraí caipitiúla—

(*a*) a raibh cáin inmhuirearaithe ar dhuine inchánach a sheolann gnó sa Stát ar iad a sholáthar nó a fhorbairt, nó

(*b*) a mbeadh cáin inmhuirearaithe ar dhuine inchánach a sheolann gnó sa Stát ar iad a sholáthar murach feidhm *alt 20(2)(c)*.

Scéim earraí caipitiúla.

[ACBL alt 12E(3)(*a*), (*c*) agus (*d*) agus (4) go (13)]

**64**.—(1) (*a*) I ndáil le hearra caipitiúil, is éard é an líon eatramh sa tréimhse choigeartúcháin a gceanglaítear coigeartuithe ar asbhaintí a dhéanamh faoin gCaibidil seo lena linn—

(i) i gcás athfheistiú, 10 n-eatramh,

(ii) i gcás earra chaipitiúil lena mbaineann *fo-alt (5)(a)* nó *(b)*, an líon láneatramh a bheidh fágtha sa tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra caipitiúil sin móide a haon mar a cheanglaítear a ríomh de réir na foirmle atá leagtha amach i *bhfo-alt (6)(b)*, agus

(iii) i ngach cás eile, 20 eatramh.

(*b*) I gcás ina ndéanann úinéir earraí caipitiúla, ar mhodh aistrithe lena mbaineann *alt 20(2)(c)*, earra caipitiúil a sholáthar nó a aistriú le linn na tréimhse coigeartúcháin,

ansin críochnóidh an tréimhse choigeartúcháin don earra caipitiúil sin ar dháta an tsoláthair nó an aistrithe sin.

(2) (*a*) I gcás ina bhfuil difríocht idir cion an eatraimh tosaigh den úsáid inasbhainte i ndáil le hearra caipitiúil agus an cion den cháin iomlán arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin a bhí inasbhainte ag an úinéir sin de réir *Chaibidil 1*, ansin déanfaidh an t-úinéir sin, ag deireadh an eatraimh tosaigh, méid a ríomh de réir na foirmle seo a leanas—

A — B

i gcás—

gurb é A méid na cánach iomláine arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin a bhí inasbhainte ag an úinéir sin de réir *Chaibidil 1*, agus

gurb é B an méid iomlán athbhreithnithe inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil sin.

(*b*) Más rud é, de réir *mhír (a)*—

(i) gur mó A ná B, ansin beidh an méid arna ríomh de réir na foirmle atá leagtha amach i *mír (a)* iníoctha ag an úinéir sin amhail is dá mba cháin é a bhí dlite de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* don tréimhse inchánach díreach tar éis dheireadh an eatraimh tosaigh, nó

(ii) gur mó B ná A, ansin beidh an t-úinéir sin i dteideal an méid cánach is inasbhainte chun críocha *Chaibidil 1* a mhéadú den mhéid arna ríomh de réir *mhír (a)* don tréimhse inchánach díreach tar éis dheireadh an eatraimh tosaigh.

(*c*) I gcás nach n-úsáidtear earra caipitiúil le linn an eatraimh tosaigh, ansin is é cion an eatraimh tosaigh den úsáid inasbhainte an cion den cháin iomlán arna tabhú atá inasbhainte ag an úinéir earraí caipitiúla de réir *Chaibidil 1*.

(3) (*a*) Faoi réir *fho-alt (4)(e)*, más rud é, maidir le heatramh (seachas an t-eatramh tosaigh), go bhfuil difríocht idir an cion den úsáid inasbhainte don eatramh sin i ndáil le hearra caipitiúil agus cion an eatraimh tosaigh den úsáid inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil, ansin déanfaidh an t-úinéir earraí caipitiúla, ag deireadh an eatraimh sin, méid a ríomh de réir na foirmle—

C — D

i gcás—

gurb é C an méid asbhainte tagartha i ndáil leis an earra caipitiúil sin, agus

gurb é D an méid inasbhainte eatraimh i ndáil leis an earra caipitiúil sin.

(*b*) Más rud é, de réir *mhír (a)*—

(i) gur mó C ná D, ansin beidh an méid arna ríomh de réir na foirmle atá leagtha amach i *mír (a)* iníoctha ag an úinéir sin amhail is dá mba cháin é a bhí dlite de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* don tréimhse inchánach díreach tar éis dheireadh an eatraimh sin, nó

(ii) gur mó D ná C, ansin beidh an t-úinéir sin i dteideal an méid cánach is inasbhainte chun críocha *Chaibidil 1* a mhéadú den mhéid arna ríomh de réir na foirmle atá leagtha amach i *mír (a)* don tréimhse inchánach díreach tar éis dheireadh an eatraimh sin.

(*c*) Más rud é, don dara heatramh agus d'aon eatramh dá éis sin, nach n-úsáidtear earra caipitiúil le linn an eatraimh sin, is é an cion den úsáid inasbhainte i leith an earra chaipitiúil sin don eatramh sin an cion den úsáid inasbhainte don eatramh roimhe sin.

(4) (*a*) Más rud é, i leith earra chaipitiúil d'eatramh (seachas an t-eatramh tosaigh), gur mó ná 50 pointe céatadáin an difríocht idir an cion den úsáid inasbhainte arna shloinneadh mar chéatadán agus cion an eatraimh tosaigh den úsáid inasbhainte arna shloinneadh mar chéatadán, ansin déanfaidh an t-úinéir earraí caipitiúla, ag deireadh an eatraimh sin, méid a ríomh de réir na foirmle—

$$(C - D) \times N$$

i gcás—

gurb é C an méid asbhainte tagartha i ndáil leis an earra caipitiúil sin,

gurb é D an méid inasbhainte eatraimh i ndáil leis an earra caipitiúil sin, agus

gurb é N an líon láneatramh a bheidh fágtha sa tréimhse choigeartúcháin ag deireadh an eatraimh sin móide a haon.

(*b*) Más rud é, de réir *mhír (a)*—

(i) gur mó C ná D, ansin beidh an méid arna ríomh de réir na foirmle atá leagtha amach i *mír (a)* iníoctha ag an úinéir sin amhail is dá mba cháin é a bhí dlite de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* don tréimhse inchánach díreach tar éis dheireadh an eatraimh sin, nó

(ii) gur mó D ná C, ansin beidh an t-úinéir sin i dteideal an méid cánach is inasbhainte chun críocha *Chaibidil 1* a mhéadú den mhéid arna ríomh de réir na foirmle i *mír (a)* don tréimhse inchánach díreach tar éis dheireadh an eatraimh sin.

(*c*) Ní bheidh feidhm ag *mír (a)* maidir le hearra caipitiúil nó cuid de a bhí faoi réir *fho-alt (5)(a)* nó *(b)* le linn an eatraimh lena mbaineann *mír (a)*.

(*d*) I gcás ina mbeidh d'oibleagáid ar úinéir earraí caipitiúla ríomh dá dtagraítear i *mír (a)* a dhéanamh i leith earra

chaipitiúil, ansin, chun críocha na n-eatramh atá fágtha sa tréimhse choigeartúcháin, déileálfar leis an gcion den úsáid inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil sin don eatramh a gceanglaítear an ríomh a dhéanamh ina leith amhail is dá mba é a bhí ann cion an eatraimh tosaigh den úsáid inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil sin agus, go dtí go gceanglaítear ríomh breise a dhéanamh faoi *mhír (a)*, déanfar gach méid míniúcháin eile a ríomh dá réir sin.

(*e*) I gcás ina bhfuil feidhm ag forálacha eile an fho-ailt seo maidir le heatramh, ansin níl feidhm ag *fo-alt (3)* maidir leis an eatramh.

(5) (*a*) I gcás ina ndéanann úinéir earraí caipitiúla, ar tiarna talún é nó í i leith earra chaipitiúil go léir nó cuid de, a rogha tiarna talún go ngearrfar cáin de réir *alt 97(1)* a fhoirceannadh i leith aon ligin ar an earra caipitiúil sin, ansin—

(i) meastar, chun críocha na Caibidle seo, go ndearna an t-úinéir sin an t-earra caipitiúil lena mbaineann an ligean sin a sholáthar agus a fháil go comhuaineach,

(ii) measfar gur soláthar nach bhfuil cáin inmhuirearaithe air an soláthar sin agus ní dhéanfar aon rogha go ngearrfar cáin ar an soláthar sin de réir *alt 94(5)* a cheadú ar an soláthar sin, agus

(iii) déileálfar leis an earra caipitiúil a fuarthas mar earra caipitiúil chun críocha na Caibidle seo agus déileálfar leis an méid arna ríomh de réir *fho-alt (6)(b)* ar an soláthar sin mar an cháin iomlán arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin.

(*b*) Más rud é, maidir le ligean earra chaipitiúil, ar ligean é nach bhfuil faoi réir rogha tiarna talún go ngearrfar cáin de réir *alt 97(1)*, go ndéanfaidh tiarna talún dá éis sin rogha tiarna talún go ngearrfar cáin a fheidhmiú i leith ligean an earra chaipitiúil sin, ansin—

(i) meastar, chun críocha na Caibidle seo, go ndearna an tiarna talún sin an t-earra caipitiúil sin lena mbaineann an ligean sin a sholáthar agus a fháil go comhuaineach,

(ii) measfar gur soláthar ar arb inmhuirearaithe cáin an soláthar sin, agus

(iii) déileálfar leis an earra caipitiúil a fuarthas mar earra caipitiúil chun críocha na Caibidle seo, agus—

(I) déileálfar leis an méid arna ríomh de réir *fho-alt (6)(a)* mar an cháin iomlán arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin,

(II) measfar go ndearnadh an cháin iomlán arna tabhú a asbhaint de réir *Chaibidil 1* tráth an tsoláthair sin.

(6) (*a*) (i) Más rud é—

(I) go ndéanann úinéir earraí caipitiúla earra caipitiúil a sholáthar nó earra caipitiúil a aistriú, is aistriú lena mbaineann *alt 20(2)(c)* (seachas aistriú lena mbaineann *fo-alt (10)(c)*) le linn na tréimhse coigeartúcháin i ndáil leis an earra caipitiúil sin,

(II) gurb inmhuirearaithe cáin ar an soláthar sin, nó go mbeadh cáin inmhuirearaithe ar an aistriú sin murach feidhm *alt 20(2)(c)*, agus

(III) gur mó ná nialas an méid neamh-inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil sin i leith an úinéara sin nó, i gcás soláthar nó aistriú le linn an eatraimh tosaigh, nach raibh an t-úinéir sin i dteideal an cháin iomlán go léir arna tabhú de réir *Chaibidil 1* a asbhaint,

ansin tá an t-úinéir sin i dteideal an méid cánach is inasbhainte ag an úinéir sin chun críocha *Chaibidil 1* don tréimhse inchánach ina ndéantar an soláthar nó an t-aistriú a mhéadú de mhéid (dá ngairtear an "méid iomchuí" sa mhír seo) arna ríomh de réir *fhomhír (II)*.

(ii) Ríomhfar an méid iomchuí de réir na foirmle seo a leanas—

$$\frac{E \times N}{T}$$

i gcás—

gurb é E an méid neamh-inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil sin nó, i gcás soláthar roimh dheireadh an eatraimh tosaigh, méid na cánach iomláine arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin nach raibh inasbhainte ag an úinéir sin de réir *Chaibidil 1*,

gurb é N an líon láneatramh a bheidh fágtha sa tréimhse choigeartúcháin i ndáil leis an earra caipitiúil sin tráth an tsoláthair móide a haon,

gurb é T an líon iomlán eatramh sa tréimhse choigeartúcháin i ndáil leis an earra caipitiúil sin.

(*b*) (i) Más rud é—

(I) go ndéanann úinéir earraí caipitiúla earra caipitiúil a sholáthar le linn na tréimhse coigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra caipitiúil sin,

(II) nach bhfuil cáin inmhuirearaithe ar an soláthar sin, agus

(III) (A) gur mó ná nialas an méid iomlán athbhreithnithe inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil sin, nó

(B) i gcás soláthar roimh dheireadh an eatraimh tosaigh más mó ná nialas méid na cánach iomláine arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin ab inasbhainte ag an úinéir sin de réir *Chaibidil 1*,

ansin déanfaidh an t-úinéir sin méid (dá ngairtear an "méid iomchuí" sa mhír seo) a ríomh, de réir *fhomhír (ii)*, a bheidh iníoctha amhail is dá mba cháin é a bhí dlite de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* don tréimhse inchánach ina ndéantar an soláthar.

(ii) Déanfar an méid iomchuí a ríomh de réir na foirmle seo a leanas—

$$\frac{B \times N}{T}$$

i gcás—

gurb é B an méid iomlán athbhreithnithe inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil sin nó, i gcás soláthar lena mbaineann *fomhír (i)(III)(B)*, méid na cánach iomláine arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin a d'éiligh an t-úinéir sin mar asbhaint de réir *Chaibidil 1*,

gurb é N an líon láneatramh a bheidh fágtha sa tréimhse choigeartúcháin i ndáil leis an earra caipitiúil sin tráth an tsoláthair móide a haon, agus

gurb é T an líon iomlán eatramh sa tréimhse choigeartúcháin i ndáil leis an earra caipitiúil sin.

(*c*) I gcás ina ndéanann úinéir earraí caipitiúla cuid d'earra caipitiúil a sholáthar nó a aistriú le linn na tréimhse coigeartúcháin, is aistriú lena mbaineann *alt 20(2)(c)*, ansin, ar feadh a mbeidh fágtha den tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra caipitiúil sin, déanfar, maidir leis na nithe seo a leanas—

(i) an cháin iomlán arna tabhú,

(ii) an méid iomlán athbhreithnithe inasbhainte, agus

(iii) gach méid míniúcháin eile,

i ndáil lena bhfuil fágtha den earra caipitiúil sin don úinéir sin, iad a choigeartú dá réir sin ar bhonn cóir réasúnach.

(7) (*a*) Maidir le tionónta ag a bhfuil leas in earraí dochorraithe (seachas leas atá coibhéiseach le ruíleas) agus arb é nó í an t-úinéir earraí caipitiúla é nó í maidir le hathfheistiú a dhéantar ar na hearraí sin, más rud é go ndéanann sé nó sí an leas a shannadh nó a ghéilleadh le linn na tréimhse coigeartúcháin is infheidhme maidir leis an athfheistiú, ansin déanfaidh an tionónta—

(i) méid a ríomh i leith an athfheistithe de réir na foirmle atá leagtha amach i *bhfo-alt (6)(b)*, agus

(ii) an méid a íoc amhail is dá mba cháin é a bhí dlite (mar a fhoráiltear le *Caibidil 3* de *Chuid 9*) don tréimhse inchánach ina ndéantar an sannadh nó an géilleadh.

(*b*) Ní bheidh feidhm ag *mír (a)* más rud é—

(i) (I) go bhfuil an méid iomlán athbhreithnithe inasbhainte i ndáil leis an earra caipitiúil sin comhionann leis an gcáin iomlán arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin, nó

(II) i ndáil le sannadh nó géilleadh a dhéantar roimh dheireadh an eatraimh tosaigh i ndáil leis an earra caipitiúil sin, go raibh an tionónta i dteideal an cháin iomlán go léir arna tabhú a asbhaint de réir *Chaibidil 1* i ndáil leis an earra caipitiúil sin,

(ii) go ndéanann an tionónta comhaontú i scríbhinn leis an duine dá sanntar nó dá ngéilltear an leas, á chomhaontú go mbeidh an duine sin freagrach as na hoibleagáidí go léir faoin gCaibidil seo i ndáil leis an earra caipitiúil dá dtagraítear i *mír (a)* ón dáta a shanntar nó a ghéilltear an leas dá dtagraítear i *mír (a)*, amhail is—

(I) dá mba é a bhí sa cháin iomlán arna tabhú ag an tionónta sin agus sa mhéid a d’asbhain sé nó sí i ndáil leis an earra caipitiúil sin, an cháin iomlán arna tabhú ag an duine dá sanntar nó dá ngéilltear an leas agus an méid a d’asbhain sé nó sí, agus

(II) dá ndéanfaí aon choigeartuithe a cheanglaítear ar an tionónta a dhéanamh faoin gCaibidil seo,

agus

(iii) go n-eisíonn an tionónta cóip den taifead earra chaipitiúil i leith an earra chaipitiúil dá dtagraítear i *mír (a)* chuig an duine dá bhfuil an leas á shannadh nó á ghéilleadh.

(*c*) I gcás feidhm a bheith ag *mír (b)*, maidir leis an duine dá sanntar nó dá ngéilltear an leas—

(i) beidh sé nó sí freagrach as na hoibleagáidí dá dtagraítear i *mír (b)(ii)*, agus

(ii) úsáidfidh sé nó sí an fhaisnéis sa chóip den taifead earra chaipitiúil arna heisiúint ag an tionónta de réir *mhír (b)(iii)* chun aon cháin a ríomh is inmhuirearaithe nó is inasbhainte de réir na Caibidle seo i leith an earra chaipitiúil sin ag an duine sin ón dáta a shanntar nó a ghéilltear an leas dá dtagraítear i *mír (a)*.

(*d*) Más rud é gur earra caipitiúil lena mbaineann *fo-alt (11)* an t-earra caipitiúil, ní bheidh feidhm ag *míreanna (a)*, *(b)* ná *(c)*.

(8) (*a*) Tá feidhm ag *mír (c)* más rud é—

(i) go ndéanann úinéir earraí caipitiúla—

(I) earra caipitiúil a sholáthar le linn na tréimhse coigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra caipitiúil sin agus go bhfuil cáin inmhuirearaithe ar an soláthar sin, nó

(II) earra caipitiúil a aistriú (seachas aistriú lena mbaineann *fo-alt (10)(c)*) le linn na tréimhse coigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra caipitiúil sin agus go mbeadh cáin inmhuirearaithe ar an aistriú sin murach feidhm a bheith ag *alt 20(2)(c)*,

(ii) tráth an tsoláthair nó an aistrithe sin, go bhfuil an t-úinéir sin agus an duine dá soláthraítear nó chun a n-aistrítear an t-earra caipitiúil bainteach lena chéile de réir bhrí *alt 97*, agus

(iii) gur lú an méid cánach—

(I) is inmhuirearaithe ar sholáthar an earra chaipitiúil sin,

(II) ab inmhuirearaithe ar aistriú an earra chaipitiúil sin murach feidhm a bheith ag *alt 20(2)(c)*, nó

(III) ab inmhuirearaithe ar an soláthar murach feidhm a bheith ag *alt 56*,

ná an méid (dá ngairtear an “méid coigeartúcháin” san fho-alt seo) arna ríomh de réir *mhír (b)*.

(*b*) Déanfar an méid coigeartúcháin a ríomh de réir na foirmle seo a leanas—

$$\frac{H \times N}{T}$$

i gcás—

gurb é H an cháin iomlán arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil sin don úinéir earraí caipitiúla a bhfuil an soláthar sin nó an t-aistriú sin á dhéanamh aige nó aici,

gurb é N an líon láneatramh a bheidh fágtha sa tréimhse choigeartúcháin i ndáil leis an earra caipitiúil sin móide a haon, agus

gurb é T an líon iomlán eatramh sa tréimhse choigeartúcháin i ndáil leis an earra caipitiúil sin.

(*c*) Déanfaidh an t-úinéir earraí caipitiúla méid a ríomh, a bheidh iníoctha ag an úinéir sin amhail is dá mba cháin é a bheadh dlite de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* don

tréimhse inchánach ina ndéantar an soláthar nó an t-aistriú, de réir na foirmle seo a leanas—

I — J

i gcás—

gurb é I an méid coigeartúcháin, agus

gurb é J an méid cánach is inmhuirearaithe ar sholáthar an earra chaipitiúil sin, nó an méid cánach a bheadh inmhuirearaithe ar aistriú an earra chaipitiúil sin murach feidhm a bheith ag *alt 20(2)(c)*, nó an méid cánach a bheadh inmhuirearaithe ar an soláthar murach feidhm a bheith ag *alt 56*.

(9) (*a*) San fho-alt seo—

ciallaíonn "soláthar bainteach" soláthar nó aistriú earra chaipitiúil is soláthar nó aistriú a mbeadh oibleagáid ar dhíoltóir, murach feidhm a bheith ag an bhfo-alt seo, méid cánach dlite a ríomh air de réir *fho-alt (8)*;

ciallaíonn "ceannaitheoir" an duine a ndéantar an soláthar nó an t-aistriú dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)* dó nó di nó chuige nó chuici;

ciallaíonn "díoltóir" an t-úinéir earraí caipitiúla dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)* agus a dhéanann soláthar nó aistriú an earra chaipitiúil dá dtagraítear san fho-alt sin.

(*b*) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (8)* más rud é—

(i) go ndéantar soláthar bainteach agus go ndéanann an díoltóir comhaontú i scríbhinn leis an gceannaitheoir á rá go mbeidh an ceannaitheoir sin freagrach as gach oibleagáid faoin gCaibidil seo i ndáil leis an earra caipitiúil ón dáta a sholáthraítear nó a aistrítear an t-earra caipitiúil sin, amhail is—

(I) dá mba é a bhí sa cháin iomlán arna tabhú ag an gceannaitheoir sin agus sa mhéid a d'asbhain sé nó sí i ndáil leis an earra caipitiúil sin an cháin iomlán arna tabhú ag an díoltóir sin agus an méid a d'asbhain sé nó sí, agus

(II) dá ndéanfaí aon choigeartuithe a gceanglaítear faoin gCaibidil seo ar an gceannaitheoir sin iad a dhéanamh,

agus

(ii) go n-eisíonn an díoltóir chuig an gceannaitheoir cóip den taifead earra chaipitiúil i leith an earra chaipitiúil dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*.

(*c*) I gcás ina bhfuil feidhm ag *mír (b)*—

(i) beidh an ceannaitheoir freagrach as na hoibleagáidí dá dtagraítear i *mír (b)(i)*, agus

(ii) úsáidfidh an ceannaitheoir an fhaisnéis sa chóip den taifead earra chaipitiúil arna heisiúint ag an díoltóir de réir *mhír (b)(ii)* chun aon cháin is inmhuirearaithe nó is inasbhainte de réir na Caibidle seo i leith an earra chaipitiúil sin ag an gceannaitheoir sin ón dáta a dhéantar an soláthar nó an t-aistriú dá dtagraítear i *mír (b)(i)* a ríomh.

(10) (*a*) I gcás ina bhfaigheann úinéir earraí caipitiúla earra caipitiúil—

(i) ar mhodh aistrithe, ar aistriú é lena mbaineann *alt 20(2)(c)* seachas aistriú lena mbaineann *mír (c)*, agus ar aistriú é a mbeadh cáin inmhuirearaithe air murach feidhm a bheith ag *alt 20(2)(c)*, nó

(ii) a raibh cáin inmhuirearaithe, de réir *alt 56*, maidir lena sholáthar nó maidir lena fhorbairt,

ansin, chun críocha na Caibidle seo, meastar go ndearna an t-úinéir earraí caipitiúla sin asbhaint a éileamh, de réir *Chaibidil 1*, i leith na cánach a bheadh inmhuirearaithe—

(I) ar aistriú an earra chaipitiúil sin murach feidhm a bheith ag *alt 20(2)(c)*, lúide aon mhéid a dtugann an t-úinéir sin cuntas ann i leith an aistrithe sin de réir *mhír (b)*, agus

(II) ar sholáthar nó ar fhorbairt an earra chaipitiúil sin murach feidhm a bheith ag *alt 56*.

(*b*) (i) Más rud é—

(I) go ndéantar aistriú ar úinéireacht earra chaipitiúil (dá ngairtear "an t-earra caipitiúil iomchuí" sa mhír seo), ar aistriú é lena mbaineann *alt 20(2)(c)*, ach gan aistriú lena mbaineann *mír (c)* a áireamh, agus

(II) nach mbeadh an t-aistrí i dteideal an cháin go léir ab inmhuirearaithe ar an aistriú sin a asbhaint murach feidhm a bheith ag *alt 20(2)(c)*,

ansin déanfaidh an t-aistrí sin méid (dá ngairtear an "méid iomchuí" sa mhír seo) a ríomh de réir *fhomhír (ii)*.

(ii) Déanfar an méid iomchuí a ríomh de réir na foirmle seo a leanas—

$$F — G$$

i gcás—

gurb é F an méid cánach ab inmhuirearaithe murach feidhm a bheith ag *alt 20(2)(c)*, agus

gurb é G an méid den cháin sin ab inasbhainte de réir *Chaibidil 1* ag an aistrí sin dá mba rud é nach raibh feidhm ag *alt 20(2)(c)* maidir leis an aistriú sin.

(iii) Beidh an méid iomchuí iníoctha ag an aistrí sin amhail is dá mba cháin é a bhí dlite de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* don tréimhse inchánach ina ndéantar an t-aistriú.

(iv) Chun críocha na Caibidle seo, measfar gurb é an méid iomchuí an méid den cháin iomlán arna tabhú i ndáil leis an earra caipitiúil iomchuí nach raibh an t-aistrí i dteideal a asbhaint de réir *Chaibidil 1*.

(*c*) I gcás go ndéanann úinéir earraí caipitiúla earra caipitiúil lena mbaineann an mhír seo a aistriú—

(i) eiseoidh an t-aistreoir cóip den taifead earra chaipitiúil chuig an aistrí,

(ii) is é nó is í an t-aistrí an comharba ar an úinéir earraí caipitiúla a d'aistrigh an t-earra caipitiúil, agus is é nó is í atá freagrach as oibleagáidí uile an úinéara sin faoin gCaibidil seo ón dáta a aistrítear an t-earra sin amhail is—

(I) dá mba é a bhí sa cháin iomlán arna tabhú ag an aistreoir agus sa mhéid a d'asbhain sé nó sí i ndáil leis an earra an cháin iomlán arna tabhú ag an aistrí agus an méid a d'asbhain sé nó sí, agus

(II) dá ndéanfaí aon choigeartuithe a cheanglaítear ar an aistreoir a dhéanamh faoin gCaibidil seo,

agus

(iii) úsáidfidh an t-aistrí, i gcáil comharba, an fhaisnéis sa chóip den taifead earra chaipitiúil arna heisiúint ag an aistreoir de réir *fhomhír (i)* chun an cháin a ríomh is inmhuirearaithe nó is inasbhainte ag an gcomharba de réir na Caibidle seo dá mbeidh fágtha den tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir leis an earra sin ó dháta a aistrithe.

(*d*) Tá feidhm ag *mír (c)* maidir le haistriú earra chaipitiúil más rud é—

(i) gur aistriú é de chineál dá dtagraítear in *alt 20(2)(c)*, agus

(ii) murach feidhm a bheith ag *alt 20(2)*, go mbeadh an t-aistriú sin ina sholáthar—

(I) atá díolmhaithe de réir *alt 94(2)* nó *95(3)* nó *(7)(b)*, nó

(II) a bhfuil cáin inmhuirearaithe ina leith de réir *alt 95(7)(a)*.

(11) I gcás go scriostar earra caipitiúil le linn na tréimhse coigeartúcháin i ndáil leis an earra caipitiúil sin, ansin ní dhéanfaidh an t-úinéir earraí caipitiúla aon choigeartú breise faoin gCaibidil seo i leith aon eatramh a bheidh fágtha sa tréimhse choigeartúcháin i ndáil leis an earra caipitiúil sin.

(12) Déanfaidh úinéir earraí caipitiúla taifead (dá ngairtear "taifead earra chaipitiúil" sa Chaibidil seo) a chruthú agus a choimeád i leith gach earra chaipitiúil agus beidh sa taifead sin faisnéis leordhóthanach chun aon choigeartuithe a chinneadh i leith an earra chaipitiúil sin a cheanglaítear de réir na Caibidle seo.

(13) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh is gá chun críocha oibriú na Caibidle seo, go háirithe i ndáil le ré eatraimh dá éis sin i gcás ina n-athraíonn bliain chuntasaíochta úinéara earraí caipitiúla.

## CUID 9

## OIBLEAGÁIDÍ DAOINE CUNTASACHA

### CAIBIDIL 1

### *Clárú*

Clárú.

[ACBL alt 9(1) go (2A)]

**65**.—(1) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim clár a bhunú agus a chothabháil de dhaoine—

(*a*) atá, nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith, ina ndaoine cuntasacha, nó

(*b*) is daoine a dhiúscraíonn earraí a meastar, de bhun *alt 22(3)*, gur earraí iad a sholáthair duine cuntasach i gcúrsa nó ag bisiú a ghnó nó a gnó.

(2) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim uimhir chláraithe a shannadh do gach duine a chlárófar de réir *fho-alt (1)*.

(3) Déanfaidh gach duine cuntasach, laistigh den tréimhse 30 lá dar tosach an lá a thagann an duine chun bheith ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach den chéad uair, na sonraí a shonraítear i rialacháin mar shonraí is gá chun an duine a chlárú le haghaidh cánach a thabhairt i scríbhinn do na Coimisinéirí Ioncaim.

(4) Gach duine a dhiúscraíonn earraí a meastar, de bhun *alt 22(3)*, gur earraí iad a sholáthair duine cuntasach i gcúrsa nó ag bisiú a ghnó nó a gnó, déanfaidh sé nó sí, laistigh de 14 lá ón diúscairt, na sonraí a shonraítear i rialacháin mar shonraí is gá chun an duine a chlárú le haghaidh cánach a thabhairt i scríbhinn do na Coimisinéirí Ioncaim.

### CAIBIDIL 2

### *Sonraisc a chur*

Sonraisc agus doiciméid eile a eisiúint.

[ACBL alt 17(1), (1A) agus (1C) go (1E)]

**66**.—(1) Maidir le duine cuntasach—

(*a*) a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí—

(i) do dhuine cuntasach eile,

(ii) do chomhlacht poiblí,

(iii) do dhuine a sheolann gníomhaíocht dhíolmhaithe,

(iv) do dhuine (seachas pearsa aonair) i mBallstát eile de chuid an Chomhphobail in imthosca ina bhfuil cáin inmhuirearaithe de réir aon cheann de na rátaí a shonraítear in *alt 46(1)*, nó

(v) do dhuine i mBallstát eile a dhlíonn cáin bhreisluacha a íoc de bhun na Treorach CBL ar an soláthar sin,

nó

(*b*) a sholáthraíonn earraí do dhuine i mBallstát eile de chuid an Chomhphobail sna himthosca dá dtagraítear in *alt 30(1)(a)(ii)*,

déanfaidh sé nó sí sonrasc, i cibé foirm agus ina mbeidh cibé sonraí a shonrófar le rialacháin, a eisiúint i leith gach soláthar den sórt sin chuig an duine a soláthraítear earraí nó seirbhísí dó nó di amhlaidh.

(2) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, aon sonrasc nó doiciméad eile a cheanglaítear ar dhuine a eisiúint faoin gCaibidil seo, measfar gur eisigh an duine amhlaidh é má dhéantar na sonraí a cheanglaítear le rialacháin a bheith ar áireamh sa sonrasc sin nó sa doiciméad eile sin a thaifeadadh, a choinneáil agus a tharchur go leictreonach trí chóras (nó trí chórais) a lena gcinntítear sláine na sonraí sin agus fíre a dtionscnaimh, gan aon sonrasc nó doiciméad eile a bhfuil na sonraí sin ar áireamh ann a eisiúint.

(*b*) Aon sonrasc nó doiciméad eile a cheanglaítear a eisiúint faoin gCaibidil seo, ní mheasfar le *mír (a)* gur eisíodh amhlaidh é mura rud é, maidir leis an duine a gceanglaítear air nó uirthi an sonrasc nó an doiciméad eile sin a eisiúint—

(i) go ndéanann sé nó sí cibé coinníollacha a shonraítear le rialacháin a chomhlíonadh, agus

(ii) go bhfuil an córas (nó na córais) a úsáideann an duine sin i gcomhréir le cibé sonraíochtaí a cheanglaítear le rialacháin.

(*c*) Ní mheasfar go ndearnadh sonrasc nó doiciméad eile a cheanglaítear a eisiúint faoin gCaibidil seo a eisiúint chuig duine a fhaigheann tarchur dá dtagraítear i *mír (a)* mura rud é—

(i) maidir leis na sonraí a cheanglaítear le rialacháin a bheith ar áireamh sa sonrasc nó sa doiciméad eile sin, go bhfaightear iad go leictreonach i gcóras lena gcinntítear sláine na sonraí sin agus fíre a dtionscnaimh,

(ii) go bhfuil an córas sin i gcomhréir le cibé sonraíochtaí a cheanglaítear le rialacháin, agus

(iii) go ndéanann an duine sin cibé coinníollacha a shonraítear le rialacháin a chomhlíonadh.

(3) I gcás go ndéanann duine inchánach a sheolann gnó sa Stát lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa (de réir bhrí *alt*

*16(2)*) a sholáthar d'fhaighteoir (de réir bhrí *alt 16(2)*), eiseoidh an duine doiciméad chuig an bhfaighteoir ina léireofar—

(*a*) go bhfuil an faighteoir faoi dhliteanas cuntas a thabhairt sa cháin is inmhuirearaithe ar an soláthar sin, agus

(*b*) cibé sonraí eile a cheanglófaí a bheith ar áireamh sa doiciméad sin dá mba shonrasc a cheanglófaí a eisiúint de réir *fho-alt (1)* an doiciméad sin ach gan an méid cánach is iníoctha a áireamh.

(4) (*a*) I gcás ina ndéanann fochonraitheoir is duine cuntasach seirbhís lena mbaineann *alt 16(3)* a sholáthar, ansin eiseoidh an fochonraitheoir doiciméad chuig an bpríomhaí ina léireofar—

(i) go bhfuil an príomhaí faoi dhliteanas cuntas a thabhairt sa cháin is inmhuirearaithe ar an soláthar sin, agus

(ii) cibé sonraí eile a cheanglófaí a bheith ar áireamh sa doiciméad sin dá mba shonrasc a cheanglófaí a eisiúint de réir *fho-alt (1)* an doiciméad sin ach gan an méid cánach is iníoctha a áireamh.

(*b*) I gcás ina gcomhaontaíonn an príomhaí agus an fochonraitheoir amhlaidh, féadfaidh feidhm a bheith ag *alt 71(1)* maidir leis an doiciméad sin amhail is dá mba shonrasc é.

(5) (*a*) San fho-alt seo—

tá le "gníomhaire taistil" agus "seirbhísí imeallscéime" na bríonna a shanntar dóibh faoi seach le *halt 88(1)*;

tá le "cóiríocht cháilitheach" agus "comhdháil cháilitheach" na bríonna a shanntar dóibh faoi seach le *halt 60(1)*.

(*b*) I gcás go soláthraíonn gníomhaire taistil seirbhísí imeallscéime lena n-áirítear cóiríocht cháilitheach i dtaca le freastal ag taistealaí ar chomhdháil cháilitheach, déanfaidh an gníomhaire taistil doiciméad a eisiúint chuig an taistealaí ina mbeidh sonraí faoin méid cánach is inmhuirearaithe ag an soláthraí cóiríochta i leith sholáthar na cóiríochta cáilithí don taistealaí sin.

Leasuithe ar shonraisc.

[ACBL alt 17(3) go (3B), (9) agus (11)]

**67**.—(1) Más rud é, tar éis do dhuine sonrasc a eisiúint chuig duine eile de réir *alt 66(1)*, go méadaítear nó go laghdaítear an chomaoin mar a luaitear í sa sonrasc sin, nó go lamháiltear lascaine, beidh éifeacht le cibé foráil díobh seo a leanas is cuí:

(*a*) má mhéadaítear an chomaoin, eiseoidh an duine sonrasc eile chuig an duine eile sin i cibé foirm agus ina mbeidh cibé sonraí a shonrófar le rialacháin i leith an mhéadaithe;

(*b*) má laghdaítear an chomaoin nó má lamháiltear lascaine—

(i) eiseoidh an duine doiciméad (da ngairtear "nóta sochair" san Acht seo) chuig an duine eile sin ina mbeidh sonraí maidir leis an laghdú nó leis an lascaine i cibé foirm agus ina mbeidh cibé sonraí eile a shonrófar le rialacháin, agus

(ii) más duine cuntasach an duine eile sin, déanfar an méid a fhéadfaidh an duine cuntasach a asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* a laghdú, de réir rialachán, den mhéid cánach a thaispeántar ar an nóta sochair.

(2) Maidir le duine atá i dteideal nóta sochair faoi *fho-alt (1)(b)* a fháil ó dhuine eile, má dhéanann sé nó sí, roimh an dáta ar a n-eisíonn an duine eile sin nóta sochair, doiciméad (dá ngairtear "nóta dochair" san fho-alt seo) a eisiúint chuig an duine eile sin i cibé foirm agus ina mbeidh cibé sonraí a shonrófar le rialacháin, ansin, chun críocha an Achta seo—

(*a*) measfar, maidir leis an duine a d'eisigh an nóta dochair, má ghlacann an duine é ar chuige nó chuici a eisíodh é, go bhfuair sé nó sí, ón duine a ghlac an nóta, nóta sochair ina raibh na sonraí a bhí leagtha amach sa nóta dochair sin, agus

(*b*) measfar go ndearna an duine ar eisíodh an nóta dochair chuige nó chuici, má ghlacann sé nó sí leis, nóta sochair ina raibh na sonraí a bhí leagtha amach sa nóta dochair sin a eisiúint chuig an duine óna bhfuarthas an nóta dochair.

(3) D'ainneoin *fho-alt (5)* agus *alt 69(1)*, i gcás go n-eisíonn duine sonrasc de réir *alt 66(1)* ina léirítear ráta cánach agus go suitear, tar éis an sonrasc sin a eisiúint, go raibh feidhm ag ráta cánach is ísle, ansin—

(*a*) measfar gur laghdaíodh méid na comaoine a luaitear ar an sonrasc sin go nialas,

(*b*) beidh éifeacht le *fo-alt (1)(b)*, agus

(*c*) tar éis nóta sochair a eisiúint de réir *fho-alt (1)(b)*, eiseoidh an duine sonrasc eile de réir an Achta seo agus rialachán.

(4) Más rud é, tar éis do dhuine sonrasc a eisiúint chuig duine eile de réir *alt 66(1)* i leith méid a fuarthas ar mhodh éarlaise agus i gcás feidhm a bheith ag *alt 74(4)*, ansin—

(*a*) measfar méid na comaoine a luaitear ar an sonrasc sin a bheith laghdaithe go nialas,

(*b*) eiseoidh an duine chuig an duine eile sin doiciméad a ndéileálfar leis amhail is dá mba nóta sochair é ina mbeidh sonraí faoin laghdú i cibé foirm, agus ina mbeidh cibé sonraí eile, a cheanglófaí a bheith ar áireamh sa doiciméad sin dá mba nóta sochair an doiciméad sin, agus

(*c*) más duine cuntasach an duine eile sin, laghdófar an méid a fhéadfaidh an duine eile sin a asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* den mhéid cánach a thaispeánfar ar an doiciméad amhail is dá mba nóta sochair an doiciméad sin.

(5) D'ainneoin *fho-alt (1)*, ach faoi réir *fho-alt (6)*, más rud é, tar éis sonrasc a eisiúint chuig duine cláraithe de réir *alt 66(1)*, go laghdaítear an chomaoin a luaitear sa sonrasc sin nó go lamháiltear lascaine in imthosca a thugann, trí chomhaontú idir na daoine lena mbaineann, go bhfuil an méid cánach a luaitear sa sonrasc gan athrú, ansin—

(*a*) ní bheidh feidhm ag *mír (b) d'fho-alt (1)* i ndáil leis an duine a d'eisigh an sonrasc,

(*b*) ní chuirfear i gcuntas an laghdú nó an lascaine lena mbaineann le linn dliteanas cánach an duine a dhéanann an laghdú nó a lamhálann an lascaine a ríomh,

(*c*) ní bheidh feidhm ag *alt 69(1)*, agus

(*d*) ní laghdófar an méid a fhéadfaidh an duine, ar ina fhabhar nó ina fabhar a dhéantar laghdú nó a lamháiltear lascaine, a asbhaint i leith an idirbhirt iomchuí faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8*.

(6) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (5)* in aon chás—

(*a*) ina bhfuil feidhm ag *fo-alt (4)*, nó

(*b*) ina raibh an duine a d'eisigh an sonrasc dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*, tráth a eisiúna, ina dhuine nó ina duine a bhí údaraithe, de réir *alt 80(1)*, chun dliteanas cánach an duine sin a chinneadh i leith soláthairtí den chineál atá i gceist faoi threoir an mhéid airgid a fuarthas.

Sonraisc de chuid feirmeoirí cothromráta agus doiciméid eile.

[ACBL alt 17(2), (4), (10), (11A) agus (13)]

**68**.—(1) Aon fheirmeoir cothromráta a gceanglaítear air nó uirthi, de réir *alt 86(1)*, sonrasc a eisiúint maidir le toradh talmhaíochta nó seirbhís talmhaíochta a sholáthar déanfaidh sé nó sí, i leith gach soláthar den sórt sin, sonrasc a eisiúint san fhoirm, agus ina mbeidh cibé sonraí (i dteannta na sonraí a shonraítear in *alt 86(1)*), a shonrófar le rialacháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(*a*) go n-iarrfaidh ceannaitheoir go n-eiseofaí an sonrasc;

(*b*) go gcuirfidh an ceannaitheoir an fhoirm ar fáil chun críche an tsonraisc agus go dtaifeadfaidh sé nó sí na sonraí cuí inti;

(*c*) go dtabharfaidh an ceannaitheoir cóip den sonrasc don fheirmeoir cothromráta,

ach féadfaidh sé nó sí an sonrasc a eisiúint má tá na coinníollacha sin nó aon cheann díobh gan chomhlíonadh.

(2) Más rud é, tar éis d'fheirmeoir cothromráta sonrasc a eisiúint de réir *fho-alt (1)*, go méadaítear nó go laghdaítear an chomaoin mar a luaitear í sa sonrasc, nó go lamháiltear lascaine, beidh éifeacht le cibé ceann de na forálacha seo a leanas is cuí:

(*a*) i gcás an chomaoin a mhéadú—

(i) eiseoidh an feirmeoir cothromráta sonrasc eile (má tá na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* comhlíonta i ndáil leis)—

(I) ina mbeidh sonraí faoin méadú agus faoin mbreisiú cothromráta is cuí maidir leis, agus

(II) i cibé foirm agus ina mbeidh cibé sonraí eile a shonrófar le rialacháin,

agus

(ii) measfar, chun críocha *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, an sonrasc eile sin dá dtagraítear i *bhfo-mhír (i)* a bheith arna eisiúint de réir *alt 86(1)*,

ach ní fhéadfaidh an feirmeoir sin an sonrasc a eisiúint má tá aon cheann de na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* gan chomhlíonadh;

(*b*) i gcás an chomaoin a laghdú nó lascaine a lamháil—

(i) eiseoidh an feirmeoir cothromráta doiciméad (dá ngairtear “nóta sochair feirmeora” sa Chaibidil seo)—

(I) ina mbeidh sonraí faoin laghdú nó faoin lascaine, agus

(II) i cibé foirm agus ina mbeidh cibé sonraí eile a shonrófar le rialacháin,

agus

(ii) maidir leis an méid a fhéadfaidh an duine a asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* nó a bhfuil sé nó sí i dteideal go n-aisíocfar leis nó léi é faoi *alt 57*, *102* nó *104(4)* nó *(5)*, laghdófar é, de réir rialachán, de mhéid atá comhionann le méid an bhreisithe cothromráta is cuí maidir le méid an laghdaithe nó na lascaine.

(3) Maidir le duine atá i dteideal nóta sochair feirmeora a fháil faoi *fho-alt (2)(b)* ó dhuine eile, i gcás go ndéanann sé nó sí, roimh an dáta ar a n-eisíonn an duine eile sin nóta sochair feirmeora, doiciméad (dá ngairtear “nóta dochair feirmeora” sa Chaibidil seo) a eisiúint chuig an duine eile sin i cibé foirm agus ina mbeidh cibé sonraí a shonrófar le rialacháin, ansin, chun críocha an Achta seo—

(*a*) measfar, maidir leis an duine a d’eisigh an nóta dochair feirmeora, má ghlacann an duine é ar chuige nó chuici a eisíodh é, go bhfuair sé nó sí, ón duine a ghlac an nóta dochair feirmeora, nóta sochair feirmeora (ina raibh na sonraí a bhí leagtha amach sa nóta dochair feirmeora), agus

(*b*) measfar go ndearna an duine ar eisíodh an nóta dochair feirmeora chuige nó chuici, má ghlacann sé nó sí é, nóta sochair feirmeora (ina raibh na sonraí a bhí leagtha amach sa nóta dochair feirmeora) a eisiúint chuig an duine óna bhfuarthas an nóta dochair feirmeora.

(4) Más rud é—

(*a*) go soláthraíonn feirmeoir cothromráta toradh talmhaíochta nó seirbhísí talmhaíochta do dhuine cláraithe, agus

(*b*) go ndéanann an duine dá soláthraítear an toradh talmhaíochta nó na seirbhísí doiciméad (dá ngairtear “dearbhán socraíochta” san Acht seo), i cibé foirm agus ina mbeidh cibé sonraí a shonrófar le rialacháin, a eisiúint chuig an duine eile roimh an dáta a eisíonn an duine eile sin sonrasc,

ansin, chun críocha an Achta seo—

(i) measfar, maidir leis an duine a d’eisigh an dearbhán socraíochta, má ghlacann an duine é ar chuige nó chuici a eisíodh é, go bhfuair sé nó sí sonrasc (ina raibh na sonraí a bhí leagtha amach sa dearbhán) ón duine a ghlac an dearbhán, agus

(ii) measfar go ndearna an duine ar eisíodh an dearbhán socraíochta chuige nó chuici, má ghlacann sé nó sí é, sonrasc (ina raibh na sonraí a bhí leagtha amach sa dearbhán) a eisiúint chuig an duine óna bhfuarthas an dearbhán.

(5) Beidh feidhm ag na forálacha den Acht seo (seachas an Chaibidil seo) a bhaineann le nótaí sochair agus nótaí dochair arna n-eisiúint faoi *alt 67(1)* nó *(2)*, faoi seach, i ndáil le nótaí sochair feirmeora agus nótaí dochair feirmeora mar atá feidhm acu i ndáil leis na nótaí sochair sin agus na nótaí dochair sin.

Sonraisc nó nótaí sochair — earráidí, etc.

[ACBL alt 17(5) go (6A)]

**69**.—(1) I gcás ina n-eisíonn duine cuntasach—

(*a*) sonrasc ina luaitear méid cánach is mó ná an méid is inchurtha go cuí i leith na comaoine a luaitear ann, nó

(*b*) nóta sochair ina luaitear méid cánach is lú ná an méid is inchurtha go cuí i leith an laghdaithe ar an gcomaoin nó i leith na lascaine a luaitear ann,

beidh an duine cuntasach faoi dhliteanas an méid cánach breise a luaitear sa sonrasc nó an t-easnamh cánach a luaitear sa nóta sochair a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

(2) Chun críocha an Achta seo, maidir le duine nach duine cláraithe agus a eisíonn sonrasc ina luaitear méid cánach, measfar, i ndáil leis an méid cánach a luaitear, gur duine cuntasach é nó í agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an méid sin a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

(3) I gcás go n-eisíonn duine (seachas feirmeoir cothromráta) sonrasc ina luaitear méid breisithe cothromráta, beidh sé nó sí faoi dhliteanas an méid a luaitear mar bhreisiú cothromráta a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim mar cháin agus chun críocha an Achta seo measfar, i ndáil leis an méid sin, gur duine cuntasach é nó í.

(4) I gcás go n-eisíonn feirmeoir cothromráta sonrasc ina luaitear méid breisithe cothromráta ar shlí seachas i leith soláthar iarbhír ar thoradh talmhaíochta nó ar sheirbhís talmhaíochta nó i leith soláthar den sórt sin ach ina luaitear méid breisithe cothromráta is mó ná an méid is cuí maidir leis an soláthar, beidh an feirmeoir faoi dhliteanas

an méid nó an méid breise, de réir mar a bheidh, den bhreisiú cothromráta a luaitear a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim mar cháin agus chun críocha an Achta seo measfar, i ndáil leis an méid sin nó leis an méid breise sin, gur duine cuntasach é nó í.

(5) Más rud é go mainníonn feirmeoir cothromráta, i gcás ina gceanglaítear air nó uirthi nóta sochair feirmeora a eisiúint faoi *alt 68(2)(b)*, an nóta sochair a eisiúint laistigh den tréimhse ama a cheadaítear le rialacháin nó má eisíonn sé nó sí nóta sochair ina luaitear méid breisithe cothromráta is lú ná an méid is cuí maidir leis an laghdú ar an gcomaoin nó maidir leis an lascaine, beidh an feirmeoir faoi dhliteanas an méid breisithe cothromráta ba chóir a bheith luaite ar an nóta sochair nó méid an easnaimh ar an mbreisiú cothromráta, de réir mar a bheidh, a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim mar cháin agus chun críocha an Achta seo measfar, i ndáil leis an méid sin nó leis an easnamh sin, gur duine cuntasach é nó í.

Teorainneacha ama maidir le sonraisc, etc. a eisiúint.

[ACBL alt 17(7) agus (8)]

**70**.—(1) (*a*) Maidir le sonrasc, nóta sochair nó doiciméad a cheanglaítear a eisiúint de réir na Caibidle seo, eiseofar é laistigh de cibé tréimhse ama, a shonrófar le rialacháin, tar éis an dáta a sholáthraítear earraí nó seirbhísí.

(*b*) Déanfar leasú ar shonrasc de bhun *alt 68(2)(b)* laistigh de cibé tréimhse a shonrófar le rialacháin.

(2) D'ainneoin *fho-alt (1)*, i gcás ina ndéantar íocaíocht le duine i leith soláthar earraí nó seirbhísí (seachas soláthairtí den chineál a shonraítear i *mír 1(1)* nó *(2)* de *Sceideal 2*), go hiomlán nó ina tráthchodanna, sula gcríochnaítear an soláthar, eiseoidh an duine sonrasc de réir *alt 66(1)* nó *68(1)*, de réir mar is cuí, laistigh de cibé tréimhse ama, a shonrófar le rialacháin, tar éis an dáta a fhaightear an láníocaíocht nó an tráthchuid iarbhír.

Féinbhilleáil agus eisfhoinsiú.

[ACBL alt 17(14)]

**71**.—(1) Maidir le sonrasc a cheanglaítear a eisiúint faoin gCaibidil seo i leith soláthar ag duine (dá ngairtear an "soláthraí" san alt seo), meastar é a bheith eisithe ag an soláthraí sin amhlaidh má dhéanann an duine dá ndéantar an soláthar sin (dá ngairtear an "custaiméir" san alt seo) an sonrasc sin a tharraingt suas agus a eisiúint, más rud é—

(*a*) go bhfuil comhaontú ann roimh ré idir an soláthraí agus an custaiméir go bhféadfaidh an custaiméir an sonrasc a tharraingt suas agus a eisiúint,

(*b*) gur duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha an custaiméir,

(*c*) go gcomhlíonann an custaiméir aon choinníollacha a fhorchuirtear leis an Acht seo nó le rialacháin ar an soláthraí i ndáil le foirm, ábhar nó eisiúint an tsonraisc, agus

(*d*) go bhfuil nósanna imeachta comhaontaithe i bhfeidhm maidir leis an soláthraí do ghlacadh le bailíocht an tsonraisc.

(2) Maidir le sonrasc, a mheasfar a bheith eisithe ag an soláthraí de réir *fho-alt (1)*, measfar é a bheith eisithe amhlaidh nuair a ghlacann an soláthraí sin leis an sonrasc sin de réir na nósanna imeachta comhaontaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(d)*.

(3) Maidir le sonrasc a cheanglaítear ar sholáthraí a eisiúint faoin gCaibidil seo, measfar é a bheith eisithe ag an soláthraí sin amhlaidh más rud é—

(*a*) go ndéanann duine atá ag gníomhú in ainm an tsoláthraí agus thar a cheann nó thar a ceann an sonrasc a eisiúint, agus

(*b*) go gcomhlíontar aon choinníollacha a fhorchuirtear leis an Acht seo nó le rialacháin ar an soláthraí i ndáil le foirm, ábhar nó eisiúint an tsonraisc.

(4) Aon nóta sochair nó nóta dochair a eisítear de réir na Caibidle seo agus lena leasaítear sonrasc agus ina ndéantar tagairt go sonrach, gan débhrí, do shonrasc, déileáiltear leis amhail is dá mba shonrasc é chun críocha an ailt seo.

(5) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh i ndáil leis na coinníollacha a bhaineann le sonraisc a thagann faoi réim an ailt seo.

Sonraisc a stóráil.

[ACBL alt 17(15)]

**72.**—(1) Aon duine a eisíonn sonrasc, nó a meastar sonrasc a bheith eisithe aige nó aici, faoin gCaibidil seo, cinnteoidh sé nó sí go ndéanfar—

(*a*) cóip d'aon sonrasc a eisíonn an duine,

(*b*) cóip d'aon sonrasc a mheastar a bheith eisithe ag an duine sna himthosca a shonraítear in *alt 71*, agus

(*c*) aon sonrasc a fhaigheann an duine,

a stóráil agus, chun críocha *alt 84(1)*, maidir leis an tagairt san alt sin do thaifid iomlána fhíora a choimeád, forléireofar dá réir sin í a mhéid a bhaineann sí le sonraisc a thagann faoi réim na Caibidle seo.

(2) Aon sonrasc nach stóráiltear trí mheán leictreonach ar shlí atá i gcomhréir le ceanglais arna leagan síos ag na Coimisinéirí Ioncaim, stórálfar laistigh den Stát é ach, faoi réir chomhaontú na gCoimisinéirí Ioncaim agus aon choinníollacha a shocróidh siad, féadfar an sonrasc a stóráil lasmuigh den Stát.

Iarrataí ar shonraí i leith aisíoc cánach.

[ACBL alt 17(12)]

**73.**—(1) (*a*) Déanfaidh duine cuntasach, má dhéanann duine eile iarraidh i scríbhinn chuige nó chuici agus má deirtear san iarraidh go bhfuil an duine eile i dteideal aisíoc cánach faoi *alt 103*, na sonraí faoin méid cánach is inmhuirearaithe ag an duine cuntasach i leith an duine cuntasach do sholáthar na n-earraí nó na seirbhísí a shonraítear san iarraidh a thabhairt i scríbhinn don duine eile sin.

(*b*) Déanfaidh duine cuntasach, má dhéanann duine eile iarraidh i scríbhinn chuige nó chuici agus má deirtear san iarraidh go bhfuil an duine eile sin i dteideal aisíoc cánach faoi *alt 57*, *58*, *102* nó *104(1)*, *(4)* nó *(5)*, na sonraí a shonraítear i rialacháin chun críocha *alt 66(1)* i leith na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthair an duine cuntasach don duine eile sin agus a shonraítear san iarraidh a thabhairt i scríbhinn don duine eile sin.

(*c*) Déanfaidh duine cuntasach, má dhéanann duine eile iarraidh i scríbhinn chuige nó chuici agus má deirtear san iarraidh go bhfuil an duine eile sin i dteideal aisíoc cánach faoi *alt 104(3)*, na sonraí faoin méid cánach is inmhuirearaithe ag an duine cuntasach i leith an duine cuntasach do sholáthar an ghairis glactha raidióchraolacháin agus na gcodanna de a shonraítear san iarraidh a thabhairt i scríbhinn don duine eile sin.

(2) Déanfaidh feirmeoir cothromráta, má dhéanann duine eile iarraidh i scríbhinn chuige nó chuici agus má deirtear san iarraidh go bhfuil an duine eile i dteideal aisíoc ar an mbreisiú cothromráta faoi *alt 57*, *102* nó *104(4)* nó *(5)*, na sonraí a shonraítear i rialacháin chun críocha *alt 68(1)* i leith na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthair an feirmeoir cothromráta don duine eile sin agus a shonraítear san iarraidh a thabhairt i scríbhinn don duine eile.

(3) Aon duine a fhaigheann iarraidh faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*, déanfaidh sé nó sí dá réir laistigh de 30 lá tar éis an dáta a fhaigheann an duine an iarraidh.

## Caibidil 3

### *Tuairisceáin agus cáin a íoc*

Cáin atá dlite ar sholáthairtí.

[ACBL alt 19(1), (2) agus (2B)]

**74**.—(1) Beidh cáin is inmhuirearaithe faoi *alt 3(a)* nó *(c)* dlite—

(*a*) i gcás inar gá sonrasc a eisiúint faoi *Chaibidil 2*, tráth eisiúna an tsonraisc, nó mura n-eisítear an sonrasc i dtráth cuí, ar dhul in éag don tréimhse ar laistigh di ba chóir an sonrasc a eisiúint,

(*b*) i gcás go bhfuil duine faoi dhliteanas faoi *alt 69(1)* nó *(2)* méid cánach a íoc faoi threoir sonraisc nó nóta sochair a d'eisigh sé nó sí, tráth eisiúna an tsonraisc nó an nóta sochair sin,

(*c*) i gcás soláthairtí leanúnacha seirbhísí teileachumarsáide nó leictreachais, nó gáis lena bhfuil an bhrí a shanntar dó i *mír 17(3)* de *Sceideal 3*—

(i) a sholáthraítear do dhuine seachas duine a gceanglaítear sonrasc a eisiúint chuige nó chuici faoi *Chaibidil 2*, agus

(ii) a bhfuil ráiteas cuntais ann ina leith (is ráiteas cothromaíochta nó éileamh ar íocaíocht a eisítear, ar a laghad, uair amháin gach 3 mhí),

tráth eisiúna an ráitis cuntais i leith na soláthairtí sin, agus

(*d*) in aon chás eile, an tráth a sholáthraítear na hearraí nó na seirbhísí.

(2) D'ainneoin aon ní san Acht seo, ach faoi réir *fho-alt (3)*, beidh an cháin is inmhuirearaithe faoi *alt 3(a)* nó *(c)*, seachas cáin is inmhuirearaithe i leith soláthairtí den chineál a shonraítear i *mír 1(1)* nó *(2)* de *Sceideal (2)*, nó beidh an chuid iomchuí di, dlite tráth nach déanaí ná an t-am a bheidh an méid ar ina leith is iníoctha í faighte go hiomlán nó go páirteach, agus i gcás an méid sin a fháil go hiomlán nó go páirteach roimh sholáthar na n-earraí nó na seirbhísí

lena mbaineann sé, measfar, chun críocha an Achta seo, go ndearnadh, an tráth a fuarthas amhlaidh é, soláthar ar chomaoin is comhionann leis an méid a fuarthas den chuid sin de na hearraí nó de na seirbhísí ar comhionann a luach leis an méid a fuarthas.

(3) Níl feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an gcáin is inmhuirearaithe i leith soláthairtí earraí nó seirbhísí i gcás go bhfuil cáin dlite de réir *fho-alt (1)(a)*, *(b)* nó *(c)* de dhuine cuntasach nach bhfuil údaraithe faoi *alt 80* chun cuntas a thabhairt i leith cánach atá dlite faoi threoir mhéid an airgid a fuarthas le linn tréimhse inchánach nó coda di.

(4) Más rud é go dtugann duine cuntas de réir *alt 76* nó *77* i leith cánach dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* ar mhéid a fuarthas ar mhodh éarlaise ó chustaiméir roimh sholáthar na n-earraí nó na seirbhísí lena mbaineann sí, agus—

(*a*) nach ndéantar an soláthar sin dá éis sin mar gheall ar chealú ag an gcustaiméir,

(*b*) go ndéantar an cealú a thaifeadadh mar chealú i leabhair agus i dtaifid an duine sin,

(*c*) nach n-aisíoctar an éarlais leis an gcustaiméir, agus

(*d*) nach gcuireann aon duine aon chomaoin, sochar nó soláthar eile ar fáil don chustaiméir in ionad aisíoc an mhéid sin,

ansin, laghdófar an cháin is inmhuirearaithe faoi *alt 3(a)* nó *(c)* sa tréimhse inchánach ina dtaifeadtar an cealú den mhéid cánach ar tugadh cuntas ina leith ar an éarlais a fháil.

Cáin atá dlite ar fhálacha laistigh den Chomhphobal.

[ACBL alt 19(1A)]

**75**.—Beidh cáin is inmhuirearaithe faoi *alt 3(d)* nó *(e)* dlite—

(*a*) an 15ú lá den mhí tar éis na míosa a ndéantar an fháil laistigh den Chomhphobal lena linn,

(*b*) i gcás ina ndéanann an soláthraí sonrasc a eisiúint i mBallstát eile roimh an dáta a shonraítear i *mír (a)* chuig an duine a fhaigheann na hearraí, tráth eisiúna an tsonraisc sin.

Tuairisceáin agus seoltáin.

[ACBL alt 19(3)(*a*) agus (*b*) go (*d*)]

**76**.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh duine cuntasach, laistigh de 9 lá díreach i ndiaidh an 10ú lá den mhí díreach i ndiaidh tréimhse inchánach—

(*a*) tuairisceán fíor ceart, arna ullmhú de réir rialachán, a thabhairt don Ard-Bhailitheoir—

(i) maidir leis an méid cánach a tháinig chun bheith dlite den duine le linn na tréimhse inchánach sin (seachas cáin a d'íoc sé nó sí cheana féin i ndáil le hearraí a d'allmhairigh sé nó sí),

(ii) maidir leis an méid (más ann) a fhéadfar a asbhaint de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8* le linn an méid cánach is iníoctha ag an duine i leith na tréimhse inchánach sin a ríomh, agus

(iii) maidir le cibé sonraí eile a shonrófar i rialacháin,

agus

(*b*) an méid cánach (más ann) is iníoctha ag an duine i leith na tréimhse inchánach sin a sheoladh chuig an Ard-Bhailitheoir an tráth céanna a thugann sé nó sí an tuairisceán sin don Ard-Bhailitheoir.

(2) Maidir le duine a dhiúscraíonn earraí a meastar, de bhun *alt 22(3)*, gur earraí iad a sholáthair duine cuntasach i gcúrsa nó ag bisiú a ghnó nó a gnó—

(*a*) déanfaidh sé nó sí, laistigh de 9 lá díreach i ndiaidh an 10ú lá den mhí díreach i ndiaidh tréimhse inchánach—

(i) na nithe seo a leanas a thabhairt don Ard-Bhailitheoir—

(I) tuairisceán fíor ceart, arna ullmhú de réir rialachán, ar an méid cánach a tháinig chun bheith dlite den duine cuntasach i ndáil leis an diúscairt, agus

(II) cibé sonraí eile a shonrófar i rialacháin,

agus

(ii) an méid cánach is iníoctha i leith na tréimhse inchánach sin a sheoladh chuig an Ard-Bhailitheoir an tráth céanna a thugann sé nó sí an tuairisceán sin don Ard-Bhailitheoir,

(*b*) déanfaidh sé nó sí ráiteas ina mbeidh cibé sonraí a shonrófar i rialacháin a chur chuig an duine ar diúscraíodh a earraí nó a hearraí, agus

(*c*) déileálfaidh sé nó sí leis an méid cánach dá dtagraítear i *mír (a)* mar eisíocaíocht riachtanach as fáltais na diúscartha.

(3) Maidir le duine is úinéir ar earraí a meastar, de bhun *alt 22(3)*, gur earraí iad a sholáthair duine cuntasach i gcúrsa nó ag bisiú ghnó an duine chuntasaigh, ní chuirfidh sé nó sí san áireamh in aon tuairisceán atá nó, mura mbeadh an fo-alt seo, a bheadh, de cheangal ar an úinéir a thabhairt faoin Acht seo, an cháin is iníoctha de réir *fho-alt (2)*.

(4) (*a*) (i) Aon tuairisceán a cheanglaítear ar dhuine cuntasach a thabhairt faoin alt seo nó faoi *alt 77*, féadfaidh an duine cuntasach, nó duine eile ag gníomhú dó nó di faoi údarás an duine chuntasaigh chun na críche sin, é a thabhairt.

(ii) Aon tuairisceán a n-airbheartaítear gur tuairisceán é a thug duine ag gníomhú dó nó di faoi údarás duine chuntasaigh, measfar gur tuairisceán é a thug an duine cuntasach mura gcruthaítear a mhalairt.

(*b*) I gcás go ndéanann duine, ag gníomhú dó nó di faoi údarás duine chuntasaigh, tuairisceán de réir *mhír (a)* a thabhairt, beidh feidhm ag forálacha aon achtacháin a bhaineann le cáin bhreisluacha amhail is dá mba rud é gur thug an duine inchánach an tuairisceán sin.

Údaruithe i ndáil le dátaí comhdaithe.

[ACBL alt 19(3)(*aa*)]

**77**.—(1) (*a*) San alt seo—

ciallaíonn "tréimhse chuntasaíochta" tréimhse, arna cinneadh ag an Ard-Bhailitheoir ó am go ham in aon chás áirithe, arb é atá inti líon nach mó ná 6 cinn de thréimhsí inchánach as a chéile nó cibé tréimhse eile nach faide ná tréimhse leanúnach 12 mhí a shonróidh an t-Ard-Bhailitheoir;

ciallaíonn "duine údaraithe" duine cuntasach a bheidh údaraithe i scríbhinn ag an Ard-Bhailitheoir chun críocha an ailt seo, agus forléireofar "údaraigh" agus "údarú" dá réir sin.

(*b*) I gcás go dtosaíonn tréimhse chuntasaíochta roimh dheireadh tréimhse inchánach déileálfar, chun críocha an ailt seo, leis an tréimhse ama ó thosach na tréimhse cuntasaíochta go dtí deireadh na tréimhse inchánach ar lena linn a thosaíonn an tréimhse chuntasaíochta amhail is dá mba thréimhse inchánach an tréimhse ama sin agus forléireofar aon tagairtí san alt seo do thréimhse inchánach dá réir sin.

(*c*) I gcás go gcríochnaíonn tréimhse chuntasaíochta tar éis do thréimhse inchánach tosú déileálfar, chun críocha an ailt seo, leis an tréimhse ama ó thosach na tréimhse inchánach ar lena linn a chríochnaíonn an tréimhse chuntasaíochta go dtí deireadh na tréimhse cuntasaíochta amhail is dá mba thréimhse inchánach an tréimhse ama sin, agus forléireofar aon tagairtí san alt seo do thréimhse inchánach dá réir sin.

(2) D'ainneoin *alt 76(1)*—

(*a*) féadfaidh an tArd-Bhailitheoir, ó am go ham, duine cuntasach a údarú i scríbhinn chun críocha an ailt seo mura ndéanann an duine cuntasach agóid i scríbhinn i gcoinne an údaraithe,

(*b*) féadfaidh duine údaraithe, laistigh de 9 lá díreach i ndiaidh an 10ú lá den mhí díreach i ndiaidh tréimhse cuntasaíochta—

(i) tuairisceán fíor ceart, arna ullmhú de réir rialachán, a thabhairt don Ard-Bhailitheoir—

(I) maidir leis an méid cánach a tháinig chun bheith dlite den duine le linn na dtréimhsí inchánach ar cuid den tréimhse chuntasaíochta iad (seachas cáin a d'íoc sé nó sí cheana féin i ndáil le hearraí a d'allmhairigh sé nó sí),

(II) maidir leis an méid (más ann) a fhéadfar a asbhaint de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8* le linn an méid cánach is iníoctha ag an duine i leith na dtréimhsí inchánach sin a ríomh, agus

(III) maidir le cibé sonraí eile a shonrófar i rialacháin,

agus

(ii) aon mhéid cánach is iníoctha ag an duine i leith na dtréimhsí inchánach sin a sheoladh chuig an Ard-Bhailitheoir an tráth céanna a thugann sé nó sí an tuairisceán sin don Ard-Bhailitheoir,

(*c*) i gcás duine údaraithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*, is é an méid cánach dá dtagraítear i *mír (b)(ii)* an t-iarmhéid cánach atá fós le híoc (más ann) tar éis an méid cánach a d'íoc an duine trí dhírdhochar i leith a thréimhse cuntasaíochta nó a tréimhse cuntasaíochta a asbhaint aisti,

(*d*) i gcás ina ndéanann an duine údaraithe tuairisceán a thabhairt agus méid a sheoladh de réir an fho-ailt seo, measfar gur chomhlíon sé nó sí *alt 76(1)* i ndáil leis na tréimhsí inchánach sin.

(3) D'fhonn údarú a eisiúint chuig duine cuntasach, beidh aird ag an Ard-Bhailitheoir, más cuí leis nó léi é, ar na nithe seo a leanas:

(*a*) go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint—

(i) nach mbeidh caillteanas cánach i gceist de thoradh an údaraithe, agus

(ii) go gcomhlíonfaidh an duine cuntasach a oibleagáidí uile nó a hoibleagáidí uile faoin údarú;

agus

(*b*) maidir leis an duine cuntasach—

(i) go raibh sé nó sí ina dhuine cláraithe nó ina duine cláraithe le linn na tréimhse go léir arb é a bhí inti na 6 thréimhse inchánach díreach roimh an tréimhse ina mbeadh éifeacht leis an údarú, dá n-eiseofaí é, agus

(ii) gur chomhlíon sé nó sí *alt 76(1)*.

(4) Maidir le húdarú—

(*a*) féadfar é a eisiúint d'éagmais coinníollacha nó faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an Ard-Bhailitheoir, agus a shonróidh sé nó sí i scríbhinn don duine cuntasach lena mbaineann tráth eisithe an údaraithe, tar éis dó nó di aird ar leith a thabhairt ar na cúinsí dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*,

(*b*) gan dochar do ghinearáltacht *mhír (a)*, féadfar a cheangal leis ar dhuine údaraithe cibé méid a shonróidh an tArd-Bhailitheoir a chur chuig an Ard-Bhailitheoir laistigh de 9 lá díreach i ndiaidh an 10ú lá den mhí díreach i ndiaidh gach tréimhse inchánach (seachas an tréimhse inchánach deiridh) ar cuid de thréimhse chuntasaíochta í.

(5) (*a*) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (4)*, féadfar a cheangal le húdarú ar dhuine údaraithe sceideal de mhéideanna airgid (dá ngairtear "an sceideal" san fho-alt seo) a gheallann sé nó sí a íoc ar dhátaí a shonróidh an tArd-Bhailitheoir trí dhírdhochar míosúil óna chuntas nó

óna cuntas i bhforas airgeadais a chomhaontú leis an Ard-Bhailitheoir.

(*b*) Is é a bheidh in iomlán na méideanna a shonrófar sa sceideal an meastachán is fearr atá ag an duine údaraithe ar a dhliteanas iomlán cánach nó ar a dliteanas iomlán cánach dá thréimhse chuntasaíochta nó dá tréimhse chuntasaíochta.

(*c*) Déanfaidh an duine údaraithe athbhreithniú ar bhonn leanúnach i dtaobh an dóigh gur leor iomlán na méideanna a bheidh sonraithe sa sceideal chun a dhliteanas iarbhír nó a dliteanas iarbhír dá thréimhse chuntasaíochta nó dá tréimhse chuntasaíochta a íoc agus, i gcás nach leor é nó i gcás nach dóigh gur leor é, déanfaidh sé nó sí sceideal athbhreithnithe méideanna a chomhaontú leis an Ard-Bhailitheoir agus a mhéideanna nó a méideanna dírdhochair mhíosúil a choigeartú dá réir sin.

(6) Féadfaidh an tArd-Bhailitheoir, trí fhógra i scríbhinn, údarú a fhoirceannadh agus, i gcás ina n-iarrann duine cuntasach ar an Ard-Bhailitheoir déanamh amhlaidh, déanfaidh sé nó sí an t-údarú a fhoirceannadh.

(7) D'fhonn údarú a fhoirceannadh, beidh aird ag an Ard-Bhailitheoir, más cuí leis nó léi é, ar na nithe seo a leanas:

(*a*) go bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go raibh, nó go bhféadfadh go mbeadh, caillteanas cánach i gceist de thoradh an údaraithe; nó

(*b*) maidir leis an duine cuntasach—

(i) gur thug sé nó sí, nó gur tugadh thar a cheann nó thar a ceann, aon fhaisnéis mhícheart chun go n-eiseofaí údarú chuige nó chuici, nó

(ii) nár chomhlíon sé nó sí *alt 76(1)* nó an t-alt seo, lena n-áirítear na coinníollacha (más ann) a shonraigh an tArd-Bhailitheoir faoi *fho-alt (4)* nó *(5)* i ndáil le húdarú a eisiúint chuige nó chuici.

(8) I ndáil le haon tréimhse inchánach nár chomhlíon sé nó sí *alt 76(1)* ina leith, measfar an t-alt sin a bheith comhlíonta ag duine a mbeidh a údarú nó a húdarú foirceanta má dhéanann sé nó sí, laistigh de 14 lá tar éis tar éis fógra foirceanta a eisiúint chuige nó chuici—

(*a*) an tuairisceán a shonraítear in *alt 76(1)* a thabhairt don Ard-Bhailitheoir, agus

(*b*) an méid cánach is iníoctha aige nó aici de réir *alt 76(1)* a sheoladh chuig an Ard-Bhailitheoir an tráth céanna a thugann sé nó sí an tuairisceán sin dó nó di.

(9) (*a*) Measfar údarú a bheith foirceanta ag an Ard-Bhailitheoir ar an dáta—

(i) a scoireann duine údaraithe de thrádáil a sheoladh (ach amháin chun stoic agus sócmhainní a ghnó nó a gnó a dhiúscairt), cibé acu mar gheall ar dhócmhainneacht nó ar aon chúis eile,

(ii) a théann duine údaraithe, is comhlacht corpraithe, faoi leachtú, cibé acu go deonach nó ar shlí eile, nó

(iii) a scoireann duine údaraithe de bheith ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach, a fhaigheann sé nó sí bás nó a dhéantar féimheach de nó di.

(*b*) Maidir le duine cuntasach lena mbaineann an fo-alt seo, measfar gur chomhlíon sé nó sí *alt 76(1)* i ndáil le haon tréimhse inchánach (nó cuid de thréimhse inchánach) is cuid den tréimhse chuntasaíochta a bhí i bhfeidhm maidir leis nó léi ar an dáta lena mbaineann *mír (a)*, más rud é—

(i) go dtugann sé nó sí an tuairisceán a shonraítear i *bhfo-alt (2)(b)* don Ard-Bhailitheoir, agus

(ii) go seolann sé nó sí chuig an Ard-Bhailitheoir, an tráth céanna a thugann sé nó sí an tuairisceán sin, an méid cánach is iníoctha aige nó aici chun críocha *fho-alt (2)(b)* amhail is dá mba dhuine údaraithe é nó í ar chríochnaigh a thréimhse chuntasaíochta nó a tréimhse chuntasaíochta an lá deiridh den tréimhse inchánach a ndearnadh an foirceannadh lena linn.

(*c*) Chun críocha *mhír (b)* measfar, maidir le hionadaí pearsanta duine a bhí ina dhuine údaraithe nó ina duine údaraithe, gurb é nó í an duine cuntasach lena mbaineann é nó í.

Seoltáin agus tuairisceáin leictreonacha.

[ACBL alt 19(3A)]

**78**.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "seoltán leictreonach" seoltán a dhéantar trí cibé meán leictreonach (de réir bhrí alt 917EA den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) a cheanglaíonn na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn "tuairisceán leictreonach" tuairisceán a dhéantar trí mheán leictreonach agus de réir Chaibidil 6 de Chuid 38 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

ciallaíonn "forálacha iomchuí" *ailt 76(1)* agus *(2)* agus *77(2)(b)* agus *(4)(b)*.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, más rud é go ndéantar seoltán leictreonach nó, de réir mar a bheidh, tuairisceán leictreonach agus seoltán leictreonach i leith an mhéid is iníoctha (más ann) agus dá dtagraítear sna forálacha iomchuí, ansin beidh feidhm ag na forálacha iomchuí, agus beidh éifeacht leo, amhail is dá gcuirfí "13 lá" in ionad "9 lá" gach áit a bhfuil an dara ceann díobh sna forálacha iomchuí.

(3) I gcás go ndéantar an seoltán nó an tuairisceán dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* tar éis na tréimhse dá bhforáiltear san fho-alt sin, beidh feidhm ag an Acht seo, agus beidh éifeacht leis, gan féachaint d'fhorálacha eile an ailt seo.

Forálacha speisialta i ndáil le dátaí íoca.

[ACBL alt 19(4) go (6)]

**79**.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "clárú na feithicle" clárú na feithicle de réir alt 131 den Acht Airgeadais, 1992;

ciallaíonn “cáin cláraithe feithiclí” an cháin dá dtagraítear in alt 132 den Acht Airgeadais, 1992.

(2) D'ainneoin *ailt 76* agus *77*, más rud é go ndéanann duine cóir iompair nua (seachas soitheach nó aerárthach) a fháil laistigh den Chomhphobal nach bhfuil teideal aige nó aici laghdú a fháil ina leith faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, ansin—

(*a*) beidh an cháin iníoctha—

(i) faoi réir *fhomhíreanna (ii)* agus *(iii)*, an tráth a íoctar an cháin cláraithe feithiclí,

(ii) faoi réir *fhomhír (iii)*, mura bhfuil aon cháin cláraithe feithiclí iníoctha, tráth cláraithe na feithicle,

(iii) mura ndéantar foráil le halt 131 den Acht Airgeadais, 1992 maidir le clárú na feithicle, tráth nach déanaí ná an tráth a bhfuil an cháin dlite de réir *alt 75*,

(*b*) comhlánóidh an duine cibé foirm a sholáthróidh na Coimisinéirí Ioncaim chun críche an fho-ailt seo, agus

(*c*) faoi réir cibé eisceachtaí agus modhnuithe (más ann) a shonrófar i rialacháin, beidh feidhm ag na forálacha a bhaineann le cáin cláraithe feithiclí a ghnóthú agus a bhailiú maidir le cáin dá dtagraítear san fho-alt seo amhail is dá mba cháin cláraithe feithiclí í.

(3) D'ainneoin *ailt 76* agus *77*, i gcás go ndéanann duine cóir iompair nua a fháil laistigh den Chomhphobal ar soitheach nó aerárthach í agus nach bhfuil teideal aige nó aici laghdú a fháil ina leith faoi *Chaibidil 1 de Chuid 8*, ansin—

(*a*) beidh an cháin iníoctha ag tráth agus ar shlí a chinnfear le rialacháin, agus

(*b*) faoi réir cibé eisceachtaí agus modhnuithe (más ann) a shonrófar i rialacháin, beidh feidhm ag na forálacha a bhaineann le dleacht custam a ghnóthú agus a bhailiú maidir le cáin dá dtagraítear san fho-alt seo amhail is dá mba dhleacht custam í.

(4) D'ainneoin *ailt 76* agus *77*, i gcás ina bhfuil feidhm ag *alt 11(2)*—

(*a*) beidh an cháin iníoctha an tráth a íoctar an dleacht mháil ar na hearraí, agus

(*b*) faoi réir cibé eisceachtaí agus modhnuithe (más ann) a shonrófar i rialacháin, beidh feidhm ag na forálacha a bhaineann leis an dleacht mháil sin a ghnóthú agus a bhailiú maidir le cáin dá dtagraítear san fho-alt seo amhail is dá mba í an dleacht mháil sin í.

(5) D'ainneoin *ailt 76* agus *77*, i gcás ina bhfuil feidhm ag *alt 91*, beidh an cháin iníoctha an tráth a cheanglaítear an tuairisceán CBL a chur isteach de réir *alt 91(6)*.

Caibidil 4

*Cáin atá dlite ar airgead a fuarthas*

Cáin atá dlite ar bhonn airgid a fuarthas.

[ACBL alt 14]

**80**.—(1) Aon duine chruthaíonn do na Coimisinéirí Ioncaim—

(*a*) gur ó sholáthairtí inchánach do dhaoine nach daoine cláraithe a fhaigheann an duine, agus tréimhse amháin á glacadh le tréimhse eile, cuid nach lú ná 90 faoin gcéad de láimhdeachas an duine sin, nó

(*b*) nach ndeachaigh agus nach dóigh go rachaidh an chomaoin iomlán atá an duine sin i dteideal a fháil i leith soláthairtí inchánach an duine thar €1,000,000 in aon tréimhse leanúnach 12 mhí,

féadfar, de réir rialachán, a údarú dó nó di an méid cánach a thagann chun bheith dlite den duine le linn aon tréimhse inchánach (nó cuid di) a bhfuil éifeacht leis an údarú lena linn a chinneadh faoi threoir an mhéid den airgead a fhaigheann an duine le linn na tréimhse inchánach sin (nó an chuid sin) i leith soláthairtí inchánach.

(2) I gcás nach ndearnadh údarú lena mbaineann *fo-alt (1)* a chealú faoi *fho-alt (4)*, ansin—

(*a*) is é an ráta cánach atá dlite den duine lena mbaineann i leith soláthar an ráta cánach is inmhuirearaithe an tráth a sholáthraítear na hearraí nó na seirbhísí,

(*b*) i gcás cáin ar sholáthar a bheith dlite agus iníoctha cheana féin faoi aon fhorálacha eile den Acht seo roimh an údarú sin a eisiúint, ní bheidh cáin dlite arís i leith aon soláthar den sórt sin mar thoradh ar fheidhmiú *fho-alt (1)*, agus

(*c*) i gcás nach bhfuil cáin dlite nó iníoctha ar sholáthar a rinneadh roimh an údarú sin a eisiúint, ní bheidh cáin dlite i leith aon soláthar den sórt sin mar thoradh ar fheidhm *fho-alt (1)*.

(3) (*a*) Féadfaidh an tAire, le hordú—

(i) an méid a shonraítear i *bhfo-alt (1)(b)* a mhéadú, nó

(ii) i gcás méid a bheith arna shonrú de bhua ordú arna dhéanamh faoin mír seo, lena n-áirítear ordú a bhaineann leis an bhfomhír seo, an méid arna shonrú amhlaidh a mhéadú tuilleadh.

(*b*) Déanfar ordú faoi *mhír (a)* a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an t-ordú a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(4) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim—

(*a*) de réir rialachán, údarú faoi *fho-alt (1)* a chealú, agus

(*b*) le rialacháin, aon cháin atá dlite i leith soláthairtí earraí nó seirbhísí de thuairiscí sonraithe agus aon airgead a

fuarthas i leith soláthairtí den sórt sin a eisiamh ó fheidhm *fho-alt (1)*.

(5) I gcás gur eisíodh údarú chuig aon duine de réir *fho-alt (1)* agus go mainníonn an duine sin nóta sochair a eisiúint de réir *alt 67(1)(b)* i leith aon soláthair i gcás go laghdaítear an chomaoin mar a luaitear sa sonrasc arna eisiúint ag an duine sin don soláthar sin nó go lamháiltear lascaine, ansin, an tráth ba cheart nóta sochair a eisiúint de réir *alt 70(1)*—

(*a*) déileálfar le cibé cáin is inchurtha i leith an laghdaithe nó na lascaine amhail is go ndearnadh í a eisiamh ó fheidhm *fho-alt (1)*, agus

(*b*) beidh an duine faoi dhliteanas an cháin sin a íoc amhail is dá mba cháin í a bhí dlite de réir *Chaibidil 3* an tráth sin.

(6) Níl feidhm ag an alt seo maidir le cáin dá bhforáiltear le *halt 3(b)*, *(d)* nó *(e)*.

## Caibidil 5

### *Léiriú amhrais*

Litir léirithe amhrais.

[ACBL alt 19B]

**81**.—(1) Chun críocha an ailt seo—

folaíonn "duine cuntasach" duine nach duine cláraithe agus a bhfuil amhras air nó uirthi i dtaobh an duine cuntasach é nó í i leith idirbhirt agus, sa chás sin, forléireofar tagairtí do thuairisceán agus do thaifid mar thagairtí do thuairisceán a bheadh dlite faoi *Chaibidil 3* agus do thaifid a choimeádfaí chun críocha *Chaibidil 7* nó *alt 124(7)* dá mba dhuine cuntasach an duine sin iarbhír;

tá le "an dlí" an bhrí a shanntar dó le *fo-alt (2)*;

ciallaíonn "litir léirithe amhrais" cumarsáid a fhaightear i bhfoirm inléite agus—

(*a*) ina leagtar amach mionsonraí iomlána i dtaobh imthosca an idirbhirt agus ina ndéantar tagairt do na forálacha den dlí is cúis leis an amhras,

(*b*) ina n-aithnítear an méid cánach a bhfuil amhras ann ina thaobh maidir leis an tréimhse inchánach lena mbaineann an léiriú amhrais,

(*c*) a bhfuil doiciméadacht tacaíochta ina teannta de réir mar is iomchuí, agus

(*d*) a aithnítear go soiléir mar litir léirithe amhrais chun críocha an ailt seo,

agus forléireofar tagairt do "léiriú amhrais" dá réir sin.

(2) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás go bhfuil amhras ar dhuine cuntasach i dtaobh feidhmiú ceart aon achtacháin a bhaineann le cáin bhreisluacha (dá ngairtear "an dlí" san alt seo) maidir le hidirbheart—

(i) a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le dliteanas cánach ar thaobh an duine sin, nó

(ii) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhliteanas cánach an duine sin nó do theideal an duine sin chuig asbhaint nó aisíoc cánach,

ansin féadfaidh an duine cuntasach, an tráth céanna a dhéanann an duine cuntasach an tuairisceán atá dlite de réir *Chaibidil 3* don tréimhse inar tharla an t-idirbheart a thabhairt don Ard-Bhailitheoir, litir léirithe amhrais a thaisceadh leis na Coimisinéirí Ioncaim ag an oifig de chuid na gCoimisinéirí a dhéileálfadh de ghnáth le scrúdú na dtaifead arna gcoimeád ag an duine sin de réir *Chaibidil 7* nó *alt 124(7)*.

(*b*) Ní bheidh feidhm ag an alt seo ach amháin má thugtar an tuairisceán dá dtagraítear i *mír (a)* laistigh de na teorainneacha ama a fhorordaítear i *gCaibidil 3*.

(3) Aon duine a mbaineann a léiriú amhrais le cibé acu is duine cuntasach é nó í nó nach ea, déanfaidh sé nó sí an léiriú amhrais sin a thaisceadh chun *fo-alt (4)* a chur chun feidhme tráth nach déanaí ná an 19ú lá den mhí i ndiaidh na tréimhse inchánach inar tharla an t-idirbheart ba chúis leis an léiriú amhrais.

(4) Faoi réir *fho-alt (5)*, i gcás go dtugann duine cuntasach tuairisceán agus litir léirithe amhrais a bhaineann le hidirbheart do na Coimisinéirí Ioncaim de réir an ailt seo, ní bheidh feidhm ag *alt 114* maidir le haon dliteanas breise a eascraíonn as fógra chuig an duine sin ó na Coimisinéirí Ioncaim i dtaobh fheidhmiú ceart an dlí maidir leis an idirbheart sin, ar choinníoll go ndéanann an duine cuntasach cuntas ar an dliteanas breise sin a thabhairt don Ard-Bhailitheoir agus é a sheoladh chuig an Ard-Bhailitheoir amhail is dá mba cháin é a bhí dlite don tréimhse inchánach ina n-eisítear an fógra.

(5) Níl feidhm ag *fo-alt (4)* i gcás nach nglacann na Coimisinéirí Ioncaim leis gur léiriú amhrais dáiríre léiriú amhrais i ndáil le feidhmiú an dlí maidir le hidirbheart, agus ní ghlacfar leis gur léiriú amhrais dáiríre léiriú amhrais más rud é—

(*a*) gur eisigh na Coimisinéirí Ioncaim treoirlínte maidir le feidhmiú an dlí in imthosca den tsamhail chéanna,

(*b*) go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim den tuairim go bhfuil an ní saor a dhóthain ó amhras thairis sin le nach gá léiriú amhrais, nó

(*c*) go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim den tuairim go raibh an duine cuntasach ag gníomhú d'fhonn cáin a imghabháil nó a sheachaint.

(6) I gcás nach nglacann na Coimisinéirí Ioncaim le léiriú amhrais mar léiriú amhrais dáiríre, tabharfaidh siad fógra á rá sin don duine cuntasach, agus tabharfaidh an duine cuntasach cuntas ar aon cháin, nár tugadh cuntas ceart uirthi sa tuairisceán dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, mar cháin a bhí dlite don tréimhse inchánach inar tharla an t-idirbheart, agus beidh feidhm ag *alt 114* dá réir sin.

(7) Aon duine cuntasach arb éagóir leis nó léi cinneadh ó na Coimisinéirí Ioncaim nach léiriú amhrais dáiríre léiriú amhrais an duine, féadfaidh sé nó sí, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den tréimhse 21 lá tar éis an fógra faoin

gcinneadh a fháil, a cheangal go gcuirfear an ní faoi bhráid na gCoimisinéirí Achomhairc.

(8) Measfar nach ndearnadh litir léirithe amhrais mura rud é go n-admhaíonn na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuair siad í agus gur cuid de na taifid a choimeádann an duine cuntasach chun críocha *Chaibidil 7* nó *alt 124(7)* an admháil sin.

CAIBIDIL 6

*Ráitis achoimrithe*

Ráiteas i dtaobh soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal.

[ACBL alt 19A]

**82**.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal" soláthairtí earraí do dhuine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát eile;

ciallaíonn "tairseach fhorordaithe"—

(*a*) faoi réir *mhír (b)*, €100,000,

(*b*) ar an agus ón 1 Eanáir, 2012, €50,000.

(2) Déanfaidh duine cuntasach, tráth nach déanaí ná an spriocam a shocraítear leis an alt seo, ráiteas a thaisceadh leis na Coimisinéirí Ioncaim—

(*a*) maidir le soláthairtí earraí an duine laistigh den Chomhphobal,

(*b*) arna ullmhú de réir rialachán (más ann) agus ina mbeidh cibé sonraí a shonrófar i rialacháin (más ann).

(3) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal a dhéantar le linn míosa féilire, is é an spriocam dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* an 23ú lá den mhí díreach tar éis dheireadh na míosa féilire sin.

(*b*) Níl feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal—

(i) ar tugadh údarú ina leith faoi *fho-alt (4)*, nó

(ii) nuair a roghnaíonn duine cuntasach ráitis a thaisceadh mar a cheadaítear le *fo-alt (5)*.

(4) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, ar iarraidh i scríbhinn, a údarú do dhuine cuntasach nach ndéanann aon soláthairtí den chineál dá dtagraítear in *alt 83* ach a dhéanann soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal nach dtéann, nó nach dóigh go rachaidh, i mbliain féilire, thar méid nó méideanna a shonrófar i rialacháin (más ann), ráiteas a thaisceadh faoin 23 Eanáir tar éis na bliana féilire sin—

(*a*) ina leagfar amach mionsonraí i dtaobh na soláthairtí earraí sin laistigh den Chomhphobal,

(*b*) arna ullmhú de réir rialachán (más ann) agus ina mbeidh cibé sonraí a shonrófar i rialacháin (más ann).

(5) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, más rud é, nuair nach bhfuil feidhm ag *fo-alt (4)*, nach mó luach iomlán soláthairtí earraí duine chuntasaigh laistigh den Chomhphobal do thréimhse ráithe féilire, nó d'aon cheann de na 4 ráithe féilire roimhe sin, ná an tairseach fhorordaithe, féadfaidh an duine ráiteas a thaisceadh ina leagfar amach mionsonraí i dtaobh na soláthairtí sin tráth nach déanaí ná an 23ú lá den mhí díreach tar éis na ráithe a ndearnadh na soláthairtí lena linn.

(*b*) I gcás gur mó luach na soláthairtí dá dtagraítear i *mír (a)* ná an tairseach fhorordaithe in aon mhí, is de réir mar a fhoráiltear le *fo-alt (3)* atá an spriocam chun ráiteas a thaisceadh i leith na soláthairtí sin.

(6) Mura n-údaraíonn na Coimisinéirí Ioncaim a mhalairt, déanfaidh duine cuntasach nach ndearna aon soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal le linn tréimhse iomchuí, ach ar ceanglaíodh air nó uirthi ráiteas a thaisceadh leis na Coimisinéirí i leith tréimhse roimhe sin, ráiteas a thaisceadh leo roimh an spriocam iomchuí á rá nach ndearna sé nó sí aon soláthairtí den sórt sin le linn na tréimhse sin.

Ráiteas i dtaobh soláthairtí seirbhísí inchánach laistigh den Chomhphobal.

[ACBL alt 19AA]

**83**.—(1) San alt seo, ciallaíonn "soláthairtí seirbhísí laistigh den Chomhphobal" soláthairtí seirbhísí do dhuine inchánach i mBallstát eile nó d'aon duine eile atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát eile.

(2) Déanfaidh duine cuntasach, tráth nach déanaí ná an spriocam a shocraítear leis an alt seo, ráiteas a thaisceadh leis na Coimisinéirí Ioncaim—

(*a*) maidir le soláthairtí seirbhísí an duine laistigh den Chomhphobal i gcás ina bhfuil an faighteoir faoi dhliteanas an cháin a íoc de réir mar a fhoráiltear le hAirteagal 196 den Treoir CBL,

(*b*) arna ullmhú de réir rialachán (más ann) agus ina mbeidh cibé sonraí a shonrófar le rialacháin (más ann).

(3) I gcás soláthairtí seirbhísí laistigh den Chomhphobal a dhéantar le linn ráithe féilire, is é an 23ú lá den mhí díreach tar éis dheireadh na ráithe sin an spriocam dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, ach amháin i gcás ina roghnaíonn an duine cuntasach ráitis a thaisceadh ar bhonn míosúil de réir mar a fhoráiltear le *fo-alt (4)*.

(4) Féadfaidh duine cuntasach a dhéanann soláthairtí seirbhísí laistigh den Chomhphobal a roghnú ráitis maidir le mionsonraí i dtaobh na seirbhísí sin a thaisceadh ar bhonn míosúil, agus sa chás sin ní déanaí an spriocam chun na ráitis sin a thaisceadh ná an 23ú lá de gach mí féilire díreach tar éis na míosa ina ndéantar na soláthairtí.

(5) Chun críocha ráiteas atá le taisceadh de réir *fho-alt (2)*, maidir le seirbhísí a sholáthraítear go leanúnach thar tréimhse is faide ná bliain, agus nach ndéantar aon ráitis chuntais nó íocaíochtaí ina leith le linn na bliana sin, measfar iad a bheith curtha i gcrích ag deireadh gach bliana féilire go dtí an dáta a bhfuil an soláthar curtha i gcrích faoi dheoidh.

(6) Maidir le duine cuntasach nach ndearna aon soláthairtí seirbhísí laistigh den Chomhphobal, ar soláthairtí seirbhísí lena

mbaineann an t-alt seo iad, le linn tréimhse iomchuí ach ar ceanglaíodh air nó uirthi ráiteas a thaisceadh leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith tréimhse roimhe sin, déanfaidh sé nó sí, mura n-údaróidh na Coimisinéirí a mhalairt, ráiteas a thaisceadh leo roimh an spriocam iomchuí á rá nach ndearna sé nó sí aon soláthairtí den sórt sin le linn na tréimhse sin.

Caibidil 7

*Taifid a choimeád*

Dualgas taifid a choimeád.

[ACBL alt 16(1), (2), (3) agus (4)]

**84**.—(1) Déanfaidh gach duine cuntasach, de réir rialachán, taifid iomlána fhíora a choimeád ar gach idirbheart a bhaineann, nó a fhéadfadh baint, lena dhliteanas cánach nó lena dliteanas cánach agus lena theideal nó lena teideal maidir le hinasbhainteacht.

(2) Gach duine (seachas duine cuntasach) a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí i gcúrsa nó ag bisiú gnó, coimeádfaidh sé nó sí na sonraisc go léir a eisíodh chuige nó chuici i dtaca le soláthar earraí nó seirbhísí dó nó di chun críche an ghnó sin.

(3) Maidir leis na nithe seo a leanas:

(*a*) taifid a choimeádann duine de bhun na Caibidle seo nó *alt 124(7)* agus atá faoi urláimh, i seilbh nó ar fáil ag an duine;

(*b*) aon leabhair, sonraisc, cóipeanna de thaifid custam, nótaí sochair, nótaí dochair, admhálacha, cuntais, dearbháin, ráitis bhainc nó doiciméid eile ar bith a bhaineann le soláthar earraí nó seirbhísí, le fáil earraí laistigh den Chomhphobal, nó le hallmhairiú earraí ag an duine, agus atá faoi urláimh, i seilbh nó ar fáil ag an duine; agus

(*c*) i gcás aon leabhar, sonrasc, nóta sochair, nóta dochair, admháil, cuntas, dearbhán nó doiciméad eile den sórt sin a d'eisigh an duine chuig duine eile, aon chóip den chéanna atá faoi urláimh, i seilbh nó ar fáil ag an duine,

coinneofar iad, faoi réir *fho-alt (4)*, faoi urláimh, i seilbh nó ar fáil ag an duine sin go ceann tréimhse 6 bliana ó dháta an idirbhirt deiridh lena mbaineann na taifid, na sonraisc nó aon cheann de na doiciméid eile.

(4) D'ainneoin na tréimhse coinneála a shonraítear i *bhfo-alt (3)*, beidh feidhm ag na tréimhsí coinneála seo a leanas:

(*a*) i gcás go ndearna duine earraí dochorraithe lenar bhain alt 4 den achtachán aisghairthe a fháil nó a fhorbairt, is é a bheidh sa tréimhse a gcoinneoidh an duine taifid ina leith de bhun na Caibidle seo i ndáil leis na hearraí dochorraithe sin a fháil nó a fhorbairt ag an duine sin an fad a atá leas inchánach ag an duine sin sna hearraí sin móide tréimhse bhreise 6 bliana;

(*b*) i gcás go ndearna duine tarscaoileadh díolúine ó cháin a fheidhmiú de réir alt 7 den achtachán aisghairthe, is é a bheidh sa tréimhse a gcoinneoidh an duine taifid ina leith de bhun na Caibidle seo an fad a mhair an tarscaoileadh móide tréimhse bhreise 6 bliana.

(5) Maidir leis an gCaibidil seo—

(*a*) ní cheanglófar léi taifid nó sonraisc nó aon cheann de na doiciméid eile a choinneáil a gcuirfidh na Coimisinéirí in iúl don duine lena mbaineann nach gá iad a choinneáil, agus

(*b*) ní bheidh feidhm aici maidir le leabhair agus páipéir cuideachta a diúscraíodh de réir alt 305(1) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Forálacha forlíontacha maidir le taifid.

[ACBL alt 16(1A), (2A) agus (5)]

**85**.—(1) Maidir leis an gceanglas taifid a choimeád de réir na Caibidle seo, tá feidhm aige maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) taifead a bhaineann le feidhmiú agus foirceannadh rogha tiarna talún go ngearrfar cáin,

(*b*) taifead earra chaipitiúil dá dtagraítear i *gCaibidil 2* de *Chuid 8*, agus

(*c*) taifead a bhaineann le comhrogha cánachais, agus

(*d*) an doiciméad a bhaineann le sannadh nó géilleadh agus dá dtagraítear in *alt 95(9)(a)*.

(2) (*a*) Aon duine cuntasach a éilíonn asbhaint cánach de bhun *Chaibidil 1* de *Chuid 8* i leith cóiríocht cháilitheach de réir bhrí *alt 60(1)*, déanfaidh sé nó sí taifid iomlána fhíora a choinneáil i ndáil leis an toscaire do fhreastal ar an gcomhdháil cháilitheach iomchuí (lena n-áirítear na mionsonraí dá dtagraítear in *alt 60(1)* arna n-eisiúint chuig an duine cuntasach ag an duine atá freagrach as an gcomhdháil a eagrú).

(*b*) Déanfaidh duine, atá freagrach as comhdháil cháilitheach de réir bhrí *alt 60(1)* agus lena mbaineann *alt 60(2)(a)(i)* a eagrú, taifid iomlána fhíora a choimeád maidir le gach comhdháil den sórt sin arna heagrú ag an duine.

(3) Gach duine a dhéanann trádáil in ór infheistíochta (de réir bhrí *alt 90*), déanfaidh sé nó sí, de réir rialachán, taifid iomlána fhíora a choimeád ar idirbhearta an duine sin in ór infheistíochta.

## CUID 10

### Scéimeanna Speisialta

Forálacha speisialta i leith cánach arna sonrasc ag feirmeoirí cothromráta.

[ACBL ailt 12A agus 35(3)]

**86**.—(1) I gcás go soláthraíonn feirmeoir cothromráta toradh talmhaíochta nó seirbhís talmhaíochta do dhuine, déanfaidh an feirmeoir, faoi réir *alt 68(1)*, sonrasc a eisiúint chuig an duine ina dtaispeánfar an chomaoin (gan an breisiú cothromráta a áireamh) i leith an tsoláthair agus méid (dá ngairtear "breisiú cothromráta" san Acht seo) is comhionann le 5.2 faoin gcéad den chomaoin sin (gan an breisiú cothromráta a áireamh).

(2) I gcás go ndéanann feirmeoir cothromráta, i ndáil le toradh talmhaíochta nó seirbhís talmhaíochta a sholáthar aige nó aici, sonrasc a eisiúint ina mbeidh an breisiú cothromráta luaite ar leithligh, beidh an breisiú sin inghnóthaithe ag an bhfeirmeoir mar chuid den chomaoin ar an idirbheart.

Imeallscéim — déileálaithe inchánach.

[ACBL alt 10A, alt 12B(3) (go páirteach) agus alt 12C(5) (go páirteach)]

**87**.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "innealra talmhaíochta" innealra nó trealamh (seachas mótarfheithicil de réir bhrí *alt 60(1)*) a d'úsáid feirmeoir cothromráta chun críche ghníomhaíocht Iarscríbhinn VII an fheirmeora sin in imthosca ina mbeadh aon cháin a muirearaíodh ar sholáthar an innealra nó an trealaimh sin don fheirmeoir inasbhainte aige nó aici dá mba rud é gur roghnaigh sé nó sí a bheith ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach an tráth a rinneadh an t-innealra nó an trealamh sin a sholáthar don fheirmeoir;

ciallaíonn "seandachtaí" aon cheann de na hearraí a shonraítear i *mír 24* de *Sceideal 3* nó i *mír 3* de *Sceideal 5*;

ciallaíonn "míreanna bailitheoirí" aon cheann de na hearraí a shonraítear i *mír 2* de *Sceideal 5*;

ciallaíonn "imeallscéim" na socruithe speisialta chun soláthairtí earraí imeallscéime a chur faoi cháin;

ciallaíonn "earraí imeallscéime" aon saothair ealaíne, míreanna bailitheoirí, seandachtaí nó earraí réchaite arna soláthar laistigh den Chomhphobal do dhéileálaí inchánach—

(*a*) ag duine (seachas duine dá dtagraítear i *mír (c)*) nach raibh i dteideal aon cháin a asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* i leith an duine do cheannach na n-earraí sin, d'fháil na n-earraí sin laistigh den Chomhphobal nó d'allmhairiú na n-earraí sin mura rud é, maidir leis an duine sin—

(i) gur duine cuntasach é nó í a fuair na hearraí sin ó dhéileálaí inchánach a chuir an imeallscéim chun feidhme maidir le soláthar na n-earraí sin don duine cuntasach sin, nó

(ii) gur duine cuntasach é nó í a fuair na hearraí sin ó cheantálaí (de réir bhrí *alt 89*) a chuir an cheantscéim (de réir bhrí *alt 89*) chun feidhme maidir le soláthar na n-earraí sin don duine cuntasach sin,

(*b*) ag duine i mBallstát eile nach raibh i dteideal aon cháin bhreisluacha dá dtagraítear sa Treoir CBL a asbhaint, faoi na forálacha lena gcuirtear Airteagail 167, 173, 176 agus 177 den Treoir sin i ngníomh, sa Bhallstát sin i leith an duine sin do cheannach na n-earraí sin, d'fháil na n-earraí sin laistigh den Chomhphobal nó d'allmhairiú na n-earraí sin, nó

(*c*) ag déileálaí inchánach eile a chuir an imeallscéim chun feidhme maidir le soláthar na n-earraí sin nó a rinne na forálacha lena gcuirtear i ngníomh Airteagail 4 agus 35, an chéad fhomhír d'Airteagal 139(3) agus Airteagail 311 go 325 agus 333 go 340 den Treoir CBL a chur chun feidhme i mBallstát eile maidir le soláthar na n-earraí sin,

agus folaíonn sé freisin earraí a fuair déileálaí inchánach mar thoradh ar dhiúscairt earraí ag duine chuig an déileálaí inchánach i gcás gur measadh nár sholáthar earraí de réir *alt 20(3)* an diúscairt sin;

ciallaíonn "córacha iompair" feithiclí talún mótarthrealmhaithe ar mó ná 48 gceintiméadar chiúbacha toilleadh sorcórach a n-innill nó ar mó ná 7.2 cileavata a gcumhacht, soithí is mó ná 7.5 méadar ar fhad agus aerárthaí ar mó ná 1,550 cileagram a meáchan ar éirí de thalamh, agus atá ceaptha lena n-úsáid chun daoine nó earraí a iompar, seachas innealra talmhaíochta, agus soithí agus aerárthaí den chineál dá dtagraítear i *mír 4(2)* de *Sceideal 2*;

ciallaíonn "miotail lómhara" airgead (lena n-áirítear airgead atá plátáilte le hór nó le platanam), ór (lena n-áirítear ór atá plátáilte le platanam) agus platanam, agus na míreanna go léir a bhfuil aon cheann de na miotail sin iontu nuair nach mó an chomaoin i leith an tsoláthair ná margadhphraghas oscailte (de réir bhrí *alt 36*) an mhiotail lena mbaineann;

ciallaíonn "clocha lómhara" diamaint, rúibíní, saifírí agus smaragaidí, cibé acu gearrtha nó neamhghearrtha, nuair nach bhfuil siad gléasta, feistithe nó gadráilte;

ciallaíonn "corrlach brabúis" an corrlach brabúis i leith soláthar earraí imeallscéime ag déileálaí inchánach agus—

(*a*) faoi réir *mhír (b)*—

(i) measfar cáin a bheith ar áireamh ann, agus

(ii) is é a bheidh ann méid is comhionann leis an difríocht idir praghas díola an déileálaí inchánach ar na hearraí sin agus praghas ceannaigh an déileálaí inchánach ar na hearraí sin,

(*b*) measfar gur nialas an corrlach brabúis in aon chás inar mó an praghas ceannaigh ná an praghas díola;

ciallaíonn "praghas ceannaigh", i ndáil le hearraí imeallscéime a fháil, an chomaoin iomlán, lena n-áirítear gach uile cháin, coimisiún, costas agus muirear ar bith, is iníoctha ag déileálaí inchánach leis an duine óna bhfuair an déileálaí inchánach sin na hearraí sin;

ciallaíonn "earraí réchaite" aon earraí sochorraithe inláimhsithe atá oiriúnach lena n-úsáid tuilleadh mar atá siad nó tar éis iad a dheisiú, lena n-áirítear córacha iompair agus innealra talmhaíochta, a cheannaítear nó a fhaightear an 1 Eanáir, 2010 nó dá éis, ach gan saothair ealaíne, míreanna bailitheoirí, seandachtaí, miotail lómhara ná clocha lómhara a áireamh;

ciallaíonn "praghas díola" an chomaoin iomlán a dtagann déileálaí inchánach chun bheith i dteideal í a fháil i leith soláthar earraí imeallscéime nó i ndáil le soláthar earraí imeallscéime, lena n-áirítear gach uile cháin, coimisiún, costas agus muirear ar bith agus cáin bhreisluacha (más ann) is iníoctha i leith an tsoláthair;

maidir le "déileálaí inchánach"—

(*a*) ciallaíonn sé duine cuntasach a dhéanann, i gcúrsa nó ag bisiú gnó, cibé acu atá sé nó sí ag gníomhú thar ceann an duine féin nó thar ceann duine eile de bhun conartha faoina bhfuil coimisiún iníoctha ar cheannach nó ar dhíol,

earraí imeallscéime nó na hearraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)(ii)* agus *(iii)* a cheannach nó a fháil nó a chur chun feidhme chun críche a ghnó nó a gnó, le hionchas iad a athdhíol, nó a dhéanann na hearraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(a)(i)* a allmhairiú, le hionchas iad a athdhíol, agus

(*b*) folaíonn sé duine a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais den chineál a shonraítear i *mír 6(1)(e)* de *Sceideal 1* agus a fhaigheann nó a cheannaíonn earraí imeallscéime chun iad a sholáthar mar chuid de chomhaontú den chineál dá dtagraítear in *alt 19(1)(c)*,

agus, chun críocha an léirithe seo, measfar gur déileálaí inchánach duine i mBallstát eile más rud é, in imthosca den tsamhail chéanna, gur dhéileálaí inchánach an duine sin sa Stát faoin alt seo;

ciallaíonn "saothair ealaíne" aon cheann de na hearraí a shonraítear i *mír 18(2)* nó *23* de *Sceideal 3* nó i *mír 1* de *Sceideal 5*.

(2) Faoi réir agus de réir an ailt seo, féadfaidh déileálaí inchánach an imeallscéim a chur chun feidhme maidir le soláthar earraí imeallscéime.

(3) I gcás ina gcuirtear an imeallscéim chun feidhme i leith soláthar earraí, is é an méid ar a bhfuil cáin inmhuirearaithe ar an soláthar de réir *alt 3(a)* nó *(c)*, d'ainneoin *Chaibidil 1* de *Chuid 5*, an corrlach brabúis lúide an méid cánach atá ar áireamh sa chorrlach brabúis.

(4) (*a*) Faoi réir *mhír (b)* agus faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar i rialacháin, féadfaidh déileálaí inchánach, d'ainneoin *fho-alt (2)*, a roghnú an imeallscéim a chur chun feidhme maidir le gach soláthar de chuid an déileálaí sin ar na nithe seo a leanas amhail is dá mba earraí imeallscéime iad:

(i) saothar ealaíne, mír bailitheora nó seandacht a d'allmhairigh an déileálaí inchánach;

(ii) saothar ealaíne a sholáthair cruthaitheoir an tsaothair sin nó comharbaí i dteideal an chruthaitheora sin don déileálaí inchánach; nó

(iii) saothar ealaíne a sholáthair duine cuntasach seachas déileálaí inchánach don déileálaí inchánach, i gcás inar soláthar den chineál dá dtagraítear in *alt 48(1)(c)* an soláthar don déileálaí sin.

(*b*) I gcás go roghnaíonn déileálaí inchánach an imeallscéim a chur chun feidhme de réir *mhír (a)*, is rogha í go ceann tréimhse nach giorra ná 2 bhliain ón dáta a feidhmíodh an rogha sin.

(5) I gcás go bhfeidhmíonn déileálaí inchánach an rogha de réir *fho-alt (4)*, i leith na n-earraí a shonraítear i *bhfo-alt (4)(a)(i)*, ansin, d'ainneoin an mhínithe ar "praghas ceannaigh" i *bhfo-alt (1)*, is é a bheidh sa phraghas ceannaigh chun an corrlach brabúis i ndáil le soláthar ar na hearraí sin a chinneadh méid is comhionann le luach na n-earraí sin chun críocha allmhairithe arna chinneadh de réir *alt 53* agus arna mhéadú de mhéid aon chánach is iníoctha i leith na hearraí sin a allmhairiú.

(6) Faoi réir *fho-alt (7)* agus d'ainneoin *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, ní bheidh déileálaí inchánach a fheidhmíonn an rogha i leith sholáthar na n-earraí a shonraítear i *bhfo-alt (4)(a)* i dteideal aon cháin a asbhaint i leith na hearraí sin a cheannach nó a allmhairiú.

(7) I gcás go bhfeidhmíonn déileálaí inchánach an rogha de réir *fho-alt (4)*, féadfaidh an déileálaí a roghnú, d'ainneoin *fho-alt (4)(b)*, i leith aon soláthar aonair ar na hearraí a shonraítear i *bhfo-alt (4)(a)*, gan an imeallscéim a chur chun feidhme i leith an tsoláthair sin, agus sa chás sin ní éireoidh an ceart chun an cháin a muirearaíodh ar na hearraí sin a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú ach amháin sa tréimhse inchánach ina soláthraíonn an déileálaí na hearraí sin.

(8) (*a*) San fho-alt seo—

ciallaíonn "corrlach comhiomlán", i leith tréimhse inchánach—

(i) faoi réir *mhír (ii)*, méid is comhionann leis an difríocht idir láimhdeachas iomlán an déileálaí inchánach sa tréimhse inchánach sin ó sholáthairtí earraí imeallscéime luacha ísil lena mbaineann an ráta céanna cánach, lúide comhshuim phraghsanna ceannaigh an déileálaí inchánach sin earraí imeallscéime luacha ísil a mbaineann an ráta cánach sin lena soláthar, sa tréimhse inchánach sin,

(ii) in aon chás gur mó comhshuim phraghsanna ceannaigh an déileálaí sin ná an láimhdeachas iomlán sin, méid a measfar gur nialas é (agus, in aon chás den sórt sin, faoi réir agus de réir rialachán (más ann), déanfar méid na breise a thabhairt ar aghaidh agus a chur le comhshuim phraghsanna ceannaigh an déileálaí sin ar earraí imeallscéime luacha ísil chun corrlach comhiomlán an déileálaí sin a ríomh don tréimhse inchánach díreach ina dhiaidh sin);

ciallaíonn "earraí imeallscéime luacha ísil" earraí imeallscéime i gcás gur lú ná €635 an praghas ceannaigh is iníoctha ag an déileálaí ar gach mír aonair.

(*b*) D'ainneoin *fho-alt (3)*, ach faoi réir agus de réir rialachán (más ann)—

(i) i gcás go bhfaigheann déileálaí inchánach earraí imeallscéime luacha ísil ina mbearta fuíll nó ar shlí eile, is é a bheidh sa mhéid cánach atá dlite agus iníoctha i leith sholáthairtí earraí imeallscéime luacha ísil an déileálaí sin, i leith tréimhse inchánach, an méid cánach atá ar áireamh i gcorrlach comhiomlán nó i gcorrlaigh chomhiomlána an déileálaí sin don tréimhse sin agus déanfar an méid cánach i ngach corrlach comhiomlán a chinneadh de réir na foirmle—

$$A \times \frac{B}{B + 100}$$

i gcás—

gurb é A an corrlach comhiomlán don tréimhse inchánach atá i gceist, agus

gurb é B an ráta faoin gcéad cánach is inmhuirearaithe i ndáil le soláthar na n-earraí sin, agus

agus

(ii) i gcás go ndéanann an déileálaí inchánach dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* soláthairtí in aon tréimhse inchánach atá faoi réir rátaí éagsúla cánach, déanfaidh an déileálaí inchánach sin corrlaigh chomhiomlána ar leithligh a ríomh don tréimhse inchánach sin i leith na soláthairtí de réir gach ceann de na rátaí iomchuí.

(*c*) Faoi réir agus de réir rialachán (más ann), i gcás go soláthraíonn déileálaí inchánach earra imeallscéime luacha ísil ar mhéid is mó ná €635, ansin—

(i) d'ainneoin an mhínithe ar "earraí imeallscéime luacha ísil" i *mír (a)*, measfar nach soláthar earra imeallscéime luacha ísil soláthar an earra sin,

(ii) déanfaidh an déileálaí, le linn an corrlach comhiomlán don tréimhse inchánach ina ndéantar an soláthar a chinneadh, praghas ceannaigh an earra sin a asbhaint as comhshuim phraghsanna ceannaigh an déileálaí ar earraí imeallscéime luacha ísil don tréimhse sin, agus

(iii) úsáidfear praghas ceannaigh an earra sin chun an corrlach brabúis a chinneadh i ndáil le soláthar an earra sin.

(9) D'ainneoin *Chaibidil 2* de *Chuid 9*, ní dhéanfaidh déileálaí inchánach, i ndáil le haon soláthar ar cuireadh an imeallscéim chun feidhme ina leith, an méid cánach is inmhuirearaithe i leith an tsoláthair a thaispeáint ar leithligh ar aon sonrasc, nó doiciméad eile in ionad sonraisc, arna eisiúint de réir na Caibidle sin.

(10) I gcás go gcuirtear an imeallscéim chun feidhme i leith soláthar earraí arna seoladh nó arna n-iompar ón Stát chuig duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát eile, ansin, d'ainneoin *mhír 1(1)* de *Sceideal 2*, ní bheidh feidhm ag *alt 46(1)(b)* mura rud é gur earraí de chineál a shonraítear in áit eile sa Sceideal sin na hearraí sin.

(11) D'ainneoin *alt 30*, i gcás go gcuirtear an imeallscéim chun feidhme i leith soláthar earraí arna seoladh nó arna n-iompar, measfar gurb í an áit a soláthraítear na hearraí sin an áit a dtosaíonn an seoladh nó an t-iompar.

(12) I gcás ina gcuireann déileálaí inchánach an imeallscéim chun feidhme i leith soláthar earraí thar ceann duine eile de bhun conartha faoina bhfuil coimisiún iníoctha ar cheannach nó ar dhíol, measfar go soláthraíonn an duine eile sin na hearraí don déileálaí inchánach nuair a sholáthraíonn an déileálaí inchánach sin na hearraí sin.

(13) D'ainneoin *mhír 12* de *Sceideal 1*, i gcás go bhfaigheann duine cuntasach earraí ar cuireadh an imeallscéim chun feidhme maidir leo agus go ndéanann an duine na hearraí sin a sholáthar ina

dhiaidh sin, ní bheidh feidhm ag an mír sin maidir leis an soláthar sin murab é atá sna hearraí—

(*a*) mótarfheithiclí de réir bhrí *alt 60(1)* a fuair an duine sin seachas—

(i) mar stoc trádála,

(ii) chun críocha gnó arb éard atá ann, go hiomlán nó go páirteach, mótarfheithiclí a fhruiliú, nó

(iii) chun iad a úsáid, i ngnó scoile tiomána, chun teagasc tiomána a thabhairt,

nó

(*b*) earraí nach n-úsáideann an duine sin ach amháin i gcúrsa gníomhaíochta díolmhaithe.

(14) (*a*) I gcás go ndéanann déileálaí inchánach, thar ceann an déileálaí féin, cóir iompair is mótarfheithicil de réir bhrí *alt 60(1)* a dhearbhú lena clárú do na Coimisinéirí Ioncaim de réir alt 131 den Acht Airgeadais, 1992 agus gur éiligh an déileálaí sin inasbhainteacht maidir léi de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, ansin—

(i) déileálfar leis an gcóir iompair sin, chun críocha an Achta seo, amhail is dá mbainfí í den stoc trádála,

(ii) meastar gurb é atá sa mhótarfheithicil a bhaint den stoc trádála amhlaidh an déileálaí inchánach do sholáthar na córa iompair sin chun críocha *alt 19(1)(f)*, agus

(iii) chun amhras a sheachaint, is é an méid cánach is inmhuirearaithe i leith an tsoláthair sin an méid dá dtagraítear i *mír (b)(ii)(II)* agus dá réir sin ní áirítear é in aon mhéid atá an déileálaí inchánach i dteideal a asbhaint de réir *alt 59(2)(k)*.

(*b*) Maidir leis an tráth a sholáthraíonn déileálaí inchánach cóir iompair do dhuine eile ar cóir iompair í a meastar gur soláthraíodh í roimhe sin de réir *mhír (a)* nó alt 12B(11)(*a*) den achtachán aisghairthe, ansin—

(i) meastar go bhfuair an déileálaí inchánach an chóir iompair sin mar earra imeallscéime díreach roimh an soláthar don duine sin, agus

(ii) chun an corrlach brabúis i ndáil leis an soláthar sin a ríomh, meastar gurb ionann praghas ceannaigh na córa iompair agus a gcomhshuim seo a leanas—

(I) an méid ar a raibh cáin inmhuirearaithe ar sholáthar na córa iompair sin don déileálaí,

(II) an cháin a bhí inmhuirearaithe ar an soláthar dá dtagraítear i *gclásal (I)*, agus

(III) an cháin cláraithe feithiclí ar thug an déileálaí cuntas inti i leith an chóir iompair sin a chlárú.

Imeallscéim — gníomhairí taistil.

[ACBL alt 10C]

**88**.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “seirbhísí arna gceannach isteach” earraí nó seirbhísí a cheannaíonn gníomhaire taistil chun tairbhe dírí do thaistealaí—

(*a*) ó dhuine inchánach eile, nó

(*b*) ó dhuine atá ag gabháil do ghnó lasmuigh den Stát;

ciallaíonn “seirbhísí imeallscéime” seirbhísí arna gceannach isteach a sholáthraíonn gníomhaire taistil do thaistealaí;

ciallaíonn “gníomhaire taistil” duine inchánach a ghníomhaíonn mar phríomhaí i dtaca le seirbhísí imeallscéime a sholáthar do thaistealaí agus, chun críocha an ailt seo, folaíonn gníomhaire taistil tionscnóir turas;

ciallaíonn “imeall gníomhaire taistil”, i ndáil le soláthar seirbhísí imeallscéime, méid a ríomhtar de réir na foirmle—

$$A - B$$

i gcás—

gurb é A an chomaoin iomlán a dtagann an gníomhaire taistil chun bheith i dteideal í a fháil i leith an tsoláthair seirbhísí imeallscéime sin, nó i ndáil leis, lena n-áirítear gach uile cháin, coimisiún, costas agus muirear ar bith agus cáin bhreisluacha is iníoctha i leith an tsoláthair sin, agus

gurb é B an méid is iníoctha ag an ngníomhaire taistil le soláthraí i leith seirbhísí arna gceannach isteach a áirítear sa soláthar seirbhísí imeallscéime sin don taistealaí, ach tabharfar neamhaird le linn an t-imeall a ríomh ar aon seirbhísí arna gceannach isteach ar cheannaigh an gníomhaire taistil iad roimh an 1 Eanáir, 2010 agus ar ina leith a éilíonn an gníomhaire taistil sin inasbhainteacht de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8*,

agus más mó an B sin ná an A sin, measfar gur nialas é imeall an ghníomhaire taistil i leith an tsoláthair sin;

ciallaíonn “imeallscéim gníomhaire taistil” na socruithe speisialta chun seirbhísí imeallscéime a chur faoi cháin.

(2) Déileálfar mar sholáthar aonair le soláthar seirbhísí imeallscéime ag gníomhaire taistil do thaistealaí i leith turais.

(3) Is é an áit a soláthraítear seirbhísí imeallscéime—

(*a*) mura bhfuil feidhm ag *mír (b)*, an áit inar bhunaigh gníomhaire taistil gnó an ghníomhaire taistil sin,

(*b*) má sholáthraítear na seirbhísí sin ó bhunachas socraithe de chuid an ghníomhaire taistil sin atá suite in áit seachas an áit inar bhunaigh an gníomhaire taistil a ghnó nó a gnó, an áit ina bhfuil an bunachas socraithe sin suite.

(4) Beidh feidhm ag an imeallscéim gníomhaire taistil maidir le soláthar seirbhísí imeallscéime sa Stát.

(5) D'ainneoin *Chaibidil 1* de *Chuid 5*, is é an méid ar a bhfuil cáin inmhuirearaithe de bhua *alt 2(1)(a)* ar sholáthar seirbhísí imeallscéime imeall an ghníomhaire taistil lúide an méid cánach atá ar áireamh san imeall sin.

(6) D'ainneoin *ailt 57*, *58*, *102* agus *104(1)*, *(4)* agus *(5)* agus *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, ní bheidh gníomhaire taistil i dteideal asbhaint nó aisíoc cánach a iompraíodh nó a íocadh i leith seirbhísí arna gceannach isteach a sholáthair an gníomhaire taistil mar sheirbhísí imeallscéime.

(7) I gcás ina soláthraíonn gníomhaire taistil seirbhísí imeallscéime mar aon le hearraí nó seirbhísí eile do thaistealaí ar chomaoin iomlán, ansin—

(*a*) déanfaidh an gníomhaire taistil an chomaoin iomlán sin a chionroinnt chun go ndéanfar an cóimheas atá idir luach na seirbhísí imeallscéime sin agus an chomaoin iomlán sin a léiriú i gceart, agus

(*b*) beidh cion na comaoine iomláine a bhaineann le luach na seirbhísí imeallscéime faoi réir na himeallscéime gníomhaire taistil.

(8) Déileálfar le seirbhísí imeallscéime mar sheirbhísí idirghabhálaí nuair is lasmuigh den Chomhphobal a dhéantar na seirbhísí arna gceannach isteach.

(9) I gcás ina ndéanann gníomhaire taistil soláthar seirbhísí imeallscéime ar a n-áirítear seirbhísí áirithe a ndéileáiltear leo mar sheirbhísí idirghabhálaí de réir *fho-alt (8)*, ansin déanfaidh an gníomhaire taistil imeall iomlán an ghníomhaire taistil sin i leith an tsoláthair sin a chionroinnt chun go léireofar i gceart an cóimheas atá idir an costas atá ar an ngníomhaire taistil sin mar gheall ar na seirbhísí arna gceannach isteach a úsáidtear sna seirbhísí imeallscéime a ndéileáiltear leo mar sheirbhísí idirghabhálaí sa soláthar sin agus an costas iomlán atá ar an ngníomhaire taistil sin mar gheall ar na seirbhísí go léir arna gceannach isteach a úsáidtear chun an soláthar seirbhísí imeallscéime sin a dhéanamh.

(10) Aon ghníomhaire taistil is duine cuntasach a sholáthraíonn seirbhísí imeallscéime, áireoidh sé nó sí an cháin a bheidh dlite ar sholáthairtí seirbhísí imeallscéime an duine do thréimhse inchánach sa tuairisceán a cheanglaítear ar an duine sin a thabhairt de réir *alt 76* nó *77*.

(11) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cibé rialacháin a dhéanamh is dóigh leo is gá chun críocha oibriú an ailt seo, lena n-áirítear forálacha le haghaidh socruithe simplithe cuntasaíochta.

**89**.—(1) San alt seo— Imeallscéim — ceantálaithe.

[ACBL alt 10B]

ciallaíonn "ceantálaí" duine cuntasach a dhéanann, i gcúrsa nó ag bisiú gnó, ag gníomhú dó nó di thar ceann duine eile de bhun conartha faoina bhfuil coimisiún iníoctha ar cheannach nó ar dhíol, earraí sochorraithe inláimhsithe a thairiscint lena ndíol ar ceant poiblí d'fhonn iad a thabhairt ar láimh don duine a dhéanann an tairiscint is airde;

ciallaíonn "imeall ceantálaí" méid is comhionann leis an difríocht idir an méid iomlán, lena n-áirítear aon chánacha, coimisiúin, costais agus

muirir ar bith, is iníoctha ag an gceannaitheoir leis an gceantálaí i leith earraí ceantscéime a dhíol ar ceant agus an méid is iníoctha ag an gceantálaí leis an bpríomhaí i leith na hearraí sin a sholáthar agus measfar cáin a bheith ar áireamh ann;

ciallaíonn "ceantscéim" na socruithe speisialta chun soláthairtí earraí ceantscéime a chur faoi cháin;

ciallaíonn "earraí ceantscéime" aon saothair ealaíne, míreanna bailitheoirí, seandachtaí nó earraí réchaite arna ndíol ag ceantálaí ar ceant poiblí le linn gníomhú thar cheann príomhaí—

(*a*) is duine nach raibh i dteideal aon cháin a asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* i leith an duine sin do cheannach na n-earraí sin, d'fháil na n-earraí sin laistigh den Chomhphobal nó d'allmhairiú na n-earraí sin mura rud é, maidir leis an duine sin—

(i) gur duine dá dtagraítear i *mír (d)* é nó í, nó

(ii) gur duine cuntasach é nó í a fuair na hearraí sin—

(I) ó cheantálaí a chuir an cheantscéim chun feidhme maidir le soláthar na n-earraí sin don duine cuntasach sin, nó

(II) ó dhéileálaí inchánach a chuir an imeallscéim chun feidhme maidir le soláthar na n-earraí sin don duine cuntasach sin,

(*b*) is árachóir lena mbaineann *alt 20(3)* agus—

(i) a ghlac seilbh ar na hearraí sin i dtaca le socraíocht ar éileamh faoi pholasaí árachais, agus

(ii) nach meastar gur soláthar ar na hearraí mar a fhoráiltear le *halt 20(3)* é nó í do dhiúscairt na n-earraí,

(*c*) is duine i mBallstát eile nach raibh i dteideal aon cháin bhreisluacha dá dtagraítear sa Treoir CBL a asbhaint sa Bhallstát sin, faoi na forálacha lena gcuirtear Airteagail 167, 173, 176 agus 177 den Treoir sin i ngníomh, maidir leis an duine sin do cheannach na n-earraí sin, d'fháil na n-earraí sin laistigh den Chomhphobal nó d'allmhairiú na n-earraí sin, nó

(*d*) is déileálaí inchánach a chuir an imeallscéim chun feidhme maidir le soláthar na n-earraí sin nó a rinne na forálacha lena gcuirtear Airteagail 4 agus 35, an chéad mhír d'Airteagal 139(3) agus Airteagail 311 go 325 agus 333 go 340 den Treoir CBL i ngníomh, a chur chun feidhme maidir le soláthar na n-earraí sin;

ciallaíonn "príomhaí" an duine a ndéanann ceantálaí earraí a dhíol ar ceant thar a cheann nó thar a ceann;

ciallaíonn "ceannaitheoir" an duine a soláthraíonn ceantálaí earraí ceantscéime dó nó di.

(2) Faoi réir agus de réir an ailt seo, cuirfidh ceantálaí an cheantscéim chun feidhme maidir le haon soláthar earraí ceantscéime.

(3) D'ainneoin *Chaibidil 1* de *Chuid 5*, is é an méid ar a bhfuil cáin inmhuirearaithe de réir *alt 3(a)* nó *(c)* ar sholáthar earraí ceantscéime ag ceantálaí, imeall an cheantálaí lúide an méid cánach atá ar áireamh san imeall sin.

(4) I gcás ina ndéantar earraí ceantscéime a dhíol ar ceant, déanfaidh an ceantálaí, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar i rialacháin, sonraisc, nó doiciméid in ionad sonrasc, a eisiúint chuig an bpríomhaí agus chuig an gceannaitheoir araon ina leagfar amach na mionsonraí iomchuí maidir le soláthar na n-earraí ceantscéime.

(5) D'ainneoin *Chaibidil 2* de *Chuid 9*, ní dhéanfaidh ceantálaí, i ndáil le haon soláthar ar cuireadh an cheantscéim chun feidhme maidir leis, an méid cánach is inmhuirearaithe i leith an tsoláthair a thaispeáint ar leithligh ar aon sonrasc, nó doiciméad eile in ionad sonraisc, arna eisiúint de réir na Caibidle sin.

(6) I gcás ina ndéanann ceantálaí earraí ceantscéime a dhíol ar ceant thar ceann príomhaí is duine cuntasach—

(*a*) measfar gur sonrasc chun críocha *Chaibidil 2* de *Chuid 9* an sonrasc, nó an doiciméad in ionad sonraisc, arna eisiúint chuig an bpríomhaí de réir *fho-alt (4)*, agus

(*b*) measfar gur eisigh an príomhaí an sonrasc sin.

(7) I gcás ina gcuirtear an cheantscéim chun feidhme maidir le soláthar earraí arna seoladh nó arna n-iompar ón Stát chuig duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát eile, ansin, d'ainneoin *mhír 1(1*) de *Sceideal 2*, ní bheidh feidhm ag *alt 46(1)(b)* mura rud é gur earraí de chineál a shonraítear in áit eile sa Sceideal sin na hearraí sin.

(8) D'ainneoin *alt 30*, i gcás ina gcuirtear an cheantscéim i bhfeidhm maidir le soláthar earraí arna seoladh nó arna n-iompar, measfar gurb í an áit a soláthraítear na hearraí sin an áit a dtosaíonn an seoladh nó an t-iompar.

(9) I gcás ina soláthraíonn ceantálaí earraí ceantscéime ar ceant poiblí, measfar go ndéanann an príomhaí na hearraí ceantscéime atá i gceist a sholáthar don cheantálaí nuair a dhíolann an ceantálaí sin na hearraí sin ar ceant poiblí.

(10) D'ainneoin *mhír 12* de *Sceideal 1*, i gcás ina bhfaigheann duine cuntasach earraí ar cuireadh an cheantscéim chun feidhme maidir leo agus ina soláthraíonn an duine na hearraí sin ina dhiaidh sin, ní bheidh feidhm ag an mír sin maidir leis an soláthar sin mura rud é gurb é atá sna hearraí—

(*a*) mótarfheithiclí de réir bhrí *alt 60(1)* a fuair an duine sin seachas—

(i) mar stoc trádála,

(ii) chun críocha gnó arb é atá ann, go hiomlán nó go páirteach, mótarfheithiclí a fhruiliú nó,

(iii) chun iad a úsáid, i ngnó scoile tiomána, chun teagasc tiomána a thabhairt,

nó

(*b*) earraí nach n-úsáideann an duine sin ach amháin i gcúrsa gníomhaíochta díolmhaithe.

Ór infheistíochta.

[ACBL alt 6A]

**90**.—(1) (*a*) San alt seo—

ciallaíonn "idirghabhálaí" duine a dhéanann idirghabháil ar son duine eile i dtaca le hór infheistíochta a sholáthar le linn dó nó di gníomhú in ainm agus do chuntas an duine eile sin;

ciallaíonn "ór infheistíochta"—

(i) ór—

(I) i bhfoirm barra, nó

(II) i bhfoirm abhlainne,

de mheáchan lena nglacann margadh buillin agus d'íonacht is comhionann le 995 chuid in aghaidh an 1,000 cuid nó d'íonacht is mó ná sin, agus

(ii) monaí óir—

(I) ar d'íonacht iad is comhionann le 900 cuid in aghaidh an 1,000 cuid nó d'íonacht is mó ná sin,

(II) ar i ndiaidh 1800 a múnlaíodh iad,

(III) atá nó a bhí ina ndlíthairiscint ina dtír thionscnaimh, agus

(IV) a dhíoltar de ghnáth ar phraghas nach dtéann thar mhargadhluach oscailte an óir atá sna monaí de bhreis agus 80 faoin gcéad.

(*b*) Chun críocha an mhínithe ar "ór infheistíochta" i *mír (a)*, measfar, maidir le monaí óir atá liostaithe i sraith "C" d'Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach mar mhonaí a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear sa mhíniú sin i leith monaí óir, go gcomhlíonann siad na critéir sin don bhliain iomlán dá bhfoilsítear an liosta.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo—

(*a*) maidir le hór infheistíochta, lena n-áirítear ór infheistíochta arb ionannas dó urrúis nó arb ionannas dó deimhnithe d'ór leithroinnte nó neamh-leithroinnte nó a dhéantar a thrádáil ar chuntais óir agus lena n-áirítear, go háirithe, iasachtaí agus babhtálacha óir, lena ngabhann ceart úinéireachta nó éileamh i leith óir infheistíochta, agus

(*b*) maidir le hidirbhearta i dtaca le hór infheistíochta lena ngabhann todhchaíochtaí agus réamhchonarthaí as a

dtiocfaidh aistriú cirt úinéireachta nó éileamh i leith óir infheistíochta.

(3) D'ainneoin *alt 52(1)*, aon duine a tháirgeann ór infheistíochta nó a chlaochlaíonn aon ór ina ór infheistíochta, féadfaidh sé nó sí, de réir coinníollacha atá leagtha amach i rialacháin, tarscaoileadh a dhéanamh ar cheart an duine chun díolúine ó cháin ar sholáthar óir infheistíochta do dhuine eile atá ag gabháil d'earraí agus seirbhísí a sholáthar i gcúrsa nó ag bisiú gnó.

(4) Más rud é go ndéanann duine tarscaoileadh, de réir *fho-alt (3)*, ar cheart an duine chun díolúine ó cháin a fháil i leith soláthar óir infheistíochta, féadfaidh idirghabhálaí a sholáthraíonn seirbhísí i leith an tsoláthair óir infheistíochta sin, de réir coinníollacha atá leagtha amach i rialacháin, tarscaoileadh a dhéanamh ar cheart an idirghabhálaí sin chun díolúine ó cháin a fháil i leith na seirbhísí sin.

(5) (*a*) Más rud é go ndéanann duine tarscaoileadh, de réir *fho-alt (3)*, ar cheart an duine chun díolúine ó cháin a fháil i leith soláthar óir infheistíochta, ansin, chun críocha an Achta seo,

(i) maidir leis an duine dá ndéantar an soláthar óir infheistíochta,

(I) is duine cuntasach é nó í i ndáil leis sin, agus

(II) beidh sé nó sí faoi dhliteanas, i ndáil leis sin, an cháin is inmhuirearaithe ar an soláthar sin a íoc amhail is dá mba rud é go ndearna an duine cuntasach sin an soláthar óir infheistíochta sin ar chomaoin i gcúrsa nó ag bisiú gnó,

agus

(ii) ní bheidh an duine a rinne tarscaoileadh ar an gceart chun díolúine a fháil i leith an tsoláthair sin faoi dhliteanas an cháin sin a íoc.

(*b*) Más rud é go bhfuil duine faoi dhliteanas cáin a íoc de réir *mhír (a)* i leith soláthar óir infheistíochta, beidh an duine, d'ainneoin *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, i dteideal, le linn an méid cánach is iníoctha ag an duine sin i leith na tréimhse inchánach ina n-eascraíonn an dliteanas sin i leith cánach a ríomh, an cháin a bhfuil sé nó sí faoi dhliteanas í a íoc ar an soláthar sin a asbhaint, más rud é go bhfuil soláthar iardain an óir infheistíochta sin aige nó aici díolmhaithe ó cháin.

(6) (*a*) Féadfaidh duine cuntasach, le linn an méid cánach is iníoctha ag an duine cuntasach i leith aon tréimhse inchánach a ríomh agus d'ainneoin *Chaibidil 1* de *Chuid 8*—

(i) an cháin a mhuirearaigh daoine cuntasacha eile ar an duine cuntasach le linn na tréimhse sin trí shonraisc, arna n-ullmhú ar an modh a fhorordaítear le rialacháin, i leith soláthairtí óir don duine sin,

(ii) an cháin is inmhuirearaithe le linn na tréimhse sin, ar cáin í atá dlite den duine cuntasach i leith fálacha óir laistigh den Chomhphobal, agus

(iii) an cháin a d'íoc an duine cuntasach, nó a iarchuireadh, mar a suíodh ó na doiciméid custam iomchuí a choimeád sé nó sí de réir *alt 84(3)* i leith óir a d'allmhairigh sé nó sí sa tréimhse sin,

a asbhaint, más rud é go ndéantar an t-ór sin a chlaochlú ina dhiaidh sin ina ór infheistíochta agus go bhfuil soláthar iardain an óir infheistíochta sin ag an duine cuntasach díolmhaithe ó cháin.

(*b*) Féadfaidh duine, de réir rialachán, aisíoc a éileamh—

(i) ar an gcáin a muirearaíodh ar an duine ar ór (seachas ór infheistíochta) a cheannach aige nó aici,

(ii) ar an gcáin is inmhuirearaithe ar an duine ar ór (seachas ór infheistíochta) a fháil aige nó aici laistigh den Chomhphobal, agus

(iii) ar an gcáin a íocadh nó a iarchuireadh ar ór (seachas ór infheistíochta) a allmhairiú ag an duine,

más rud é go ndéantar an t-ór sin a chlaochlú ina dhiaidh sin ina ór infheistíochta agus go bhfuil soláthar iardain an óir infheistíochta sin ag an duine sin díolmhaithe ó cháin.

(7) (*a*) Féadfaidh duine cuntasach, le linn an méid cánach is iníoctha ag an duine cuntasach i leith tréimhse inchánach a ríomh agus d'ainneoin *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, an cháin a mhuirearaigh daoine cuntasacha eile ar an duine cuntasach sin le linn na tréimhse sin trí shonraisc, arna n-ullmhú ar an modh a fhorordaítear le rialacháin, i leith soláthar seirbhísí don duine cuntasach céadluaite, arb éard iad athrú ar fhoirm, ar mheáchan nó ar íonacht óir, a asbhaint, más rud é go bhfuil soláthar iardain an óir sin ag an duine cuntasach sin díolmhaithe ó cháin.

(*b*) Féadfaidh duine, de réir rialachán, aisíoc a éileamh ar an gcáin a muirearaíodh ar an duine sin i leith soláthar seirbhísí don duine sin arb éard iad athrú ar fhoirm, ar mheáchan nó ar íonacht óir, más rud é go bhfuil soláthar iardain an óir sin ag an duine sin díolmhaithe ó cháin.

(8) (*a*) Féadfaidh duine cuntasach a tháirgeann ór infheistíochta nó a chlaochlaíonn aon ór ina ór infheistíochta, le linn an méid cánach is iníoctha ag an duine cuntasach i leith tréimhse inchánach a ríomh agus d'ainneoin *Chaibidil 1* de *Chuid 8*—

(i) an cháin a mhuirearaigh daoine cuntasacha eile ar an duine cuntasach sin le linn na tréimhse sin trí shonraisc, arna n-ullmhú ar an modh a fhorordaítear le rialacháin, i leith soláthairtí earraí nó seirbhísí don duine cuntasach céadluaite,

(ii) an cháin is inmhuirearaithe le linn na tréimhse sin, ar cáin í atá dlite den duine cuntasach sin i leith fálacha earraí laistigh den Chomhphobal, agus

(iii) an cháin a d'íoc an duine cuntasach sin, nó a iarchuireadh, mar a suíodh ó na doiciméid custam

iomchuí a choimeád sé nó sí de réir *alt 84(3)* i leith earraí a d'allmhairigh sé nó sí sa tréimhse sin,

a asbhaint, más rud é go bhfuil na hearraí nó na seirbhísí sin nasctha le táirgeadh nó claochlú an óir sin agus go bhfuil soláthar iardain an óir infheistíochta sin ag an duine cuntasach sin díolmhaithe ó cháin.

(*b*) Aon duine a tháirgeann ór infheistíochta nó a chlaochlaíonn aon ór ina ór infheistíochta, féadfaidh sé nó sí, de réir rialachán, aisíoc a éileamh—

(i) ar an gcáin a muirearaíodh ar an duine ar cheannach earraí nó seirbhísí aige nó aici,

(ii) ar an gcáin is inmhuirearaithe ar an duine ar earraí a fháil laistigh den Chomhphobal aige nó aici, agus

(iii) ar an gcáin a d'íoc nó a d'iarchuir an duine ar allmhairiú earraí aige nó aici,

más rud é go bhfuil na hearraí nó na seirbhísí sin nasctha le táirgeadh nó claochlú an óir sin agus go bhfuil soláthar iardain an óir sin ag an duine sin díolmhaithe ó cháin.

(9) Déanfaidh gach trádálaí in ór infheistíochta—

(*a*) céannacht aon duine a sholáthraíonn an trádálaí sin ór infheistíochta dó nó di a shuíomh nuair is €15,000 nó níos mó an chomaoin iomlán atá an trádálaí i dteideal a fháil i leith an tsoláthair sin, nó i leith sraith soláthairtí den sórt sin atá nasctha nó a dhealraíonn a bheith nasctha, agus

(*b*) cóip a choinneáil de na doiciméid go léir a úsáideadh chun cibé duine a sholáthraítear an t-ór infheistíochta dó nó di amhlaidh a chéannú amhail is dá mba thaifid iad a bhí le coimeád de réir *alt 85(3)*.

**91**.—(1) San alt seo— An scéim um sheirbhísí leictreonacha.

[ACBL alt 5A]

ciallaíonn "an scéim um sheirbhísí leictreonacha" na socruithe speisialta chun seirbhísí a sholáthraítear go leictreonach, dá bhforáiltear in Airteagail 358 go 369 den Treoir CBL, a chur faoi cháin;

ciallaíonn "cáin bhreisluacha AE" cáin bhreisluacha dá dtagraítear sa Treoir CBL agus folaíonn sé cáin de réir bhrí *alt 2*;

tá le "duine aitheanta" an bhrí a shanntar dó le *fo-alt (5)*;

ciallaíonn "Ballstát tomhaltais" an Ballstát ina ndéantar soláthar na seirbhísí leictreonacha de réir Airteagal 58 den Treoir CBL;

ciallaíonn "Ballstát aitheantais" an Ballstát a roghnaíonn an duine neamhbhunaithe teagmháil a dhéanamh leis chun a rá cathain a thosófar ar a ghníomhaíocht nó a gníomhaíocht sa Chomhphobal de réir fhorálacha na scéime um sheirbhísí leictreonacha;

ciallaíonn "uimhir chánach náisiúnta" uimhir (cibé acu ab éard atá inti uimhreacha nó litreacha nó uimhreacha agus litreacha araon)

arna sannadh do dhuine neamhbhunaithe ag a údaráis cánachais náisiúnta féin nó ag a húdaráis cánachais náisiúnta féin;

ciallaíonn "duine neamhbhunaithe" duine a bhfuil a bhunachas nó a bunachas lasmuigh den Chomhphobal agus nach bhfuil bunachas aige nó aici sa Chomhphobal freisin agus nach gceanglaítear air nó uirthi thairis sin a bheith ina dhuine nó ina duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha de réir bhrí *alt 2*;

ciallaíonn "rannpháirtí sa scéim" duine neamhbhunaithe a sholáthraíonn seirbhísí leictreonacha isteach sa Chomhphobal agus a roghnaíonn an scéim um sheirbhísí leictreonacha a úsáid in aon Bhallstát;

ciallaíonn "tuairisceán CBL" an ráiteas ina bhfuil an fhaisnéis is gá chun an méid cánach breisluacha AE a shuíomh ar méid é a tháinig chun bheith inmhuirearaithe i ngach Ballstát faoin scéim um sheirbhísí leictreonacha.

(2) Faoi réir agus de réir an ailt seo, féadfaidh duine neamhbhunaithe a roghnú an scéim um sheirbhísí leictreonacha a chur chun feidhme maidir lena sholáthairtí nó lena soláthairtí seirbhísí leictreonacha do dhaoine neamh-inchánach laistigh den Chomhphobal.

(3) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim clár (dá ngairtear "clár aitheantais" san alt seo) de dhaoine neamhbhunaithe atá aitheanta sa Stát chun críocha na scéime um sheirbhísí leictreonacha a bhunú agus a chothabháil.

(4) Aon duine neamhbhunaithe a roghnaíonn a bheith aitheanta sa Stát chun críocha na scéime um sheirbhísí leictreonacha, cuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim, trí mheán leictreonach ar mhodh a shonróidh na Coimisinéirí Ioncaim, an tráth a thosóidh a ghníomhaíocht inchánach nó a gníomhaíocht inchánach agus déanfaidh sé nó sí, an tráth céanna, an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt dóibh go leictreonach:

(*a*) ainm agus seoladh poist an duine;

(*b*) a chuid seoltaí leictreonacha nó a cuid seoltaí leictreonacha, lena n-áirítear seoltaí suíomh gréasáin;

(*c*) a uimhir chánach náisiúnta nó a huimhir chánach náisiúnta (más ann); agus

(*d*) ráiteas á rá nach duine atá cláraithe, nó aitheanta ar shlí eile, chun críocha cánach breisluacha laistigh den Chomhphobal an duine.

(5) (*a*) I gcás gur thug an duine na sonraí a cheanglaítear a thabhairt faoi *fho-alt (4)*, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim—

(i) an duine sin a chlárú de réir *fho-alt (3)*,

(ii) uimhir aitheantais a leithroinnt ar an duine sin, agus

(iii) an uimhir aitheantais sin a chur in iúl don duine sin go leictreonach.

(*b*) Chun críocha an ailt seo, gairfear "duine aitheanta" de dhuine a ndearnadh uimhir aitheantais den sórt sin a leithroinnt air nó uirthi.

(6) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, déanfaidh duine aitheanta, laistigh de 20 lá díreach i ndiaidh dheireadh gach ráithe féilire—

(i) tuairisceán CBL a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim trí mheán leictreonach, ar tuairisceán é arna ullmhú de réir *fho-alt (7)*, agus ina mbeidh na sonraí sin a shonraítear *i bhfo-alt (7)*, i leith soláthairtí a rinneadh sa Chomhphobal sa ráithe sin, agus

(ii) an tráth céanna a thabharfaidh sé nó sí an tuairisceán sin, an méid cánach breisluacha AE (más ann) is iníoctha ag an duine sin i leith na ráithe sin a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim, isteach i gcuntas bainc a shonróidh siad agus é ainmnithe in euro, ar méid cánach breisluacha AE é is iníoctha—

(I) i ndáil le soláthairtí a rinneadh sa Stát de réir *alt 34(l)*, agus

(II) i ndáil le soláthairtí a rinneadh i mBallstáit eile de réir na bhforálacha lena gcuirtear Airteagal 58 den Treoir CBL i ngníomh sna Ballstáit eile sin.

(*b*) I gcás nach ndearna duine aitheanta aon soláthairtí leictreonacha den sórt sin do dhaoine neamh-inchánach isteach sa Chomhphobal laistigh de ráithe féilire, tabharfaidh sé nó sí tuairisceán CBL nialais i leith na ráithe sin.

(7) Is in euro a thabharfar an tuairisceán CBL dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* agus beidh na nithe seo a leanas ann—

(*a*) uimhir aitheantais an duine,

(*b*) i leith gach Ballstát tomhaltais ina bhfuil cáin bhreisluacha AE tagtha chun bheith dlite—

(i) luach iomlán soláthairtí seirbhísí leictreonacha i leith na ráithe, gan cáin bhreisluacha AE a áireamh,

(ii) méid an luacha sin a ndlitear cáin bhreisluacha AE a ghearradh air de réir an ráta infheidhme, agus

(iii) an méid cánach breisluacha AE a fhreagraíonn don luach sin de réir an ráta infheidhme,

agus

(*c*) an cháin bhreisluacha AE iomlán atá dlite (más ann).

(8) D'ainneoin *alt 37(4)*, i gcás go ndearnadh soláthairtí trí airgeadra seachas an euro a úsáid, is é an ráta malairte atá le húsáid chun an méid comhréireach a shloinneadh in euro ar an tuairisceán CBL an ráta malairte arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach le haghaidh an dáta deiridh den ráithe féilire lena mbaineann an tuairisceán CBL nó, mura ndéantar aon fhoilsiú an dáta sin, an chéad lá eile a dhéantar foilsiú.

(9) D'ainneoin *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, maidir le rannpháirtí sa scéim a sholáthraíonn seirbhísí a meastar de réir *alt 34(l)* go soláthraítear sa Stát iad—

(*a*) le linn an méid cánach is iníoctha aige nó aici i leith na soláthairtí sin a ríomh, ní bheidh sé nó sí i dteideal aon cháin a iompraíodh nó a íocadh i ndáil leis na soláthairtí sin a asbhaint, ach

(*b*) beidh sé nó sí i dteideal aisíoc ar an gcáin sin a éileamh de réir Threoir Uimh. 86/560/CEE an 17 Samhain, 1986 ón gComhairle[6], agus trí na rialacha is infheidhme maidir leis an Treoir sin a úsáid, d'ainneoin Airteagail 2(2), 2(3) agus 4(2) den Treoir sin.

(10) Maidir le rannpháirtí sa scéim a sholáthraíonn seirbhísí a meastar de réir alt *34(l)* go soláthraítear sa Stát iad, measfar gur chomhlíon sé nó sí a chuid oibleagáidí nó a cuid oibleagáidí faoi *Chaibidlí 1*, *3* agus *7* de *Chuid 9* más rud é gur thug an rannpháirtí sin cuntas iomlán i leith na soláthairtí sin in aon Bhallstát faoi fhorálacha na scéime um sheirbhísí leictreonacha.

(11) Chun críocha an Achta seo, déileálfar, fara aon mhodhnuithe is gá, le tuairisceán CBL a cheanglaítear a thabhairt de réir na scéime um sheirbhísí leictreonacha, a mhéid a bhaineann sé le soláthairtí a rinneadh de réir *alt 34(l)*, amhail is dá mba thuairisceán é a cheanglaítear a thabhairt de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9*.

(12) (*a*) Déanfaidh duine aitheanta—

(i) taifid iomlána fhíora a choimeád ar na hidirbhearta go léir a thagann faoi réim na scéime um sheirbhísí leictreonacha agus a dhéanann difear dá dhliteanas nó dá dliteanas i leith cánach breisluacha AE,

(ii) na taifid sin a chur ar fáil, trí mheán leictreonach agus nuair a iarrtar iad, do na Coimisinéirí Ioncaim,

(iii) na taifid sin a chur ar fáil, trí mheán leictreonach agus nuair a iarrtar iad, do na Ballstáit tomhaltais go léir, agus

(iv) d'ainneoin *Chaibidil 7* de *Chuid 9*, na taifid sin a choinneáil i leith gach idirbhirt go ceann tréimhse 10 mbliana ó dheireadh na bliana ina ndearnadh an t-idirbheart sin.

(*b*) Aon rannpháirtí sa scéim a meastar go soláthraíonn sé nó sí seirbhísí sa Stát de réir *alt 34(l)*, beidh sé nó sí faoi cheangal ag ceanglais *fhomhíreanna (i)*, *(ii)* agus *(iv)* i ndáil leis na soláthairtí sin.

(13) Déanfaidh duine aitheanta fógra i dtaobh na nithe seo a leanas a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim go leictreonach—

(*a*) aon athruithe ar an bhfaisnéis a tugadh faoi *fho-alt (4)*, agus

(*b*) má scoirtear dá ghníomhaíocht inchánach nó dá gníomhaíocht inchánach nó má athraítear í a mhéid nach

[6]IO Uimh. L326, 21.11.1986, lch. 40

gcáilíonn sé nó sí a thuilleadh le haghaidh na scéime um sheirbhísí leictreonacha.

(14) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim duine aitheanta a eisiamh ón gclár aitheantais más rud é—

(*a*) go bhfuil forais réasúnacha acu chun a chreidiúint gur tháinig deireadh le gníomhaíochtaí inchánach an duine sin, nó

(*b*) maidir leis an duine aitheanta—

(i) go dtugann sé nó sí fógra do na Coimisinéirí á rá nach soláthraíonn sé nó sí seirbhísí leictreonacha a thuilleadh,

(ii) nach gcomhallann sé nó sí a thuilleadh na ceanglais is gá chun a cheadú dó nó di an scéim um sheirbhísí leictreonacha a úsáid, nó

(iii) go mainníonn sé nó sí go rialta forálacha na scéime um sheirbhísí leictreonacha a chomhlíonadh.

(15) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh de réir mar is gá chun éifeacht a thabhairt don scéim um sheirbhísí leictreonacha.

Socruithe fionraí le haghaidh táirgí alcóil.

[ACBL alt 3B]

**92**.—(1) San alt seo—

tá le "táirgí alcóil" an bhrí a shanntar dó le halt 73(1) den Acht Airgeadais, 2003;

ciallaíonn "socrú fionraí" socrú faoina ndéantar táirgí inmháil a tháirgeadh, a phróiseáil, a shealbhú nó a aistriú, is socrú faoina bhfuil dleacht mháil ar fionraí.

(2) I gcás go soláthraítear táirgí alcóil le linn iad a shealbhú faoi shocrú fionraí, ansin—

(*a*) measfar, maidir le haon soláthar den sórt sin a dhéantar le linn na táirgí a shealbhú faoin socrú sin (seachas an soláthar deiridh den sórt sin sa Stát), nach soláthar é chun críocha an Achta seo seachas chun críocha *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, agus

(*b*) tabharfar neamhaird chun críocha an Achta seo—

(i) ar aon táirgí den sórt sin a fháil laistigh den Chomhphobal roimhe sin, nó

(ii) ar aon táirgí den sórt sin a allmhairiú roimhe sin.

(3) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, i gcas go bhfuil cáin inmhuirearaithe ar sholáthar dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, ansin, d'ainneoin *alt 74(1)*, beidh an cháin ar an soláthar sin dlite an tráth céanna atá an dleacht mháil ar na táirgí dlite.

(*b*) Ní bheidh feidhm ag *mír (a)* maidir le soláthar den chineál dá dtagraítear i *mír 1(1)* nó *(3)*, *3(1)* nó *7(6)* de *Sceideal 2.*

(4) Más rud é (seachas sna himthosca atá leagtha amach in *alt 11(2)*), go ndéanann duine cuntasach fáil táirgí alcóil laistigh den Chomhphobal agus de bhua na fála sin, agus de réir Chaibidlí 1 agus 2 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001, agus de réir aon achtacháin eile atá le forléiriú i dteannta na gCaibidlí sin, go bhfuil an dleacht mháil ar na táirgí sin iníoctha sa Stát, ansin, d'ainneoin *alt 75*, beidh an cháin ar an bhfáil sin laistigh den Chomhphobal dlite an tráth céanna atá an dleacht mháil ar na táirgí dlite.

(5) I gcás go bhfuil cáin inmhuirearaithe ar allmhairiú táirgí alcóil, a chuirtear ansin faoi shocrú fionraí, ansin, d'ainneoin *alt 53(3)*, beidh an cháin ar an allmhairiú sin dlite an tráth céanna atá an dleacht mháil ar na táirgí dlite.

(6) D'ainneoin *ailt 37(1)* agus *(2)* agus *53(1)*, i gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*, *(4)* nó *(5)*, beidh an méid ar arb inmhuirearaithe cáin ar áireamh i méid na dleachta máil is inmhuirearaithe ar na táirgí ar iad a scaoileadh lena n-ól sa Stát.

(7) D'ainneoin aon fhorála eile dá mhalairt san Acht seo, i gcás go bhfuil feidhm ag *fo-alt (3)*, *(4)* nó *(5)*, ansin—

(*a*) beidh an cháin iníoctha an tráth céanna atá an dleacht mháil iníoctha ar na táirgí,

(*b*) beidh feidhm, fara aon mhodhnuithe agus eisceachtaí is gá agus a shonrófar i rialacháin, ag forálacha na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna máil agus ag forálacha aon ionstraime a bhaineann le dleachtanna máil arna déanamh faoi reacht, maidir leis an gcáin sin amhail is dá mba dhleacht mháil í, agus

(*c*) déanfaidh an duine a bhfuil an cháin iníoctha aige nó aici cibé foirm a chomhlánú a sholáthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha an fho-ailt seo.

## CUID 11

### Earraí Dochorraithe

Soláthar earraí dochorraithe (na seanrialacha).

[ACBL alt 4(1), (9) agus (10) agus alt 4(11) (go páirteach)]

**93**.—(1) (*a*) San alt seo—

(i) maidir le "leas", i ndáil le hearraí dochorraithe—

(I) faoi réir *chlásal (II)*, ciallaíonn sé eastát nó leas sna hearraí sin ar eastát nó leas ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad a bhí ann nuair a bunaíodh é nó, dá mba ar feadh tréimhse is giorra ná 10 mbliana é, a raibh ina théarmaí rogha don duine ar ina fhabhar nó ina fabhar a bunaíodh an leas é a fhadú go dtí tréimhse 10 mbliana ar a laghad,

(II) ní fholaíonn sé morgáiste,

(ii) folaíonn tagairt do leas a dhiúscairt tagairt do leas a bhunú, agus

(iii) measfar gur leas chun críocha an ailt seo eatramh den chineál dá dtagraítear in alt 4(2A) den achtachán aisghairthe.

(*b*) I gcás go mbunaítear leas agus, ag dáta a bhunaithe, go bhfuil rogha amháin nó níos mó ina théarmaí maidir leis an duine ar ina fhabhar nó ina fabhar a bunaíodh an leas amhlaidh d'fhadú an leasa, ansin measfar gurb é atá sa leas sin leas don tréimhse ó dháta bunaithe an leasa sin go dtí an dáta a rachadh an leas sin in éag dá ndéanfaí na roghanna sin a fheidhmiú amhlaidh.

(*c*) Tá feidhm ag an alt seo maidir le hearraí dochorraithe—

(i) arb é nó í an duine a sholáthair iad a d'fhorbair iad nó ar forbraíodh iad thar a cheann nó thar a ceann, nó

(ii) a raibh an duine a sholáthair iad, nó a mbeadh sé nó sí, mura mbeadh oibriú *alt 20(2)(c)*, aon tráth i dteideal ina leith asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* a éileamh i leith aon chánach a iompraíodh nó a íocadh i ndáil lena soláthar nó lena bhforbairt.

(2) (*a*) (i) Faoi réir *fhomhír (ii)*, i gcás gur bunaíodh leas in earraí dochorraithe roimh an 1 Iúil, 2008 in imthosca de shórt a thug gur bunaíodh agus gur coinníodh frithdhílse ar an leas sin (dá ngairtear "leas frithdhílse" san fho-alt seo), ansin measfar gur soláthar earraí dochorraithe nach muirearaítear cáin air aon diúscairt a dhéantar dá éis sin chuig duine eile ar an leas frithdhílse sin nó ar leas arna dhíorthú go hiomlán ón gcéanna, más rud é nach ndearna an duine a dhéanann an diúscairt sin dá éis sin na hearraí sin a fhorbairt, nó nár forbraíodh iad thar a cheann nó thar a ceann nó chun tairbhe dó nó di, ón dáta a bunaíodh an leas céadluaite.

(ii) Ní fhorléireofar an fo-alt seo mar fho-alt a bhaineann le diúscairt leasa a fholaíonn eatramh.

(*b*) Chun críocha an fho-ailt seo, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh ina sonrófar na himthosca nó na coinníollacha nach ndéileáiltear le hobair forbartha ar earraí dochorraithe fúthu mar obair forbartha thar ceann duine nó chun tairbhe dó nó di.

(3) (*a*) Chun críocha an fho-ailt seo—

tá le "tiarna talún" an bhrí a shanntar dó le *mír (b)*;

maidir le "caiteachais iarligin", i ndáil le leas in earraí dochorraithe—

(i) ciallaíonn sé, faoi réir *fhomhír (ii)*, caiteachais a thabhaíonn an tiarna talún—

(I) le linn seirbhísí a chur i gcrích a bhfuil sé d'oibleagáid ar an tiarna talún iad a chur i gcrích faoi théarmaí agus coinníollacha an chonartha i scríbhinn a rinneadh ar dhiúscairt an leasa a bhí inmhuirearaithe i leith cánach (seachas idirbhearta nach bhfuil an oibleagáid chun

comhlíonadh a dhéanamh i ndáil leo le brath sa chomaoin ar ar muirearaíodh cáin ar dhiúscairt an leasa sin),

(II) a bhaineann go díreach le bailiú cíosa a eascraíonn faoin gconradh dá dtagraítear i *gclásal (I)*,

(III) a bhaineann go díreach le hathbhreithniú ar chíos i gcás go ndéantar socrú i dtéarmaí agus coinníollacha an chonartha dá dtagraítear i *gclásal (I)* maidir le hathbhreithniú den sórt sin, nó

(IV) a bhaineann go díreach le feidhmiú rogha chun an leas a fhadú nó chun clásal scoir a fheidhmiú i ndáil leis an leas sin i gcás go ndéantar socrú i dtéarmaí agus coinníollacha an chonartha dá dtagraítear i *gclásal (I)* maidir le rogha den sórt sin nó le clásal scoir den sórt sin,

(ii) ní fholaíonn sé aon chaiteachais a bhaineann le hearraí nó le seirbhísí den chineál a shonraítear in *alt 60(2)*.

(*b*) Más rud é—

(i) gur diúscraíodh leas in earraí dochorraithe roimh an 1 Iúil, 2008,

(ii) go raibh an diúscairt sin inmhuirearaithe i leith cánach, agus

(iii) go bhfuil d'oibleagáid ar an duine a fuair an leas sin cíos a íoc le duine eile (dá ngairtear an "tiarna talún" san fho-alt seo) faoi na téarmaí agus na coinníollacha atá leagtha síos maidir leis an leas sin,

ansin—

(I) measfar, d'ainneoin *Chuid 2*, nach duine cuntasach an tiarna talún i leith idirbheart i ndáil leis na hearraí dochorraithe sin seachas—

(A) soláthairtí ar na hearraí dochorraithe sin a raibh cáin inmhuirearaithe orthu de réir alt 4 den achtachán aisghairthe,

(B) soláthairtí earraí eile nó seirbhísí eile arna ndéanamh ag an tiarna talún ar chomaoin, nó

(C) caiteachais iarligin i leith an leasa sin,

(II) ní bheidh an tiarna talún i dteideal cáin a asbhaint i leith idirbheart i ndáil leis na hearraí dochorraithe sin seachas—

(A) soláthairtí ar na hearraí dochorraithe sin a bhfuil cáin inmhuirearaithe orthu de réir alt 4 (seachas fo-alt (4) den alt sin) den achtachán aisghairthe,

(B) soláthairtí earraí eile nó seirbhísí eile arna ndéanamh ag an tiarna talún ar chomaoin, nó

(C) caiteachais iarligin i leith an leasa sin,

(III) measfar, i gcás nach é nó í an tiarna talún an duine a rinne an leas a dhiúscairt, gur duine inchánach an tiarna talún i leith caiteachas iarligin i ndáil leis an leas sin, agus

(IV) beidh an tiarna talún, i ndáil leis na caiteachais iarligin sin, i dteideal cáin a asbhaint, de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, amhail is dá mba chaiteachais chun críocha sholáthairtí inchánach an tiarna talún na caiteachais iarligin sin.

Soláthairtí earraí dochorraithe (na rialacha nua).

[ACBL alt 4B]

**94**.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “críochnaithe”, i leith earraí dochorraithe, go bhfuil an oiread sin forbartha déanta ar na hearraí sin go bhfuil siad sa staid, ar leith amháin ó cibé obair bhailchríche nó feistiúcháin a bheadh déanta de ghnáth ag an duine a úsáidfidh na hearraí, nó thar a cheann nó thar a ceann, gur féidir na hearraí sin a úsáid go héifeachtach chun na gcríoch chun ar dearadh na hearraí sin, agus tá na seirbhísí fóntais is gá chun na gcríoch sin bainteach leis na hearraí sin;

ciallaíonn “ar áitiú”, i leith earraí dochorraithe—

(*a*) ar áitiú agus á n-úsáid go hiomlán tar éis iad a bheith críochnaithe, i gcás gur úsáid í an úsáid sin ar ina leith a deonaíodh cead pleanála chun na hearraí sin a fhorbairt, agus

(*b*) cás ina bhfuil na hearraí sin ar ligean, ar áitiú agus á n-úsáid go hiomlán amhlaidh ag an tionónta.

(2) Faoi réir *fho-ailt (3)*, *(5)*, *(8)* agus *(9)* agus *alt 95(7)(a)*, níl cáin inmhuirearaithe ar sholáthar earraí dochorraithe—

(*a*) nach ndearnadh forbairt orthu laistigh de 20 bliain roimh an soláthar sin,

(*b*) ar earraí dochorraithe críochnaithe iad, agus arb é an tráth is déanaí a críochnaíodh iad breis agus 5 bliana roimh an soláthar sin, agus nach ndearnadh forbairt ar na hearraí sin laistigh den tréimhse 5 bliana sin,

(*c*) ar earraí dochorraithe críochnaithe iad nach ndearnadh forbairt orthu ón tráth is déanaí a críochnaíodh na hearraí sin, más rud é—

(i) go ndéantar an soláthar sin tar éis na hearraí dochorraithe a bheith ar áitiú ar feadh 24 mhí ar a laghad sa chomhiomlán i ndiaidh an trátha is déanaí a críochnaíodh na hearraí sin, agus

(ii) go ndéantar an soláthar sin tar éis soláthar ar na hearraí sin roimhe sin a raibh cáin inmhuirearaithe air agus gurb amhlaidh maidir leis an soláthar sin roimhe sin—

(I) gur tar éis an trátha is déanaí a críochnaíodh na hearraí sin a rinneadh é, agus

(II) gur idirbheart é idir daoine nach raibh bainteach le chéile de réir bhrí *alt 97*,

(*d*) arb é atá iontu foirgneamh a críochnaíodh breis agus 5 bliana roimh an soláthar sin agus ar a ndearnadh forbairt sna 5 bliana roimh an soláthar sin, más rud é—

(i) nach ndearnadh leis an bhforbairt sin, agus nár beartaíodh go ndéanfaí leis an bhforbairt sin, an foirgneamh a oiriúnú le haghaidh malairt ábhartha úsáide, agus

(ii) nár mhó an costas a bhain leis an bhforbairt sin ná 25 faoin gcéad den chomaoin don soláthar sin,

nó

(*e*) arb é atá iontu foirgneamh a críochnaíodh laistigh de na 5 bliana roimh an soláthar sin, más rud é—

(i) gur áitíodh an foirgneamh ar feadh 24 mhí ar a laghad san iomlán i ndiaidh an chríochnaithe sin,

(ii) go ndéantar an soláthar sin tar éis soláthar roimhe sin ar an bhfoirgneamh a raibh cáin inmhuirearaithe air agus gurb amhlaidh maidir leis an soláthar sin roimhe sin—

(I) go ndearnadh é tar éis an foirgneamh a chríochnú amhlaidh, agus

(II) gur idirbheart é idir daoine inchánach nach raibh bainteach le chéile de réir bhrí *alt 97*,

agus

(iii) má rinneadh aon fhorbairt ar an bhfoirgneamh sin tar éis an chríochnaithe sin—

(I) nach ndearnadh leis an bhforbairt sin, agus nár beartaíodh go ndéanfaí leis an bhforbairt sin, an foirgneamh a oiriúnú le haghaidh malairt ábhartha úsáide, agus

(II) nár mhó an costas a bhain leis an bhforbairt sin ná 25 faoin gcéad den chomaoin don soláthar sin.

(3) I gcás ina soláthraíonn duine earraí dochorraithe do dhuine eile agus go ndéanann duine inchánach comhaontú i dtaca leis an soláthar sin leis an duine eile sin nó le duine atá bainteach leis an duine eile sin chun forbairt a dhéanamh i ndáil leis na hearraí dochorraithe sin, ansin—

(*a*) measfar, i ndáil leis an soláthar sin, gur duine inchánach an duine a sholáthraíonn na hearraí sin,

(*b*) measfar gur soláthar lena mbaineann *alt 3* soláthar na n-earraí, agus

(*c*) níl feidhm ag *fo-alt (2)* maidir leis an soláthar sin.

(4) Níl feidhm ag *alt 6(1)* ná *(2)* i ndáil le duine a dhéanann soláthar earraí dochorraithe.

(5) Faoi réir *fho-alt (9)*, i gcás ina soláthraíonn duine inchánach a sheolann gnó sa Stát earraí dochorraithe do dhuine inchánach eile a sheolann gnó sa Stát in imthosca ina ndéanfaí an soláthar sin a dhíolmhú thairis sin mar gheall ar *fho-alt (2)*, nó mar gheall ar *alt 95(3)* nó *(7)(b)*, ansin, d’ainneoin na bhforálacha sin, tá cáin inmhuirearaithe ar an soláthar sin, ach sin sa chás amháin go ndearna an soláthraí agus an duine inchánach dá ndéantar an soláthar comhaontú i scríbhinn, tráth nach déanaí ná an 15ú lá den mhí tar éis na míosa ar lena linn a rinneadh an soláthar, chun a roghnú go mbeidh cáin inmhuirearaithe ar an soláthar sin (dá ngairtear “comhrogha cánachais” san Acht seo).

(6) I gcás ina ndéantar comhrogha cánachais a fheidhmiú de réir *fho-alt (5)*, ansin—

(*a*) beidh an duine dá ndéantar an soláthar, i ndáil leis an soláthar sin, ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin is inmhuirearaithe ar an soláthar sin a íoc amhail is dá mba é nó í an duine sin a sholáthair na hearraí sin, agus

(*b*) ní bheidh an duine a rinne an soláthar cuntasach sa cháin sin ná ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin sin a íoc.

(7) (*a*) San fho-alt seo—

ciallaíonn “úinéir” an duine cuntasach dá dtagraítear in *alt 22(3)*;

ciallaíonn “ceannaitheoir” an duine dá soláthraítear na hearraí dochorraithe dá dtagraítear i *mír (b)*;

ciallaíonn “díoltóir” an duine dá dtagraítear in *alt 22(3)*, nach é nó nach í an duine cuntasach dá dtagraítear san alt sin é nó í, agus a dhiúscraíonn na hearraí dochorraithe dá dtagraítear i *mír (b)*.

(*b*) I gcás inar soláthar lena mbaineann *alt 22(3)* soláthar earraí dochorraithe agus go mbeadh an soláthar sin díolmhaithe thairis sin mar gheall ar *fho-alt (2)*, nó mar gheall ar *alt 95(3)* nó *(7)(b)*, ansin, d’ainneoin na bhforálacha sin, beidh cáin inmhuirearaithe ar an soláthar sin más rud é—

(i) gur duine inchánach an ceannaitheoir, agus

(ii) go ndearna an díoltóir agus an ceannaitheoir, tráth nach déanaí ná an 15ú lá den mhí tar éis na míosa ar lena linn a rinneadh an soláthar, comhaontú i scríbhinn chun a roghnú go mbeidh cáin inmhuirearaithe ar an soláthar sin.

(*c*) I gcás go bhfuil feidhm ag *mír (b)*—

(i) is duine cuntasach an ceannaitheoir i ndáil leis an soláthar sin agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin is inmhuirearaithe ar an soláthar sin a íoc,

amhail is dá mba é nó í an ceannaitheoir sin a sholáthair na hearraí sin,

(ii) ní bheidh an díoltóir ná an t-úinéir cuntasach sa cháin sin ná ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin sin a íoc,

agus

(iii) ní bheidh feidhm ag *ailt 65(4)* ná *76(2)*.

(*d*) Ní bheidh feidhm ag *mír (b)* i gcás gur duine atá bainteach (de réir bhrí *alt 97(3)*) leis an díoltóir nó leis an úinéir an ceannaitheoir.

(*e*) I gcás gur soláthar lena mbaineann *alt 22(3)* soláthar earraí dochorraithe agus go mbeadh an soláthar sin díolmhaithe thairis sin mar gheall ar *fho-alt (2)*, ansin, d'ainneoin na forála sin, tá cáin inmhuirearaithe ar an soláthar sin más rud é—

(i) gur foirgnimh atá deartha, nó ar féidir iad a úsáid, mar theaghais, atá sna hearraí dochorraithe,

(ii) gur duine a d'fhorbair na hearraí dochorraithe sin i gcúrsa gnó arb éard é earraí dochorraithe a fhorbairt nó duine atá bainteach leis an duine sin, de réir bhrí *alt 97(3)*, an t-úinéir, agus

(iii) go raibh an t-úinéir i dteideal asbhainte faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* i leith cánach is inmhuirearaithe ar an duine sin maidir leis an úinéir sin d'fháil nó d'fhorbairt na n-earraí dochorraithe sin.

(8) (*a*) San fho-alt seo agus i *bhfo-alt (9)*—

tá le "faighteoir" an bhrí a shanntar dó le *halt 16(1)(a)*;

tá le "soláthar iomchuí" an bhrí a shanntar dó le halt *16(1)(a)*.

(*b*) I gcás ina soláthraíonn duine inchánach earraí dochorraithe do dhuine eile in imthosca ina mbeadh an soláthar sin díolmhaithe thairis sin de réir *fho-alt (2)*, beidh cáin inmhuirearaithe ar an soláthar sin d'ainneoin an fho-ailt sin más rud é—

(i) gur foirgnimh atá deartha, nó ar féidir iad a úsáid, mar theaghais atá sna hearraí dochorraithe,

(ii) gur duine a d'fhorbair na hearraí dochorraithe i gcúrsa gnó arb éard é earraí dochorraithe a fhorbairt nó duine atá bainteach leis an duine sin, de réir bhrí *alt 97(3)*, an duine a dhéanann an soláthar sin, agus

(iii) go raibh an duine a d'fhorbair na hearraí dochorraithe sin i dteideal asbhainte faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* i leith cánach is inmhuirearaithe ar an duine sin maidir leis an duine sin d'fháil nó d'fhorbairt na n-earraí dochorraithe sin.

(*c*) I gcás foirgnimh lena mbainfeadh an fo-alt seo dá soláthródh an duine inchánach an foirgneamh aon tráth le linn tréimhse choigeartúcháin na scéime earraí caipitiúla don fhoirgneamh sin—

(i) ní bheidh feidhm ag *alt 64(4)* ná *(5)*, agus

(ii) d'ainneoin *alt 64(2)*, déileálfar leis an gcion den cháin iomlán arna tabhú is inasbhainte ag an duine sin mar chion an eatraimh tosaigh den úsáid inasbhainte.

(*d*) I gcás inar soláthar earraí dochorraithe lena mbainfeadh an fo-alt seo soláthar iomchuí, déileálfar dá éis sin leis an bhfaighteoir, chun críocha an fho-ailt seo i leith na n-earraí dochorraithe sin, amhail is dá mba dhuine a bheadh bainteach (de réir bhrí *alt 97(3)*) leis an duine a d'fhorbair na hearraí dochorraithe sin an faighteoir sin.

(9) (*a*) I gcás ina ndéantar soláthar iomchuí agus ina mbeadh an soláthar sin díolmhaithe thairis sin de réir *fho-alt (2)*, ansin—

(i) féadfaidh an faighteoir a roghnú an soláthar sin a chur faoi cháin (dá ngairtear "rogha cánachais" san fho-alt seo), agus

(ii) má fheidhmítear an rogha sin—

(I) beidh cáin inmhuirearaithe ar an soláthar sin d'ainneoin *fho-alt (2)*, agus

(II) ní bheidh feidhm ag *fo-alt (5)*.

(*b*) Ní bheidh feidhm ag an rogha cánachais maidir le soláthairtí iomchuí atá díolmhaithe de réir *alt 93(2)* nó *95(3)* nó *(7)(b)*.

(*c*) Measfar go bhfeidhmíonn an faighteoir an rogha cánachais i ndáil le soláthar iomchuí a bheadh díolmhaithe thairis sin de réir *fho-alt (2)(b)* go *(e)*.

Bearta idirthréimhseacha le haghaidh soláthairtí earraí dochorraithe.

[ACBL alt 4(3)(*ab*) (go páirteach) agus (8) (go páirteach) agus alt 4C]

**95**.—(1) Tá feidhm ag an alt seo—

(*a*) maidir le hearraí dochorraithe a fhaigheann nó a fhorbraíonn duine inchánach roimh an 1 Iúil, 2008, arbh earraí dochorraithe críochnaithe iad roimh an 1 Iúil, 2008, agus nár dhiúscair an duine inchánach roimh an dáta sin, go dtí cibé tráth a dhéanann an duine inchánach sin na hearraí sin a dhiúscairt an dáta sin nó dá éis, agus

(*b*) maidir le leas in earraí dochorraithe de réir bhrí *alt 93* (seachas leas ruílse nó leas atá coibhéiseach le ruíleas) a bhunaigh duine inchánach roimh an 1 Iúil, 2008 agus a bhí ag duine inchánach an 1 Iúil, 2008 agus maidir leis an leas frithdhílse (de réir bhrí *alt 93(2)*) ar an leas sin go dtí go ngéilltear an leas sin tar éis an 1 Iúil, 2008.

(2) I gcás ina ngéilltear leas lena mbaineann *fo-alt (1)(b)*, ansin, chun críocha fheidhm *Chaibidil 2* de *Chuid 8* i leith na n-earraí dochorraithe lena mbaineann—

(*a*) beidh an méid cánach is inmhuirearaithe ar an ngéilleadh de réir *fho-alt (8)* ar áireamh sa cháin iomlán arna tabhú agus ní bheidh cáin arna tabhú roimh an leas a géilleadh a bhunú ar áireamh inti, agus

(*b*) is é a bheidh sa tréimhse choigeartúcháin an líon eatramh a shonraítear i *bhfo-alt (12)(c)(iv)* agus tosóidh an t-eatramh tosaigh ar dháta an ghéillte sin.

(3) I gcás soláthar earraí dochorraithe lena mbaineann *fo-alt (1)(a)*, ar earraí dochorraithe críochnaithe iad de réir bhrí *alt 94*—

(*a*) más rud é nach raibh aon cheart ag an duine a sholáthraíonn na hearraí sin chun asbhainte faoi alt 12 den achtachán aisghairthe i ndáil leis an gcáin is inmhuirearaithe ar na hearraí sin a fháil nó a fhorbairt roimh an 1 Iúil, 2008, agus

(*b*) má dhéantar aon fhorbairt ina dhiaidh sin ar na hearraí dochorraithe sin an 1 Iúil, 2008 nó dá éis—

(i) ní dhéantar leis an bhforbairt sin, ná ní bheartaítear go ndéanfar leis an bhforbairt sin, na hearraí dochorraithe a choigeartú le haghaidh malairt ábhartha úsáide, agus

(ii) ní mó an costas a ghabhann leis an bhforbairt sin ná 25 faoin gcéad den chomaoin i leith an tsoláthair sin,

ansin, faoi réir *alt 94(3)*, níl an soláthar sin inmhuirearaithe i leith cánach ach féadfar comhrogha cánachais a fheidhmiú i leith an tsoláthair sin de réir *alt 94(5)* agus tá an cháin sin iníoctha de réir *alt 94(6)*.

(4) (*a*) Más rud é, maidir le duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

(i) go bhfuair sé nó sí nó gur fhorbair sé nó sí leas in earraí dochorraithe lena mbaineann an t-alt seo, nó go bhfuil leas den sórt sin aige nó aici,

(ii) go raibh sé nó sí i dteideal cáin a asbhaint de réir alt 12 den achtachán aisghairthe ar an duine sin d'fháil nó d'fhorbairt na n-earraí sin, agus

(iii) go ndéanann sé nó sí na hearraí dochorraithe sin a ligean ar ligean é lena mbaineann *mír 11* de *Sceideal 1*,

ansin déanfaidh an duine sin (dá ngairtear an "tiarna talún" san fho-alt seo) méid a ríomh (dá ngairtear "coigeartú inasbhainteachta" san fho-alt seo) de réir na foirmle a leagtar amach i *mír (b)* agus beidh an méid sin iníoctha amhail is dá mba cháin í a bheadh dlite den duine sin de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* don tréimhse inchánach ina ndéantar an ligean sin.

(*b*) Déanfar an coigeartú inasbhainteachta a ríomh de réir na foirmle—

$$\frac{TD \times (Y - N)}{Y}$$

i gcás—

gurb é TD an méid cánach dá dtagraítear i *mír (a)(ii)* a raibh an tiarna talún i dteideal é a asbhaint,

gurb é Y 20 nó, más le haghaidh tréimhse is giorra ná 20 bliain an leas nuair a fuair an tiarna talún é, an líon blianta iomlána sa leas sin, agus

gurb é N an líon blianta iomlána ó fuair an tiarna talún an leas sna hearraí dochorraithe dá dtagraítear i *mír (a)* nó, má rinneadh na hearraí a fhorbairt ó fuarthas an leas sin, an líon blianta iomlána ó rinneadh an fhorbairt is déanaí,

ach i gcás gur mó an N sin ná an Y sin, measfar gur nialas an coigeartú inasbhainteachta.

(5) Maidir le sannadh nó géilleadh leasa in earraí dochorraithe lena mbaineann *fo-alt (1)(b)*, measfar gur soláthar earraí dochorraithe chun críocha an Achta seo é ar feadh tréimhse 20 bliain ó thráth bunaithe an leasa nó ón sannadh is déanaí i leith an leasa sin roimh an 1 Iúil, 2008, cibé acu is déanaí.

(6) Más rud é—

(*a*) go ndéanann duine soláthar earraí dochorraithe lena mbaineann an t-alt seo,

(*b*) go bhfuil cáin inmhuirearaithe ar an soláthar sin, agus

(*c*) nach raibh an duine sin i dteideal an cháin go léir a asbhaint a muirearaíodh ar an duine sin ar na hearraí dochorraithe sin a fháil nó a fhorbairt,

ansin beidh an duine sin i dteideal an coigeartú cuí a dhéanamh a mbeadh feidhm aige faoi *alt 64(6)(a)* amhail is dá mba rud é go raibh feidhm ag an scéim earraí caipitiúla maidir leis an idirbheart sin.

(7) I gcás sannadh nó géilleadh leasa in earraí dochorraithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*—

(*a*) beidh cáin inmhuirearaithe más rud é go raibh an duine a rinne an sannadh nó an géilleadh i dteideal aon chuid den cháin, ab inmhuirearaithe ar an leas sin a fháil nó ar na hearraí dochorraithe sin a fhorbairt, a asbhaint de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, agus

(*b*) ní bheidh cáin inmhuirearaithe más rud é nach raibh aon cheart ag an duine a rinne an sannadh nó an géilleadh chun asbhaint a dhéanamh faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* ar an leas sin a fháil nó ar na hearraí dochorraithe sin a fhorbairt, ach féadfar comhrogha cánachais a fheidhmiú ar an sannadh nó ar an ngéilleadh sin.

(8) (*a*) D'ainneoin *Chaibidil 1* de *Chuid 5*, is é a bheidh sa mhéid ar a mbeidh cáin inmhuirearaithe i ndáil le sannadh nó géilleadh inchánach lena mbaineann *fo-alt (7)* ná an méid arna ríomh de réir na foirmle atá leagtha amach i *mír (b)* arna roinnt ar an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(c)* arna shloinneadh i bhfoirm dheachúil.

(*b*) Is é a bheidh sa mhéid cánach a bheidh dlite agus iníoctha maidir le sannadh nó géilleadh inchánach lena mbaineann *fo-alt (7)* ná méid a ríomhfar de réir na foirmle—

$$T \times \frac{N}{Y}$$

i gcás—

gurb é T an cháin iomlán arna tabhú dá dtagraítear i *bhfo-alt (12)(d)*, seachas an méid cánach arna mhuirearú i leith aon fhorbartha ag an duine a dhéanann an sannadh nó an géilleadh tar éis an leas a fháil,

gurb é N an líon láneatramh móide a haon, a bheidh fágtha sa tréimhse choigeartúcháin dá dtagraítear i *bhfo-alt (12)(c)*, tráth an tsannta nó an ghéillte,

gurb é Y an líon iomlán eatramh sa tréimhse choigeartúcháin sin don duine a dhéanann an sannadh nó an géilleadh,

agus beidh feidhm ag *míreanna (c)* go *(e)* maidir leis an gcáin sin.

(*c*) I gcás ina bhfuil cáin inmhuirearaithe i ndáil le soláthar earraí dochorraithe is géilleadh leasa in earraí dochorraithe nó sannadh leasa in earraí dochorraithe—

(i) do dhuine inchánach,

(ii) do Roinn Stáit nó d'údarás áitiúil, nó

(iii) do dhuine a sholáthraíonn earraí dochorraithe de chineál dá dtagraítear i *mír (a)* den mhíniú ar "gníomhaíocht dhíolmhaithe" in *alt 2(1)* nó seirbhísí de chineál dá dtagraítear i *míreanna 1*, *5(4)*, *6*, *7*, *8*, *11* agus *14(3)* de *Sceideal 1*, i gcúrsa nó ag bisiú gnó,

ansin—

(I) beidh an duine dá soláthraítear na hearraí sin cuntasach sa cháin is inmhuirearaithe ar an soláthar sin agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin sin a íoc,

(II) beidh an cháin sin iníoctha amhail is dá mba cháin í a bhí dlite den duine sin de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* don tréimhse inchánach ar laistigh di a rinneadh an soláthar don duine, agus

(III) chun críocha *fhomhíreanna (I)* agus *(II)*, is duine inchánach an duine dá soláthraítear na hearraí agus ní bheidh an duine a rinne an géilleadh nó an sannadh cuntasach sa cháin sin ná ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas an cháin sin a íoc.

(*d*) Más soláthar do Roinn Stáit nó d'údarás áitiúil an soláthar dá dtagraítear i *mír (a)*, ansin, d'ainneoin aon ní dá mhalairt in *alt 14(2)*, beidh an Roinn Stáit nó an t-údarás

áitiúil cuntasach sa cháin dá dtagraítear sa mhír sin agus beidh sí nó sé faoi dhliteanas an cháin sin a íoc.

(*e*) (i) Déileálfar le géilleadh nó sannadh earraí dochorraithe dá dtagraítear i *mír (a)* mar sholáthar earraí arna dhéanamh ag an duine dá soláthraítear na hearraí.

(ii) Faoi réir *fhomhír (iii)*, ar na hearraí dochorraithe dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* a ghéilleadh nó a shannadh, déanfaidh an duine a dhéanann an géilleadh nó an sannadh doiciméad a eisiúint chuig an duine dá ndéantar an géilleadh nó an sannadh ina léireofar—

(I) luach an leasa atá á ghéilleadh nó á shannadh, agus

(II) an méid cánach is inmhuirearaithe ar an ngéilleadh sin nó ar an sannadh sin.

(iii) Ní bheidh feidhm ag *fomhír (ii)* i gcás ina bhfuil oibleagáid ar an duine a dhéanann an géilleadh nó an sannadh doiciméad a eisiúint de réir *fho-alt (9)(a)* chuig an duine dá ndéantar an géilleadh nó an sannadh sin.

(iv) Chun críocha *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, beidh feidhm ag an gCaibidil sin amhail is nár achtaíodh an mhír seo.

(9) (*a*) I gcás go ndéantar leas in earraí dochorraithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)* a shannadh nó a ghéilleadh le linn na tréimhse coigeartúcháin agus go bhfuil cáin iníoctha maidir leis an sannadh sin nó maidir leis an ngéilleadh sin, ansin déanfaidh an duine a dhéanann an sannadh nó an géilleadh doiciméad ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas a eisiúint chuig an duine a bhfuil an leas á shannadh nó á ghéilleadh dó nó di:

(i) an méid cánach atá dlite nó iníoctha ar an sannadh sin nó ar an ngéilleadh sin; agus

(ii) an líon eatramh atá fágtha sa tréimhse choigeartúcháin arna chinneadh de réir *fho-alt (12)(c)(iv)*.

(*b*) I gcás ina bhfuil feidhm ag *mír (a)*, beidh an duine a ndéantar an leas a shannadh nó a ghéilleadh dó nó di ina úinéir nó ina húinéir earraí caipitiúla chun críocha *Chaibidil 2* de *Chuid 8* maidir leis an earra caipitiúil atá á shannadh nó á ghéilleadh, agus beidh sé nó sí faoi réir na Caibidle sin, agus chun na críche sin—

(i) is í an tréimhse choigeartúcháin an tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (12)(c)* arna sonrú i gceart sa doiciméad dá dtagraítear i *mír (a)*,

(ii) is í an cháin iomlán arna tabhú an méid cánach dá dtagraítear i *bhfo-alt (12)(d)* arna sonrú i gceart sa doiciméad dá dtagraítear i *mír (a)*, agus

(iii) is é atá san eatramh tosaigh tréimhse dar tosach dáta an tsannta nó an ghéillte.

(10) I gcás ina gcealaíonn duine roghnú chun bheith ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach de réir *alt 8(2)*, ansin, maidir leis na hearraí dochorraithe ar baineadh úsáid astu chun na seirbhísí a sholáthar a ndearna an duine sin an roghnú sin ina leith, níl feidhm ag *Caibidil 2* de *Chuid 8* más ag an duine sin atá na hearraí dochorraithe sin an 1 Iúil, 2008, agus más rud é nach bhforbraítear a thuilleadh iad tar éis an dáta sin.

(11) Le linn *Caibidil 2* de *Chuid 8* a fheidhmiú maidir le hearraí dochorraithe agus maidir le leasanna in earraí dochorraithe lena mbaineann an t-alt seo, tabharfar neamhaird ar *alt 64(2)* go *(5)* i leith an duine ar leis nó léi na hearraí dochorraithe sin nó a bhfuil leas sna hearraí dochorraithe sin aige nó aici an 1 Iúil, 2008, ach—

(*a*) má fhorbraíonn an duine sin na hearraí dochorraithe sin agus más athfheistiú (de réir bhrí *Chaibidil 2* de *Chuid 8*) an fhorbairt sin a chríochnaítear an 1 Iúil, 2008 nó dá éis, ní thabharfar neamhaird ar *alt 64(2)* go *(5)* i leith an athfheistithe sin,

(*b*) más rud é, an 23 Feabhra, 2010 nó dá éis, go ndéanann an duine sin—

(i) na hearraí dochorraithe sin a úsáid den chéad uair (dá ngairtear an "úsáid den chéad uair" san fho-alt seo), nó

(ii) úsáid na n-earraí dochorraithe sin a athrú (dá ngairtear an "úsáid athraithe" san fho-alt seo),

agus gurb é atá san úsáid den chéad uair nó san úsáid athraithe, de réir mar a bheidh, na hearraí dochorraithe sin a úsáid chun críche seachas ligean den chineál dá dtagraítear i *mír 11(1)* de *Sceideal 1* a sholáthar, ansin ní thabharfar neamhaird ar *alt 64(4)(a)* go *(d)* ar feadh a mbeidh fágtha den tréimhse choigeartúcháin is infheidhme maidir leis na hearraí dochorraithe sin.

(12) D'fhonn *Caibidil 2* de *Chuid 8* a fheidhmiú maidir le hearraí dochorraithe nó maidir le leasanna in earraí dochorraithe lena mbaineann an t-alt seo—

(*a*) déileálfar le haon leas in earraí dochorraithe lena mbaineann an t-alt seo mar earra caipitiúil,

(*b*) déileálfar le haon duine ag a bhfuil leas in earraí dochorraithe lena mbaineann an t-alt seo mar úinéir earraí caipitiúla, ach ní dhéileálfar leis nó léi amhlaidh a mhéid atá leas frithdhílse sna hearraí dochorraithe sin ag an duine murab é nó í an duine sin a d'fhorbair na hearraí sin nó murar forbraíodh iad thar a cheann nó thar a ceann nó chun tairbhe dó nó di,

(*c*) is í an tréimhse a ndéileálfar léi mar an tréimhse choigeartúcháin i leith earraí dochorraithe nó leasanna in earraí dochorraithe lena mbaineann an t-alt seo—

(i) i gcás ina bhfaightear an leas ruílse, nó leas atá coibhéiseach le ruíleas, sna hearraí dochorraithe sin, 20 bliain ón dáta a fhaightear é,

(ii) i gcás ina mbunaítear leas sna hearraí dochorraithe sin, 20 bliain nó, má ba leas go ceann tréimhse ba ghiorra ná 20 bliain an leas an tráth a bunaíodh é, an líon blianta iomlána sa leas sin nuair a bunaíodh é, cibé acu is giorra,

(iii) i gcás ina sanntar nó ina ngéilltear leas in earraí dochorraithe roimh an 1 Iúil, 2008, an tréimhse atá fágtha sa leas sin an tráth a shanntar nó a ghéilltear an leas sin nó 20 bliain, cibé acu is giorra, nó

(iv) i gcás—

(I) leas in earraí dochorraithe a ghéilleadh nó a shannadh den chéad uair an 1 Iúil, 2008 nó dá éis, an líon blianta iomlána atá fágtha sa tréimhse choigeartúcháin arna chinneadh de réir *fhomhíreanna (ii)* agus *(iii)*, móide aon bhliain amháin, nó

(II) an dara sannadh nó sannadh dá éis sin ar leas in earraí dochorraithe tar éis an 1 Iúil, 2008, an líon láneatramh atá fágtha sa tréimhse choigeartúcháin arna chinneadh de réir *chlásal (I)*, móide aon eatramh amháin,

agus is é a bheidh sa líon sin dá éis sin an líon eatramh atá fágtha sa tréimhse choigeartúcháin,

ach má forbraíodh na hearraí dochorraithe ón tráth a fuarthas na hearraí dochorraithe sin nó a bunaíodh an leas sin, 20 bliain ón dáta is déanaí a forbraíodh na hearraí sin,

(*d*) déileálfar leis an méid cánach a mhuirearófar, nó leis an méid cánach a bheadh inmhuirearaithe murach feidhm *alt 20(2)(c)* nó *56*, ar an duine lena ndéileáiltear mar úinéir earraí caipitiúla ar na hearraí caipitiúla a fháil, nó ar an bhforbairt is déanaí ar na hearraí caipitiúla, mar an cháin iomlán arna tabhú,

(*e*) déileálfar leis an gcáin iomlán arna tabhú arna roinnt ar an líon blianta sa tréimhse choigeartúcháin dá dtagraítear i *mír (c)* mar an méid bunchánach,

(*f*) déileálfar le gach bliain sa tréimhse choigeartúcháin dá dtagraítear i *mír (c)* mar eatramh,

(*g*) déileálfar leis an gcéad 12 mhí den tréimhse choigeartúcháin dá dtagraítear i *mír (c)* mar an t-eatramh tosaigh,

(*h*) déileálfar leis an dara bliain den tréimhse choigeartúcháin dá dtagraítear i *mír (c)* mar an dara heatramh, ach, i gcás leasa a shanntar nó a ghéilltear an 1 Iúil, 2008 nó dá éis, beidh leis an dara heatramh den tréimhse choigeartúcháin an bhrí a shanntar dó le *Caibidil 2* de *Chuid 8*,

(*i*) déileálfar le gach bliain i ndiaidh an dara bliain sa tréimhse choigeartúcháin dá dtagraítear i *mír (c)* mar eatramh dá éis sin,

(*j*) is é a bheidh sa mhéid lena ndéileálfar mar an méid iomlán athbhreithnithe inasbhainte méid na cánach iomláine arna tabhú de réir mar a fhoráiltear i *mír (d)* lúide—

(i) aon mhéid den cháin iomlán arna tabhú a muirearaíodh ar an duine lena ndéileáiltear mar an t-úinéir earraí caipitiúla ach nach raibh an t-úinéir sin i dteideal é a asbhaint de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8*,

(ii) aon mhéid a dtugann an duine lena ndéileáiltear mar an t-úinéir earraí caipitiúla cuntas ina leith de réir alt 12D(4) den achtachán aisghairthe i leith aistriú na n-earraí chuig an úinéir sin roimh an 1 Iúil, 2008,

(iii) aon cháin is iníoctha de réir *alt 19(1)(f)*, nó alt 4(3)(*a*) den achtachán aisghairthe, ag an duine lena ndéileáiltear mar an t-úinéir earraí caipitiúla, agus

(iv) i gcás ina ndearnadh coigeartú inasbhainteachta i leith an earra chaipitiúil de réir *fho-alt (4)(a)*, nó alt 4(3)(*ab*) den achtachán aisghairthe, an méid “TD” san fhoirmle a leagtar amach i *bhfo-alt 4(b)*,

(*k*) déileálfar leis an méid dá dtagraítear i *mír (d)* lúide an méid dá dtagraítear i *mír (j)* mar an méid neamh-inasbhainte,

agus, chun *míreanna (f)*, *(h)* agus *(i)* a chur chun feidhme, ciallaíonn “bliain” gach tréimhse 12 mhí sa tréimhse choigeartúcháin, a dtosaíonn an chéad cheann díobh ar an gcéad lá den eatramh tosaigh dá dtagraítear i *mír (g)*.

(13) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás ina bhfaigheann duine inchánach earraí dochorraithe an 1 Iúil, 2007 nó dá éis, ansin, d’ainneoin *fho-alt (11)*, beidh feidhm ag *alt 64(2)* agus, d’ainneoin *fho-alt (12)(j)*, beidh leis an méid iomlán athbhreithnithe inasbhainte an bhrí a shanntar dó le *Caibidil 2* de *Chuid 8*.

(*b*) Níl feidhm ag *mír (a)* i gcás go ndearna duine inchánach coigeartú de réir *alt 61(7)* i leith na n-earraí sin.

Díolúine a tharscaoileadh faoi na seanrialacha.

[ACBL alt 7(2) (go páirteach), alt 7(3), (4) agus (6), alt 7B(1) go (5), alt 7B(6) (go páirteach) agus alt 7B(9) agus (10)]

**96**.—(1) San alt seo, ciallaíonn “tarscaoileadh” tarscaoileadh díolúine ó cháin faoi alt 7(1) den achtachán aisghairthe.

(2) Scoirfidh tarscaoileadh d’éifeacht a bheith leis i ndeireadh na tréimhse inchánach a gcealaítear é lena linn de réir *fho-alt (3)*.

(3) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin le go gcealófar, ar iarraidh ó dhuine nó de réir *fho-alt (8)* nó *(12)*, tarscaoileadh a rinne an duine agus le go n-íocfaidh an duine sin leis na Coimisinéirí Ioncaim mar choinníoll cealaithe cibé suim (más ann) atá, ar í a chur le méid iomlán na cánach (má b’ann) a bhí dlite de nó di de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* maidir le soláthar seirbhísí aige nó aici lenar bhain an tarscaoileadh, comhionann le hiomlán na méideanna seo a leanas—

(*a*) an méid cánach a d’asbhain an duine de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8* i leith cánach a iompraíodh nó a íocadh maidir le soláthar na seirbhísí sin,

(*b*) an méid cánach a d'asbhain an duine de réir alt 12 den achtachán aisghairthe, sular tosaíodh ar na hearraí dochorraithe lena mbaineann an tarscaoileadh a ligean, maidir nó i ndáil lena leas sna hearraí dochorraithe sin a fháil nó maidir nó i ndáil le forbairt na n-earraí dochorraithe sin aige nó aici,

(*c*) an méid cánach a bheadh inasbhainte ag an duine de réir alt 12 den achtachán aisghairthe dá mbeadh cáin inmhuirearaithe ar aistriú úinéireachta earraí chuige nó chuici ar ina leith a cuireadh *alt 20(2)(c)* chun feidhme, agus dá n-úsáidfeadh sé nó sí na hearraí sin le linn na seirbhísí sin a sholáthar, agus

(*d*) an méid cánach a bheadh inasbhainte ag an duine de réir alt 12 den achtachán aisghairthe dá mba rud é—

(i) go raibh cáin inmhuirearaithe ar earraí nó seirbhísí ar cuireadh *mír 7(7)* de *Sceideal 2* chun feidhme maidir leo a sholáthar don duine sin, agus

(ii) gur úsáid an duine na hearraí nó na seirbhísí sin i ndáil le soláthar seirbhísí lenar bhain an tarscaoileadh.

(4) I gcás go ndéantar tarscaoileadh i leith soláthar seirbhíse, muirearófar cáin i ndáil leis an duine a dhéanann an tarscaoileadh le linn na tréimhse a bhfuil éifeacht leis an tarscaoileadh ina leith amhail is nach raibh an tseirbhís lena mbaineann an tarscaoileadh sonraithe i *Sceideal 1*.

(5) I gcás gur chealaigh duine a tharscaoileadh nó a tarscaoileadh roimh an 1 Iúil, 2008, ansin, chun *Caibidil 2* de *Chuid 8* a chur chun feidhme, déileálfar leis an tréimhse choigeartúcháin (de réir bhrí *alt 63(1)* nó, de réir mar a éileoidh an comhthéacs, an tréimhse a ndéileálfar léi mar an tréimhse choigeartúcháin de réir *alt 95(12)*) i ndáil le haon earra caipitiúil a raibh, maidir leis an gcáin ab inmhuirearaithe ar é a fháil nó a fhorbairt ag an duine sin, d'oibleagáid ar an duine sin í a chur i gcuntas nuair a rinne an duine sin an cealú sin, amhail is gur tháinig deireadh léi ar an dáta a raibh éifeacht leis an gcealú sin.

(6) Tá feidhm ag *fo-ailt (6)* go *(12)* maidir le duine cuntasach (dá ngairtear "tiarna talún" sna fo-ailt sin)—

(*a*) a bhfuil tarscaoileadh aige nó aici, agus

(*b*) nár chealaigh an tarscaoileadh roimh an 1 Iúil, 2008.

(7) Chun *Caibidil 2* de *Chuid 8* a chur chun feidhme, maidir leis an tréimhse choigeartúcháin (de réir bhrí *alt 63(1)* nó, de réir mar a éileoidh an comhthéacs, an tréimhse a ndéileálfar léi mar an tréimhse choigeartúcháin de réir *alt 95(12)*) i ndáil le hearra caipitiúil a raibh, maidir leis an gcáin ab inmhuirearaithe ar é a fháil nó a fhorbairt ag an tiarna talún, d'oibleagáid ar an tiarna talún sin í a chur i gcuntas nuair a chealaigh an tiarna talún a tharscaoileadh nó a tarscaoileadh, tiocfaidh deireadh léi ar an dáta a raibh éifeacht leis an gcealú sin.

(8) I gcás go ndéanann nó go ndearna tiarna talún ligean agus, murach go raibh an ligean sin faoi réir tarscaoileadh cheana féin, gur ligean é nach mbeadh an tiarna talún, de bharr *alt 97(2)*, i dteideal rogha tiarna talún go ngearrfar cáin a fheidhmiú ina leith de réir *alt 97*, ansin, faoi réir *fho-alt (9)*, scoirfidh tarscaoileadh díolúine an

tiarna talún láithreach d'fheidhm a bheith aige maidir leis an ligean sin, agus—

(*a*) íocfaidh an tiarna talún sin méid, amhail is dá mba cháin é a bheadh dlite den duine sin de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* don tréimhse inchánach ina scoireann an tarscaoileadh d'fheidhm a bheith aige maidir leis an ligean sin, agus is é a bheidh sa mhéid sin an tsuim (más ann) ab iníoctha de réir *fho-alt (3)* i leith tarscaoileadh a chealú amhail is nach raibh feidhm ag tarscaoileadh an tiarna talún sin ach amháin maidir leis na hearraí dochorraithe nó maidir leis an leas in earraí dochorraithe atá faoi réir an ligin sin ar scoir an tarscaoileadh d'fheidhm a bheith aige maidir leis, agus

(*b*) tabharfar neamhaird, in aon chealú ar an tarscaoileadh sin amach anseo, ar na méideanna a chuirfear i gcuntas le linn an tsuim sin (más ann) a ríomh.

(9) (*a*) Faoi réir *mhír (c)*, i gcás ina bhfuil ligean ag tiarna talún a mbeadh feidhm ag *fo-alt (8)* maidir leis thairis sin, ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt sin a fhad nach lú, ar bhonn an chomhaontaithe ligin a bheidh i bhfeidhm, an cháin a gceanglófar ar an tiarna talún cuntas a thabhairt inti, i méideanna comhionanna do gach tréimhse inchánach, i leith an ligin le linn an 12 mhí dá éis sin, ná an méid a ríomhfar an tráth sin de réir na foirmle a leagtar amach i *bhfo-alt (10)*.

(*b*) I gcás ina mainnítear na coinníollacha i *mír (a)* a chomhlíonadh mar gheall ar athrú ar théarmaí an léasa nó ar shlí eile nó más lú an cháin a íoctar aon tráth i leith an ligin ná an cháin is iníoctha, scoirfidh an fo-alt seo d'fheidhm a bheith aige.

(*c*) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le ligean dá dtagraítear i *mír (a)*—

(i) i gcás tarscaoileadh a bheith i bhfeidhm ag tiarna talún an 18 Feabhra, 2008 agus—

(I) an 1 Iúil, 2008, i gcás an ligean sin a bheith i bhfeidhm ón 18 Feabhra, 2008, nó

(II) i gcás na hearraí dochorraithe atá faoi réir an ligin a bheith ar úinéireacht ag an tiarna talún sin an 18 Feabhra, 2008 agus iad a bheith á bhforbairt an lá sin ag an tiarna talún nó thar a cheann nó thar a ceann,

nó

(ii) i gcás ina sealbhaíonn tiarna talún leas, seachas leas ruílse nó leas atá coibhéiseach le ruíleas, sna hearraí dochorraithe atá faoi réir an ligin, ar leas é a fuarthas idir an 18 Feabhra, 2008 agus an 30 Meitheamh, 2008 ó dhuine nach bhfuil an tiarna talún bainteach leis nó léi, de réir bhrí *alt 97*, in idirbheart ar déileáladh leis mar sholáthar earraí de réir alt 4 den achtachán aisghairthe.

(10) Is mar a leanas an fhoirmle a úsáidfear chun críocha *fho-alt (9)*—

$$\frac{A - B}{12 - Y}$$

i gcás—

gurb é A an méid cánach a chuirfí i gcuntas chun críocha *fho-alt (3)* maidir leis na hearraí dochorraithe a fháil nó a fhorbairt, dá mbeadh an tarscaoileadh á chealú an tráth dá dtagraítear i *bhfo-alt (9)*,

gurb é B an méid cánach is inmhuirearaithe ar an gcomaoin ag an tiarna talún maidir leis na hearraí dochorraithe sin a ligean agus a íoctar de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* agus a chuirfí i gcuntas chun críocha *fho-alt (3)* dá mbeadh an tarscaoileadh á chealú an tráth sin agus dá mba é an ligean sin an t-aon ligean amháin a raibh feidhm ag an tarscaoileadh sin maidir leis, agus

gurb é Y 11, nó an líon blianta iomlána ón dáta is déanaí díobh seo a leanas—

(i) dáta chéadligean na n-earraí sin, agus

(ii) an dáta a tharscaoil an tiarna talún an díolúine,

i gcás inar lú ná 11 bhliain an líon sin.

(11) Más rud é—

(*a*) go bhfuil ligean lena mbaineann *fo-alt (8)* nó *(9)* ag tiarna talún,

(*b*) go dtagann an tiarna talún sin chun bheith ina dhuine nó ina duine i ngrúpa de réir bhrí *alt 15* an 1 Iúil, 2008 nó dá éis, agus

(*c*) gur duine sa ghrúpa sin an duine dá ndéantar an ligean sin,

ansin tá an duine dá dtagraítear in *alt 15(1)(a)(i)* i leith an ghrúpa sin faoi dhliteanas an méid mar a shonraítear i *bhfo-alt (8)(a)* a íoc ionann is dá mba cháin é a bhí dlite de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* sa tréimhse inchánach ar lena linn a tháinig an tiarna talún sin chun bheith ina dhuine nó ina duine sa ghrúpa sin.

(12) (*a*) San fho-alt seo, ciallaíonn “earraí dochorraithe iomchuí” earraí dochorraithe a mbeadh d’oibleagáid ar thiarna talún an cháin is inmhuirearaithe ar iad a fháil nó a fhorbairt a chur i gcuntas de réir *fho-alt (3)* i ndáil le cealú tharscaoileadh an tiarna talún sin.

(*b*) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo—

(i) i gcás go bhfuil leas ag tiarna talún in earraí dochorraithe iomchuí an 3 Meitheamh, 2009 nó dá éis,

(ii) i gcás go scoireann an tiarna talún, cibé acu mar thoradh ar na hearraí sin a dhiúscairt nó ar shlí eile, de leas in aon earraí den sórt sin a bheith aige nó aici, agus

(iii) i gcás nach ndearnadh tarscaoileadh an tiarna talún sin a chealú de réir *fho-alt (3)* an dáta a scoireann an tiarna talún sin d'aon leas den sórt sin a bheith aige nó aici.

(*c*) I gcás go bhfuil feidhm ag an bhfo-alt seo—

(i) déileálfar le tarscaoileadh díolúine an tiarna talún amhail is dá ndéanfaí é a chealú an dáta dá dtagraítear i *mír (b)(iii)*, agus

(ii) íocfaidh an tiarna talún sin méid, arb éard é an méid is iníoctha de réir *fho-alt (3)* i leith an tarscaoileadh sin a chealú, amhail is dá mba cháin é a bheadh dlite den tiarna talún sin don tréimhse inchánach ina ndéileáiltear amhlaidh leis an tarscaoileadh díolúine mar tharscaoileadh díolúine cealaithe.

Rogha go ngearrfar cáin ar earraí dochorraithe.

[ACBL alt 7A]

**97**.—(1) (*a*) (i) Beidh cáin inmhuirearaithe de réir an Achta seo ar sholáthar seirbhíse lena mbaineann *mír 11* de *Sceideal 1* (dá ngairtear "ligean" san alt seo) más rud é, faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(4)*, go roghnaíonn an soláthraí (dá ngairtear "tiarna talún" san alt seo) go mbeidh an ligean sin inmhuirearaithe amhlaidh.

(ii) D'ainneoin *alt 6(1)* agus *(2)*, is duine cuntasach tiarna talún a fheidhmíonn an rogha sin (dá ngairtear "rogha tiarna talún go ngearrfar cáin" san Acht seo) agus beidh sé nó sí faoi dhliteanas cuntas a thabhairt i dtaobh na cánach ar an ligean sin de réir an Achta seo agus ní soláthar lena mbaineann *alt 52* an ligean sin.

(*b*) I gcás ina bhfuil duine inchánach i dteideal cáin a asbhaint ar earraí dochorraithe a fháil nó a fhorbairt ar an mbonn go n-úsáidfear na hearraí chun críche ligin nó ligean ar ina leith a bheidh feidhm ag rogha tiarna talún go ngearrfar cáin, ansin—

(i) déileálfar leis an duine mar dhuine a d'fheidhmigh rogha an tiarna talún go ngearrfar cáin maidir le haon ligin ar na hearraí dochorraithe sin, agus

(ii) measfar go leanann an rogha sin de bheith i bhfeidhm go dtí go ndéanann an duine sin ligean ar ina leith nach gcomhlíontar ceachtar de choinníollacha *mhír (c)*.

(*c*) Feidhmítear rogha tiarna talún go ngearrfar cáin maidir le ligean—

(i) trí fhoráil i scríbhinn i gcomhaontú ligin idir an tiarna talún agus an duine a ndéantar an ligean ina leith (dá ngairtear "tionónta" san alt seo) á rá go bhfuil cáin inmhuirearaithe ar an gcíos, nó

(ii) tríd an tiarna talún d'eisiúint doiciméid chuig an tionónta ina dtugtar fógra go bhfuil cáin inmhuirearaithe ar an ligean.

(*d*) Foirceanntar rogha tiarna talún go ngearrfar cáin maidir le ligean—

(i) i gcás rogha a fheidhmítear de réir *mhír (b)*, trí ligean a dhéanamh ar na hearraí dochorraithe dá dtagraítear sa mhír sin nach gcomhlíontar ceachtar de choinníollacha *mhír (c)* ina leith,

(ii) i gcás rogha a fheidhmítear de réir *mhír (c)*—

(I) trí chomhaontú i scríbhinn idir an tiarna talún agus an tionónta á rá go bhfuil an rogha foirceanta agus ina sonraítear an dáta foirceanta nach mbeidh níos luaithe ná dáta an chomhaontaithe sin, nó

(II) trí dhoiciméad ina dtugtar fógra gur foirceannadh an rogha agus ina sonraítear an dáta foirceanta, nach mbeidh níos luaithe ná an dáta a fhaigheann an tionónta an fógra sin, a sheachadadh ar an tionónta,

(iii) i gcás go dtagann an tiarna talún agus an tionónta chun bheith ina ndaoine bainteacha,

(iv) i gcás go n-áitíonn an tiarna talún nó duine atá bainteach leis an tiarna talún na hearraí dochorraithe atá faoi réir an ligin sin cibé acu a áitíonn an duine sin na hearraí sin ar mhodh ligin nó ar shlí eile, nó

(v) i gcás go n-úsáidtear na hearraí dochorraithe atá faoi réir an ligin sin, nó go bhfuil na hearraí sin le húsáid, chun críocha cónaithe de réir bhrí *fho-alt (4)*.

(2) (*a*) Faoi réir *mhíreanna (b)* agus *(c)*, ní ceadmhach do thiarna talún roghnú go ngearrfar cáin ar ligean—

(i) i gcás gur daoine bainteacha i leith an ligin sin an tiarna talún agus an tionónta, nó

(ii) i gcás go n-áitíonn an tiarna talún, cibé acu atá nó nach bhfuil sé nó sí bainteach leis an tionónta, nó duine atá bainteach leis an tiarna talún na hearraí dochorraithe atá faoi réir an ligin sin cibé acu a áitíonn an tiarna talún sin nó an duine sin na hearraí sin ar mhodh ligin nó ar shlí eile.

(*b*) (i) Faoi réir *fhomhír (ii)*, ní bheidh feidhm ag *mír (a)(i)* ná ag *fo-alt (1)(d)(iii)* i gcás ina n-úsáidtear na hearraí dochorraithe is ábhar don ligean chun críocha soláthairtí nó gníomhaíochtaí lena dtugtar teideal don tionónta 90 faoin gcéad ar a laghad den cháin is inmhuirearaithe ar an ligean a asbhaint de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8*.

(ii) I gcás gur fheidhmigh tiarna talún rogha tiarna talún go ngearrfar cáin maidir le ligean a mbeadh feidhm ag *mír (a)(i)* maidir leis murach *fomhír (i)*, beidh

feidhm ag *mír (a)(i)* ó dheireadh na chéad bhliana cuntasaíochta ina n-úsáidtear na hearraí chun críocha soláthairtí nó gníomhaíochtaí lena dtugtar teideal don tionónta méid is lú ná 90 faoin gcéad den cháin sin is inmhuirearaithe a asbhaint.

(*c*) (i) Faoi réir *fhomhír (ii)*, ní bheidh feidhm ag *mír (a)(ii)* ná ag *fo-alt (1)(d)(iv)* i gcás go n-úsáideann an t-áititheoir (is aon duine lena n-áirítear an tiarna talún dá dtagraítear sa mhír sin nó san fho-alt sin) na hearraí dochorraithe is ábhar don ligean chun soláthairtí a dhéanamh a thugann teideal don áititheoir sin 90 faoin gcéad ar a laghad den cháin uile is inmhuirearaithe i leith earraí nó seirbhísí a úsáideann an t-áititheoir sin chun na soláthairtí sin a dhéanamh a asbhaint de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8*.

(ii) I gcás gur fheidhmigh tiarna talún rogha tiarna talún go ngearrfar cáin maidir le ligean a mbeadh feidhm ag *mír (a)(ii)* maidir leis murach *fomhír (i)*, beidh feidhm ag *mír (a)(ii)* ó dheireadh na chéad bhliana cuntasaíochta ina n-úsáidtear na hearraí dochorraithe chun soláthairtí a dhéanamh lena dtugtar teideal don áititheoir sin méid is lú ná 90 faoin gcéad den cháin sin is inmhuirearaithe a asbhaint.

(3) (*a*) San fho-alt seo—

tá le 'rialú', i gcás comhlachta chorpraithe nó i gcás comhpháirtíochta, an bhrí a shanntar dó le *halt 4(2)*;

ciallaíonn 'gaol' deartháir, deirfiúr, sinsear nó dírshliochtach.

(*b*) Chun críocha an ailt seo, déanfar aon cheist i dtaobh duine a bheith bainteach le duine eile a chinneadh de réir an mhéid seo a leanas:

(i) tá duine bainteach le pearsa aonair más é nó í an duine sin céile na pearsan aonair, nó más gaol de chuid na pearsan aonair nó de chuid chéile na pearsan aonair é nó í, nó más céile gaoil de chuid na pearsan aonair nó de chuid chéile na pearsan aonair é nó í;

(ii) tá duine bainteach le haon duine lena bhfuil sé nó sí i gcomhpháirtíocht, agus le céile aon phearsan aonair, nó le gaol de chuid aon phearsan aonair, lena bhfuil sé nó sí i gcomhpháirtíocht;

(iii) faoi réir *chlásail (IV)* agus *(V) d'fhomhír (v)*, tá duine bainteach le duine eile má tá rialú aige nó aici ar an duine eile sin, nó má tá rialú ag an duine eile ar an duine céadluaite, nó má rialaíonn duine nó daoine eile an bheirt duine;

(iv) tá comhlacht daoine bainteach le duine eile má tá rialú ag an duine sin nó ag daoine atá bainteach leis nó léi ar an gcomhlacht sin daoine, nó má tá rialú ag an duine agus na daoine atá bainteach leis nó léi le chéile ar an gcomhlacht;

(v) tá comhlacht daoine bainteach le comhlacht eile daoine—

(I) más ag an duine céanna atá rialú ar an dá cheann nó más rud é go bhfuil rialú ag duine ar cheann amháin agus rialú ag daoine atá bainteach leis an duine sin ar an gceann eile, nó go bhfuil rialú ag an duine sin agus daoine atá bainteach leis an duine sin ar an gceann eile,

(II) má tá rialú ag grúpa 2 dhuine nó níos mó ar gach comhlacht daoine, agus más iad na daoine céanna atá sna grúpaí nó más rud é go bhféadfaí a mheas gurb iad na daoine céanna atá sna grúpaí trí dhéileáil le comhalta de cheachtar grúpa (i gcás amháin nó níos mó) mar dhuine ar cuireadh duine a bhfuil sé nó sí bainteach leis nó léi ina ionad nó ina hionad,

(III) má ghníomhaíonn an dá chomhlacht daoine i dtreo comhchuspóra,

(IV) má tá nó má bhí ag aon duine nó aon ghrúpa daoine nó grúpaí daoine ag a bhfuil céannacht chomhchoiteann réasúnach an chaoi nó an chumhacht, go díreach nó go neamhdhíreach, chun na gníomhaíochtaí atá á seoladh nó le seoladh ag an dá chomhlacht daoine a chinneadh, nó

(V) má tá an dá chomhlacht daoine faoi rialú aon duine nó grúpa daoine nó grúpaí daoine ag a bhfuil céannacht chomhchoiteann réasúnach;

(vi) aon duine atá i gcáil iontaobhaí socraíochta, tá sé nó sí bainteach—

(I) le haon duine is socraitheoir i ndáil leis an tsocraíocht, nó

(II) le haon duine is tairbhí faoin tsocraíocht.

(4) Ní féidir rogha tiarna talún go ngearrfar cáin a fheidhmiú maidir le hiomlán tí nó árasáin nó bunachais eile dá shamhail, nó le cuid de, a mhéid a úsáidtear nó a úsáidfear na hearraí dochorraithe sin chun críocha cónaithe, lena n-áirítear aon ligean den sórt sin—

(*a*) a rialaítear leis an Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004,

(*b*) a rialaítear le Rialacháin na dTithe (Leabhair Chíosa), 1993 (I.R. Uimh. 146 de 1993),

(*c*) a rialaítear le halt 10 d'Acht na dTithe, 1988,

(*d*) is ligean teaghaise lena mbaineann Cuid II d'Acht na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982, nó

(*e*) is ligean cóiríochta a sholáthraítear mar theaghais shealadach chun críocha cónaithe éigeandála.

(5) Ar rogha tiarna talún go ngearrfar cáin a fheidhmiú, scoirfidh sí láithreach d'éifeacht a bheith léi a mhéid a thagann na hearraí dochorraithe is ábhar don ligean lena mbaineann an rogha chun bheith á n-úsáid chun críocha cónaithe a thagann faoi réim *fho-alt (4)*.

Luacháil ar leas in earraí dochorraithe.

[ACBL alt 10(9) (go páirteach) agus (10) (go páirteach)]

**98**.—(1) San alt seo—

déanfar "leas", i ndáil le hearraí dochorraithe, a fhorléiriú de réir *alt 93(1)*;

tá le "margadhluach oscailte" an bhrí a shanntar dó le *halt 36*.

(2) (*a*) I gcás inar mian leis na Coimisinéirí Ioncaim margadhluach oscailte leasa in earraí dochorraithe a fháil amach, féadfaidh siad a údarú do dhuine na hearraí dochorraithe a iniúchadh agus margadhluach oscailte an leasa sin a thuairisciú dóibh chun críocha an Achta seo, agus ceadóidh duine a bheidh i bhfeighil nó i seilbh na n-earraí sin don duine a bheidh údaraithe amhlaidh na hearraí a iniúchadh cibé tráthanna réasúnacha a mheasfaidh na Coimisinéirí is gá.

(*b*) I gcás ina gceanglaíonn na Coimisinéirí Ioncaim go ndéanfadh duine a ainmneoidh siad luacháil, íocfaidh na Coimisinéirí costais na luachála sin.

## CUID 12

### Aisíocaí agus Aisíocaíochtaí Cánach

Forálacha ginearálta maidir le haisíoc cánach.

[ACBL alt 20(1) go (1B), (4), (6) agus (7)]

**99**.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(3)*, más rud é, i ndáil le tuairisceán arna thaisceadh faoi *Chaibidil 3* de *Chuid 9* nó le héileamh arna dhéanamh de réir rialachán, go suitear chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim, maidir le haon tréimhse inchánach, gur mó an méid cánach (más ann) a íocadh iarbhír leis an Ard-Bhailitheoir de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* mar aon leis an méid cánach (más ann) a bhí cáilithe le haghaidh asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* ná an cháin (más ann) ab iníoctha go cuí dá mba rud é nach ndearnadh aon asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, aisíocfaidh na Coimisinéirí méid na breise lúide aon suimeanna a aisíocadh roimhe sin faoin bhfo-alt seo nó a aisíocadh faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* agus féadfaidh siad aon ús a íocadh faoi *alt 114* a áireamh sa mhéid a aisíocfar.

(2) I gcás ina gcuireann na Coimisinéirí Ioncaim *alt 15* chun feidhme maidir le líon daoine, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aisíoc na cánach go léir, nó aon chuid den cháin, ab inaisíoctha faoi *fho-alt (1)* le haon duine amháin nó níos mó de na daoine sin roimh chur chun feidhme an ailt sin a chur siar más rud é, maidir le haon duine amháin nó níos mó de na daoine sin, nach ndearna sé nó sí nó siad na tuairisceáin go léir a thabhairt agus na méideanna cánach go léir a íoc dá dtagraítear in *alt 76* nó *77*, de réir mar is cuí, an tráth a chuirtear an t-alt sin chun feidhme.

(3) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcás inar dealraitheach dóibh gur gá déanamh amhlaidh chun an t-ioncam a chosaint, a cheangal mar choinníoll maidir le haisíoc a dhéanamh de réir *fho-alt (1)* go

dtabharfaí urrús de cibé méid agus ar cibé modh agus i cibé foirm a chinnfidh siad.

(*b*) Ní mó méid an urrúis dá dtagraítear i *mír (a)* in aon chás áirithe ná an méid atá le haisíoc.

(4) Ní ceadmhach éileamh ar aisíoc faoin Acht seo a dhéanamh ach amháin laistigh de 4 bliana tar éis dheireadh na tréimhse inchánach lena mbaineann sé.

(5) I gcás ina n-aisíocann na Coimisinéirí Ioncaim aon mhéid atá dlite faoi *fho-alt (1)* nó faoi *alt 100*, féadfaidh siad, má chinneann siad amhlaidh, aon mhéid den sórt sin a aisíoc go díreach isteach i gcuntas, a shonróidh an duine a bhfuil an méid dlite dó nó di, i bhforas airgeadais.

(6) Ní aisíocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon mhéid cánach ach amháin mar a fhoráiltear san Acht seo nó in aon ordú nó rialacháin a dhéanfar faoin Acht seo.

Saibhriú míchóir.

[ACBL alt 20(5)]

**100**.—(1) Más rud é, mar gheall ar thoimhde iomrallach in oibriú na cánach, cibé acu is duine cuntasach, aon duine eile nó na Coimisinéirí Ioncaim a rinne an toimhde iomrallach sin—

(*a*) gur thug duine cuntas, i dtuairisceán a tugadh do na Coimisinéirí Ioncaim, i méid cánach nach raibh an duine sin cuntasach go cuí ann,

(*b*) nach ndearna duine, toisc gur déileáladh le soláthairtí earraí agus seirbhísí an duine sin mar ghníomhaíochtaí díolmhaithe, tuairisceán a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim agus, mar sin, nach bhfuair sé nó sí aisíoc ar mhéid cánach de réir *alt 99(1)*, nó

(*c*) nach ndearna duine méid cánach a asbhaint i leith gníomhaíochtaí cáilitheacha, de réir bhrí *alt 59(1)*, a raibh teideal ag an duine sin é a asbhaint,

ansin, maidir leis an méid iomlán cánach dá dtagraítear i *mír (a)*, *(b)* nó *(c)* (dá ngairtear an "méid ró-íoctha" san alt seo), féadfaidh an duine sin aisíoc ar an méid ró-íoctha a éileamh agus déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, faoi réir an ailt seo, an méid ró-íoctha a aisíoc leis an éilitheoir mura gcinneann siad go mbeadh de thoradh ar an aisíoc ar an méid ró-íoctha sin go ndéanfaí an t-éilitheoir a shaibhriú go míchóir.

(2) Aon duine a éilíonn méid ró-íoctha a aisíoc faoin alt seo—

(*a*) déanfaidh sé nó sí an t-éileamh sin i scríbhinn ag leagan amach mionsonraí iomlána imthosca an cháis agus ag sainaithint an mhéid ró-íoctha i leith gach tréimhse inchánach lena mbaineann an t-éileamh, agus

(*b*) tabharfaidh sé nó sí cibé doiciméadacht iomchuí a iarrfaidh na Coimisinéirí Ioncaim chun tacú leis an éileamh.

(3) (*a*) Chun a chinneadh an mbeadh de thoradh ar mhéid ró-íoctha, nó cuid de, a aisíoc go ndéanfaí éilitheoir a shaibhriú go míchóir, beidh aird ag na Coimisinéirí Ioncaim ar na nithe seo a leanas—

(i) a mhéid a rinne an t-éilitheoir sin, ar chúiseanna praiticiúla, costas an mhéid ró-íoctha a aistriú chuig daoine eile sa phraghas a ghearr an t-éilitheoir sin ar earraí nó ar sheirbhísí a sholáthair an t-éilitheoir,

(ii) aon ghlanchaillteanas brabús a bhfuil cúis acu lena chreidiúint, bunaithe ar a n-anailís féin agus ar aon fhaisnéis a thabharfaidh an t-éilitheoir sin dóibh, gur glanchaillteanas é a d'iompair an t-éilitheoir mar gheall ar an toimhde iomrallach a rinneadh in oibriú na cánach, agus

(iii) aon tosca eile a thugann an t-éilitheoir dá n-aire sa chomhthéacs seo.

(*b*) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim gach faisnéis réasúnach a bhaineann leis na himthosca ba chúis leis an éileamh agus a chabhróidh leo le linn teacht ar chinneadh chun críocha *mhír (a)* a iarraidh ar an éilitheoir.

(4) Más rud é, de réir *fho-alt (3)*, go gcinneann na Coimisinéirí Ioncaim go mbeadh de thoradh ar aisíoc ar mhéid, nó cuid de, go ndéanfaí éilitheoir a shaibhriú go míchóir, ní aisíocfaidh siad ach an oiread sin den mhéid ró-íoctha nach mbeadh de thoradh air go ndéanfaí an t-éilitheoir sin a shaibhriú go míchóir.

(5) Más rud é, i ndáil le haon éileamh faoi *fho-alt (1)*, go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim méid den mhéid ró-íoctha arna éileamh faoi *fho-alt (1)* a choinneáil siar de bhrí go mbeadh de thoradh air go ndéanfaí an t-éilitheoir a shaibhriú go míchóir, déanfaidh na Coimisinéirí, d'ainneoin *fho-alt (1)*, an chuid sin den mhéid a coinníodh siar a aisíoc leis an éilitheoir mar aon le haon ús is iníoctha de réir *alt 105* agus a gheall an t-éilitheoir a aisíoc leis na daoine ar aistríodh costas an mhéid ró-íoctha chucu i gcás gur deimhin leo go ndearna an t-éilitheoir socruithe leordhóthanacha chun na daoine sin a aithint agus chun aisíoc a dhéanamh leo.

(6) I gcás go bhfaigheann éilitheoir aisíoc de réir *fho-alt (5)* agus go mainníonn sé nó sí aisíocaíocht a dhéanamh leis na daoine lena mbaineann faoin 30ú lá, ar a dhéanaí, tar éis do na Coimisinéirí Ioncaim an t-aisíoc sin a íoc, ansin déileálfar le haon mhéid nach bhfuil aisíoctha amhlaidh, chun críocha an Achta seo, ionann is dá mba cháin é a bhí dlite den éilitheoir don tréimhse inchánach ina bhfuil an lá sin.

Aisíocaí cánach laistigh den Chomhphobal.

[ACBL Sc. 6]

**101**.—(1) Chun críocha an ailt seo—

ciallaíonn "iarratasóir" duine inchánach—

(*a*) nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát aisíoca, ach atá bunaithe i mBallstát eile, agus

(*b*) tar éis idirbhearta a dhéanamh is cúis le ceart asbhainte sa Bhallstát eile sin,

a dhéanann iarratas ar aisíoc;

ciallaíonn "idirbhearta inasbhainte" idirbhearta is cúis le ceart asbhainte sa Bhallstát lena mbaineann;

ciallaíonn “Ballstát aisíoca”, i ndáil le hiarratasóir, an Ballstát inar muirearaíodh cáin bhreisluacha (dá dtagraítear sa Treoir CBL) ar an iarratasóir i leith na nithe seo a leanas—

(*a*) earraí nó seirbhísí a sholáthair daoine inchánach eile sa Bhallstát sin don iarratasóir, nó

(*b*) allmhairiú earraí isteach sa Bhallstát sin;

ciallaíonn “idirbhearta neamh-inasbhainte” idirbhearta nach cúis le ceart asbhainte sa Bhallstát lena mbaineann;

ciallaíonn “iarratas ar aisíoc” iarratas leictreonach a chuirtear isteach le haghaidh aisíoc cánach a muirearaíodh sa Bhallstát aisíoca ar iarratasóir i leith earraí nó seirbhísí a sholáthair daoine inchánach sa Bhallstát sin don iarratasóir nó i leith earraí a allmhairiú isteach sa Bhallstát sin.

(2) De réir an ailt seo agus rialachán (más ann), déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aisíoc le hiarratasóir ar cháin a mhuirearaigh daoine cuntasacha sa Stát ar an iarratasóir nó ar cháin a muirearaíodh ar an iarratasóir sin ar earraí a allmhairiú isteach sa Stát, i gcásanna ina bhfuair siad iarratas iomlán ceart ón mBallstát ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe.

(3) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás gurb é an Stát an Ballstát aisíoca, is é an méid cánach is inaisíoctha de réir *fho-alt (2)* an méid cánach a mhuirearaigh duine cuntasach ar iarratasóir i leith soláthairtí earraí nó seirbhísí sa Stát, nó ar an iarratasóir d’allmhairiú earraí isteach sa Stát, má úsáideann an t-iarratasóir na hearraí nó na seirbhísí sin chun críche ghnó an iarratasóra, ach sin a mhéid amháin a bheadh an t-iarratasóir in ann an méid sin a asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* dá mba dhuine cuntasach sa Stát an t-iarratasóir.

(*b*) I gcás ina ndéanann iarratasóir idirbhearta inasbhainte agus idirbhearta neamh-inasbhainte araon a ghabháil de láimh i mBallstát bunaithe an iarratasóra, is é an méid atá le haisíoc ag an mBallstát aisíoca an cion cánach is inchurtha i leith na n-idirbheart inasbhainte arna chinneadh de réir dhlí Bhallstát bunaithe an iarratasóra.

(4) Ní fhéadfaidh iarratasóir ar mian leis nó léi aisíoc cánach a éileamh iarratas a dhéanamh ar aisíoc ach amháin tríd an tairseach leictreonach arna bunú ag Ballstát bunaithe an iarratasóra chun na críche sin.

(5) (*a*) I gcás ina ndéanann iarratasóir a dhéanann idirbhearta den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)* iarratas ar aisíoc agus ina ndéantar an cion cánach dá dtagraítear san fho-alt sin a choigeartú ina dhiaidh sin, déanfaidh an t-iarratasóir ceartúchán ar an méid bunaidh a ndearnadh iarratas air nó a aisíocadh cheana.

(*b*) Déanfaidh an t-iarratasóir an ceartúchán in iarratas ar aisíoc le linn na bliana féilire i ndiaidh na tréimhse a ndearnadh an t-iarratas iomchuí ar aisíoc ina leith nó, más rud é nach ndéanann an t-iarratasóir aon iarratais ar aisíoc le linn na bliana féilire sin, trí dhearbhú ar leithligh a thaisceadh tríd an tairseach leictreonach arna bunú ag Ballstát bunaithe an iarratasóra.

(6) (*a*) (i) I gcás gurb é an Stát an Ballstát aisíoca, cinnteoidh an t-iarratasóir go gclúdaíonn an t-iarratas ar aisíoc cáin a muirearaíodh i leith soláthairtí earraí nó seirbhísí ar cuireadh sonrasc ina leith chuig an iarratasóir agus i leith allmhairí ag an iarratasóir le linn tréimhse aisíoca, ar tréimhse í nach faide ná bliain féilire amháin agus, faoi réir *fhomhír (ii)*, nach giorra ná 3 mhí féilire.

(ii) Féadfaidh tréimhse aisíoca a bheith níos giorra ná 3 mhí féilire má bhaineann an t-iarratas i leith na tréimhse leis an ráithe dheiridh de bhliain féilire.

(*b*) Ní fhéadfar iarratas ar aisíoc a thaisceadh ach amháin an 30 Meán Fómhair, nó roimhe, sa bhliain féilire i ndiaidh na tréimhse aisíoca.

(*c*) Maidir le hiarratas ar aisíoc, féadfaidh cáin a muirearaíodh i leith idirbheart a fágadh ar lár ó iarratais ar aisíoc ón iarratasóir roimhe sin a bheith ar áireamh ann, ach sin sa chás amháin gur críochnaíodh na hidirbhearta sin le linn na bliana féilire iomchuí.

(7) (*a*) Níl iarratasóir i dteideal iarratas ar aisíoc a dhéanamh faoin alt seo le haghaidh méid is lú ná €400 más éileamh i leith tréimhse is giorra ná bliain féilire amháin ach nach giorra ná 3 mhí an t-éileamh.

(*b*) Níl iarratasóir i dteideal iarratas ar aisíoc a dhéanamh faoin alt seo le haghaidh méid is lú ná €50 más éileamh i leith tréimhse arb ionannas di bliain féilire iomlán nó an ráithe dheiridh de bhliain féilire an t-éileamh.

(8) A luaithe is indéanta tar éis cinneadh a dhéanamh gan iarratas ar aisíoc a rinne iarratasóir atá bunaithe sa Stát a chur ar aghaidh chuig Ballstát eile ar na forais nach bhfuil an t-iarratasóir i dteideal aisíoc a fháil, tabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim fógra i dtaobh an chinnidh don iarratasóir trí mheán leictreonach.

(9) (*a*) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le hiarratas ar aisíoc arb é an Stát an Ballstát aisíoca ina leith.

(*b*) A luaithe is indéanta tar éis iarratas ar aisíoc lena mbaineann an fo-alt seo a fháil ó iarratasóir, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim fógra a thabhairt don iarratasóir trí mheán leictreonach i dtaobh an dáta ar a bhfuair siad an t-iarratas.

(*c*) Laistigh de 4 mhí tar éis an dáta a bhfuair siad iarratas ar aisíoc ó iarratasóir, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis an bhfo-alt seo—

(i) a chinneadh cibé acu an t-iarratas a cheadú nó gan é a cheadú (go hiomlán nó go páirteach), agus

(ii) fógra i dtaobh a gcinnidh a thabhairt don iarratasóir trí mheán leictreonach.

(*d*) (i) Aon tráth laistigh de 4 mhí tar éis an dáta a bhfuair siad iarratas ar aisíoc ó iarratasóir atá bunaithe i mBallstát eile, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim

faisnéis bhreise a iarraidh mar thaca leis na mionsonraí a sholáthraítear san iarratas.

(ii) Féadfar iarraidh dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* a dhéanamh chuig an iarratasóir, chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe nó chuig aon duine eile a gcreideann na Coimisinéirí Ioncaim gur féidir leis nó léi an fhaisnéis iomchuí a sholáthar.

(*e*) I gcás ina n-iarrann na Coimisinéirí Ioncaim faisnéis bhreise de réir *mhír (d)*, déanfaidh siad, ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag *mír (g)*—

(i) a chinneadh cibé acu an t-iarratas a cheadú nó gan é a cheadú (go hiomlán nó go páirteach), agus

(ii) fógra i dtaobh a gcinnidh a thabhairt don iarratasóir trí mheán leictreonach,

laistigh de 2 mhí tar éis an dáta iomchuí.

(*f*) Chun críche an fho-ailt seo, is é an dáta iomchuí—

(i) i gcás ina bhfaigheann na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis iarrtha laistigh de mhí amháin tar éis an dáta ar tugadh fógra i dtaobh na hiarrata don fhaighteoir, an dáta a bhfuair na Coimisinéirí an fhaisnéis bhreise,

(ii) i gcás nach bhfaigheann na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis iarrtha laistigh de mhí amháin tar éis an dáta a rinneadh an iarraidh chuig an bhfaighteoir, an dáta dar críoch an tréimhse sin,

(iii) i gcás ina bhfaigheann na Coimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis iarrtha laistigh de mhí amháin dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*, nó ina dtéann an tréimhse sin in éag gan an fhaisnéis sin a bheith faighte ag na Coimisinéirí, an dáta atá ann 6 mhí tar éis an dáta a rinneadh an t-iarratas ar aisíoc.

(*g*) I gcás ina measann na Coimisinéirí Ioncaim gur gá déanamh amhlaidh, féadfaidh siad, aon tráth sula ndéanann siad cinneadh i leith iarratais ar aisíoc, a iarraidh ar aon duine de na daoine dá dtagraítear i *mír (d)* tuilleadh faisnéise breise maidir leis an iarratas nó maidir leis an iarratasóir a sholáthar.

(*h*) I gcás ina n-iarrann na Coimisinéirí Ioncaim tuilleadh faisnéise breise maidir le hiarratas ar aisíoc nó maidir leis an iarratasóir mar a fhoráiltear le *mír (g)*, déanfaidh siad—

(i) a chinneadh cibé acu an t-iarratas a cheadú nó gan é a cheadú (cibé acu go hiomlán nó go páirteach), agus

(ii) fógra i dtaobh a gcinnidh a thabhairt don iarratasóir trí mheán leictreonach,

laistigh de 8 mí tar éis an dáta a bhfuair siad an t-iarratas ar aisíoc.

(*i*) I gcás ina bhfuil amhras ar na Coimisinéirí Ioncaim, agus cúis réasúnach acu, maidir le bailíocht nó cruinneas iarratais ar aisíoc, féadfaidh siad a iarraidh an sonrasc nó an doiciméad allmhairithe iomchuí bunaidh, nó cóip de, a thabhairt ar aird lena iniúchadh nó lena hiniúchadh.

(*j*) Gan na forais ar a bhféadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim diúltú d'iarratas ar aisíoc a theorannú, féadfaidh siad diúltú iarratas den sórt sin a cheadú ar an bhforas gur diúltaíodh d'iarraidh a rinne siad faoin bhfo-alt seo nó nár comhlíonadh í laistigh de thréimhse ama réasúnach.

(*k*) I gcás ina ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim fógra i dtaobh a gcinnidh maidir le hiarratas ar aisíoc a cheadú, cibé acu go hiomlán nó go páirteach, a thabhairt d'iarratasóir, aisíocfaidh siad an méid atá dlite tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an fógra maidir leis an gcinneadh a thabhairt don iarratasóir.

(*l*) I gcás ina gcinneann na Coimisinéirí Ioncaim diúltú iarratas ar aisíoc a cheadú, cibé acu go hiomlán nó go páirteach, cuirfidh siad na forais leis an diúltú ar áireamh ina gcinneadh.

(10) I gcás gurb é an Stát an Ballstát aisíoca, agus go n-iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar íocaíocht i leith an aisíoca i mBallstát eile, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon táillí bainc i leith na híocaíochta a bhaint as méid an aisíoca.

(11) (*a*) Aon iarratasóir a fuair aisíoc ó na Coimisinéirí Ioncaim bunaithe ar iarratas mícheart ar aisíoc ina bhfuil éileamh nó dearbhú earráideach (cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an earráid d'aon turas, go meargánta nó de bharr míchúraim), déanfaidh sé nó sí—

(i) an méid a fuarthas go mícheart mar aisíoc a íoc ar ais leis na Coimisinéirí, agus

(ii) méid úis a íoc leis na Coimisinéirí.

(*b*) Ríomhfar aon ús den sórt sin de réir an ráta dá bhforáiltear in *alt 114(2)* ón dáta a rinneadh an t-aisíoc go dtí an lá a dhéanann an t-iarratasóir an méid a fuarthas go mícheart mar aisíoc a íoc ar ais leis na Coimisinéirí Ioncaim.

(*c*) Is dliteanas de bhreis ar an dliteanas a fhorchuirtear le *halt 116* an dliteanas a fhorchuirtear ar an iarratasóir leis an bhfo-alt seo.

(12) A fhad a leanann iarratasóir lena mbaineann *fo-alt (11)* de mhainneachtain méid is iníoctha faoin bhfo-alt sin a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim, déanfaidh na Coimisinéirí aon aisíoc breise leis an iarratasóir sin a choinneáil siar go feadh an mhéid atá dlite den iarratasóir faoin bhfo-alt sin.

(13) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás ina n-aisíocann na Coimisinéirí Ioncaim méid atá dlite d'iarratasóir ach gan sin a dhéanamh laistigh de na teorannacha ama a fhorordaítear le *fo-alt (9)*, íocfaidh siad leis an iarratasóir méid úis arna ríomh de réir an ráta dá bhforáiltear in *alt 105(4)* ón lá tar éis an lae deiridh den tréimhse ar lena

linn a cheanglaítear íocaíocht a dhéanamh i leith an mhéid atá dlite go dtí an lá a íoctar an méid atá dlite leis an iarratasóir.

(*b*) Níl feidhm ag *mír (a)* más rud é—

(i) go soláthraíonn an t-iarratasóir faisnéis bhreise de réir iarraidh arna déanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim ach nach ndéanann sé nó sí í a sholáthar laistigh de mhí amháin tar éis an dáta ar tugadh fógra i dtaobh na hiarrata don iarratasóir, nó

(ii) go mainníonn an t-iarratasóir an fhaisnéis bhreise go léir a iarradh a sholáthar laistigh den tréimhse sin.

(14) Níl feidhm ag an alt seo—

(*a*) maidir le hiarratasóir a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí arb é an Ballstát aisíoca an áit a soláthraítear iad seachas earraí nó seirbhísí a bhfuil an duine a fhaigheann iad faoi dhliteanas ina leith, nó

(*b*) maidir le seirbhís iompair, nó seirbhís atá coimhdeach le seirbhís den sórt sin, atá díolmhaithe sa Bhallstát soláthair de réir Airteagal 144, 146, 148, 149, 151, 153, 159 nó 160 den Treoir CBL.

Aisíocaí le daoine inchánach atá bunaithe lasmuigh den Chomhphobal.

[ACBL alt 13(3)]

**102**.—(1) San alt seo, maidir le "cáin inasbhainte", i ndáil le duine lena mbaineann an t-alt seo—

(*a*) ciallaíonn sé, faoi réir *mhír (b)*, cáin is inmhuirearaithe (lena n-áirítear aon bhreisiú cothromráta) i leith earraí nó seirbhísí a úsáideann an duine sin chun críocha aon ghnó a sheolann sé nó sí a mhéid a bheadh an cháin sin inasbhainte ag an duine sin faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* dá mba sa Stát a bheadh an gnó sin á sheoladh ag an duine sin,

(*b*) ní fholaíonn sé cáin is inmhuirearaithe i leith earraí atá le soláthar sa Stát.

(2) Aisíocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, de réir rialachán, le duine lena mbaineann an t-alt seo, cáin inasbhainte is inmhuirearaithe i leith earraí nó seirbhísí a soláthraíodh don duine sin nó i leith earraí a d'allmhairigh sé nó sí.

(3) Tá feidhm ag an alt seo maidir le duine a dheimhníonn do na Coimisinéirí Ioncaim—

(*a*) go seolann an duine gnó lasmuigh den Chomhphobal, agus

(*b*) nach soláthraíonn an duine aon earraí nó seirbhísí sa Stát (seachas seirbhísí arb é nó í, de réir *alt 10*, *12*, *13*, *16(3)(b)* nó *17(1)*, an duine dá soláthraítear iad amháin atá faoi dhliteanas i leith na cánach is inmhuirearaithe).

Orduithe aisíoca ón Aire.

[ACBL alt 20(3)]

**103**.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú a fhoráil go mbeidh duine a chomhlíonann chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim cibé coinníollacha a shonrófar san ordú i dteideal go n-aisíocfar leis nó léi cibé méid, mar a shonrófar san ordú, d'aon cháin a d'iompair nó

a d’íoc an duine agus nach bhfuil cáilithe i leith asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8*.

(2) Féadfaidh an tAire ordú faoin alt seo, lena n-áirítear ordú faoin bhfo-alt seo, a leasú nó a chúlghairm le hordú.

(3) Féadfaidh éifeacht chúlghabhálach a bheith le hordú faoin alt seo, má shonraítear sin.

(4) Déanfar ordú faoin alt seo a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an t-ordú a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Aisíocaíochtaí in imthosca sonracha.

[ACBL ailt 5(6A), 13(1)(*b*) agus (*c*), (2)(*b*) agus (*c*) agus (3A) agus 20(2)]

**104**.—(1) (*a*) De réir rialachán, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an cháin iarmharach atá ar áireamh sa chomaoin chun cóir iompair nua a sholáthar a aisíoc le duine lena mbaineann an fo-alt seo i gcás ina seoltar nó ina n-iompraítear an chóir iompair nua sin dá éis sin chuig Ballstát eile.

(*b*) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le duine nach bhfuil teideal aige nó aici faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* chun asbhaint a fháil ar an gcáin a d’iompair nó a d’íoc sé nó sí ar an gcóir iompair nua atá i gceist a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú.

(2) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás soláthar cárta teileafóin a bheith inchánach laistigh den Stát agus go n-úsáidtear an cárta teileafóin sin dá éis sin lasmuigh den Chomhphobal chun rochtain a fháil ar sheirbhís teileachumarsáide, ansin—

(i) measfar an áit a soláthraítear an tseirbhís teileachumarsáide sin a bheith lasmuigh den Chomhphobal, agus

(ii) beidh soláthraí an chárta teileafóin sin i dteideal, sa tréimhse inchánach ar lena linn a fhaigheann an soláthraí sin cruthúnas gur úsáideadh an cárta teileafóin sin amhlaidh lasmuigh den Chomhphobal, laghdú a fháil ar an gcáin is iníoctha ag an soláthraí sin i leith sholáthar an chárta teileafóin sin, ar laghdú é de mhéid a ríomhfar de réir *mhír (c)*.

(*b*) I gcás soláthar cárta teileafóin a bheith inchánach laistigh den Stát agus—

(i) maidir leis an duine atá faoi dhliteanas an cháin a íoc ar an soláthar sin, gur duine dá dtagraítear in *alt 12(1)* nó *(2)* é nó í—

(I) nach bhfuil i dteideal asbhaint a fháil, de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, ar an gcáin go léir is inmhuirearaithe i leith an tsoláthair sin, nó

(II) atá i dteideal asbhaint a fháil, de réir *Chaibidil 1* de *Chuid 8*, ar an gcáin is inmhuirearaithe i leith an tsoláthair sin de bhrí go bhfuarthas an cárta sin chun críocha athdhíola,

agus

(ii) go n-úsáidtear an cárta teileafóin sin dá éis sin lasmuigh den Chomhphobal chun rochtain a fháil ar sheirbhís teileachumarsáide,

ansin—

(A) measfar an áit a soláthraítear an tseirbhís teileachumarsáide sin a bheith lasmuigh den Chomhphobal, agus

(B) beidh an duine atá inchánach i leith sholáthar sin an chárta teileafóin sin i dteideal, sa tréimhse inchánach ar lena linn a fhaigheann an duine sin cruthúnas gur úsáideadh an cárta teileafóin sin amhlaidh lasmuigh den Chomhphobal, laghdú a fháil ar an gcáin is iníoctha i leith sholáthar sin an chárta teileafóin sin go feadh an mhéid a úsáideadh an cárta teileafóin sin amhlaidh.

(*c*) Chun críocha an fho-ailt seo, déanfar méid an laghdaithe dá dtagraítear i *mír (a)* a ríomh de réir na foirmle—

$$(A — B) \times \frac{C}{C + 100}$$

i gcás—

gurb é A an praghas, lena n-áirítear cáin, a ghearr an soláthraí ar an gcuid sin den cheart sa chárta teileafóin a caitheadh le linn rochtain a fháil ar an tseirbhís teileachumarsáide a measadh a bheith á soláthar lasmuigh den Chomhphobal,

gurb é B an praghas, lena n-áirítear cáin, a gearradh ar an soláthraí ar an gcuid sin den cheart sa chárta teileafóin a caitheadh le linn rochtain a fháil ar an tseirbhís teileachumarsáide a measadh a bheith á soláthar lasmuigh den Chomhphobal, agus

gurb é C an ráta faoin gcéad cánach ab inmhuirearaithe ar sholáthar an chárta teileafóin tráth an tsoláthair sin ag an soláthraí sin.

(*d*) I gcás go n-úsáidtear cárta teileafóin chun rochtain a fháil ar sheirbhís teileachumarsáide, tabharfar neamhaird, chun críocha *alt 37(3)*, ar luach an chárta teileafóin a úsáidtear amhlaidh.

(3) D'ainneoin aon ní san Acht seo, féadfar an cháin a íocadh i leith gairis glactha raidió-chraolacháin agus codanna de is le foras nó cumann a aisíoc leis an bhforas nó leis an gcumann más rud é, agus amháin más rud é—

(*a*) go bhfuil de phríomhchuspóir aige, i dtuairim na gCoimisinéirí Ioncaim, feabhas a chur ar chor daoine dalla, agus

(*b*) go gcruthaíonn sé chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur le haghaidh úsáid daoine dalla na hearraí sin atá i gceist.

(4) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin go loghfar nó go n-aisíocfar, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar sna rialacháin nó a fhorchuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim, an cháin is inmhuirearaithe i leith an tsoláthair earraí, nó i leith soláthar cibé earraí a shonrófar sna rialacháin, i gcásanna inar deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim—

(*a*) gur loingsíodh na hearraí ar bord aerárthaigh nó loinge a bhí ar aistear go dtí áit atá lasmuigh den Stát,

(*b*) gur soitheach iascaireachta, nó gur earraí atá le húsáid i soitheach iascaireachta, a úsáidtear nó a úsáidfear le haghaidh iascaireacht mhara tráchtála na hearraí.

(5) Féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin go loghfar nó go n-aisíocfar, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a shonrófar sna rialacháin nó a fhorchuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim, an cháin is inmhuirearaithe i leith gach ceann nó aon cheann amháin (de réir mar a shonrófar sna rialacháin) de na seirbhísí seo a leanas:

(*a*) deisiú, cothabháil agus fruiliú gléasra nó trealaimh a úsáidtear i soitheach nó in aerárthach a shonraítear i *mír 4(2)* de *Sceideal 2*,

(*b*) deisiú, cothabháil agus fruiliú soithigh a úsáidtear, nó gléasra nó trealaimh a úsáidtear i soitheach a úsáidtear, le haghaidh iascaireacht mhara tráchtála.

Ús ar aisíocaí cánach.

[ACBL alt 21A]

**105**.—(1) Chun críocha an ailt seo—

ciallaíonn "éilitheoir" duine a dhéanann éileamh bailí ar mhéid inaisíoctha a chur isteach;

ciallaíonn "méid ró-íoctha" méid is méid inaisíoctha de thoradh íocaíocht cánach a bheith déanta ag éilitheoir;

ciallaíonn "méid inaisíoctha" méid a bhfuil duine i dteideal é a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim de réir an Achta seo nó de réir aon ordaithe nó aon rialachán a dhéantar faoin Acht seo agus is méid a éilítear laistigh den tréimhse dá bhforáiltear in *alt 99(4)*, ach ní fholaíonn méid den sórt sin ús is iníoctha faoin alt seo;

ciallaíonn "éileamh bailí" tuairisceán nó éileamh, a thugtar de réir an Achta seo nó de réir aon ordaithe nó rialachán a dhéantar faoin Acht seo, agus is tuairisceán nó éileamh ina bhfuil an fhaisnéis go léir a theastaíonn ó na Coimisinéirí Ioncaim chun an méid inaisíoctha a shuíomh.

(2) I gcás ina ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim toimhde iomrallach in oibriú na cánach agus ina bhfuil, mar thoradh air sin, méid inaisíoctha iníoctha le héilitheoir, beidh ús de réir an ráta atá leagtha amach i *bhfo-alt (4)* nó a fhorordófar le hordú faoi *fho-alt (7)* iníoctha, faoi réir alt 1006A(2A) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an méid sin—

(*a*) i gcás méid ró-íoctha, ón lá a bhfaigheann na Coimisinéirí Ioncaim an méid ró-íoctha sin,

(*b*) (i) faoi réir *fhomhír (ii)*, i gcás aon mhéid inaisíoctha eile, ón 19ú lá den mhí tar éis na tréimhse inchánach a mbeadh éilitheoir i dteideal méid inaisíoctha a fháil ina leith murach an toimhde iomrallach in oibriú na cánach a bheith déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim,

(ii) i gcás tuairisceán a bheith dlite de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9* ón éilitheoir dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* i leith na tréimhse inchánach dá dtagraítear san fhomhír sin, ón lá a bhfuarthas an tuairisceán sin,

go dtí an lá a n-íocann na Coimisinéirí Ioncaim an méid inaisíoctha leis an éilitheoir.

(3) Más rud é, ar aon chúis seachas toimhde iomrallach in oibriú na cánach arna déanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim, go bhfuil méid inaisíoctha iníoctha le héilitheoir ach nach n-íoctar é go dtí tar éis 93 lá a bheith caite ón lá a bhfaigheann na Coimisinéirí Ioncaim éileamh bailí ar an méid sin, beidh ús de réir ráta a shonraítear i *bhfo-alt (4)* nó a fhorordófar le hordú faoi *fho-alt (7)* iníoctha, faoi réir alt 1006A(2A) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an méid sin ón lá a bhfuil na 93 lá sin caite go dtí an lá a n-íocann na Coimisinéirí Ioncaim an méid inaisíoctha leis an éilitheoir.

(4) Ús simplí is iníoctha de réir ráta 0.011 faoin gcéad in aghaidh gach lae nó cuid de lá, nó de réir cibé ráta eile a fhorordóidh an tAire Airgeadais le hordú faoi *fho-alt (7)*, a bheidh in aon ús is iníoctha de réir an ailt seo.

(5) Ní bheidh ús iníoctha más lú é ná €10.

(6) (*a*) Ní íocfaidh na Coimisinéirí Ioncaim ús i leith aon mhéid faoin Acht seo ach amháin mar a fhoráiltear leis an alt seo.

(*b*) Ní bheidh feidhm ag an alt seo i ndáil le haon aisíoc cánach a bhfuil ús iníoctha ina leith faoi réim nó de bhua aon fhorála de chuid aon achtacháin eile.

(7) (*a*) Féadfaidh an tAire Airgeadais, ó am go ham, ordú a dhéanamh lena bhforordófar ráta chun críocha *fho-alt (4)*.

(*b*) Déanfar gach ordú a dhéanfaidh an tAire Airgeadais faoi *mhír (a)* a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an t-ordú a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(8) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin lena rialófar oibriú an ailt seo a dhéanamh de réir mar is gá.

CUID 13

Riarachán agus Ginearálta

Caibidil 1

*Riarachán*

Cúram agus bainistiú cánach.

[ACBL alt 43]

**106**.—Déantar, leis seo, cáin a chur faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim.

An t-oifigeach atá freagrach i gcás comhlachta daoine.

[ACBL alt 33]

**107**.—(1) San alt seo, ciallaíonn “na forálacha maidir le cáin”—

(*a*) forálacha an Achta seo agus rialacháin, agus

(*b*) na forálacha maidir le cáin in aon Acht ina dhiaidh seo.

(2) Beidh an rúnaí nó an t-oifigeach eile atá ag gníomhú mar rúnaí de thuras na huaire ar aon chomhlacht daoine freagrach i dteannta an chomhlachta i leith na gníomhartha sin uile a dhéanamh ar gá don chomhlacht iad a dhéanamh faoi aon cheann de na forálacha maidir le cáin.

(3) Féadfaidh gach oifigeach dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, ó am go ham, an oiread sin d’aon airgead a thagann i lámha an oifigigh sin thar ceann an chomhlachta sin agus is leor chun an cháin a íoc atá dlite den chomhlacht a choinneáil agus slánófar an t-oifigeach i leith gach íocaíocht den sórt sin a dhéantar de bhun an ailt seo.

(4) Aon fhógra is gá a thabhairt do chomhlacht daoine faoi aon cheann de na forálacha maidir le cáin, féadfar é a thabhairt don rúnaí nó don oifigeach eile atá ag gníomhú mar rúnaí de thuras na huaire ar an gcomhlacht sin.

Taifid a iniúchadh agus a thabhairt chun siúil.

[ACBL alt 18]

**108**.—(1) San alt seo—

ciallaíonn “oifigeach údaraithe” oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim a bheidh údaraithe acu i scríbhinn chun críocha an ailt seo;

ciallaíonn “taifid” aon doiciméad, nó aon ábhar scríofa nó clóite eile i bhfoirm ar bith a cheanglaítear ar dhuine a choimeád, a choinneáil, a eisiúint nó a thabhairt ar aird lena iniúchadh nó a fhéadfar a iniúchadh faoi aon fhoráil maidir le cáin, lena n-áirítear aon fhaisnéis arna stóráil, arna cothabháil nó arna caomhnú trí aon fheiste mheicniúil nó leictreonach, cibé acu atá nó nach bhfuil sí á stóráil, á cothabháil nó á caomhnú i bhfoirm inléite.

(2) Chun críocha an Achta seo agus rialachán, féadfaidh oifigeach údaraithe, gach uile thráth réasúnach, dul isteach in aon áitreabh nó áit a bhfuil cúis aige nó aici chun a chreidiúint go seoltar gnó ann nó go ndéantar aon ní i ndáil le gnó ann agus—

(*a*) féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine a sheolann an gnó nó ar aon duine san áitreabh sin nó san áit sin atá fostaithe ag an duine a sheolann an gnó nó a bhfuil baint aige nó aici leis an duine sin i seoladh an ghnó, aon leabhair, taifid, cuntais nó doiciméid eile a thabhairt ar aird a bhaineann leis an ngnó nó le haon ghnó eile a bhfuil cúis ag an oifigeach údaraithe chun a chreidiúint

go mb'fhéidir go bhfuil, nó go raibh, baint nó caidreamh trádála aige leis an ngnó sin,

(*b*) féadfaidh sé nó sí, má tá cúis ag an oifigeach údaraithe chun a chreidiúint nach bhfuil aon cheann de na leabhair, na taifid, na cuntais nó na doiciméid eile a cheangail sé nó sí a thabhairt ar aird dó nó di faoi fhorálacha an fho-ailt seo tugtha ar aird amhlaidh, cuardach a dhéanamh san áitreabh sin nó san áit sin le haghaidh na leabhar, na dtaifead, na gcuntas nó na ndoiciméad eile sin,

(*c*) féadfaidh sé nó sí, má tá cúis ag an oifigeach údaraithe chun a chreidiúint go bhfuil ar iompar ag duine nó i seilbh an duine sin aon taifid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil mar fhianaise in imeachtaí coiriúla de réir alt 1078 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 i ndáil leis an gcáin, a iarraidh ar an duine aon taifid den sórt sin a thabhairt ar aird, agus má mhainníonn an duine sin déanamh amhlaidh, féadfaidh an t-oifigeach údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána an duine sin a chuardach, ar choinníoll—

(i) go ndéanann an t-oifigeach nó an comhalta den Gharda Síochána a stiúrann an cuardach a chinntiú, a mhéid is indéanta, go dtuigeann an duine cén fáth go bhfuil sé nó sí á chuardach nó á cuardach,

(ii) go ndéantar an cuardach a stiúradh le hurraim chuí don duine atá á chuardach nó á cuardach,

(iii) nach gcuardaíonn oifigeach nó comhalta den Gharda Síochána den ghnéas eile an duine atá á chuardach nó á cuardach, agus

(iv) nach n-iarrtar ar an duine atá á chuardach nó á cuardach aon éadach, ar leith ó cheannbheart nó cóta, seaicéad, lámhainn nó ball éadaigh eile den tsamhail sin, a bhaint de nó di,

(*d*) féadfaidh sé nó sí, i gcás aon leabhar, taifead, cuntas nó doiciméad eile den sórt sin a thugtar ar aird don oifigeach údaraithe nó a aimsíonn sé nó sí, cóipeanna a dhéanamh díobh nó sleachta a thógáil astu agus iad a thabhairt chun siúil agus a choinneáil go ceann cibé tréimhse is réasúnach chun iad a scrúdú tuilleadh nó chun críocha aon imeachtaí i ndáil le cáin,

(*e*) féadfaidh sé nó sí, má tá cúis ag an oifigeach údaraithe chun a chreidiúint go bhfuil earraí a bhaineann le soláthairtí inchánach, fálacha laistigh den Chomhphobal nó allmhairí, á gcoinneáil san áitreabh sin nó san áit sin agus nach ndearnadh sonraí i dtaobh na n-earraí sin a choimeád agus a choinneáil, mar a cheanglaítear leis an Acht seo nó le rialacháin, i leabhair, taifid, cuntais nó doiciméid eile de chuid an ghnó nó de chuid aon ghnó eile ar a bhfuil a shamhail de cheangal sonraí i dtaobh na n-earraí sin a choimeád agus a choinneáil, an t-áitreabh sin nó an áit sin a chuardach le haghaidh na n-earraí sin agus, ar iad a aimsiú, iad a scrúdú agus sonraí ina dtaobh a thógáil,

(*f*) féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine a sheolann an gnó, nó ar aon duine san áitreabh sin nó san áit sin atá fostaithe ag an duine a sheolann an gnó nó a bhfuil baint aige nó aici leis an duine sin i seoladh an ghnó, gach cúnamh réasúnach a thabhairt don oifigeach údaraithe, lena n-áirítear faisnéis agus mínithe a sholáthar agus doiciméid a thabhairt i dtaca leis an ngnó, de réir mar a cheanglóidh an t-oifigeach údaraithe.

(3) Ní fhorléireofar aon ní i *bhfo-alt (2)* mar ní a cheanglaíonn ar aon duine a sheolann gairm, ná ar aon duine atá fostaithe ag aon duine a sheolann gairm, aon doiciméid a bhaineann le cliant a thabhairt ar aird d'oifigeach údaraithe, seachas cibé doiciméid atá ábhartha do chúrsaí cánach an duine a sheolann an ghairm agus, go háirithe, ní bheidh de cheangal ar aon duine den sórt sin aon fhaisnéis nó comhairle ghairmiúil de ghné rúnda a tugadh do chliant a nochtadh.

(4) Déanfaidh duine cuntasach, ar iarraidh ó oifigeach údaraithe, an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt don oifigeach sin, i leith tréimhse sonraithe:

(*a*) ainm agus seoladh gach duine dá chustaiméirí nó dá custaiméirí;

(*b*) an chomaoin iomlán is iníoctha i leith soláthairtí earraí agus seirbhísí a rinne sé nó sí le gach custaiméir den sórt sin agus an cháin ar an gcéanna;

(*c*) luach agus tuairisc aon bhronntanas nó aon ítimí a bhaineann le cur chun cinn a thug sé nó sí d'aon duine i dtaca le soláthairtí den sórt sin nó aon íocaíochtaí eile a rinne sé nó sí le haon duine i dtaca le soláthairtí den sórt sin;

(*d*) ainm, seoladh agus uimhir chláraithe gach duine dá sholáthraithe nó dá soláthraithe;

(*e*) an chomaoin iomlán is iníoctha i leith earraí agus seirbhísí arna soláthar dó nó di ó gach soláthraí agus an cháin ar an gcéanna.

(5) Ní dhéanfaidh duine bac ná moill a chur go toiliúil ar oifigeach údaraithe agus é nó í ag feidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin alt seo.

(6) Más rud é, de bhun an ailt seo, go dtéann oifigeach údaraithe isteach in aon áitreabh, go ndéanann sé nó sí aon chuardach nó go n-iarrann sé nó sí aon doiciméid a thabhairt ar aird, déanfaidh sé nó sí, ar sin a iarraidh, a údarú nó a húdarú chun críche an ailt seo a thaispeáint don duine lena mbaineann.

Urrús atá le tabhairt ag daoine inchánach áirithe.

[ACBL alt 23A]

**109**.—(1) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcás inar dealraitheach dóibh go bhfuil sé riachtanach déanamh amhlaidh chun an t-ioncam a chosaint, a cheangal ar dhuine cuntasach, mar choinníoll le soláthar earraí nó seirbhísí ag an duine faoi sholáthar inchánach, urrús nó urrús breise a thabhairt, de cibé méid agus ar cibé modh agus i cibé foirm a chinnfidh siad, chun aon cháin a íoc atá, nó a d'fhéadfadh teacht chun a bheith, dlite de nó di, ón dáta a seirbheáladh fógra i scríbhinn air nó uirthi á rá sin.

(2) I gcás ina seirbheáiltear fógra ar dhuine de réir *fho-alt (1)*, féadfaidh an duine, ar fhógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den tréimhse 21 lá ó dháta seirbheála an fhógra, achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc i gcoinne an cheanglais aon urrús a thabhairt faoi *fho-alt (1)*.

Caibidil 2

*Meastachán, measúnú agus teorainneacha ama*

**110**.—(1) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, más rud é, laistigh den tréimhse ama a fhorordaítear le *halt 76* nó *77*, de réir mar is cuí, go mainníonn duine cuntasach tuairisceán a thabhairt de réir na rialachán iomchuí ar an gcáin is iníoctha ag an duine sin i leith aon tréimhse, ansin, gan dochar d'aon bheart eile a fhéadfar a dhéanamh, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, de réir rialachán ach faoi réir *alt 113*, an méid cánach is iníoctha aige nó aici a mheas i leith na tréimhse sin agus fógra a sheirbheáil air nó uirthi i leith an mhéid mheasta.

Meastachán ar an gcáin atá dlite.

[ACBL alt 22]

(*b*) I gcás inar deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim—

(i) go bhfuil méid arna mheas faoi *mhír (a)* iomarcach, féadfaidh siad an méid arna mheas amhlaidh a leasú trína laghdú, nó

(ii) nach leor méid arna mheas faoi *mhír (a)*, féadfaidh siad an méid arna mheas amhlaidh a leasú trína mhéadú,

agus, i gceachtar cás, seirbheálfaidh siad fógra ar an duine lena mbaineann i leith an mhéid mheasta athbhreithnithe agus glacfaidh an fógra sin ionad aon fhógra roimhe sin arna eisiúint faoin bhfo-alt seo.

(2) I gcás fógra a sheirbheáil faoi *fho-alt (1)* ar dhuine, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(*a*) má éilíonn an duine nach duine cuntasach é nó í, féadfaidh an duine sin, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den tréimhse 14 lá ó dháta seirbheála an fhógra, a cheangal an t-éileamh a tharchur chun na gCoimisinéirí Achomhairc lena chinneadh agus, faoi réir *alt 119*, is cinneadh críochnaitheach dochloíte cinneadh na gCoimisinéirí Achomhairc;

(*b*) ar an tréimhse sin a bheith caite, mura gceanglaítear aon éileamh den sórt sin a tharchur amhlaidh nó má cheanglaítear éileamh den sórt sin a tharchur amhlaidh, ar chinneadh críochnaitheach in aghaidh an éilimh, beidh an cháin mheasta a shonraítear san fhógra inghnóthaithe ar an tslí chéanna agus trí na himeachtaí céanna agus a bheadh dá mba rud é go raibh an duine tar éis tuairisceán fíor ceart a thabhairt, laistigh den tréimhse fhorordaithe, de réir rialachán, don tréimhse lena mbaineann an meastachán agus an cháin mheasta sin á taispeáint ann mar cháin atá dlite den duine sin;

(*c*) más rud é, aon tráth tar éis an fógra a sheirbheáil, go dtugann an duine tuairisceán, de réir rialachán, i leith na

tréimhse a shonraítear san fhógra agus go n-íocann sé nó sí cáin de réir an tuairisceáin, i dteannta aon úis agus costas a d'fhéadfadh a bheith tabhaithe i ndáil leis an mainneachtain, beidh an fógra urscaoilte agus aisíocfar aon bhreis cánach a d'fhéadfadh a bheith íoctha.

(3) Féadfaidh feidhm a bheith ag fógra ó na Coimisinéirí Ioncaim faoi *fho-alt (1)* maidir le 2 thréimhse inchánach nó níos mó.

An cháin atá dlite a mheasúnú.

[ACBL alt 23]

**111**.—(1) Más rud é, i ndáil le haon tréimhse, go bhfuil cúis ag an gcigire cánacha, nó ag cibé oifigeach eile a údaróidh na Coimisinéirí Ioncaim chun na cumhachtaí a thugtar leis an alt seo a fheidhmiú (dá ngairtear "oifigeach eile" san alt seo), lena chreidiúint go bhfuil méid áirithe cánach dlite do na Coimisinéirí Ioncaim agus iníoctha leo ag duine in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

(*a*) gur mhó an méid iomlán cánach ab iníoctha ag an duine ná an méid iomlán cánach (más ann) a d'íoc an duine sin;

(*b*) gur mhó an méid iomlán cánach a aisíocadh leis an duine de réir *alt 99(1)* ná an méid (más ann) ab inaisíoctha go cuí leis an duine sin;

(*c*) go bhfuil méid cánach iníoctha ag an duine agus go ndearnadh aisíoc faoi *alt 99(1)* leis an duine,

ansin, gan dochar d'aon bheart eile a dhéanfar, féadfaidh an cigire nó an t-oifigeach eile—

(i) de réir rialachán ach faoi réir *alt 113*, measúnacht a dhéanamh in aon suim amháin ar an méid iomlán cánach is dóigh leis nó léi ba cheart a bheith íoctha nó ar an méid iomlán cánach (lena n-áirítear méid nialais) ba cheart, de réir *alt 99(1)*, a bheith aisíoctha, de réir mar a bheidh, i leith na tréimhse sin, agus

(ii) fógra a sheirbheáil ar an duine ina sonrófar—

(I) an méid iomlán cánach arna mheasúnú amhlaidh,

(II) an méid iomlán cánach (más ann) a d'íoc an duine nó a aisíocadh leis an duine i ndáil leis an tréimhse sin, agus

(III) an méid iomlán atá dlite agus iníoctha amhlaidh (dá ngairtear "an méid atá dlite" ina dhiaidh seo san alt seo).

(2) I gcás ina seirbheáiltear fógra ar dhuine faoi *fho-alt (1)*, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(*a*) féadfaidh an duine, má éilíonn sé nó sí go bhfuil an méid atá dlite iomarcach, ar fhógra a thabhairt don chigire nó don oifigeach eile laistigh den tréimhse 21 lá ó dháta seirbheála an fhógra, achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc, agus

(*b*) ar an tréimhse sin a bheith caite, mura bhfaightear aon fhógra achomhairc nó, má fhaightear fógra achomhairc, ar an achomharc a chinneadh trí chomhaontú nó ar shlí eile, tiocfaidh an méid atá dlite nó an méid leasaithe atá

dlite arna chinneadh i ndáil leis an achomharc, chun bheith dlite agus iníoctha ionann is dá mba cháin í an cháin a raibh an duine faoi dhliteanas í a íoc don tréimhse inchánach ar lena linn a chuaigh an tréimhse 14 lá ó dháta seirbheála an fhógra faoi *fho-alt (1)* in éag nó ón dáta a cinneadh an t-achomharc trí chomhaontú nó ar shlí eile, cibé tréimhse inchánach díobh is déanaí.

(3) I gcás ina ndéanann duine achomharc i gcoinne measúnachta faoi *fho-alt (1)*, laistigh de na teorainneacha ama dá bhforáiltear i *bhfo-alt (2)*, ansin—

(*a*) íocfaidh sé nó sí leis na Coimisinéirí Ioncaim an méid a chreideann sé nó sí a bheith dlite, agus

(*b*) más rud é—

(i) gur mó an méid a íocadh ná 80 faoin gcéad de mhéid na cánach a fionnadh a bheith dlite ar an achomharc a chinneadh, agus

(ii) go ndéantar iarmhéid an mhéid a fionnadh a bheith dlite ar an achomharc a chinneadh a íoc laistigh de mhí amháin ó dháta an chinnidh sin,

ní bheidh ús de réir *alt 114* inmhuirearaithe ón dáta a dhéantar an mheasúnacht.

Meastacháin agus measúnachtaí leictreonacha, etc. a ghiniúint.

[ACBL alt 22A]

**112**.—Chun críocha an Achta seo agus rialachán, más rud é go ndéanann oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim arna ainmniú nó arna hainmniú de réir rialachán chun críocha *alt 110* nó cigire cánacha nó oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim arna údarú nó arna húdarú chun críocha *alt 111*, nó aon oifigeach eile do na Coimisinéirí Ioncaim ag gníomhú dó nó di i bhfios don oifigeach ainmnithe sin nó don chigire sin nó don oifigeach údaraithe sin, a chur faoi deara go n-eiseofar, de láimh nó trí aon phróiseas leictreonach, fótagrafach nó eile, fógra meastacháin nó measúnachta cánach ar a mbeidh ainm an oifigigh ainmnithe sin nó an chigire sin nó an oifigigh údaraithe sin, measfar, maidir leis an meastachán sin nó leis an measúnacht sin lena mbaineann an fógra maidir le meastachán nó measúnacht i leith cánach—

(*a*) i gcás meastacháin arna dhéanamh faoi *alt 110*, gurb é nó í an t-oifigeach ainmnithe sin a rinne é, agus

(*b*) i gcás measúnachta arna déanamh faoi *alt 111*, gurb é nó í an cigire sin nó an t-oifigeach údaraithe sin, de réir mar a bheidh, a rinne í, go feadh thuairim an chigire sin nó an oifigigh údaraithe sin.

Teorainneacha ama.

[ACBL alt 30]

**113**.—(1) Féadfar meastachán nó measúnacht i leith cánach faoi *alt 110* nó *111* a dhéanamh aon tráth nach déanaí ná 4 bliana—

(*a*) tar éis dheireadh na tréimhse inchánach lena mbaineann an meastachán nó an mheasúnacht, nó

(*b*) más éard atá sa tréimhse dá ndéantar an meastachán nó an mheasúnacht 2 thréimhse inchánach nó níos mó, tar éis dheireadh na tréimhse inchánach is luaithe atá laistigh den tréimhse sin.

(2) (*a*) Faoi réir *mhíreanna (b)* agus *(c)*, san fho-alt seo ciallaíonn "faillí" neamart nó mainneachtain aon fhógra a thabhairt, sonraí a thabhairt, aon tuairisceán a thabhairt nó aon sonrasc, nóta sochair, nóta dochair, admháil, cuntas, dearbhán, ráiteas bainc, meastachán, measúnacht, ráiteas, faisnéis, leabhar, doiciméad, taifead nó dearbhú a thabhairt ar aird nó a thabhairt a cheanglaítear a thabhairt nó a thabhairt ar aird leis an Acht seo nó faoi nó le rialacháin nó fúthu.

(*b*) Measfar nár mhainnigh duine aon ní a dhéanamh ba ghá a dhéanamh laistigh de thréimhse ama theoranta má rinne an duine é laistigh de cibé tréimhse ama bhreise (más ann) a lamháil na Coimisinéirí Ioncaim.

(*c*) I gcás ina raibh leithscéal réasúnach ag duine i dtaobh gan aon rud a dhéanamh ba ghá a dhéanamh, measfar nár mhainnigh sé nó sí é a dhéanamh má rinne sé nó sí é gan moill mhíréasúnach tar éis deireadh a bheith leis an leithscéal.

(*d*) D'ainneoin *fho-alt (1)*, i gcás aon chineál calaoise nó faillí i dtaca nó i ndáil le cáin a bheith déanta ag aon duine nó thar ceann aon duine, féadfar meastachán nó measúnacht dá dtagraítear san fho-alt sin a dhéanamh aon tráth d'aon tréimhse a gcaillfeadh an Státchiste cáin ina leith murach sin de dheasca na calaoise nó na faillí.

(3) (*a*) I gcás duine d'fháil bháis, féadfar meastachán nó measúnacht i leith cánach faoi *alt 110* nó *111*, de réir mar a bheidh, a dhéanamh ar ionadaí pearsanta an duine d'aon tréimhse a bhféadfaí meastachán nó measúnacht den sórt sin a dhéanamh air nó uirthi ina leith díreach roimh a bhás nó a bás, nó a bhféadfaí a dhéanamh air nó uirthi dá mbeadh sé nó sí beo, i leith cánach a tháinig chun bheith dlite den duine roimh a bhás nó a bás, agus beidh an méid cánach is inghnóthaithe faoi aon mheastachán nó measúnacht den sórt sin ina fhiach a bheidh dlite ar eastát an duine agus iníoctha as.

(*b*) (i) Ní dhéanfar aon mheastachán ná measúnacht i leith cánach de bhua an fho-ailt seo tráth is déanaí ná 3 bliana tar éis don bhliain ina bhfuair an duine éagtha bás a bheith caite, i gcás ina ndearnadh deonú na probháide nó na litreacha riaracháin an bhliain sin.

(ii) Ní dhéanfar aon mheastachán ná measúnacht den sórt sin tráth is déanaí ná 2 bhliain tar éis don bhliain ina ndearnadh an deonú sin a bheith caite in aon chás eile.

(*c*) D'ainneoin *mhíreanna (a)* agus *(b)*—

(i) i gcás go dtaisceann an t-ionadaí pearsanta, tar éis na bliana ina bhfuair an duine éagtha bás, mionnscríbhinn cheartúcháin chun dleacht eastáit a mheasúnú nó go seachadann sé nó sí mionnscríbhinn bhreise faoi alt 48 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, nó

(ii) i gcás go ndlíonn an t-ionadaí pearsanta mionnscríbhinn bhreise a sheachadadh faoi alt 48

den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, gur thug na Coimisinéirí Ioncaim fógra dó nó di amhlaidh agus nár sheachaid sé nó sí an mhionnscríbhinn bhreise sin an bhliain ina bhfuair an duine éagtha bás,

féadfar an meastachán nó an mheasúnacht faoi *alt 110* nó *111* a dhéanamh aon tráth sula mbeidh 2 bhliain caite tar éis dheireadh na bliana inar taisceadh an mhionnscríbhinn cheartúcháin nó inar seachadadh nó ina seachadtar an mhionnscríbhinn bhreise.

(4) Faoi réir *alt 116(10)*, féadfar imeachtaí chun aon phionós faoin Acht seo a ghnóthú a thionscnamh aon tráth laistigh de 6 bliana díreach i ndiaidh an dáta a tabhaíodh é.

## Caibidil 3

### *Ús agus pionóis*

Ús is iníoctha ag daoine cuntasacha.

**114**.—(1) I gcás go dtagann aon mhéid cánach chun bheith iníoctha faoi *alt 76* nó *77* agus nach n-íoctar é, íocfaidh an duine cuntasach ús simplí ar an méid agus ríomhfar an t-ús sin ón dáta a tháinig an méid chun bheith iníoctha agus sin de réir ráta 0.0274 faoin gcéad in aghaidh gach lae nó gach cuid de lá a bhfuil an méid gan íoc lena linn.

(2) I gcás go n-aisíoctar méid cánach le duine agus—

(*a*) nach raibh aon mhéid cánach inaisíoctha go cuí leis an duine sin faoi *alt 99(1)*, nó

(*b*) gur mó an méid cánach a aisíoctar ná an méid is inaisíoctha go cuí leis an duine sin faoi *alt 99(1)*,

ansin íocfaidh an duine sin ús simplí ar aon mhéid cánach a aisíocadh leis an duine sin nach raibh inaisíoctha go cuí leis an duine sin faoi *alt 99(1)*, ón dáta a ndearnadh an t-aisíoc, de réir an ráta 0.0274 faoin gcéad in aghaidh gach lae nó cuid de lá nach ndéanann an duine lena linn duine cuntas a thabhairt i gceart ar aon mhéid den sórt sin a aisíocadh agus nach raibh inaisíoctha go cuí.

(3) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás inarb ionannas méid an iarmhéid cánach atá le híoc de réir *alt 77(2)(b)* agus *(c)* ag duine údaraithe dá dtagraítear in *alt 77(5)* (dá ngairtear "an t-iarmhéid" san fho-alt seo) do riar is mó ná 20 faoin gcéad den cháin ar tháinig an duine údaraithe chun bheith cuntasach ina leith maidir lena thréimhse chuntasaíochta nó lena tréimhse chuntasaíochta, ansin, chun críocha an fho-ailt seo, measfar an t-iarmhéid sin a bheith iníoctha lá (dá ngairtear an "lá fabhraithe" san fho-alt seo) atá ann 6 mhí roimh an lá deiridh chun tuairisceán a thabhairt de réir *alt 77(2)(b)* agus beidh feidhm ag ús simplí de réir an ailt seo ón lá fabhraithe sin.

(*b*) I gcás inar féidir le duine údaraithe a thaispeáint chun sástacht an Ard-Bhailitheora gur mó an méid úis is iníoctha ar an iarmhéid, de réir an fho-ailt seo, ná comhshuim na méideanna úis ab iníoctha de réir an ailt seo dá mba rud é—

(i) nach raibh an duine údaraithe údaraithe amhlaidh,

(ii) gur chuir an duine tuairisceán isteach de réir *alt 76(1)* do gach tréimhse inchánach arb éard iad an tréimhse chuntasaíochta, agus

(iii) go meastar na méideanna a íocadh trí dhírdhochar le linn tréimhse inchánach a bheith íoctha ar an dáta dlite maidir leis an tuairisceán sin i leith na tréimhse inchánach sin a chur isteach,

ansin, tá comhshuim na méideanna úis sin iníoctha.

(4) Beidh feidhm ag *fo-ailt (1)* agus *(2)*—

(*a*) maidir le cáin is inghnóthaithe de bhua fógra faoi *alt 110* ionann is dá mba cháin í an cháin a raibh an duine faoi dhliteanas í a íoc i leith na tréimhse nó na dtréimhsí inchánach faoi seach atá ar áireamh san fhógra, agus

(*b*) maidir le cáin is inghnóthaithe de bhua fógra faoi *alt 111* (cibé acu a fhaightear nó nach bhfaightear fógra achomhairc faoin alt sin) ionann is dá mba cháin í an cháin a raibh an duine faoi dhliteanas í a íoc i leith na tréimhse inchánach nó, de réir mar a bheidh, i leith na tréimhse inchánach is deireanaí sa tréimhse atá ar áireamh san fhógra.

Pionóis i gcoitinne.

[ACBL alt 26]

**115**.—(1) Aon duine nach gcomhlíonann *alt 65(3)*, *82*, *86(1)* nó *124(7)(a)* nó *Caibidil 2*, *3* nó *7* de *Chuid 9* nó aon fhoráil de rialacháin maidir le haon ní lena mbaineann na hailt nó na Caibidlí sin, dlífear pionós €4,000 a chur air nó uirthi.

(2) Aon duine nach duine cláraithe agus a dhéanann, an 1 Samhain, 1972 nó dá éis, sonrasc a eisiúint ina luaitear méid cánach, dlífear pionós €4,000 a chur air nó uirthi.

(3) Aon duine a dhéanann, ar dhóigh seachas faoi réim agus de réir *alt 68(2)(a)* nó *86(1)*, sonrasc a eisiúint ina luaitear méid breisithe cothromráta, dlífear pionós €4,000 a chur air nó uirthi.

(4) Más comhlacht daoine an duine a luaitear i *bhfo-alt (1)*, *(2)* nó *(3)*, dlífear pionós ar leithligh €4,000 a chur ar an rúnaí.

(5) Aon duine nach gcomhlíonann *alt 108(5)* nó ceanglas de chuid oifigigh údaraithe faoin alt sin, dlífear pionós €4,000 a chur air nó uirthi.

(6) Más rud é—

(*a*) go bhfuil duine údaraithe de réir *alt 98(2)(a)* chun aon earraí dochorraithe a iniúchadh chun margadhluach oscailte leasa sna hearraí sin a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim, agus

(*b*) go ndéanann an duine a bhfuil coimeád nó seilbh na n-earraí sin aige nó aici an t-iniúchadh sin a chosc nó an duine atá údaraithe amhlaidh a bhac le linn dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna i ndáil leis an iniúchadh a chomhlíonadh,

dlífear pionós €4,000 a chur ar an duine ag a bhfuil coimeád nó seilbh na n-earraí sin.

(7) Aon duine a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí inchánach de shárú ar an gceanglas maidir le hurrús a shonraítear in *alt 109,* dlífear pionós €4,000 i leith gach soláthar den sórt sin a chur air nó uirthi.

(8) Aon duine a mhainníonn fógra arna eisiúint faoi *alt 124(7)(b)* a chomhlíonadh, dlífear pionós €4,000 a chur air nó uirthi.

(9) In imeachtaí chun pionós a ghnóthú faoin Acht seo—

(*a*) maidir le deimhniú arna shíniú ag oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim á dheimhniú go ndearna an t-oifigeach taifid iomchuí na gCoimisinéirí Ioncaim a iniúchadh agus go ndealraíonn sé uathu nár thug an cosantóir, le linn tréimhse sonraithe, sonraí sonraithe nó tuairisceáin shonraithe, beidh sé ina fhianaise go dtí go gcruthófar a mhalairt nach ndearna an cosantóir, le linn na tréimhse sin, na sonraí nó an tuairisceán a thabhairt,

(*b*) maidir le deimhniú arna shíniú ag oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim á dheimhniú go ndearna an t-oifigeach taifid iomchuí na gCoimisinéirí Ioncaim a iniúchadh agus go ndealraíonn sé uathu go ndearnadh doiciméad sonraithe a chur go cuí chuig an gcosantóir lá sonraithe, beidh sé ina fhianaise, go dtí go gcruthófar a mhalairt, go bhfuair an duine sin an doiciméad sin sa ghnáthchúrsa,

(*c*) maidir le deimhniú arna shíniú ag oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim á dheimhniú go ndearna an t-oifigeach taifid iomchuí na gCoimisinéirí Ioncaim a iniúchadh agus go ndealraíonn sé uathu nach ndearna siad fógra sonraithe a eisiúint chun an chosantóra, beidh sé ina fhianaise, go dtí go gcruthófar a mhalairt, nach bhfuair an cosantóir an fógra atá i gceist,

(*d*) maidir le deimhniú arna shíniú ag oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim á dheimhniú go ndearna an t-oifigeach taifid iomchuí na gCoimisinéirí Ioncaim a iniúchadh agus go ndealraíonn sé uathu gur dhuine cuntasach nó nár dhuine cuntasach an cosantóir le linn tréimhse sonraithe, beidh sé ina fhianaise, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur dhuine cuntasach nó nár dhuine cuntasach an cosantóir, de réir mar a bheidh, le linn na tréimhse sin,

(*e*) maidir le deimhniú á dheimhniú mar a fhoráiltear i *mír (a)*, *(b), (c)* nó *(d)* agus a airbheartaíonn a bheith sínithe ag oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim, féadfar é a thairiscint i bhfianaise gan chruthúnas agus measfar, go dtí go gcruthófar a mhalairt, gur shínigh oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim é.

Pionós mar gheall ar thuairisceáin mhíchearta, etc., a thabhairt d'aon turas nó go míchúramach.

[ACBL alt 27A]

**116**.—(1) San alt seo—

ciallaíonn "go míchúramach" mainneachtain cúram réasúnach a ghlacadh;

ciallaíonn "dliteanas i leith cánach" dliteanas i leith mhéid na difríochta a shonraítear i *bhfo-alt (11)* nó *(12)* agus a éiríonn as aon ní dá dtagraítear i *bhfo-alt (2), (3), (5)* nó *(6)*;

ciallaíonn "tréimhse" tréimhse inchánach, tréimhse chuntasaíochta nó tréimhse eile, de réir mar a éilíonn an comhthéacs;

ciallaíonn "nochtadh cáilitheach spreagtha", i ndáil le duine, nochtadh cáilitheach a rinneadh do na Coimisinéirí Ioncaim nó d'oifigeach Ioncaim sa tréimhse idir—

(*a*) an dáta a thugann oifigeach Ioncaim fógra do dhuine faoin dáta a thosófar ar imscrúdú nó ar fhiosrúchán faoi aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, agus

(*b*) an dáta a thosaítear ar an imscrúdú nó ar an bhfiosrúchán;

ciallaíonn "nochtadh cáilitheach", i ndáil le duine—

(*a*) i ndáil le pionós dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*, nochtadh ar deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim ina leith—

(i) gur nochtadh faisnéise iomláine i ndáil leis na nithe uile, agus sonraí iomlána na nithe uile, is cionsiocair le dliteanas i leith cánach as a dtagann pionós dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)*, agus

(ii) gur nochtadh sonraí iomlána na nithe uile is cionsiocair le haon dliteanas i leith cánach nó dleachta as a dtagann—

(I) pionós dá dtagraítear in alt 1077E(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

(II) pionós dá dtagraítear in alt 134A(2) den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, agus

(III) feidhmiú alt 1077E(4) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 maidir leis an Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003,

agus

(*b*) i ndáil le pionós dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)*, nochtadh ar deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim ina leith gur nochtadh faisnéise iomláine i ndáil leis na nithe uile, agus le sonraí iomlána na nithe uile, is cionsiocair le dliteanas i leith cánach as a dtagann pionós dá dtagraítear i *bhfo-alt (7)* don tréimhse iomchuí,

agus a bheidh déanta i scríbhinn chun na gCoimisinéirí Ioncaim nó chun oifigigh Ioncaim agus a bheidh sínithe ag an duine sin nó thar ceann an duine sin agus lena ngabhann—

(A) dearbhú, de réir mar is fearr is eol don duine sin, a cuireadh i bhfios don duine sin agus a chreideann an

duine sin, arna dhéanamh i scríbhinn go bhfuil gach ní atá sa nochtadh ceart iomlán, agus

(B) íocaíocht ar an gcáin agus ar an dleacht is iníoctha i leith aon ní atá sa nochtadh agus ar an ús ar íoc déanach na cánach agus na dleachta sin;

ciallaíonn "oifigeach Ioncaim" oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn "nochtadh cáilitheach neamhspreagtha", i ndáil le duine, nochtadh cáilitheach ar deimhin leis na Coimisinéirí Ioncaim ina leith gur tugadh dóibh é go deonach—

(*a*) sular thosaigh siad féin, nó sular thosaigh oifigeach Ioncaim, ar imscrúdú nó ar fhiosrúchán i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, nó

(*b*) i gcás oifigeach Ioncaim do thabhairt fógra don duine faoin dáta a thosófar ar imscrúdú nó ar fhiosrúchán i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, roimh an bhfógra sin.

(2) I gcás go dtugann duine tuairisceán nó go ndéanann sé nó sí éileamh nó dearbhú chun críocha an Achta seo nó chun críocha rialachán agus, le linn dó nó di déanamh amhlaidh, i gcás go ndéanann an duine, d'aon turas—

(*a*) tuairisceán mícheart a thabhairt, nó,

(*b*) éileamh nó dearbhú mícheart a dhéanamh,

ansin dlífear pionós a chur ar an duine sin.

(3) I gcás go mainníonn duine d'aon turas ceanglas a chomhlíonadh de réir an Achta seo nó de réir rialachán, ar ceanglas é tuairisceán a thabhairt, ansin dlífear pionós a chur ar an duine.

(4) Is é a bheidh sa phionós dá dtagraítear—

(*a*) i *bhfo-alt (2)*, an méid a shonraítear i *bhfo-alt (11)*, agus

(*b*) i *bhfo-alt (3)*, an méid a shonraítear i *bhfo-alt (12)*,

arna laghdú, i gcás inar chomhoibrigh an duine, a ndlitear an pionós a chur air nó uirthi, go hiomlán le haon imscrúdú nó fiosrúchán a thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim nó oifigeach Ioncaim i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, go dtí na méideanna seo a leanas—

(i) 75 faoin gcéad den mhéid sin i gcás nach bhfuil feidhm ag *mír (ii)* nó *(iii)*,

(ii) 50 faoin gcéad den mhéid sin i gcás ina ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach spreagtha,

(iii) 10 faoin gcéad den mhéid sin i gcás ina ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach neamhspreagtha.

(5) I gcás go dtugann duine tuairisceán nó go ndéanann sé nó sí éileamh nó dearbhú chun críocha an Achta seo nó chun críocha rialachán agus, le linn dó nó di déanamh amhlaidh, i gcás go ndéanann an duine go míchúramach, ach ní d'aon turas—

(*a*) tuairisceán mícheart a thabhairt, nó

(*b*) éileamh nó dearbhú mícheart a dhéanamh,

ansin dlífear pionós a chur ar an duine sin.

(6) I gcás go mainníonn duine go míchúramach, ach ní d'aon turas, ceanglas a chomhlíonadh de réir an Achta seo nó de réir rialachán, ar ceanglas é tuairisceán a thabhairt, ansin dlífear pionós a chur ar an duine.

(7) (*a*) Is é a bheidh sa phionós dá dtagraítear—

(i) i *bhfo-alt (5)*, an méid a shonraítear i *bhfo-alt (11)*, agus

(ii) i *bhfo-alt (6)*, an méid a shonraítear i *bhfo-alt (12)*,

arna laghdú go dtí 40 faoin gcéad i gcásanna ina bhfuil feidhm ag an mbreis dá dtagraítear i *bhfomhír (I)* de *mhír (b)* agus go dtí 20 faoin gcéad i gcásanna eile.

(*b*) I gcás gur chomhoibrigh an duine, a ndlitear an pionós a chur air nó uirthi, go hiomlán le haon imscrúdú nó fiosrúchán a thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim nó oifigeach Ioncaim i dtaobh aon ní is bun le dliteanas de chuid an duine sin i leith cánach, is é a bheidh sa phionós dá dtagraítear—

(i) i *bhfo-alt (5)*, an méid a shonraítear i *bhfo-alt (11)*, agus

(ii) i *bhfo-alt (6)*, an méid a shonraítear i *bhfo-alt (12)*,

arna laghdú—

(I) i gcás gur mó an difríocht dá dtagraítear i *bhfo-alt (11)* nó *(12)*, de réir mar a bheidh, ná 15 faoin gcéad den mhéid dá dtagraítear i *mír (b) d'fho-alt (11)* nó i *mír (b) d'fho-alt (12)*, go dtí na méideanna seo a leanas—

(A) 30 faoin gcéad den difríocht sin i gcás nach bhfuil feidhm ag *clásal (B)* nó *(C)*,

(B) 20 faoin gcéad den difríocht sin i gcás go ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach spreagtha,

(C) 5 faoin gcéad den difríocht sin i gcás go ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach neamhspreagtha,

nó

(II) i gcás nach mó an difríocht dá dtagraítear i *bhfo-alt (11)* nó *(12)*, de réir mar a bheidh, ná 15 faoin gcéad den mhéid dá dtagraítear i *mír (b) d'fho-alt (11)* nó i *mír (b) d'fho-alt (12)*, go dtí na méideanna seo a leanas—

(A) 15 faoin gcéad den difríocht sin i gcás nach bhfuil feidhm ag *clásal (B)* nó *(C)*,

(B) 10 faoin gcéad den difríocht sin i gcás ina ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach spreagtha,

(C) 3 faoin gcéad den difríocht sin i gcás ina ndéanann an duine sin nochtadh cáilitheach neamhspreagtha.

(8) Más rud é, chun críocha an Achta seo nó chun críocha rialachán, go ndéanann duine, d'aon turas nó go míchúramach, aon sonrasc, uimhir chláraithe, nóta sochair, nóta dochair, admháil, cuntas, dearbhán, ráiteas bainc, meastachán, ráiteas, faisnéis, leabhar, doiciméad nó taifead atá mícheart a thabhairt ar aird, a sholáthar, a thabhairt, a chur nó a úsáid ar shlí eile, ansin dlífear—

(*a*) pionós €3,000 a chur ar an duine i gcás inar ghníomhaigh an duine sin go míchúramach,

(*b*) pionós €5,000 a chur ar an duine i gcás inar ghníomhaigh an duine sin d'aon turas.

(9) I gcás inar sholáthair nó ina ndearna duine aon tuairisceán, éileamh nó dearbhú dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* nó *(5)*, ach nach ndearna sé nó sí amhlaidh d'aon turas ná go míchúramach, agus i gcás ina dtagann sé ar iúl an duine go raibh sé mícheart, ansin, mura leigheastar an earráid gan moill mhíréasúnach, déileálfar, chun críocha an ailt seo, leis an tuairisceán, leis an éileamh nó leis an dearbhú amhail is go ndearna an duine sin é, nó gur chuir sé nó sí isteach é, d'aon turas.

(10) Faoi réir alt 1077D(2) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ní bheidh imeachtaí nó iarratais chun aon phionós a ghnóthú faoin alt seo as am de bhíthin iad a thosú tar éis an ama a lamháiltear le *halt 113*.

(11) Is é a bheidh sa mhéid dá dtagraítear i *mír (a) d'fho-alt (4)* agus i *mír (a)(i) d'fho-alt (7)* ná an difríocht idir na méideanna seo a leanas—

(*a*) an méid cánach (más ann) a d'íoc nó a d'éiligh an duine lena mbaineann don tréimhse iomchuí ar bhonn an tuairisceáin, an éilimh nó an dearbhaithe mhíchirt arna sholáthar nó arna dhéanamh ar shlí eile, agus

(*b*) an méid a bheadh iníoctha go cuí ag an duine sin nó inaisíoctha go cuí leis an duine sin don tréimhse sin.

(12) Is é a bheidh sa mhéid dá dtagraítear i *mír (b) d'fho-alt (4)* agus i *mír (b)(ii) d'fho-alt (7)* ná an difríocht idir na méideanna seo a leanas—

(*a*) an méid cánach (más ann) a d'íoc an duine sin don tréimhse iomchuí sular thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim nó aon oifigeach Ioncaim ar aon fhiosrúchán nó imscrúdú i gcás gur fhógair na Coimisinéirí Ioncaim go poiblí gur thosaigh siad ar fhiosrúchán nó imscrúdú nó i gcás gur sheol na Coimisinéirí Ioncaim nó oifigeach Ioncaim fiosrúchán nó imscrúdú maidir le haon ní a chuirfí san áireamh sa tuairisceán dá mba rud é gur sholáthair an duine sin an tuairisceán agus go raibh an tuairisceán ceart, agus

(*b*) an méid cánach a bheadh iníoctha go cuí ag an duine sin don tréimhse sin.

(13) I gcás go ndéanann duine dara nochtadh cáilitheach laistigh de 5 bliana ón tráth a tugadh an chéad nochtadh cáilitheach de chuid an duine sin, ansin, maidir le nithe a bhaineann leis an dara nochtadh sin—

(*a*) i ndáil le *fo-alt (4)*—

(i) beidh feidhm ag *mír (ii)* amhail is dá gcuirfí “75 faoin gcéad” in ionad “50 faoin gcéad”, agus

(ii) beidh feidhm ag *mír (iii)* amhail is dá gcuirfí “55 faoin gcéad” in ionad “10 faoin gcéad”,

agus

(*b*) i ndáil le *fomhír (I) d'fho-alt (7)(b)*—

(i) beidh feidhm ag *clásal (B)* amhail is dá gcuirfí “30 faoin gcéad” in ionad “20 faoin gcéad”, agus

(ii) beidh feidhm ag *clásal (C)* amhail is dá gcuirfí “20 faoin gcéad” in ionad “5 faoin gcéad”.

(14) I gcás go ndéanann duine tríú nochtadh cáilitheach nó nochtadh cáilitheach dá éis sin laistigh de 5 bliana ón tráth a tugadh an dara nochtadh cáilitheach de chuid an duine sin, ansin, maidir le nithe a bhaineann leis an tríú nochtadh cáilitheach sin nó leis an nochtadh cáilitheach sin dá éis sin, de réir mar a bheidh—

(*a*) ní dhéanfar an pionós dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (4)* a laghdú, agus

(*b*) ní bheidh feidhm ag an laghdú dá dtagraítear i *bhfomhír (I) d'fho-alt (7)(b)*.

(15) Ní nochtadh cáilitheach nochtadh i ndáil le duine más rud é—

(*a*) sula ndéantar an nochtadh, gur thosaigh oifigeach Ioncaim ar fhiosrúchán nó imscrúdú i dtaobh aon ní sa nochtadh sin agus go ndearna sé nó sí teagmháil leis an duine sin nó le duine is ionadaí don duine sin, nó gur thug sé nó sí fógra don duine sin nó do dhuine is ionadaí don duine sin, maidir leis an ní sin, nó

(*b*) maidir le nithe atá sa nochtadh, gur nithe iad—

(i) a tháinig ar iúl na gCoimisinéirí Ioncaim, nó atá ar tí teacht ar iúl na gCoimisinéirí Ioncaim, trí imscrúduithe dá gcuid féin nó trí imscrúdú arna sheoladh ag gníomhaireacht nó comhlacht reachtúil,

(ii) atá laistigh de raon fiosrúcháin atá á sheoladh go hiomlán nó go páirteach go poiblí, nó

(iii) a bhfuil an duine a rinne an nochtadh bainteach leo, nó a bhfuil an duine sin ar tí teacht chun bheith bainteach leo, go poiblí.

(16) Chun críocha an ailt seo, maidir le haon tuairisceán, éileamh nó dearbhú arna chur isteach thar ceann duine, measfar gur chuir an duine sin isteach é mura rud é go gcruthaíonn an duine sin gur cuireadh isteach é gan toiliú an duine sin nó i ngan fhios don duine sin.

(17) I gcás gur comhlacht daoine duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, *(3)*, *(5)* nó *(6)*, dlífear pionós ar leithligh €1,500 a chur ar an rúnaí nó, i gcás iompair d'aon turas, dlífear pionós ar leithligh €3,000 a chur air nó uirthi.

(18) Má dhéanann duine, i gcás ina dtugann an duine le fios gur duine cláraithe é nó í nó gur chun críocha gnó a sheolann sé nó sí a allmhairíodh earraí a d'allmhairigh sé nó sí, a chur faoi deara go míchuí go ndéantar earraí a allmhairiú gan cáin a íoc in imthosca ina bhfuil cáin inmhuirearaithe, ansin dlífear pionós €4,000 a chur air nó uirthi agus, ina theannta sin, beidh sé nó sí faoi dhliteanas méid aon chánach ba chóir a íoc ar an allmhairiú a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.

(19) Má fhaigheann duine earraí gan cáin bhreisluacha (amhail dá dtagraítear sa Treoir CBL) a íoc i mBallstát eile mar thoradh ar uimhir chláraithe mhícheart a dhearbhú, dlífear pionós €4,000 a chur ar an duine agus, ina theannta sin, beidh an duine faoi dhliteanas méid a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim ar méid é atá comhionann leis an méid cánach ab inmhuirearaithe ar na hearraí sin a fháil laistigh den Chomhphobal dá mba dhearbhú maidir le huimhir chláraithe cheart an dearbhú sin.

(20) (*a*) Más rud é, de bhun rialachán arna ndéanamh chun críocha *alt 57(1)*, go ndearnadh cáin ar sholáthar aon earraí a loghadh nó a aisíoc agus—

(i) (I) go bhfaightear na hearraí sin sa Stát tar éis an dáta a líomhnaíodh gur onnmhairíodh iad nó go raibh siad le honnmhairiú, nó

(II) go bhfuil aon choinníoll a shonraítear sna rialacháin nó a d'fhorchuir na Coimisinéirí Ioncaim gan chomhlíonadh,

agus

(ii) nach bhfuil sé údaraithe, chun críocha an fho-ailt seo, ag na Coimisinéirí Ioncaim na hearraí sin a bheith sa Stát tar éis an dáta sin nó an coinníoll a bheith gan chomhlíonadh,

ansin—

(A) dlífear na hearraí a fhorghéilleadh, agus

(B) faoi réir *mhír (b)*, déanfar an cháin a loghadh nó a aisíocadh a mhuirearú ar an duine, agus tiocfaidh sí chun bheith iníoctha láithreach ag an duine, dár soláthraíodh na hearraí nó a bhfaightear na hearraí ina sheilbh nó ina seilbh sa Stát agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha ailt 960I(1), 960J, 960L agus 960N den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

(*b*) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, más cuí leo é, íoc na cánach go léir dá dtagraítear i *bhfomhír (B)* de *mhír (a)* nó íoc cuid di a tharscaoileadh.

(21) (*a*) Chun críocha an ailt seo, ciallaíonn "uimhir chláraithe mhícheart a dhearbhú"—

(i) duine do dhéanamh uimhir chláraithe duine eile a dhearbhú,

(ii) duine do dhéanamh uimhir a dhearbhú nach uimhir chláraithe iarbhír í ach a n-airbheartaíonn an duine ina leith gurb í a uimhir chláraithe nó a huimhir chláraithe í,

(iii) duine do dhéanamh uimhir chláraithe atá cealaithe a dhearbhú,

(iv) duine do dhéanamh uimhir chláraithe a dhearbhú ar uimhir í a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim trí fhaisnéis mhícheart a sholáthar, nó

(v) duine do dhéanamh uimhir chláraithe a dhearbhú ar uimhir í a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim chun earraí a fháil gan cáin bhreisluacha dá dtagraítear sa Treoir CBL a íoc, agus ní chun aon chríche gnó *bona fide*.

(*b*) Más rud é, maidir le hearraí—

(i) gur soláthraíodh iad de réir ráta nialas faoin gcéad faoi réir an choinníll go raibh siad le seoladh nó le hiompar lasmuigh den Stát de réir *mhír 1(1)* nó *(2)*, *3(1)* nó *7(3)* de *Sceideal 2* agus nach ndearnadh na hearraí a sheoladh nó a iompar amhlaidh,

(ii) go bhfuarthas iad gan cáin bhreisluacha dá dtagraítear sa Treoir CBL a íoc i mBallstát eile mar thoradh ar uimhir chláraithe mhícheart a dhearbhú,

(iii) go bhfuarthas i mBallstát eile iad agus gur córacha iompair nua na hearraí sin arb amhlaidh ina leith—

(I) go ndéanann an faighteoir fáil laistigh den Chomhphobal sa Stát,

(II) nach bhfuil an faighteoir i dteideal asbhaint a fháil faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* i leith na cánach is inmhuirearaithe ar an bhfáil sin, agus

(III) go mainníonn an faighteoir cuntas a thabhairt sa cháin atá dlite ar an bhfáil sin de réir *Chaibidil 3* de *Chuid 9*,

nó

(iv) go bhfuil siad á soláthar ag duine cuntasach nár chomhlíon *alt 65(3)*,

ansin dlífear na hearraí sin a fhorghéilleadh.

(*c*) I gcás go bhfuil amhras réasúnach ar oifigeach arna údarú nó arna húdarú ag na Coimisinéirí Ioncaim go ndlitear earraí a fhorghéilleadh de réir *mhír (b)*, ansin féadfaidh an t-oifigeach sin na hearraí sin a choinneáil go dtí go mbeidh cibé scrúdú, fiosrúcháin nó imscrúduithe, a mheasfaidh an t-oifigeach sin nó oifigeach údaraithe eile do na Coimisinéirí Ioncaim a bheith riachtanach, déanta chun a chinneadh chun sástacht ceachtar oifigeach an ndearnadh nó nach ndearnadh na hearraí sin a sholáthar nó a fháil amhlaidh.

(*d*) I gcás go mbeidh cinneadh dá dtagraítear i *mír (c)* déanta i leith aon earraí, nó ag deireadh tréimhse 2 mhí ón dáta a coinníodh na hearraí sin faoin mír sin, cibé acu is luaithe, déanfar na hearraí sin a urghabháil mar earraí a dhlitear a fhorghéilleadh nó déanfar iad a scaoileadh.

(22) Beidh feidhm ag na forálacha de na hAchtanna Custam a bhaineann le forghéilleadh agus daoradh earraí maidir le hearraí a dhlitear a fhorghéilleadh faoi *fho-alt (20)* nó *(21)* amhail is dá mba rud é gur tháinig siad chun bheith faoi dhliteanas a bhforghéillte faoi na hAchtanna sin agus, maidir leis na cumhachtaí go léir is infheidhmithe ag oifigeach Custam agus Máil faoi na hAchtanna sin, féadfaidh oifigigh do na Coimisinéirí Ioncaim iad a fheidhmiú ar oifigigh iad atá údaraithe chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú chun críocha na bhfo-alt sin agus beidh feidhm ag aon fhorálacha i ndáil le cionta faoi na hAchtanna sin, fara aon mhodhnuithe is gá, i ndáil leis na fo-ailt sin.

(23) I gcás forais réasúnacha a bheith ag oifigeach atá údaraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha an fho-ailt seo nó ag comhalta den Gharda Síochána chun drochamhras a bheith air nó uirthi go bhfuil cion coiriúil faoi alt 1078 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, i ndáil le cáin, déanta ag duine nach bhfuil bunaithe sa Stát nó a gcreideann an t-oifigeach sin ina leith gur dóigh dó nó di an Stát a fhágáil, féadfaidh an t-oifigeach sin an duine a ghabháil.

Pionós mar gheall ar chabhrú le tuairisceáin mhíchearta a thabhairt, etc.

[ACBL alt 28]

**117**.—Aon duine a chabhraíonn nó a aslaíonn le haon tuairisceán, sonrasc, éileamh, nóta sochair, nóta dochair, admháil, cuntas, dearbhán, ráiteas bainc, meastachán, ráiteas, faisnéis, leabhar, doiciméad, taifead nó dearbhú is eol dó nó di a bheith mícheart a dhéanamh nó a sheachadadh chun críocha cánach, dlífear pionós €4,000 a chur air nó uirthi.

Pionóis a mhaolú agus a chur chun feidhme.

[ACBL alt 31]

**118**.—Beidh feidhm ag alt 1065 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 maidir le haon phionós arna thabhú faoin Acht seo.

Caibidil 4

*Achomhairc agus rialacháin*

Achomhairc.

[ACBL alt 25 (go páirteach)]

**119**.—(1) Aon duine arb éagóir leis nó léi cinneadh ó na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(*a*) déileáil le duine amháin nó níos mó mar aon duine cuntasach amháin de réir *alt 15*,

(*b*) déileáil le duine a cheadaíonn soláthairtí a dhéanamh ar thalamh atá ar úinéireacht, ar áitiú nó á rialú ag an duine

sin, mar dhuine atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach le duine eile, de réir *alt 17(1)*,

(*c*) cinneadh faoi *alt 18(1)* nó *38*,

(*d*) diúltú d'iarratas ar údarú chun gníomhú mar ghníomhaire aisíoca CBL (de réir na brí a shanntar le *halt 58(1)*) nó aon údarú den sórt sin a chealú,

(*e*) dliteanas i leith cánach faoi *alt 69(1)* nó *(2)*,

(*f*) diúltú iarratas ar aisíoc arna dhéanamh faoi *alt 101* a cheadú (go hiomlán nó go páirteach),

(*g*) muirear cánach de réir rialachán, nó

(*h*) éileamh ar aisíoc cánach,

nach ndéantar foráil thairis sin faoin Acht seo chun achomharc a dhéanamh ina choinne chuig na Coimisinéirí Achomhairc, féadfaidh sé nó sí, ar fhógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 21 lá tar éis an fógra maidir leis an gcinneadh a thabhairt don duine arb éagóir leis nó léi é, achomharc a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Achomhairc.

(2) Más rud é gurb éagóir le duine cinneadh ó na Coimisinéirí Ioncaim nach duine cuntasach an duine, ansin féadfaidh sé nó sí, ar fhógra i scríbhinn a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 21 lá tar éis an fógra faoin gcinneadh sin a thabhairt dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Achomhairc.

(3) Chun críocha *fho-alt (1)(f)*, má mhainníonn na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar aisíoc laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha amach in *alt 101(9)*, déileálfar leis mar chinneadh diúltú don iarratas.

(4) Maidir leis na forálacha de na hAchtanna Cánach Ioncaim a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

(*a*) amanna agus áiteanna a cheapadh chun achomhairc a éisteacht,

(*b*) fógra a thabhairt do gach duine, a thug fógra achomhairc, maidir leis an am agus an áit a ceapadh chun a achomharc nó a hachomharc a éisteacht,

(*c*) achomharc a chinneadh trí chomhaontú idir an t-achomharcóir agus cigire cánacha nó oifigeach eile arna cheapadh nó arna ceapadh ag na Coimisinéirí Ioncaim chuige sin,

(*d*) achomharc a chinneadh tríd an achomharcóir do thabhairt fógra go bhfuil sé ar intinn aige nó aici gan dul ar aghaidh leis an achomharc,

(*e*) diúltú d'iarratas chun achomharc a éisteacht,

(*f*) na Coimisinéirí Achomhairc d'éisteacht agus do chinneadh achomhairc (lena n-áirítear Coimisinéir Achomhairc amháin d'éisteacht agus do chinneadh achomhairc),

(*g*) tuarascálacha ar chinntí ó na Coimisinéirí Achomhairc a fhoilsiú,

(*h*) achomharc a chinneadh trí mhainneachtain ag duine a thug fógra achomhairc láithriú os comhair na gCoimisinéirí Achomhairc ag an am agus san áit a ceapadh,

(*i*) na Coimisinéirí Achomhairc do dhiúltú d'iarratas chun aon imeachtaí i ndáil le hachomharc a chur ar atráth agus do dhíbhe achomhairc,

(*j*) fadú na tréimhse ama chun fógra achomhairc a thabhairt agus na Coimisinéirí Achomhairc d'athghlacadh le hachomhairc,

(*k*) breitheamh den Chúirt Chuarda d'athéisteacht achomhairc agus cás a shonrú chun tuairim na hArd-Chúirte ar phonc dlí a fháil,

(*l*) cáin a íoc a gcomhaontaítear nach bhfuil sí faoi dhíospóid i ndáil le hachomharc, agus

(*m*) na nósanna imeachta le haghaidh achomhairc,

beidh feidhm acu, faoi réir na modhnuithe ar na hAchtanna sin a shonraítear i *bhfo-alt (5*) chun críocha an fho-ailt seo agus faoi réir modhnuithe eile is gá, maidir le hachomharc faoi *alt 51*, *109* nó *111* nó faoin alt seo nó maidir le héileamh faoi *alt 110* amhail is dá mba é a bhí san achomharc nó san éileamh achomharc i gcoinne measúnachta i leith cánach ioncaim.

(5) Is iad seo a leanas na modhnuithe ar na hAchtanna Cánach Ioncaim chun críocha *fho-alt (4)*—

(*a*) folóidh tagairt do bhliain mheasúnachta tagairt do na tréimhsí lena mbaineann,

(*b*) folóidh tagairt do thuairisceán ar ioncam tagairt do thuairisceán a cheanglaítear a thabhairt faoi *Chaibidil 3* de *Chuid 9*,

(*c*) folóidh tagairt d'ús tagairt d'ús is iníoctha faoi *alt 114*.

(6) I gcás go dtionscnaítear achomharc i gcoinne measúnachta nó i gcoinne measúnachta leasaithe a rinneadh ar dhuine inchánach do thréimhse inchánach, sonróidh an duine san fhógra achomhairc—

(*a*) gach méid nó ní sa mheasúnacht nó sa mheasúnacht leasaithe arb éagóir leis an duine é, agus

(*b*) na forais, go mionsonraithe, atá le hachomharc an duine i ndáil le gach méid nó ní den sórt sin.

(7) Níl an duine inchánach i dteideal seasamh ar aon fhoras achomhairc nach bhfuil sonraithe san fhógra achomhairc—

(*a*) mura deimhin leis na Coimisinéirí Achomhairc,

(*b*) i gcás an t-achomharc a athéisteacht, mura deimhin leis an mbreitheamh den Chúirt Chuarda,

nárbh fhéidir le réasún an foras a shonrú san fhógra sin.

Rialacháin.

[ACBL alt 15(7) agus alt 32 (go páirteach)]

**120**.—(1) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cibé rialacháin is dóigh leo is gá chun éifeacht a thabhairt don Acht seo agus chun a chumasú dóibh a bhfeidhmeanna faoin Acht seo a chomhall agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin maidir le gach ceann nó aon cheann de na nithe a shonraítear i *bhfo-ailt (2)* go *(15)*.

(2) Maidir le *Cuid 2*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis an tslí ar a bhféadfaidh duine roghnú a bheith ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach agus ar a bhféadfar aon roghnú den sórt sin a chealú, maidir le déileáil le duine cuntasach mar dhuine nach duine cuntasach, agus maidir leis na coigeartuithe (lena n-áirítear muirear cánach) a fhéadfar a dhéanamh mar choinníoll le haon chealú nó déileáil den sórt sin.

(3) Maidir le *Cuid 3*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le déileáil faoi *alt 27(1)* leis an úsáid agus na seirbhísí a shonraítear ann mar sheirbhísí a sholáthraíonn duine ar chomaoin i gcúrsa gnó.

(4) Maidir le *Cuid 4*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na himthosca ina bhféadfaidh duine roghnú dá dtagraítear in *alt 30(2)* a fheidhmiú.

(5) Maidir le *Cuid 5*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) coigeartú ar dhliteanas duine chuntasaigh a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí agus ar dhliteanas duine chuntasaigh dá soláthraítear earraí nó seirbhísí más rud é—

(i) go gcuirtear earraí ar ais,

(ii) go laghdaítear an chomaoin,

(iii) go dtabhaítear drochfhiach, nó

(iv) go lamháiltear lascaine,

(*b*) cinneadh a dhéanamh faoi *alt 38*,

(*c*) na modhanna a fhéadfar a úsáid chun *alt 44* a chur chun feidhme.

(6) Maidir le *Cuid 6*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) an tslí ar a bhféadfar aon mhéid a chionroinnt (lena n-áirítear na modhanna cionroinnte a fhéadfar a chur chun feidhme chun críocha *alt 47(1)* agus *(2)*),

(*b*) na himthosca nó na coinníollacha a bhféadfar nó nach bhféadfar déileáil fúthu le soláthar mar sholáthar coimhdeach, mar sholáthar ilchodach, mar sholáthar aonair, mar ilsoláthar nó mar phríomhsholáthar,

(*c*) méid réasúnta beag, nó gné de sholáthar, a bhféadfar neamhaird a thabhairt air nó uirthi chun *alt 47* a chur chun feidhme,

(*d*) an tslí ar a bhféadfar cinneadh a dhéanamh chun críocha *alt 51.*

(7) Maidir le *Cuid 7*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) cáin is inmhuirearaithe ar allmhairiú earraí a aisíoc de réir alt *54(2)*,

(*b*) go bhféadfar earraí a d'allmhairigh daoine cláraithe, nó cibé aicmí daoine cláraithe a shonrófar sna rialacháin, chun críocha gnó a sheolann siad a sheachadadh nó a bhaint, ach sin faoi réir cibé coinníollacha nó srianta a shonrófar sna rialacháin nó a fhorchuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim, gan an cháin is inmhuirearaithe ar an allmhairiú a íoc, agus

(*c*) go dtabharfaidh na daoine nó na haicmí daoine dá dtagraítear i *mír (b)* cuntas sa cháin sa tuairisceán, a thabharfaidh siad faoi *alt 76* nó *77*, i leith na tréimhse inchánach ar lena linn a dhéantar na hearraí a sheachadadh nó a bhaint amhlaidh.

(8) Maidir le *Cuid 8*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) cáin is inmhuirearaithe i leith fáil earraí laistigh den Chomhphobal a asbhaint,

(*b*) an tslí ar a bhféadfar an teideal chun asbhainte dá dtagraítear in *alt 59(2)(d)* a ríomh,

(*c*) an tslí ar a bhféadfar cáin iarmharach dá dtagraítear in *alt 59(2)(l)* a ríomh agus a asbhaint,

(*d*) oibriú na scéime earraí caipitiúla agus go háirithe fad eatraimh dá éis sin i gcás ina n-athraítear bliain chuntasaíochta úinéara earraí caipitiúla,

(*e*) na coigeartuithe atá le déanamh ag duine cuntasach ar aon chionroinnt dá dtagraítear i *mír (g)* nó ar aon asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* a rinneadh roimhe sin, ar coigeartuithe faoi threoir athruithe iad, a dhéanfar tráth nach déanaí ná 5 bliana ó dheireadh na tréimhse inchánach lena mbaineann an chionroinnt nó an asbhaint bhunaidh—

(i) ar aon cheann de na nithe ar faoina dtreoir a rinneadh nó a ceadaíodh an chionroinnt nó an asbhaint, agus

(ii) cinneadh na tréimhse inchánach ina mbeidh agus óna mbeidh, nó ina mbeidh, éifeacht le haon choigeartú den sórt sin,

(*f*) an faoiseamh (más ann) atá le tabhairt do dhuine cuntasach i leith cánach a d'iompair nó a d'íoc an duine sin ar stoc trádála a bhí ar seilbh ag an duine sin díreach roimh thosach na chéad tréimhse inchánach ar ina leith a mheastar go dtagann an duine sin chun bheith ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach,

(*g*) aon cheann de na nithe seo a leanas—

(i) cionroinnt a dhéanamh idir an cháin a fhéadfar a asbhaint faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* agus cáin nach bhféadfar a asbhaint faoin gCaibidil sin;

(ii) aon chionroinnt den sórt sin a rinneadh roimhe sin a athbhreithniú faoi threoir na n-imthosca atá ar marthain in aon tréimhse nach faide ná bliain;

(iii) cáin a mhuirearú nó a aisíoc de dhroim aon athbhreithnithe den sórt sin;

(iv) duine cuntasach do thabhairt sonraí do na Coimisinéirí Ioncaim chun críche aon athbhreithnithe den sórt sin.

(9) Maidir le *Cuid 9*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) na sonraí atá ag teastáil le haghaidh clárú agus an tslí ar a bhféadfar clárú a dhéanamh agus a chealú,

(*b*) an méid seo a leanas:

(i) foirm an tsonraisc, an nóta sochair, an nóta dochair agus an dearbháin socraíochta (lena n-áirítear foirm leictreonach) a cheanglaítear a úsáid chun críocha an Achta seo;

(ii) na sonraí a cheanglaítear a chur isteach sna doiciméid sin nó a thaifeadadh go leictreonach;

(iii) an tréimhse ar laistigh di a cheanglaítear na doiciméid sin nó na sonraí leictreonacha sin a eisiúint nó a tharchur; agus

(iv) cibé coinníollacha eile a fhorchuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le sonrasc, nóta sochair, nóta dochair agus dearbhán socraíochta a eisiúint nó a fháil, i bhfoirm ar bith,

(*c*) tuairisceáin a thabhairt agus na sonraí atá le taispeáint orthu,

(*d*) an tráth a bheidh agus an modh ar a mbeidh cáin iníoctha i leith na n-earraí dá dtagraítear in *alt 79(2)* agus *(3)*,

(*e*) dliteanas cánach duine d'aon tréimhse a chinneadh, faoi *alt 80*, faoi threoir airgid a fuarthas agus na gcoigeartuithe (lena n-áirítear muirear cánach) a fhéadfar a dhéanamh nuair a thagann duine chun bheith i dteideal a dhliteanas nó a dliteanas cánach a chinneadh ar an tslí sin nó, tar éis é nó í a bheith i dteideal amhlaidh, nuair a scoireann sé nó sí de bheith i dteideal amhlaidh nó nuair a scoireann sé nó sí de bheith ina dhuine cuntasach nó ina duine cuntasach,

(*f*) an méid seo a leanas:

(i) foirm an ráitis a cheanglaítear a thabhairt de réir *alt 82*;

(ii) na sonraí atá le sonrú sa ráiteas sin; agus

(iii) an méid nó na méideanna atá le cur chun feidhme chun críocha *alt 82(3)*,

(*g*) daoine cuntasacha do choimeád taifead agus na taifid sin agus doiciméid tacaíochta nó sonraí taifeadta eile a choinneáil,

(*h*) daoine a dhéanann trádáil in ór infheistíochta (de réir bhrí *alt 90*) do choimeád taifead agus na taifid sin agus doiciméid tacaíochta nó sonraí taifeadta eile a choinneáil.

(10) Maidir le *Cuid 10*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) na coinníollacha maidir le déileálaí inchánach do roghnú an imeallscéim a chur chun feidhme maidir le soláthairtí áirithe de réir *alt 87(4)*,

(*b*) an corrlach comhiomlán a chinneadh de réir *alt 87(8)*,

(*c*) an modh ar a n-oibreofar an imeallscéim gníomhaire taistil dá dtagraítear in *alt 88*,

(*d*) an fhoirm ina mbeidh an sonrasc nó an doiciméad eile a eiseofar de réir *alt 89(4)*,

(*e*) na coinníollacha faoina bhféadfaidh duine a cheart nó a ceart chun díolúine ó cháin ar sholáthar óir infheistíochta (de réir bhrí *alt 90*) a tharscaoileadh,

(*f*) na coinníollacha faoina bhféadfaidh idirghabhálaí (de réir bhrí *alt 90*) a cheart nó a ceart chun díolúine ó cháin ar sholáthar seirbhísí an duine sin a tharscaoileadh,

(*g*) na coinníollacha faoina bhféadfaidh duine aisíoc cánach a éileamh de réir *alt 90(6)(b)*, *7(b)* agus *8(b)* agus an modh ar a bhféadfar an t-aisíoc sin a éileamh,

(*h*) an modh ar a n-oibreofar an scéim um sheirbhísí leictreonacha dá dtagraítear in *alt 91.*

(11) Maidir le *Cuid 11*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin—

(*a*) maidir leis an méid seo a leanas:

(i) an tslí ar a bhféadfar díolúine maidir le seirbhísí áirithe a tharscaoileadh faoi alt 7 den achtachán aisghairthe agus aon tarscaoileadh den sórt sin a chealú faoi *alt 96(3)*; agus

(ii) na coigeartuithe (lena n-áirítear muirear cánach) a fhéadfar a dhéanamh mar choinníoll le haon chealú den sórt sin,

(*b*) maidir le leasanna in earraí dochorraithe nó orthu a luacháil,

(*c*) maidir le sonrú na n-imthosca nó na gcoinníollacha nach measfar fúthu gur obair forbartha thar ceann duine nó chun tairbhe do dhuine obair forbartha ar earraí dochorraithe.

(12) Maidir le *Cuid 12*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) aisíoc cánach de bhreis ar an méid is gá de réir dlí a iompar nó a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim,

(*b*) an modh ar a bhféadfar cáin iarmharach dá dtagraítear in *alt 104(1)* a ríomh agus a aisíoc,

(*c*) na coinníollacha lena rialófar teideal duine chun úis de réir *alt 105.*

(13) Maidir leis an gCuid seo, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) cáin atá dlite in aghaidh tréimhse inchánach nó tréimhse eile a mheas,

(*b*) na Coimisinéirí Ioncaim d'ainmniú oifigeach chun aon ghníomhartha a dhéanamh agus aon fheidhmeanna a chomhall a n-údaraítear leis an Acht seo do na Coimisinéirí Ioncaim iad a dhéanamh nó a chomhall,

(*c*) an tslí ar a bhfuil cáin le gnóthú i gcásanna ina mainnítear í a íoc,

(*d*) cibé faisnéis a nochtadh do na Coimisinéirí Ioncaim a theastóidh uathu chun dliteanas i leith cánach a fhionnadh,

(*e*) méideanna beaga cánach agus úis a loghadh de rogha na gCoimisinéirí Ioncaim,

(*f*) nithe a leanann as bás duine chláraithe nó as é nó í do theacht faoi aon éagumas, lena n-áirítear déileáil le duine de cibé aicme nó aicmí a shonrófar sna rialacháin mar dhuine a sheolann gnó an duine éagtha nó éagumasaithe,

(*g*) fógraí a sheirbheáil.

(14) Maidir le *Sceideal 2*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) na coinníollacha faoina bhfuil *mír 1(1)* den Sceideal sin infheidhme maidir le soláthar earraí,

(*b*) allmhairiú earraí a choinsínítear chuig Ballstát eile de réir *mhír 2(1*) den Sceideal sin,

(*c*) soláthar earraí de réir *mhír 3(1)* nó *7(3)* den Sceideal sin,

(*d*) meándéanamh a chinneadh chun críocha *mhír 10(1)* den Sceideal sin,

(*e*) meánmhéid coise a chinneadh chun críocha *mhír 10(2)* den Sceideal sin.

(15) Maidir le *Sceideal 3* nó *5*, féadfar foráil a dhéanamh le rialacháin maidir leis na nithe seo a leanas—

(*a*) na himthosca, na téarmaí agus na coinníollacha faoina bhfuil ligean earraí dochorraithe ina ligean san earnáil

aíochta gearrthréimhse nó san earnáil saoire, nó a bhfuil nó nach bhfuil cóiríocht ina cóiríocht saoire (de réir bhrí *mhír 11* de *Sceideal 3*) fúthu,

(*b*) na sonraí atá le tabhairt i ndáil le seandachtaí mar a shonraítear i *mír 24* de *Sceideal 3* nó i *mír 3* de *Sceideal 5*.

(16) Féadfar le rialacháin faoin alt seo forálacha éagsúla a dhéanamh i ndáil le cásanna éagsúla agus go háirithe féadfar foráil a dhéanamh leo i leith idirdhealú idir aicmí éagsúla daoine a ndéanann an tAcht seo difear dóibh agus i leith glacadh le nósanna imeachta éagsúla i gcás aon aicmí éagsúla den sórt sin.

(17) Maidir le rialacháin faoin alt seo—

(*a*) chun críocha *alt 53(3)*, *57* nó *104(4)* nó *(5)*,

(*b*) chun críocha *fho-alt 7(b)* agus *(c)*,

(*c*) chun críocha *mhír 17(1)* de *Sceideal 3*, nó

(*d*) i ndáil leis na nithe a shonraítear—

(i) i *bhfo-alt (14)(d)* nó *(e)*, nó

(ii) i *bhfo-alt (15)(a)*,

ní dhéanfar iad gan toiliú an Aire.

(18) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmharacha a bheith i rialacháin faoin Acht seo is dóigh leis na Coimisinéirí Ioncaim is gá chun lánéifeacht a thabhairt—

(*a*) do Threoir Uimh. 79/1072/CEE an 6 Nollaig, 1979 ón gComhairle,

(*b*) do Threoir Uimh. 86/560/CEE an 17 Samhain, 1986 ón gComhairle,

(*c*) don Treoir CBL, agus

(*d*) do Threoir Uimh. 2008/9/CE an 12 Feabhra, 2008 ón gComhairle.

(19) Déanfar gach rialachán arna dhéanamh faoin alt seo a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis an rialachán a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

## CUID 14

## AISGHAIRM, LEASUITHE IARMHARTACHA, BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS TOSACH FEIDHME

**121**.—Sa Chuid seo, ciallaíonn "achtachán aisghairthe" an tAcht Cánach Breisluacha, 1972 a aisghairtear le *halt 122*. Míniú ar "achtachán aisghairthe".

An tAcht Cánach Breisluacha, 1972 a aisghairm, etc.

**122**.—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(3)*, aisghairtear an tAcht Cánach Breisluacha, 1972.

(2) (*a*) Ní bheidh feidhm ag an Acht seo maidir le haon tréimhse inchánach dar chríoch aon dáta roimh an 1 Samhain, 2010.

(*b*) Leanfaidh an t-achtachán aisghairthe d'fheidhm a bheith aige maidir le haon tréimhse inchánach dar chríoch aon dáta roimh an 1 Samhain, 2010 a mhéid céanna a bheadh feidhm aige mura n-achtófaí an tAcht seo.

(3) Aon fhoráil den achtachán aisghairthe lena bhforchuirtear fíneáil, forghéilleadh, pionós nó pionósú mar gheall ar aon ghníomh nó neamhghníomh, leanfaidh sí, i ndáil le haon ghníomh nó neamhghníomh a tharla nó a thosaigh roimh dháta rite an Achta seo, d'fheidhm a bheith aici in ionad na forála den Acht seo dá bhfreagraíonn sí.

(4) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, aon ní a dhéantar faoi fhorálacha an achtacháin aisghairthe, nó i dtaca leo, ar forálacha iad dá bhfreagraíonn forálacha an Achta seo, measfar go ndearnadh é faoi na forálacha den Acht seo dá bhfreagraíonn na forálacha sin den achtachán aisghairthe, nó i dtaca leo.

(*b*) Ní dhéanfaidh aon ní san fho-alt seo difear d'oibriú *alt 124(3)* agus *(4)*.

Leasuithe iarmhartacha agus aisghairm agus cúlghairm.

**123**.—(1) Beidh feidhm chun críocha an Achta seo ag *Sceideal 7* lena ndéantar foráil maidir le leasuithe ar achtacháin eile de dhroim an tAcht seo a rith.

(2) Maidir le leasú ar ionstraim reachtúil a dhéantar le *fo-alt (1)* arna léamh i dteannta *Sceideal 7*, ní choiscfear ná ní shrianfar dá bharr leasú nó aisghairm na hionstraime ina dhiaidh sin le hionstraim reachtúil eile.

(3) Déantar leis seo na hAchtanna a shonraítear i *gcolúin (1)* agus *(2)* de *Chuid 1* de *Sceideal 8* a aisghairm a mhéid a shonraítear i *gcolún 3* den Chuid sin.

(4) Déantar leis seo na hionstraimí reachtúla a luaitear i *gcolúin (1)* agus *(2)* de *Chuid 2* de *Sceideal 8* a aisghairm a mhéid a shonraítear i *gcolún (3)* den Chuid sin.

Forálacha idirthréimhseacha.

[ACBL alt16(6) agus (7) agus AA 2010 alt 117(2)(*d*)]

**124**.—(1) Beidh ag na Coimisinéirí Ioncaim na dlínsí, na cumhachtaí agus na dualgais uile i ndáil le cáin bhreisluacha faoin Acht seo a bhí acu roimh an Acht seo a rith.

(2) Ní dhéanfaidh sé difear do chomhleanúnachas oibriú an dlí a bhaineann le cáin bhreisluacha an tAcht seo a chur in ionad an achtacháin aisghairthe.

(3) Maidir le haon tagairt, sainráite nó intuigthe, in aon achtachán nó doiciméad (lena n-áirítear an tAcht seo agus aon achtachán a leasaítear leis an Acht seo)—

(*a*) d'aon fhoráil den Acht seo, nó

(*b*) do nithe a rinneadh nó atá le déanamh faoi aon fhoráil nó chun críocha aon fhorála den Acht seo,

forléireofar í, má cheadaíonn agus a mhéid a cheadaíonn cineál na tagartha é, mar thagairt a fholaíonn, i ndáil leis na tráthanna, na blianta nó na tréimhsí, leis na himthosca nó na críocha a raibh nó a mbeadh feidhm ag an bhforáil chomhréire san achtachán aisghairthe i ndáil leo, tagairt don fhoráil chomhréire sin nó, de réir mar a bheidh, do nithe a rinneadh nó atá le déanamh faoin bhforáil chomhréire sin nó chun críocha na forála comhréire sin.

(4) Maidir le haon tagairt, sainráite nó intuigthe, in aon achtachán nó doiciméad (lena n-áirítear an t-achtachán aisghairthe agus achtacháin a ritear agus doiciméid a dhéantar tar éis an tAcht seo a rith)—

(*a*) d'aon fhoráil den achtachán aisghairthe, nó

(*b*) do nithe a rinneadh nó a bhí le déanamh faoi aon fhoráil nó chun críocha aon fhorála den achtachán aisghairthe,

forléireofar í, má cheadaíonn agus a mhéid a cheadaíonn cineál na tagartha é, mar thagairt a fholaíonn, i ndáil leis na tráthanna, na blianta nó na tréimhsí, leis na himthosca nó na críocha a bhfuil feidhm ag an bhforáil chomhréire den Acht seo i ndáil leo, tagairt don fhoráil chomhréire sin, nó de réir mar a bheidh, do nithe a rinneadh nó a mheastar a rinneadh nó a bhí le déanamh faoin bhforáil chomhréire sin nó chun críocha na forála comhréire sin.

(5) Na hionstraimí, na doiciméid, na cinntí, na húdaruithe, na litreacha nó na fógraí ceapacháin go léir a rinneadh nó a eisíodh faoin achtachán aisghairthe agus atá i bhfeidhm díreach roimh thosach feidhme an Achta seo, leanfaidh siad de bheith i bhfeidhm amhail is dá mba faoin Acht seo a rinneadh nó a eisíodh iad.

(6) Ní dhéanfaidh mír (*c*) d'fho-alt (1) den Acht Airgeadais, 2010 difear do bhailíocht aon chinnidh a rinne oifigeach údaraithe, de réir bhrí fho-alt (3E) d'alt 8 den Phríomh-Acht (de réir bhrí alt 112 den Acht Airgeadais, 2010) roimh an 8 Márta, 2008, faoin bhfo-alt sin agus leanfaidh aon chinneadh den sórt sin i bhfeidhm amhail is nár achtaíodh an mhír sin (*c*).

(7) (*a*) Déanfaidh gach déileálaí inchánach lenar bhain alt 12B nó 12C den achtachán aisghairthe, i dteannta taifead a cheanglaítear a choimeád de réir aon fhorála de *Chaibidil 7* de *Chuid 9* agus rialachán, taifead a choimeád ar na nithe seo a leanas—

(i) ainm agus seoladh gach duine ar cheannaigh nó a bhfuair an déileálaí inchánach cóir iompair nó, de réir mar a bheidh, innealra talmhaíochta uaidh nó uaithi le linn na tréimhse ón 1 Eanáir, 2010 go dtí an 30 Meitheamh, 2010 ar i ndáil leis nó léi a rinne an déileálaí inchánach cáin iarmharach a asbhaint de réir an ailt sin 12B nó 12C, de réir mar a bheidh,

(ii) an dáta a ceannaíodh nó a fuarthas an chóir iompair sin nó an t-innealra talmhaíochta sin amhlaidh,

(iii) méid na cánach iarmharaí a asbhaineadh amhlaidh i ndáil le gach cóir iompair den sórt sin nó innealra talmhaíochta den sórt sin, agus

(iv) uimhir chláraithe feithicle gach córa iompair den sórt sin nó, de réir mar a bheidh, mionsonraí maidir le déanamh, múnla agus, más cuí, bliain mhonaraíochta, uimhir innill agus uimhir chláraithe gach innill talmhaíochta den sórt sin.

(*b*) Déanfaidh déileálaí inchánach lena mbaineann alt 12B nó 12C den achtachán aisghairthe, ar fhógra i scríbhinn á rá sin a fháil ó oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim, cóip den fhaisnéis a cheanglaítear ar an déileálaí inchánach a choimeád faoi *mhír (a)* a thabhairt don oifigeach sin laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra (nach giorra ná 21 lá ó dháta an fhógra), nó do cibé oifigeach eile do na Coimisinéirí Ioncaim a shonrófar san fhógra.

Tosach feidhme.

**125**.—Measfar gur tháinig an tAcht seo i ngníomh agus go bhfuil feidhm aige maidir le haon tréimhse inchánach dar tosach an 1 Samhain, 2010 nó dá éis.

## SCEIDEAL 1

*Alt 2.*

Gníomhaíochtaí Díolmhaithe

[ACBL Sc. 1]

### CUID 1

Gníomhaíochtaí ar Mhaithe le Leas an Phobail

Sa Chuid seo, leagtar amach na díolúintí le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe ar mhaithe le leas an phobail de réir Chaibidil 2 de Theideal IX den Treoir CBL.

*Seirbhísí poist.*

1. Seirbhísí poist poiblí; lena n-áirítear soláthar earraí agus seirbhísí a ghabhann lena soláthar, ag an bPost (lena n-áirítear máistrí poist) nó ag daoine ainmnithe de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Poist), 2002 (I.R. Uimh. 616 de 2002) ach sin sa chás amháin nach ndéantar an soláthar sin ar théarmaí atá caibidlithe ar leithligh.

*Seirbhísí liachta agus seirbhísí gaolmhara.*

2. (1) Cúram nó cóireáil ospidéil agus liachta a sholáthraíonn ospidéal, teach banaltrais, clinic nó bunachas den tsamhail sin.

(2) Seirbhísí a bhfuil dlúthbhaint acu le cúram liachta a thagann faoi réim alt 61 nó 61A den Acht Sláinte, 1970 ar seirbhísí iad a ghabhann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de láimh, nó a ghabhtar de láimh thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ag soláthraithe cúraim baile atá aitheanta go cuí ag an bhFeidhmeannacht sin faoi alt 61A den Acht sin.

(3) Seirbhísí gairmiúla cúraim liachta atá aitheanta mar sheirbhísí den sórt sin ag an Roinn Sláinte agus Leanaí (seachas seirbhísí déidliachta nó súil-liachta), ach sin sa chás amháin nach ndéantar na seirbhísí sin a sholáthar i gcúrsa gnó a sheoladh arb é atá ann go hiomlán nó go páirteach earraí a dhíol.

(4) Soláthar seirbhísí de chineál déidliachta, agus soláthar fiacla bréige nó próistéiteas déidliachta eile, ag teicneoirí déidliachta.

(5) Seirbhísí gairmiúla déidliachta nó súil-liachta.

(6) Baill bheatha dhaonna, fuil dhaonna agus bainne daonna a bhailiú, a stóráil, a sholáthar, a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú.

(7) Seirbhísí gairmiúla cúraim liachta eile a d'aithin na Coimisinéirí Ioncaim, an 1 Eanáir, 2010 mar ghníomhaíochtaí díolmhaithe.

*Grúpaí neamhspleácha áirithe, eagraíochtaí neamhbhrabúsacha áirithe agus comhlachtaí eile.*

3. (1) Soláthar seirbhísí ag grúpa neamhspleách daoine (is grúpa ar eintiteas neamhspleách é, arna bhunú chun riarachán a éascú, ag daoine a bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí díolmhaithe ó cháin nó nach bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí faoi réir cánach) chun na seirbhísí a thabhairt dá chomhaltaí is gá go díreach chun a chumasú dóibh a gcuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích, ach sin sa chás amháin nach

ngnóthaíonn an grúpa óna chomhaltaí ach méid cruinn sciar gach comhalta de na comhchaiteachais.

(2) Earraí agus seirbhísí a bhfuil dlúthbhaint acu le leas agus slándáil shóisialach a sholáthraíonn eagraíochtaí neamhbhrabúsacha.

(3) Soláthar seirbhísí, agus soláthar earraí a bhfuil dlúthbhaint acu leis na seirbhísí sin, chun tairbhe dá gcomhaltaí ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus ar aidhmeanna polaitiúla, ceardchumainn, creidimh, tírghrá, fealsúnachta, daoncharadacha nó saoránachta a n-aidhmeanna go príomha i gcás go ndéantar an soláthar sin gan aon íocaíocht seachas aon síntiús comhaltais a íoc.

(4) Saoráidí a sholáthraíonn eagraíochtaí neamhbhrabúsacha chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt nó corpoideachais, nó seirbhísí a bhfuil dlúthbhaint acu le soláthar na saoráidí sin (ach gan soláthar saoráidí lena mbaineann *mír 12(2)* nó *(3)* de *Sceideal 3* a áireamh).

(5) Soláthar seirbhísí cultúir, agus soláthar earraí a bhfuil dlúthcheangal acu leis na seirbhísí sin, ag aon chomhlacht cultúir (cibé acu atá nó nach bhfuil sé arna bhunú le hachtachán nó faoi achtachán) atá aitheanta mar chomhlacht den sórt sin ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha na míre seo (ach gan soláthar seirbhísí lena mbaineann *mír 5(2)* a áireamh).

*Leanaí agus oideachas.*

4. (1) Soláthar seirbhísí chun leanaí agus daoine óga a chosaint nó chun cúram a dhéanamh díobh, agus soláthar earraí a bhfuil dlúthbhaint acu leis an soláthar sin, ar seirbhísí agus earraí iad a sholáthraítear seachas le haghaidh brabúis.

(2) Soláthar seirbhísí chun leanaí agus daoine óga a chosaint nó chun cúram a dhéanamh díobh, agus soláthar earraí a bhfuil dlúthbhaint acu leis an soláthar sin, ag daoine a bhféadfar a ngníomhaíochtaí a rialáil le rialacháin arna ndéanamh faoi Chuid VII nó Cuid VIII den Acht um Chúram Leanaí, 1991.

(3) Soláthar oideachais do leanaí nó do dhaoine óga, oideachais scoile nó ollscoile, nó oiliúna nó athoiliúna gairme (lena n-áirítear soláthar earraí agus seirbhísí a ghabhann leis an soláthar sin, seachas soláthar seirbhísí taighde) ag bunachais oideachais atá aitheanta ag an Stát, agus soláthar oideachais, oiliúna nó athoiliúna den chineál céanna ag daoine eile, ach gan teagasc i dtiomáint feithiclí bóthair inneallghluaiste a áireamh seachas—

(*a*) feithiclí atá deartha nó déanta chun 1.5 tona nó níos mó d'earraí a iompar, nó

(*b*) feithiclí atá deartha nó déanta chun níos mó ná 9 nduine (lena n-áirítear an tiománaí) a iompar.

*Gníomhaíochtaí eile.*

5. (1) Seirbhísí lónadóireachta a sholáthraítear—

(*a*) d'othair de chuid ospidéil nó tí banaltrais san ospidéal nó sa teach banaltrais, nó

(*b*) do mhic léinn scoile ina scoil.

(2) Taibhithe beo amharclainne nó ceoil a chur chun cinn agus daoine a ligean isteach chucu, lena n-áirítear sorcais, ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(*a*) damhsaí, agus

(*b*) taibhithe a bhfuil saoráidí ar fáil i ndáil leo chun go gcaithfidh daoine atá ag freastal ar an taibhiú bia nó deoch le linn an taibhithe go léir nó le linn cuid den taibhiú.

(3) Ócáidí spóirt a chur chun cinn (seachas i gcúrsa saoráidí a sholáthar chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt den chineál a shonraítear i *mír 12(1)* de *Sceideal 3*).

(4) Na seirbhísí náisiúnta craolacháin agus teilifíse a sholáthar, gan fógraíocht a áireamh.

## CUID 2

### Gníomhaíochtaí Díolmhaithe Eile

*Seirbhísí Airgeadais.*

6. (1) Seirbhísí airgeadais arb éard iad aon cheann díobh seo a leanas:

(*a*) stoic, scaireanna, bintiúir agus urrúis eile (seachas stoic nua, scaireanna nua, bintiúir nua nó urrúis nua chun caipiteal a chruinniú agus doiciméid lena suitear teideal chun earraí) a eisiúint, a aistriú nó déileáil iontu ar shlí eile;

(*b*) socrú a dhéanamh chun stoic, scaireanna, bintiúir agus urrúis eile (seachas doiciméid lena suitear teideal chun earraí) a eisiúint nó a n-eisiúint a fhrithghealladh;

(*c*) cuntas reatha, taisce nó coigiltis a oibriú, agus íocaíochtaí, aistrithe, fiacha, seiceanna agus ionstraimí soshannta eile a chaibidil nó déileáil iontu, ach gan bailiú fiach agus fachtóireacht a áireamh;

(*d*) airgeadra, nótaí bainc agus monaí miotail, atá in úsáid mar dhlíthairiscint in aon tír, a eisiúint, a aistriú, a ghlacadh nó déileáil iontu ar shlí eile, ach gan aon nótaí bainc ná monaí den sórt sin a áireamh nuair a sholáthraítear iad mar earraí infheistíochta nó mar phíosaí do bhailitheoirí;

(*e*) creidmheas a thabhairt agus a chaibidil, agus bainistiú creidmheasa ag an té a thugann an creidmheas;

(*f*) ráthaíochtaí creidmheasa nó aon urrúis eile ar airgead a thabhairt nó déileáil iontu, agus bainistiú ráthaíochtaí creidmheasa ag an té a thugann an creidmheas;

(*g*) gnóthas de chineál a shonraítear i *bhfomhír (2)* a bhainistiú;

(*h*) seirbhísí a sholáthar do dhuine faoi shocrú lena ndéantar socrú go gcúiteofar an duine i leith soláthar earraí nó

seirbhísí ag an duine de réir scéime cárta creidmheasa, cárta muirir nó cárta den tsamhail chéanna;

(*i*) idirbhearta airgeadais sonraithe de réir bhrí Chuid 8A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a dhéanamh i gcás go bhfuil na hidirbhearta sin ar aon dul le seirbhísí airgeadais atá liostaithe in áit eile sa mhír seo.

(2) Sonraítear na gnóthais seo a leanas chun críche *fhomhír (1)(g)*:

(*a*) gnóthas comhinfheistíochta arna mhíniú in alt 172A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

(*b*) scéim infheistíochta speisialta de réir bhrí alt 737 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

(*c*) gnóthas a riarann sealbhóir ar údarú arna dheonú faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1984 (I.R. Uimh. 57 de 1984), nó a riarann duine a meastar, le hAirteagal 6 de na Rialacháin sin, gur sealbhóir den sórt sin é nó í, arb iad na critéir a shonraítear i ndáil le socrú lena mbaineann alt 9(2) den Acht um Iontaobhais Aonad, 1990 na critéir i ndáil leis;

(*d*) scéim iontaobhais aonad arna bunú go hiomlán chun críche scéimeanna ciste aoisliúntais nó carthanas;

(*e*) gnóthas is cuideachta cháilitheach chun críocha alt 110 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

(*f*) aon ghnóthas eile a gcinneann an tAire gur gnóthas comhinfheistíochta é lena mbaineann *fomhír (1)(g)*.

(3) Tá éifeacht le cinneadh dá dtagraítear i *bhfomhír (2)(f)* ar an dáta a gcuirtear in iúl é don ghnóthas lena mbaineann nó ar cibé dáta is déanaí ná sin a shonraítear sa chinneadh.

(4) I ndáil le gnóthas a shonraítear i *bhfomhír (2)*, féadfaidh sé gurb éard a bheidh i mbainistiú an ghnóthais feidhm nó feidhmeanna de na 3 fheidhm atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir Uimh. 2001/107/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (arb iad na feidhmeanna iad a áirítear sa ghníomhaíocht arb éard í comhbhainistiú punainne), i gcás gurb é nó gurb í an duine atá freagrach as an bhfeidhm sin a chomhlíonadh i leith an ghnóthais a chomhlíonann an fheidhm iomchuí.

*Seirbhísí gníomhaireachta.*

7. Soláthar seirbhísí gníomhaireachta a bhaineann leis na seirbhísí airgeadais a shonraítear i *mír 6*, gan seirbhísí bainistíochta agus slánchoimeádta i ndáil leis na seirbhísí a shonraítear i *bhfomhír (1)(a)* den mhír sin (ach nach seirbhísí iad a shonraítear i *bhfomhír (1)(g)* den mhír sin) a áireamh.

*Seirbhísí árachais agus athárachais.*

8. (1) Bróicéirí árachais agus gníomhairí árachais do sholáthar seirbhísí árachais agus athárachais, agus do sholáthar seirbhísí gaolmhara.

(2) Chun críocha na míre seo, folaíonn “seirbhísí gaolmhara”, i ndáil le seirbhísí árachais—

(*a*) préimheanna árachais a bhailiú agus árachas a dhíol, agus

(*b*) éilimh a láimhseáil agus seirbhísí socraithe éileamh a sholáthar i gcás go ndéanann soláthraí na seirbhísí árachais údarás a tharmligean chuig gníomhaire agus go bhfuil an soláthraí faoi cheangal ag cinneadh an ghníomhaire i ndáil le héilimh.

*Ór infheistíochta a sholáthar.*

9. (1) Ór infheistíochta a sholáthar, a fháil laistigh den Chomhphobal agus a allmhairiú, seachas soláthairtí óir infheistíochta do Bhanc Ceannais na hÉireann.

(2) I ndáil le hór infheistíochta, soláthar seirbhísí idirghabhálaí atá ag gníomhú sa cháil sin.

(3) Sa mhír seo, tá leis na habairtí "idirghabhálaí" agus "ór infheistíochta" na bríonna a shanntar dóibh, faoi seach, le *halt 90(1)*.

*Cearrbhachas agus crannchuir.*

10. (1) Glacadh geallta atá faoi réir dleachta máil a fhorchuirtear le halt 67 den Acht Airgeadais, 2002 agus geallta a dhíolmhaítear ó dhleacht mháil le halt 68 den Acht sin.

(2) Ticéid nó cúpóin a eisiúint chun críche crannchuir.

*Earraí dochorraithe a ligean.*

11. (1) Earraí dochorraithe a ligean, ach gan aon cheann díobh seo a leanas a áireamh:

(*a*) innealra nó suiteáil gnó a ligean nuair a ligtear é nó í ar leithligh ó aon earraí dochorraithe eile ar cuid díobh an t-innealra nó an tsuiteáil;

(*b*) cóiríocht óstáin nó cóiríocht saoire den chineál lena mbaineann *mír 11* de *Sceideal 3* a ligean;

(*c*) saoráidí a sholáthar chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí spóirt den chineál lena mbaineann *mír 12(1)* de *Sceideal 3*;

(*d*) oibritheoirí carrchlós do sholáthar cóiríocht loctha le haghaidh feithiclí;

(*e*) taisceadáin a fhruiliú.

(2) Ní ligean earraí dochorraithe chun críocha an Achta seo ceadú do dhuine dola-bhóthar nó dola-dhroichead a úsáid.

*Soláthairtí eile earraí.*

12. Duine do sholáthar earraí (seachas earraí dochorraithe nó earraí de chineál a shonraítear in *alt 19(1)(h)*), ar earraí iad—

(*a*) a úsáideadh chun críocha gnó a bhí á sheoladh ag an duine,

(*b*) ar iompair an duine cáin i ndáil lena bhfáil nó lena n-úsáid, agus

(*c*) atá de chineál a d'fhág, nó a úsáideadh in imthosca a d'fhág, nach raibh aon chuid den cháin inasbhainte faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8*.

*Seirbhísí gáis agus leictreachais.*

13. (1) Allmhairiú gáis tríd an gcóras dáilte gáis nádúrtha.

(2) Allmhairiú leictreachais.

*Díolúintí trí mhaolú de réir Airteagal 371 den Treoir CBL.*

14. (1) Gnóthas adhlacóireachta do sholáthar seirbhísí.

(2) Údaráis áitiúla do sholáthar uisce.

(3) Paisinéirí mar aon leis an mbagáiste atá ina dteannta a iompar.

(4) Lucht féachana a ligean isteach chuig ócáidí spóirt.

## SCEIDEAL 2

*Alt 46.*

### Earraí agus Seirbhísí Nialas-Rátaithe

[ACBL Sc. 2]

## CUID 1

### Soláthairtí Idirnáisiúnta

Sa Chuid seo, leagtar amach na díolúintí lena ngabhann inasbhainteacht de réir Chaibidlí 4 go 10 de Theideal IX den Treoir CBL.

*Idirbhearta laistigh den Chomhphobal.*

1. (1) Soláthar earraí a sheoltar nó a iompraítear ón Stát chuig duine atá cláraithe le haghaidh cánach breisluacha i mBallstát eile.

(2) Soláthar córacha iompair nua a sheoltar nó a iompraítear go díreach ag an soláthraí nó thar ceann an tsoláthraí, go díreach chuig duine i gcríoch Ballstáit eile.

(3) Soláthar earraí inmháil a sheoltar nó a iompraítear ó áit laistigh den Stát chuig duine i mBallstát eile nuair atá gluaiseacht na n-earraí faoi réir Chaibidil II de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 (lena gcuirtear i ngníomh na socruithe a shonraítear i míreanna 4 agus 5 d'Airteagal 7, nó in Airteagal 16, de Threoir Uimh. 92/12/CEE an 25 Feabhra, 1992 ón gComhairle).

(4) Soláthar seirbhísí iompair laistigh den Chomhphobal arb é atá i gceist leis iompar earraí chuig na hAsóir agus uathu nó chuig Maidéara agus uaidh.

*Allmhairí.*

2. (1) Faoi réir rialachán (más ann), allmhairiú earraí a choinsínítear chuig Ballstát eile tráth a n-allmhairithe.

(2) Soláthar seirbhísí iompair a bhaineann le hallmhairiú earraí i gcás go bhfuil luach na n-earraí ar áireamh sa mhéid inchánach de réir *alt 53(1)*.

*Onnmhairí.*

3. (1) Soláthar earraí atá le hiompar go díreach ag an duine nó thar ceann an duine atá ag déanamh an tsoláthair lasmuigh den Chomhphobal. Níl feidhm ag an bhfomhír seo maidir le soláthar earraí do thaistealaí is earraí a onnmhairíonn an taistealaí thar ceann an tsoláthraí. Déileálfar le haon soláthar den sórt sin mar sholáthar earraí cáilitheacha taistealaí.

(2) Iompar earraí sa Stát ag duine nó thar ceann duine le linn conradh a chomhlíonadh chun na hearraí a aistriú go dtí áit lasmuigh den Chomhphobal.

(3) Soláthar earraí atá le seoladh nó le hiompar go díreach lasmuigh den Chomhphobal ag ceannaitheoir na n-earraí nó thar ceann cheannaitheoir na n-earraí i gcás go bhfuil an ceannaitheoir sin bunaithe lasmuigh den Stát.

(4) Soláthar seirbhísí arb é atá ann obair ar earraí sochorraithe arna bhfáil nó arna n-allmhairiú chun an obair sin a ghabháil de láimh laistigh den Chomhphobal agus arna seoladh nó arna n-iompar amach as an gComhphobal ag an duine a sholáthraíonn na seirbhísí nó thar ceann an duine sin.

(5) Sa mhír seo, tá le "taistealaí" agus "earraí cáilitheacha taistealaí" na bríonna a shanntar dóibh faoi seach le *halt 58(1)*.

*Seirbhísí a bhaineann le soithí agus le haerárthaí.*

4. (1) Saoráidí dugaireachta, calaithe, luchtaithe nó díluchtaithe (lena n-áirítear imréiteach custam) a sholáthar, go díreach i dtaca leis na nithe seo a leanas—

(*a*) paisinéirí a chur i dtír nó a ghlacadh ar bord, nó

(*b*) earraí a allmhairiú nó a onnmhairiú.

(2) Na soithí nó na hárthaí seo a leanas a sholáthar, a mhodhnú, a dheisiú, a chothabháil, a chairtfhostú agus a fhruiliú—

(*a*) soithí farraige ar mó ná 15 thonna a mórthonnáiste is soithí a úsáidtear nó a úsáidfear—

(i) chun paisinéirí a iompar ar luaíocht,

(ii) chun críocha gnó iascaireachta mara,

(iii) chun críocha eile tráchtála nó tionscail, nó

(iv) le haghaidh tarrthála nó cúnaimh ar muir,

nó

(*b*) aerárthaí a úsáideann nó a úsáidfidh gnóthas iompair a oibríonn ar luaíocht ar chonairí idirnáisiúnta go príomha.

(3) Faoi réir rialachán (más ann), trealamh atá feistithe mar chuid de shoithí farraige, nó atá le húsáid i soithí farraige, lena mbaineann *fomhír (2)(a)* a sholáthar, a fhruiliú, a dheisiú agus a chothabháil.

(4) Trealamh atá feistithe mar chuid d'aerárthaí, nó a úsáidtear in aerárthaí, lena mbaineann *fomhír (2)(b)* a sholáthar, a dheisiú, a chothabháil agus a fhruiliú.

(5) Soláthar earraí le haghaidh breosla agus ábhair soláthair do shoithí farraige agus d'aerárthaí den chineál a shonraítear i *bhfomhír (2)*, ach gan earraí a áireamh atá le soláthar ar bord na soithí nó na n-aerárthaí do phaisinéirí chun go dtógfaidh na paisinéirí sin na hearraí sin ó na soithí nó na haerárthaí.

(6) Soláthar seirbhísí loingseoireachta ag Údarás Eitlíochta na hÉireann chun freastal ar riachtanais aerárthaí lena mbaineann *fomhír (2)(b)*.

*Idirbhearta áirithe a ndéileálfar leo mar onnmhairí.*

5. (1) Soláthar earraí nó seirbhísí do chomhlachtaí idirnáisiúnta a dtugann údaráis phoiblí an Bhallstáit óstaigh aitheantas dóibh mar chomhlachtaí den sórt sin, agus do chomhaltaí de na comhlachtaí sin, laistigh de na teorainneacha agus faoi na coinníollacha a

fhorordaítear leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta lenar bunaíodh na comhlachtaí nó leis na comhaontuithe idir ceanncheathrúna na gcomhlachtaí sin agus Ballstát óstach na gceanncheathrúna.

(2) Soláthar óir do Bhanc Ceannais na hÉireann.

*Seirbhísí ag idirghabhálaithe.*

6. (1) Seirbhísí a sholáthraíonn idirghabhálaí atá ag gníomhú in ainm duine eile nó thar ceann duine eile le linn na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(*a*) onnmhairiú earraí a thabhairt i gcrích, nó

(*b*) seirbhísí a shonraítear i *bhfomhír (2)* a fháil, nó

(*c*) soláthar earraí nó seirbhísí lasmuigh den Chomhphobal a thabhairt i gcrích.

(2) Sonraítear na seirbhísí seo a leanas chun críocha *fhomhír (1)(b)*:

(*a*) seirbhísí den chineál dá dtagraítear i *mír 1(4)* (Earraí a iompar chuig na hAsóir nó uathu nó chuig Maidéara nó uaidh);

(*b*) seirbhísí den chineál dá dtagraítear i *mír 3(2)* (Earraí faoi bhealach a iompar chuig áit lasmuigh den Chomhphobal);

(*c*) seirbhísí den chineál dá dtagraítear i *mír 4(1)* (Saoráidí dugaireachta, calaithe, luchtaithe nó díluchtaithe a sholáthar);

(*d*) seirbhísí den chineál dá dtagraítear i *mír 4(2)* (Trealamh atá feistithe mar chuid de shoithí farraige, nó atá le húsáid i soithí farraige, a sholáthar, a fhruiliú, a dheisiú, a chothabháil, etc.);

(*e*) seirbhísí den chineál dá dtagraítear i *mír 5(2)* (Soláthar óir do Bhanc Ceannais na hÉireann).

(3) Seirbhísí a ndéileáiltear leo mar sheirbhísí idirghabhálaí faoin imeallscéim gníomhaire taistil de réir *alt 88(8)*.

*Trádáil idirnáisiúnta, etc.*

7. (1) Duine cláraithe do sholáthar earraí laistigh de shaorphort do dhuine cláraithe eile laistigh de shaorphort.

(2) Duine cláraithe do sholáthar earraí laistigh den aerfort neamhchustam do dhuine cláraithe eile laistigh den aerfort neamhchustam nó de shaorphort.

(3) Soláthar earraí atá le hiompar go díreach nó thar ceann an duine a dhéanann an soláthar do dhuine cláraithe laistigh den aerfort neamhchustam.

(4) Soláthar earraí arb earraí cáilitheacha taistealaí iad, ach sin sa chás amháin go gcomhlíontar *alt 58(2)*.

(5) Soláthar seirbhísí le linn aisíoc a fháil ar cháin atá dlite ar sholáthar earraí cáilitheacha taistealaí nó mar thoradh ar fheidhmiú

*fhomhír (4)* maidir leis an soláthar sin earraí, ach sin sa chás amháin go gcomhlíontar *alt 58(2)*.

(6) Faoi réir cibé coinníollacha agus i cibé méideanna a shonrófar i rialacháin (más ann)—

(*a*) soláthar earraí, i siopa saor ó cháin atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, do thaistealaithe atá ag imeacht ón Stát go dtí áit lasmuigh den Chomhphobal, nó

(*b*) soláthar bia, dí agus táirgí tobac, seachas trí mheaisín díola, ar bord soithigh nó aerárthaigh do phaisinéirí atá ag imeacht ón Stát go dtí Ballstát eile, lena gcaitheamh ar bord an tsoithigh nó aerárthaigh sin.

(7) Faoi réir *alt 56*, soláthar earraí cáilitheacha agus seirbhísí cáilitheacha do dhuine údaraithe, nó earraí cáilitheacha a fháil laistigh den Chomhphobal nó a allmhairiú ag duine údaraithe, de réir an ailt sin (gan soláthar earraí de réir bhrí *alt 19(1)(f)* nó *(g)* a áireamh).

(8) Sa mhír seo, tá le "earraí cáilitheacha taistealaí" an bhrí a shanntar dó le *halt 58(1)*.

## CUID 2

### Soláthairtí Laistigh den Stát

Sa Chuid seo, leagtar amach forálacha speisialta mar a fhoráiltear le hAirteagal 109 den Treoir CBL.

*Bia agus deoch.*

8. (1) Soláthar bia agus dí de chineál a chaitheann daoine, seachas—

(*a*) soláthar lena mbaineann *mír 3(3)* de *Sceideal 3*,

(*b*) soláthairtí a shonraítear i *gCuid A*, *B*, *C* nó *D* de *Thábla 1* a ghabhann leis an mír seo, agus

(*c*) soláthairtí a shonraítear i *gcolún (1)* de *Chuid E* nó *F* den tábla sin.

Tábla 1

Bia agus Deoch

| Cuid A |
|---|
| Deochanna ar arb inmhuirearaithe dleacht mháil a mhuirearaítear go sonrach ar bhiotáille, beoir, fíon, leann úll, leann piorraí nó fíon Éireannach, agus ar ullmhóidí a bhaintear as aon cheann díobh. |
| Cuid B |
| (*a*) Tae agus ullmhóidí a bhaintear as tae nuair is i bhfoirm inólta a sholáthraítear é nó iad.<br><br>(*b*) Cócó, caife agus siocaire agus caife tacair rósta eile, agus ullmhóidí agus eastóscáin a bhaintear astu, nuair is i bhfoirm inólta a sholáthraítear é nó iad. |

| Cuid C | |
|---|---|
| (*a*) Uachtar reoite, súracáin oighir, oighir uisce, milseoga reoite, iógairt reoite agus táirgí reoite dá samhail, agus meascáin agus púdair ullmhaithe chun aon cheann de na táirgí sin a dhéanamh.<br><br>(*b*) Táirgí blastógacha a dhéantar as gránaigh nó grán, nó as plúr nó stáirse a bhaintear as gránaigh nó grán, craiceann muiceola, agus táirgí dá samhail nuair a sholáthraítear iad mar bhia don duine gan a thuilleadh ullmhúcháin. | |
| Cuid D | |
| Aon cheann díobh seo a leanas nuair a sholáthraítear iad mar bhia don duine gan a thuilleadh ullmhúcháin:<br><br>(*a*) brioscáin phrátaí, maidí prátaí, séideoga prátaí agus táirgí dá samhail a dhéantar as prátaí, nó as plúr prátaí nó as stáirse prátaí;<br><br>(*b*) grán rósta;<br><br>(*c*) cnónna saillte nó rósta, i mblaoscanna nó gan bhlaoscanna. | |
| Cuid E | |
| (1) | (2) |
| Aon cheann de na hítimí seo a leanas nach ítimí a shonraítear i *gcolún (2)* den Chuid seo:<br><br>(*a*) uisce óil, sú agus táirgí inólta eile a bhaintear as torthaí nó glasraí, agus síoróipí, tiúcháin, úscraí, púdair, criostail nó táirgí eile chun deochanna a ullmhú;<br><br>(*b*) deochanna, seachas na deochanna a shonraítear i *gCuid A* nó *B*. | (*a*) Tae agus ullmhóidí a bhaintear as tae nuair is i bhfoirm neamh-inólta a sholáthraítear é nó iad.<br><br>(*b*) Cócó, caife agus siocaire agus caife tacair rósta eile, agus ullmhóidí agus eastóscáin a bhaintear astu, nuair is i bhfoirm neamh-inólta a sholáthraítear é nó iad.<br><br>(*c*) Bainne agus ullmhóidí agus eastóscáin a bhaintear as bainne.<br><br>(*d*) Ullmhóidí agus eastóscáin a bhaintear as feoil, gabháil nó uibheacha. |
| Cuid F | |
| (1) | (2) |
| Gach cineál seacláidí, milseán agus milseogra den tsamhail sin (lena n-áirítear torthaí snasta nó criostalaithe), brioscaí, brioscaí crua agus abhlanna, agus gach cineál eile de tháirgí milseogra agus báicéireachta (cibé acu cócaráilte nó neamhchócaráilte), gan arán de réir na brí a shanntar dó i *gcolún (2)* den Chuid seo a áireamh. | Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn "arán" bia atá le caitheamh ag daoine agus a mhonaraítear trí thaos a bhácáil atá comhdhéanta ar fad de mheascán de phlúr gránaigh agus d'aon cheann amháin nó níos mó de na táthchodanna a áirítear i *gcolún (1)* de *Thábla 2* a ghabhann leis an mír seo agus nach mó a gcainníochtaí ná na cainníochtaí (más ann) a leagtar amach do gach táthchuid i *gcolún (2)* den tábla sin, ach ní fholaíonn sé bia atá pacáistithe lena dhíol mar aonad (nach aonad a gcuirtear in iúl air nach bhfuil ann ach bia le haghaidh naíonán) ina bhfuil 2 cheann nó níos mó de shlisíní, de theascáin, de chantaí nó de phíosaí eile dá samhail agus a bhfuil screamhóg thar mhórchuid den taobh amuigh díobh, is screamhóg a tháinig orthu le linn bácáil, friochadh nó ruachan. |

Tábla 2

Táthchodanna agus a dTeorainneacha Meáchain le haghaidh Aráin mar a mhínítear i *gcolún (2)* de *Chuid F* de *Thábla 1*

| An Táthchuid | An teorainn meáchain le haghaidh na táthchoda, mar chéatadán de mheáchan an phlúir sa taos |
|---|---|
| Gabháil nó gníomhaire eile deascaidh nó aeraithe, salann, eastóscán braiche, bainne, uisce, glútan | Gan teorainn |
| Saill | Nach mó ná 2% |
| Siúcra | Nach mó ná 2% |
| Feabhsaí aráin | Nach mó ná 2% |
| Torthaí triomaithe | Nach mó ná 10% |

(2) Sa mhír seo, folaíonn tagairt do sholáthar bia agus dí—

(*a*) tagairt do sholáthar bia gan deoch, agus

(*b*) tagairt do sholáthar dí gan bhia.

*Ábhar clóite áirithe.*

9. Leabhair agus leabhráin chlóite a sholáthar lena n-áirítear atlais ach gan na nithe seo a leanas a áireamh:—

(*a*) nuachtáin, tréimhseacháin, bróisiúir, catalóga, eolairí agus cláir,

(*b*) leabhair stáiseanóireachta, seicleabhair agus táirgí dá samhail,

(*c*) dialanna, eagraitheoirí, bliainirisí, beartaitheoirí agus táirgí dá samhail arb éard atá in 25 faoin gcéad nó níos mó d'achar iomlán a gcuid leathanach spásanna bána chun faisnéis a thaifeadadh,

(*d*) albaim agus táirgí dá samhail, agus

(*e*) leabhair stampaí, ticéad nó cúpón.

*Éadaí agus coisbheart leanaí.*

10. (1) Earraí éadaí pearsanta do leanaí a sholáthar nach mó a méideanna ná méideanna na n-earraí sin is iomchuí do leanaí a bhfuil meándéanamh leanaí deich mbliana d'aois orthu, ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(*a*) earraí éadaí atá déanta go hiomlán nó go páirteach as seithí fionnaidh ach amháin baill éadaí nach bhfuil orthu ach ciumhsóga de sheithí fionnaidh mura rud é gur mó na ciumhsóga sin ná an cúigiú cuid d'achar an ábhair sheachtraigh, agus

(*b*) earraí éadaí nach bhfuil tuairiscithe, lipéadaithe, marcáilte ná margaithe ar bhonn aoise ná méide.

(2) Earraí coisbhirt phearsanta do leanaí a sholáthar nach mó a méideanna ná an méid is iomchuí do leanaí a bhfuil meánmhéid coise leanaí 10 mbliana d'aois acu, ach gan coisbheart nach bhfuil

tuairiscithe, lipéadaithe, marcáilte ná margaithe ar bhonn aoise ná méide a áireamh.

(3) Sa mhír seo, measfar gur leanbh 10 mbliana d'aois leanbh a bhfuil 10 mbliana nó 10 mbliana agus codán de bhliain slánaithe aige nó aici.

*Leigheas, trealamh agus fearais liachta.*

11. (1) Soláthar leighis de chineál a chaitheann daoine de bhéal.

(2) Soláthar leighis de chineál a chaitheann ainmhithe de bhéal, seachas leigheas a bhíonn i bpacáistí, a dhíoltar nó atá ceaptha thairis sin le haghaidh madraí, cat, éan cáis nó peataí tí.

(3) Soláthar trealaimh agus fearas liachta—

(*a*) is carráistí easláin agus feithiclí eile (seachas feithiclí bóthair inneallghluaiste) de chineál atá deartha lena n-úsáid ag easláin nó ag daoine éiglí,

(*b*) is fearais ortaipéideacha, criosanna máinliachta, trusanna agus táirgí dá samhail, áisíní bodhaire, agus géaga saorga agus baill shaorga eile den chorp seachas fiacla saorga, spéaclaí ceartaitheacha agus lionsaí tadhaill ceartaitheacha,

(*c*) is frámaí siúil agus maidí croise,

(*d*) is codanna nó gabhálais atá oiriúnach lena n-úsáid d'aontoisc nó go formhór le haon cheann de na hearraí a shonraítear i *gclásail (a)*, *(b)* agus *(c)*.

*Leasacháin, ábhair bheatha, síolta áirithe, etc.*

12. (1) Chun críche na míre seo, tá le "leasachán" an bhrí a shanntar dó leis an Acht um Leasacháin, Ábhair Bheatha agus Meascáin Mhianrúla, 1955.

(2) Leasachán a sholáthraítear ina aonaid nach lú ná 10 gcileagram agus nach gcuirtear toirmeasc lena dhíol nó lena mhonarú faoi alt 4 nó 6 den Acht um Leasacháin, Ábhair Bheatha agus Meascáin Mhianrúla, 1955.

(3) Ábhar beatha d'ainmhithe, seachas ábhar beatha atá pacáistithe, a dhíoltar nó atá ceaptha thairis sin le haghaidh madraí, cat, éan cáis nó peataí tí.

(4) Síolta, plandaí, crainn, spóir, bleibíní, tiúbair, fréamhacha tiúbracha, cormáin, corónacha agus ríosóim, de chineál a úsáidtear lena gcur chun bia a tháirgeadh.

*Earraí agus seirbhísí eile nialas-rátaithe.*

13. (1) Seirbhísí a sholáthraíonn Coimisinéirí Soilse na hÉireann i dtaca le hoibriú long solais, tithe solais nó áisíní loingseoireachta eile.

(2) Seirbhísí tarrthála a chuireann an Foras Ríoga Náisiúnta Bád Tarrthála ar fáil lena n-áirítear eagrú agus cothabháil na seirbhíse bád tarrthála.

(3) Tuáillí sláintíochta agus tampóin sláintíochta a sholáthar.

(4) Soláthar coinnle céarach agus soilse oíche atá bán agus sorcóireach, gan coinnle agus soilse oíche maisithe, bíseacha, barrchaolaithe nó cumhraithe a áireamh.

## SCEIDEAL 3

*Alt 46.*

Earraí agus Seirbhísí is Inmhuirearaithe de réir an Ráta Laghdaithe

[ACBL Sc. 3]

## CUID 1

### Léiriú

*Mínithe — Sceideal 3.*

1. (1) Sa Sceideal seo—

ciallaíonn “an Tábla maidir le bia agus deoch” *Tábla 1* a ghabhann le *mír 8(1)* de *Sceideal 2*;

ciallaíonn “i gcúrsa lónadóireachta”—

(*a*) i gcúrsa óstán, bialann, caife, teach úrúcháin, ceaintín, bunachas atá ceadúnaithe chun deochanna meisciúla a dhíol lena n-ól san áitreabh, gnó lónadóireachta nó gnó dá shamhail a oibriú, nó

(*b*) i gcúrsa aon ghnó eile a oibriú a soláthraítear saoráidí i dtaca lena sheoladh chun an bia nó an deoch a sholáthraítear a chaitheamh;

ciallaíonn “soláthar imeallscéime” soláthar—

(*a*) ag déileálaí inchánach de réir *alt 87(3)* nó *(8)*, nó

(*b*) ag ceantálaí de réir bhrí *alt 89(1)* agus de réir *alt 89(3)*.

*Forálacha forléiriúcháin eile.*

2. (1) Sa Sceideal seo, folaíonn tagairt do bhia agus deoch a sholáthar—

(*a*) tagairt do bhia a sholáthar gan deoch, agus

(*b*) tagairt do dheoch a sholáthar gan bhia.

(2) Chun críocha *mhír 12*, ní fholaíonn an abairt “galf” áin agus amas.

## CUID 2

### Soláthairtí Iarscríbhinn III

Sa Chuid seo, leagtar amach soláthairtí earraí agus seirbhísí mar a fhoráiltear le hAirteagal 98 agus le hIarscríbhinn III den Treoir CBL.

*Bia agus deoch le caitheamh ag an duine.*

3. (1) Bia agus deoch a sholáthar i bhfoirm atá oiriúnach lena chaitheamh nó lena caitheamh ag an duine gan a thuilleadh ullmhúcháin—

(*a*) trí mheaisín díola, nó

(*b*) i gcúrsa lónadóireachta,

ar bia agus deoch é nó í a thagann faoi réim *Chuid B* den tábla maidir le bia agus deoch nó ar a mbeadh cáin inmhuirearaithe, ar leith ón bhfomhír seo, de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(b)*.

(2) Soláthar na nithe seo a leanas i gcúrsa lónadóireachta—

(*a*) bia agus deoch—

(i) a thagann faoi réim *Chuid C* nó *D* den tábla maidir le bia agus deoch, nó

(ii) a thagann faoi réim *cholún (1)* de *Chuid F* den tábla maidir le bia agus deoch,

nó

(*b*) súnna torthaí seachas súnna torthaí ar arb inmhuirearaithe dleacht mháil,

nuair a sholáthraítear an bia agus an deoch sin nó na súnna sin i gcúrsa béile.

(3) Soláthar bia agus dí arb é atá ann nó inti, nó ar cuid de nó di, bia agus deoch—

(i) atá téite, chun gur féidir é nó í a chaitheamh ar theocht is airde ná teocht aeir na timpeallachta,

(ii) a coinníodh te tar éis cócaireachta, chun gur féidir é nó í a chaitheamh ar theocht is airde ná teocht aeir na timpeallachta, nó

(iii) a sholáthraítear agus é nó í fós bogthe tar éis cócaireachta, chun gur féidir é nó í a chaitheamh ar theocht is airde ná teocht aeir na timpeallachta,

agus

(*b*) atá os cionn theocht aeir na timpeallachta an tráth a sholáthraítear do chustaiméir é nó í,

ar bia agus deoch a thagann faoi réim *Chuid B* den tábla maidir le bia agus deoch é nó í nó ar arb inmhuirearaithe cáin, ar leith ón bhfomhír seo, de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(b)*.

(4) Níl feidhm ag *fomhír (3)* maidir le harán mar a mhínítear é i *gcolún (2)* de *Chuid F* den tábla maidir le bia agus deoch.

(5) Bia de chineál a chaitheann daoine (seachas bia ar arb inmhuirearaithe cáin de réir an ráta a shonraítear in *alt 46(1)(b)*), arb é atá ann táirgí báicéireachta de bhonn plúir nó uibheacha (lena n-áirítear cácaí, brioscaí crua, abhlanna agus brioscaí), ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(*a*) abhlanna agus brioscaí atá go hiomlán nó go páirteach faoi chlúdach nó faoi mhaisiú seacláide nó táirge éigin eile ar a bhfuil blas agus cruth den tsamhail chéanna,

(*b*) bia agus deoch a thagann faoi réim *Chuid C* den tábla maidir le bia agus deoch, agus

(*c*) seacláidí, milseáin agus milseogra dá samhail.

*Ainmhithe beo, ábhair bheatha d'ainmhithe.*

4. (1) Ábhar beatha do chúnna a phacáistítear, a fhógraítear nó a chuirtear ar díol d'aontoisc mar ábhar beatha do chúnna, agus a sholáthraítear ina aonaid nach lú ná 10 gcileagram.

(2) Éanlaith bheo agus ostraisí beo.

*Táirgí cógaisíochta.*

5. Táirgí frithghiniúnacha nach gcaitear de bhéal.

*Trealamh sábháilteachta áirithe.*

6. Suíocháin sábháilteachta gluaisteáin do leanaí.

*Leabhair, nuachtáin agus ábhar clóite eile.*

7. Ábhar clóite arb é atá ann—

(*a*) nuachtáin agus tréimhseacháin,

(*b*) bróisiúir, bileoga agus cláir,

(*c*) catalóga, lena n-áirítear eolairí, agus ábhar clóite dá samhail,

(*d*) léarscáileanna, cairteacha hidreagrafacha agus cairteacha dá samhail, nó

(*e*) ceol clóite seachas i bhfoirm leabhair nó leabhráin,

ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(i) ábhar clóite eile ar fógraíocht atá ann go hiomlán nó go substaintiúil,

(ii) na hearraí a shonraítear i *bhfomhíreanna (b)* go *(e)* de *mhír 9* de *Sceideal 2*, agus

(iii) aon ábhar clóite eile.

*Seónna, taispeántais, saoráidí cultúir, etc.*

8. (1) Taispeáintí de scannáin chineamatagrafacha a chur chun cinn agus daoine a ligean isteach chucu.

(2) Taibhithe beo amharclainne nó ceoil a chur chun cinn agus daoine a ligean isteach chucu, ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(*a*) damhsaí, agus

(*b*) taibhithe den chineál a shonraítear i *mír 5(2)* de *Sceideal 1*.

(3) Seirbhísí siamsa den chineál a sholáthraítear de ghnáth i bpáirceanna aonaigh nó i bpáirceanna siamsa ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(*a*) seirbhísí arb é atá iontu damhsaí,

(*b*) seirbhísí arb é atá iontu sorcais,

(*c*) seirbhísí arb é atá iontu cearrbhachas mar a mhínítear é in alt 2 den Acht um Chearrbhachas agus Crannchuir, 1956 (lena n-áirítear seirbhísí arna soláthar trí mheaisín cearrbhachais den chineál dá dtagraítear in alt 43 den Acht Airgeadais, 1975), nó

(*d*) seirbhísí a sholáthraítear trí mheaisín siamsa den chineál dá dtagraítear in alt 120 den Acht Airgeadais, 1992.

(4) Daoine a ligean isteach chuig taispeántais den chineál a sheoltar de ghnáth i músaeim agus i ndánlanna, is taispeántais de rudaí is díol spéise ó thaobh staire, cultúir, ealaíne nó eolaíochta, nach seirbhísí iad den chineál a shonraítear i *mír 3(5)* de *Sceideal 1*.

*Teaghaisí príobháideacha.*

9. (1) Seirbhísí arb é atá iontu earraí dochorraithe a fhorbairt, ar teaghaisí príobháideacha iad, agus obair ar na hearraí dochorraithe sin lena n-áirítear daingneáin a fheistiú, i gcás nach mó luach earraí sochorraithe (más ann) a sholáthraítear de bhun comhaontú i ndáil leis na seirbhísí sin ná dhá thrian den mhéid iomlán ar arb inmhuirearaithe cáin maidir leis an gcomhaontú.

(2) Seirbhísí arb é atá iontu glanadh rialta teaghaisí príobháideacha.

*Earraí agus seirbhísí talmhaíochta.*

10. (1) Seirbhísí talmhaíochta arb é atá iontu aon cheann díobh seo a leanas:

(*a*) obair mhachaire, lena n-áirítear buaint, baint, bualadh, cornadh, fómharaíocht, curaíocht agus plandáil;

(*b*) fosaíocht stoic, tógáil stoic, seirbhísí faoisimh feirme agus seirbhísí comhairliúcháin feirme (seachas seirbhísí cuntasaíochta feirme nó bainistithe feirme);

(*c*) táirgí talmhaíochta a dhíghalrú agus a shadhlasú;

(*d*) fiailí agus loitmhíola a dhíothú agus barra agus talamh a dhustáil agus a spréáil;

(*e*) teascadh, crainn a leagan agus seirbhísí foraoiseachta dá samhail.

(2) Seirbhísí inseamhnaithe ainmhithe.

(3) Seamhan beostoic a sholáthar.

*Cóiríocht óstáin, saoire.*

11. Faoi réir rialachán (más ann)—

(*a*) earraí dochorraithe a ligean (seachas i gcúrsa saoráidí den chineál a shonraítear i *mír 12(1)* a sholáthar) i gcás gurb é atá san hearraí sin—

(i) seomra nó seomraí in óstán nó i dteach aíochta,

(ii) teach, árasán nó bunachas eile dá shamhail ina iomláine, nó cuid de, a ligtear ar bhonn gearrthéarma le haghaidh cóiríochta d'aíonna, nó

(iii) cuid de pháirc charbháin, láithreán campála nó bunachas eile den tsamhail chéanna,

nó

(*b*) cóiríocht saoire a sholáthar.

*Saoráidí spóirt.*

12. (1) Saoráidí a sholáthar chun duine seachas eagraíocht neamhbhrabúsach do ghlacadh páirte i ngníomhaíochtaí spóirt.

(2) Club gailf, ar lena chomhaltaí é, do sholáthar saoráidí chun páirt a ghlacadh i ngalf d'aon duine (seachas duine nádúrtha a dtugtar teideal dó nó di, mar gheall ar a shíntiús comhaltais nó a síntiús comhaltais leis an gclub, an tráth a úsáideann an duine na saoráidí sin, iad a úsáid gan muirear breise ar 200 lá ar a laghad (lena n-áirítear an lá a úsáideann an duine na saoráidí) i dtréimhse leanúnach 12 mhí), i gcás gur mó, nó gur dócha gur mó, an chomaoin iomlán a fhaigheann an club as na saoráidí sin a sholáthar ná an tairseach seirbhísí le linn aon tréimhse leanúnaí 12 mhí.

(3) Eagraíocht neamhbhrabúsach (seachas club gailf ar lena chomhaltaí é) do sholáthar saoráidí d'aon duine chun páirt a ghlacadh i ngalf, i gcás gur mó, nó gur dócha gur mó, an chomaoin iomlán a fhaigheann an eagraíocht as na saoráidí sin a sholáthar ná an tairseach seirbhísí in aon tréimhse leanúnach 12 mhí.

*Seirbhísí eile.*

13. (1) Seirbhísí arb é atá iontu dramhábhar a ghlacadh lena dhiúscairt.

(2) Miondeisiúcháin nó mionmhodhnúcháin a dhéanamh ar rothair, ar bhróga nó earraí leathair, ar éadaí nó línéadach tí.

(3) Seirbhísí gruagaireachta.

## CUID 3

### Soláthairtí Áirithe lenar ghabh Ráta Laghdaithe an 1 Eanáir, 1991: Forálacha Speisialta de réir Airteagal 115 den Treoir CBL

*Tithíocht.*

14. Soláthar earraí dochorraithe a úsáidtear nó atá le húsáid chun críocha cónaithe.

CUID 4

Soláthairtí Áirithe lenar ghabh Ráta Laghdaithe an 1 Eanáir, 1991: Forálacha Speisialta de réir Airteagal 118 den Treoir CBL

*Earraí dochorraithe neamhchónaitheacha.*

15. (1) Soláthar earraí dochorraithe, seachas earraí dochorraithe a úsáidtear nó atá le húsáid chun críocha cónaithe.

(2) Seirbhísí arb é atá iontu earraí dochorraithe a fhorbairt (nach earraí dá dtagraítear i *mír 9(1)*) agus obair ar na hearraí sin (lena n-áirítear daingneáin a fheistiú), i gcás nach mó luach aon earraí sochorraithe a sholáthraítear faoi chomhaontú a bhaineann leis na seirbhísí ná dhá thrian den mhéid iomlán ar arb inmhuirearaithe cáin maidir leis an gcomhaontú.

(3) Seirbhísí arb é atá iontu gnáthghlanadh earraí dochorraithe (nach earraí dochorraithe dá dtagraítear i *mír 9(2)*).

*Oibreacha coincréite.*

16. (1) Soláthar coincréite atá réidh lena doirteadh, ach gan soláthar imeallscéime na coincréite a áireamh.

(2) Soláthar bloc coincréite de chineál atá i gcomhréir leis an tsonraíocht i nDearbhú 1987 um Shonraíocht Chaighdeánach (Bloic Thógála Choincréite, Cuid 1, Bloic Ghnáthdhlúis) (Caighdeán Éireannach 20: Cuid 1: 1987), ach gan soláthar imeallscéime na mbloc sin a áireamh.

*Táirgí agus soláthairtí fuinnimh.*

17. (1) Soláthar guail, móna agus substaintí soladacha eile a thairgtear lena ndíol d'aontoisc mar bhreosla.

(2) Soláthar leictreachais, ach ní dáileadh leictreachais más i dtaca le tarchur comharthaí cumarsáide go hiomlán nó go páirteach an dáileadh.

(3) Soláthar gáis de chineál a úsáidtear le haghaidh téacháin nó soilsiúcháin i dtithe nó i dtionscail i bhfoirm ghásach nó i bhfoirm leachtach, ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(*a*) gás mótarfheithicle de réir bhrí alt 42(1) den Acht Airgeadais, 1976,

(*b*) gás de chineál a úsáidtear de ghnáth chun miotal a tháthú nó a ghearradh, nó

(*c*) gás a dhíoltar mar bhreosla lastóra.

(4) Soláthar ola hidreacarbóin de chineál a úsáidtear le haghaidh téacháin i dtithe nó i dtionscail, gan ola gháis (de réir bhrí na Rialachán um Cháin Ola Mianra, 2001 (I.R. Uimh. 442 de 2001)) a áireamh, nach ola gháis atá marcáilte go cuí de réir Rialachán 6(2) de na Rialacháin sin.

*Soláthairtí fótagrafacha agus soláthairtí gaolmhara.*

18. (1) Dearbhchlónna fótagrafacha (seachas earraí a táirgeadh trí phróiseas fótachóipeála), sleamhnáin nó claonchlónna, a táirgeadh as earraí a chuir duine ar fáil, a sholáthar don duine sin.

(2) Soláthar earraí arb iad—

(*a*) dearbhchlónna fótagrafacha (seachas earraí a táirgeadh trí phróiseas fótachóipeála), gléasta nó neamhghléasta, ach iad neamhfhrámáilte,

(*b*) sleamhnáin agus claonchlónna, agus

(*c*) scannán cineamatagrafach agus fís-scannán,

a dhéanann taifeadadh ar dhaoine, rudaí nó ócáidí áirithe, arna soláthar faoi chomhaontú chun grianghraf a dhéanamh de na daoine, de na rudaí nó de na hócáidí sin.

(3) Grianghrafadóir do sholáthar na nithe seo a leanas—

(*a*) claonchlónna a táirgeadh as scannán a nochtadh chun críoch ghnó an ghrianghrafadóra, agus

(*b*) scannán a nochtadh chun críocha ghnó an ghrianghrafadóra.

(4) Soláthar dearbhchlónna fótagrafacha a táirgeadh trí mheaisín díola a bhfuil ceamara agus trealamh réalta agus clóite ann.

(5) Seirbhísí arb é atá iontu—

(*a*) eagarthóireacht a dhéanamh ar scannán fótagrafach agus cineamatagrafach agus ar fhís-scannán, nó

(*b*) micreascannánú.

(6) Seirbhísí gníomhaireachta i ndáil le soláthar a shonraítear i *bhfomhír (1)*.

*Fruiliú ar feadh tréimhsí gearra.*

19. Fruiliú—

(*a*) feithicle atá deartha agus déanta, nó oiriúnaithe, chun daoine a iompar de bhóthar,

(*b*) soithigh atá deartha agus déanta chun paisinéirí a iompar agus nach mó ná 15 thonna a mhórthonnáiste,

(*c*) báid spóirt nó áineasa de chineál ar bith, nó

(*d*) carbháin, teaghaise soghluaiste, pubaill, nó leanphubaill,

le daoine faoi chomhaontú (seachas comhaontú den chineál dá dtagraítear in *alt 19(1)(c)*) ar feadh aon téarma nó cuid de théarma nach faide ná 5 seachtaine nuair a chuirtear é le téarma fruilithe roimhe sin (cibé acu fruiliú na n-earraí céanna nó earraí eile den chineál céanna) leis an duine céanna le linn an 12 mhí dar críoch dáta tosaithe an fhruilithe láithrigh.

*Seirbhísí deisiúcháin agus seirbhísí gaolmhara áirithe.*

20. (1) Seirbhísí, seachas na seirbhísí sin a shonraítear i *mír 13(2)*, arb é atá iontu—

(*a*) earraí sochorraithe a dheisiú nó a chothabháil, nó

(*b*) earraí sochorraithe réchaite a mhodhnú (seachas obair chonartha nó seirbhísí conartha de chineál a shonraítear i *bhfomhír (2)*), ach gan soláthar na nithe seo a leanas le linn aon deisiúcháin, cothabhála nó modhnúcháin den sórt sin a áireamh—

(i) gabhálais, aidhlicí nó cadhnraí, nó

(ii) boinn, cásanna boinn, tráchtanna boinn idirmhalartacha, lamhnáin agus flapaí boinn, do rothaí de gach cineál.

(2) Is seirbhísí sonraithe chun críocha *fhomhír (1)* na seirbhísí seo a leanas:

(*a*) seirbhísí a shonraítear i *mír 3(4)* de *Sceideal 2* (Obair ar earraí sochorraithe atá le honnmhairiú);

(*b*) seirbhísí a shonraítear i *mír 4(2)* de *Sceideal 2* (Soithí farraige nó aerárthaí a dheisiú etc.);

(*c*) seirbhísí a shonraítear i *mír 4(4)* de *Sceideal 2* (Trealamh a úsáidtear in aerárthaí idirnáisiúnta a dheisiú, etc.).

*Seirbhísí ilghnéitheacha.*

21. (1) Seirbhísí arb é atá iontu aire a thabhairt do chorp an duine, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraítear i gcúrsa gnó stiúideo sláinte nó gnó dá shamhail ach gan gníomhaíochtaí díolmhaithe dá dtagraítear i *gCuid 1* de *Sceideal 1* nó seirbhísí gruagaireachta dá dtagraítear i *mír 13(3)* a áireamh.

(2) Seirbhísí a sholáthraíonn marcaigh i gcúrsa a ngairme.

(3) Seirbhísí a sholáthraíonn tréidlianna i gcúrsa a ngairme.

(4) Seirbhísí a sholáthraíonn treoraithe turas i gcúrsa a ngairme.

(5) Teagasc i dtiomáint feithiclí bóthair inneallghluaiste, ach gan oideachas, oiliúint ná athoiliúint den chineál a shonraítear i *mír 4(3)* de *Sceideal 1* a áireamh.

## CUID 5

### SOLÁTHAIRTÍ PLANDAÍ BEO ÁIRITHE AGUS TÁIRGÍ DEN tSAMHAIL CHÉANNA

Sa Chuid seo, leagtar amach forálacha speisialta de réir Airteagal 122 agus Iarscríbhinn III (mír (11)) den Treoir CBL.

*Plandaí agus bleibíní, etc.*

22. (1) Stoc do phlandlanna nó ionaid gharraíodóireachta a sholáthar arb é atá ann plandaí beo, crainn bheo, toir bheo, bleibíní,

fréamhacha agus a leithéidí, nach de chineál a shonraítear i *mír 12(3)* de *Sceideal 2*, agus bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach nach bláthanna ná duilliúr saorga nó triomaithe iad.

(2) Soláthar ríosóm miscanthus, síolta, bleibíní, fréamhacha agus earraí den tsamhail chéanna a úsáidtear le haghaidh táirgeadh talmhaíochta bithbhreosla.

## CUID 6

### SOLÁTHAIRTÍ SAOTHAR EALAÍNE, SEANDACHTAÍ AGUS LÁMHSCRÍBHINNÍ LITEARTHA ÁIRITHE

Sa Chuid seo, déileáiltear le socruithe speisialta arna ndéanamh de réir Airteagal 311 agus Iarscríbhinn IX den Treoir CBL.

*Saothair ealaíne.*

23. Soláthar saothair ealaíne arb é atá ann—

(*a*) péintéireacht, líníocht nó pastal, nó aon chumasc den chéanna, ar de láimh go hiomlán a tháirgtear í nó é agus nach—

(i) earra lámh-mhaisithe, ná

(ii) plean nó líníocht chun gnéithe topagrafaíochta a thaispeáint, ná

(iii) plean nó líníocht a tháirgtear chun críche ailtireachta, innealtóireachta, tionsclaíochta, tráchtála nó chun críche dá samhail,

(*b*) liteagraf, greanadh nó prionta bunaidh, nó aon chumasc den chéanna, arna tháirgeadh go díreach as clocha liteagrafacha, plátaí nó dromchlaí greanta eile, agus a tháirgtear go hiomlán de láimh, nó

(*c*) dealbhóireacht nó dealbh bhunaidh (nach atáirgeadh olltáirgthe ná saothar ceardaíochta de chineál tráchtála),

ach gan soláthar imeallscéime saothair den sórt sin a áireamh.

*Seandachtaí.*

24. Soláthar seandachta is ball troscáin, airgid, gloine nó poircealláin (cibé acu lámh-mhaisithe nó nach ea) de chineál a shonraítear sna rialacháin, a suitear chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur sine ná 100 bliain d'aois é, ach gan na nithe seo a leanas a áireamh—

(*a*) saothar ealaíne de chineál a shonraítear i *mír 23*, agus

(*b*) soláthar imeallscéime seandachta.

*Lámhscríbhinní liteartha.*

25. Soláthar lámhscríbhinne liteartha a ndeimhníonn Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann gur lámhscríbhinn í a bhfuil tábhacht mhór náisiúnta léi agus a bhfuil tábhacht léi ó thaobh an chultúir nó na healaíne de.

*Alt 4.*

## SCEIDEAL 4

[ACBL Sc. 4]

### Gníomhaíochtaí agus Seirbhísí Táirgthe Talmhaíochta

### CUID 1

Airteagal 295(1) agus Iarscríbhinn VII den Treoir CBL

Liosta de Ghníomhaíochtaí Táirgthe Talmhaíochta

1. Táirgeadh Barr.

(*a*) Talmhaíocht ghinearálta, lena n-áirítear fíonsaothrú.

(*b*) Fás torthaí (lena n-áirítear ológa) agus glasraí, bláthanna agus plandaí ornáideacha, faoin spéir agus faoi ghloine.

(*c*) Táirgeadh beacán, spíosraí, síolta agus ábhar síolraithe; plandlanna.

2. Stoc-Fheirmeoireacht mar aon le hAradóireacht.

(*a*) Stoc-fheirmeoireacht ghinearálta.

(*b*) Feirmeoireacht éanlaithe clóis.

(*c*) Feirmeoireacht coiníní.

(*d*) Beachaireacht.

(*e*) Feirmeoireacht seiriceán.

(*f*) Feirmeoireacht seilidí.

3. Foraoiseacht.

4. Iascaigh.

(*a*) Iascaireacht fíoruisce.

(*b*) Feirmeoireacht éisc.

(*c*) Síolrú diúilicíní, oisrí agus moileasc eile agus crústach.

(*d*) Feirmeoireacht loscán.

5. Maidir le feirmeoir—

(*a*) má dhéanann sé nó sí táirgí a phróiseáil a dhíorthaíonn go bunúsach óna tháirgeadh talmhaíochta nó óna táirgeadh talmhaíochta, agus

(*b*) trí mhodhanna a úsáidtear de ghnáth i ngnóthas talmhaíochta, foraoiseachta nó iascaigh a úsáid,

ansin measfar gur táirgeadh talmhaíochta an phróiseáil sin freisin.

CUID 2

AIRTEAGAL 295(1) AGUS IARSCRÍBHINN VIII DEN TREOIR CBL

Liosta de Sheirbhísí Talmhaíochta

Measfar gur soláthar seirbhísí talmhaíochta soláthairtí seirbhísí talmhaíochta a ghabhann páirt de ghnáth i dtáirgeadh talmhaíochta, agus folóidh siad na nithe seo a leanas go háirithe:

(*a*) Obair mhachaire, buaint agus baint, bualadh, cornadh, bailiú, fómharaíocht, curaíocht agus plandáil.

(*b*) Pacáil agus ullmhú don mhargadh, mar shampla, triomú, glanadh, meilt, díghalrú agus sadhlasú táirgí talmhaíochta.

(*c*) Táirgí talmhaíochta a stóráil.

(*d*) Fosaíocht, tógáil agus ramhrú stoic.

(*e*) Trealamh a úsáidtear de ghnáth i ngnóthais talmhaíochta, foraoiseachta nó iascaigh a ligean ar fruiliú chun críocha talmhaíochta.

(*f*) Cúnamh teicniúil.

(*g*) Fiailí agus loitmhíola a dhíothú, barra agus talamh a dhustáil agus a spréáil.

(*h*) Trealamh uiscithe agus siltin a oibriú.

(*i*) Teascadh, crainn a leagan agus seirbhísí eile foraoiseachta.

*Alt 48.*

## SCEIDEAL 5

[ACBL Sc. 5]

### Saothair Ealaíne, Míreanna Bailitheoirí agus Seandachtaí is Inmhuirearaithe de réir an Ráta a Shonraítear in *alt 46(1)(c)* sna hImthosca a Shonraítear in *alt 48*

*Saothair ealaíne.*

1. Gach saothar ealaíne arb é atá ann—

(*a*) pictiúr (seachas péintéireacht, líníocht nó pastal a shonraítear i *mír 23* de *Sceideal 3*), colláis nó plaic mhaisiúil den tsamhail chéanna, ar de láimh a rinne ealaíontóir go hiomlán é nó í, seachas—

(i) pleananna agus líníochtaí chun críocha ailtireachta, innealtóireachta, tionscail, tráchtála nó topagrafaíochta, nó chun críocha dá samhail,

(ii) earraí monaraithe lámh-mhaisithe, agus

(iii) radharcra amharclainne, cúlbhrait stiúideo nó a leithéid de chanbhás péinteáilte,

(*b*) múnla dealbhóireachta a bhfuil a tháirgeadh teoranta do 8 gcóip agus arna mhaoirsiú ag an ealaíontóir nó ag comharbaí i dteideal an ealaíontóra ar choinníoll, i gcás múnla deilbhe arna tháirgeadh roimh an 1 Eanáir, 1989, go bhféadfar dul thar an teorainn 8 gcóip i gcás ina gcinneann na Coimisinéirí Ioncaim amhlaidh,

(*c*) taipéis nó teicstíl bhalla a rinneadh de láimh ó dhearaí bunaidh a sholáthair ealaíontóir, ar choinníoll nach bhfuil níos mó ná 8 gcóip de gach ceann díobh ann,

(*d*) píosaí aonair criadóireachta a rinne ealaíontóir go hiomlán agus a shínigh an t-ealaíontóir,

(*e*) cruain ar chopar, ar de láimh a rinneadh go hiomlán iad, atá teoranta do 8 gcóip uimhrithe ar a bhfuil síniú an ealaíontóra nó an stiúideo, gan seodearraí, earraí gaibhne óir ná earraí gaibhne airgid a áireamh, nó

(*f*) grianghraf arna thógáil ag ealaíontóir, arna chló ag an ealaíontóir nó faoi mhaoirseacht an ealaíontóra agus arna shíniú agus arna uimhriú agus é teoranta do 30 cóip, gach méid agus feiste san áireamh, seachas grianghraif a shonraítear i *mír 18(2)(a)* de *Sceideal 3.*

*Míreanna bailitheoirí.*

2. Gach mír bailitheoirí arb é atá inti ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas—

(*a*) stampaí poist nó ioncaim, postmharcanna, clúdaigh chéadlae, stáiseanóireacht réamhstampáilte agus a leithéidí, atá frainceáilte, nó má tá siad neamhfhrainceáilte nach de dhlíthairiscint iad agus nach mbeartaítear iad a úsáid mar dhlíthairiscint, nó

(*b*) bailiúcháin agus píosaí do bhailitheoirí ar díol spéise iad ó thaobh na zó-eolaíochta, na luibheolaíochta, na mianreolaíochta, na hanamataíochta, na staire, na seandálaíochta, na pailé-ointeolaíochta, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta de.

*Seandachtaí.*

3. Gach seandacht arb é atá inti, faoi réir agus de réir rialachán, earra amháin nó níos mó a suitear chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim gur sine ná 100 bliain d'aois é nó iad, seachas earraí a shonraítear i *mír 18(2)(a)*, *23* nó *24* de *Sceideal 3* nó i *mír 1* nó *2* den Sceideal seo.

*Alt 14.*

## SCEIDEAL 6

[ACBL Sc. 7]

### Gníomhaíochtaí atá Liostaithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Treoir CBL

1. Seirbhísí teileachumarsáide.

2. Uisce, gás, leictreachas agus fuinneamh teirmeach a sholáthar.

3. Earraí a iompar.

4. Seirbhísí poirt agus aerfoirt.

5. Iompar paisinéirí.

6. Earraí nua a mhonaraítear lena ndíol a sholáthar.

7. Idirbhearta i leith táirgí talmhaíochta, arna ndéanamh ag gníomhaireachtaí idirghabhála talmhaíochta de bhun rialachán maidir le comheagrú an mhargaidh sna táirgí sin.

8. Aontaí trádála agus taispeántais a eagrú.

9. Stórasú.

10. Gníomhaíochtaí de chuid comhlachtaí poiblíochta tráchtála.

11. Gníomhaíochtaí de chuid gníomhairí taistil.

12. Siopaí foirne, comharchumainn agus ceaintíní tionscail agus institiúidí dá samhail a reáchtáil.

13. Gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag comhlachtaí raidió agus teilifíse a mhéid nach bhfuil siad sin díolmhaithe de bhun Airteagal 132(1)(q) den Treoir CBL.

## SCEIDEAL 7

*Alt 123.*

### Leasuithe Iarmhartacha

## CUID 1

### Leasuithe Iarmhartacha ar Achtanna

San Acht a shonraítear i *gcolún (1)* den tábla seo a leanas, déanfar na focail a leagtar amach i *gcolún (3)* a chur in ionad na bhfocal a leagtar amach nó dá dtagraítear san iontráil chomhréire i *gcolún (2)*.

| An tAcht a leasaítear<br>(1) | Na focail atá le baint amach<br>(2) | Na focail atá le cur isteach<br>(2) |
|---|---|---|
| An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil), 1962: | | |
| alt 10(1)(*d*)(i) | leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972, agus leis na hachtacháin ag leasú nó ag leathnú an Achta sin | leis an *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus leis na hachtacháin ag leasú nó ag leathnú an Achta sin |
| alt 10(1)(*d*)(ii) | leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972, agus leis na hachtacháin ag leasú nó ag leathnú an Achta sin | leis an *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus leis na hachtacháin ag leasú nó ag leathnú an Achta sin |
| Acht na gCuideachtaí, 1990: | | |
| alt 205E(1), sa mhíniú ar “dlí cánach”, i mír (*e*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin ag leasú nó ag leathnú an Achta sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin ag leasú nó ag leathnú an Achta sin |
| An tAcht Airgeadais, 1992: | | |
| alt 134(7) | faoi alt 12 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 134(7) | den chineál a shonraítear i mír (i)(*e*) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972, i leith feithiclí arna soláthar de bhun comhaontaithe de réir alt 3(1)(*b*) den Acht sin | den chineál a shonraítear i *mír (6)(1)(e)* de *Sceideal 1* a ghabhann leis an *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, i leith feithiclí arna soláthar de bhun comhaontaithe de réir *alt 19(1)(c)* den Acht sin |
| alt 155(1), sa mhíniú ar “láimhdeachas bliantúil”, i mír (*a*) | de bhua alt 10 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | de bhua *Chaibidil 1* de *Chuid 5* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 155(1), sa mhíniú ar “láimhdeachas bliantúil”, i mír (*b*) | atá in alt 8(3) den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | atá in *alt 6(1)* agus *(2)* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 155(3) | aon fhorála san Acht Cánach Breisluacha, 1972 | aon fhorála san *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |

| An tAcht a leasaítear<br><br>(1) | Na focail atá le baint amach<br><br>(2) | Na focail atá le cur isteach<br><br>(2) |
|---|---|---|
| An tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996: | | |
| alt 1(1), sa mhíniú ar “na hAchtanna Ioncaim”, i mír (*e*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972 | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997: | | |
| alt 267N(2)(*b*)(i) | faoi alt 12 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 267N(2)(*b*)(ii) | faoi alt 20(3) den Acht sin | faoi *alt 103* den Acht sin |
| alt 319(1)(i) | faoi alt 12 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoi *Chaibidil 1* de *Chuid 8* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 319(1)(ii) | faoi alt 20(3) den Acht sin | faoi *alt 103* den Acht sin |
| alt 527(3)(*a*) | faoin Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoin *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 531(5)(*c*)(ii)(I) | faoin Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoin *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 531(11)(*a*)(iv) | nó leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972 | nó leis an *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 531(11A) | agus leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972 | agus leis an *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 531(13)(*a*)(v) | leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972 | leis *an Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 811(1)(*a*)(iii) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin ag leasú nó ag leathnú an Achta sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin ag leasú nó ag leathnú an Achta sin |
| alt 811A(6)(*b*)(i) | faoi alt 19B den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoi *alt 81* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 817D(1)(*d*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| alt 847A(1)(*c*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| alt 858(1)(*a*)(v) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| alt 859(1)(*e*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |

| An tAcht a leasaítear<br><br>(1) | Na focail atá le baint amach<br><br>(2) | Na focail atá le cur isteach<br><br>(2) |
|---|---|---|
| alt 885(1)(*b*), sa mhíniú ar "gnó" | (de réir bhrí na nAchtanna Cánach Breisluacha, 1972 go 1997) | (de réir bhrí an *Achta Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*) |
| alt 887(1)(*c*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| alt 887(2) | ach faoi réir alt 17 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | ach faoi réir *Chaibidil 2* de *Chuid 9* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 912(1)(*e*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | *an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| alt 912B(1)(*d*) | a bhaineann leis an Acht Cánach Breisluacha, 1972, agus leis na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin agus le haon ionstraimí arna ndéanamh faoin gcéanna | a bhaineann leis an *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus leis na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin agus le haon ionstraimí arna ndéanamh faoin gcéanna |
| alt 917D(1)(*d*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin ag leasú nó ag leathnú an Achta sin | *an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin ag leasú nó ag leathnú an Achta sin |
| alt 960A, sa mhíniú ar "Achtanna" | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin, | *an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin, |
| alt 960A, sa mhíniú ar "measúnacht" | faoi alt 22 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoi *alt 110* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 960O(1) | ciallaíonn "Acht 1972" an tAcht Cánach Breisluacha, 1972; | ciallaíonn "Acht 2010" an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 960O(3)(*a*) | de réir alt 21 d'Acht 1972 | de réir *alt 114 d'Acht 2010* |
| alt 960P(1) | ciallaíonn "Acht 1972" an tAcht Cánach Breisluacha, 1972 | ciallaíonn "*Acht 2010*" an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 960P(3)(*a*) | de réir alt 21 d'Acht 1972 | de réir *alt 114 d'Acht 2010* |
| alt 1001(1)(*b*) | faoin Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoin *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 1002(1)(*a*)(v) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin, | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin nó leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin, |
| alt 1003(3)(*d*)(i) | faoin Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoin *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |

| An tAcht a leasaítear<br>(1) | Na focail atá le baint amach<br>(2) | Na focail atá le cur isteach<br>(2) |
|---|---|---|
| alt 1006(1)(*c*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin, |
| alt 1077A(*d*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| alt 1077E, sa mhíniú ar “nochtadh cáilitheach” | pionós dá dtagraítear in alt 27A(4) den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | pionós dá dtagraítear in *alt 116(4)* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 1078(1)(*e*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| alt 1078(9) | agus ailt 26(3D) agus 27A(16) den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | agus *ailt 115(9)* agus *116(16)* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 1079(1)(*e*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| alt 1086(1)(*c*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| alt 1086(4)(*a*) | alt 27A den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | *alt 116* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 1086(4B)(*a*)(ii) | i bhfo-alt (11) nó (12), de réir mar a bheidh, d’alt 27A den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | i *bhfo-alt (11)* nó *(12)*, de réir mar a bheidh, *d’alt 116* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 1089(1)(*b*) | alt 21 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | *alt 114* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 1104(3) | a fhorléiriú i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha, 1972 go 1997 | a fhorléiriú i dteannta an *Achta Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |

| An tAcht a leasaítear<br>(1) | Na focail atá le baint amach<br>(2) | Na focail atá le cur isteach<br>(2) |
|---|---|---|
| An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999: | | |
| alt 48 | faoi alt 2 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoi *alt 3* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 56 | faoi alt 2 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoi *alt 3* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| alt 134A(1), sa mhíniú ar "nochtadh cáilitheach" | alt 27A(4) den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | *alt 116(4)* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001: | | |
| alt 1(*d*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Muirir), 2009: | | |
| alt 11(2) | ciallaíonn "Acht 1972" an tAcht Cánach Breisluacha, 1972; | ciallaíonn "*Acht 2010*" an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010*; |
| alt 11(2), sa mhíniú ar "achtachán sonraithe", i mír (*c*) | Acht 1972 | *Acht 2010* |
| alt 11(2), sa mhíniú ar "uimhir thagartha cánach", i mír (*b*)(ii) | chun críocha Acht 1972 | chun críocha *Acht 2010* |
| An tAcht Airgeadais, 2010: | | |
| alt 77, sa mhíniú ar "soláthróir" | chun críocha bhrí alt 8 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | chun críocha *Chuid 2* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |

CUID 2

Leasuithe Iarmhartacha ar Ionstraimí Reachtúla

San ionstraim reachtúil a shonraítear i *gcolún (1)* den tábla seo a leanas, déanfar na focail a leagtar amach i *gcolún (3)* a chur in ionad na bhfocal a leagtar amach nó dá dtagraítear san iontráil chomhréire i *gcolún (2)*.

| An Ionstraim Reachtúil a leasaítear<br>(1) | Na focail atá le baint amach<br>(2) | Na focail atá le cur isteach<br>(3) |
|---|---|---|
| Na Rialacháin um Chlárú agus Cánachas Feithiclí, 1992 (I.R. Uimh. 318 de 1992): | | |
| rialachán 14(3)(*b*) | faoi alt 9 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | faoi *alt 65* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| rialachán 17(3) | an uimhir chláraithe faoi na hAchtanna Cánach Breisluacha, 1972 go 1992 | an uimhir chláraithe faoin *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| Na Rialacháin um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) (Deimhniú Imréitigh Cánach), 1999 (I.R. Uimh. 135 de 1999): | | |
| rialachán 2, sa mhíniú ar "na hAchtanna", i mír (*b*) | an tAcht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972) agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | an *tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| Na Rialacháin Chánach Ioncaim (Conarthaí Iomchuí), 2000 (I.R. Uimh. 71 de 2000): | | |
| rialachán 2, sa mhíniú ar "uimhir chláraithe CBL" | faoi alt 9 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972) | faoi *alt 65* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| An tOrdú Cánacha (Tuairisceáin Ioncaim Áirithe a Tharchur go Leictreonach) (Forálacha Sonraithe agus an Lá Ceaptha), 2000 (I.R. Uimh 289 de 2000): | | |
| An Sceideal | Alt 19(3)(*a*) (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 1983 (Uimh. 15 de 1983)) den Acht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972) | *Alt 76(1)* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| An Sceideal | Alt 19(3)(*aa*) (a cuireadh isteach leis an Acht Airgeadais, 1989 (Uimh. 10 de 1989)) den Acht Cánach Breisluacha, 1972 | *Alt 77* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |

| An Ionstraim Reachtúil a leasaítear<br><br>(1) | Na focail atá le baint amach<br><br>(2) | Na focail atá le cur isteach<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Na Rialacháin um Cháin Ola Mianra, 2001 (I.R. Uimh. 442 de 2001): | | |
| Sceideal 2, i mír 1 | faoi alt 9 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972) | faoi *alt 65* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| Na Rialacháin Chánacha (Aisíocaíochtaí a Fhritháireamh), 2002 (I.R. Uimh. 471 de 2002): | | |
| rialachán 2, sa mhíniú ar “meastachán”, i mír (*c*) | alt 22 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972) | *alt 110* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| rialachán 3(*a*)(ii) | a eascraíonn faoin Acht Cánach Breisluacha, 1972 agus faoi na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | a eascraíonn faoin *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* agus faoi na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| rialachán 4(*a*)(v) | a eascraíonn faoin Acht Cánach Breisluacha, 1972 agus faoi na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin | a eascraíonn faoin *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* agus faoi na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir 2000/31/CE), 2003 (I.R. Uimh. 68 de 2003): | | |
| rialachán 7(1)(*h*) | de réir alt 9 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972) | de réir *alt 65* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cianmhargú Seirbhísí Airgeadais Tomhaltóirí), 2004 (I.R. Uimh. 853 de 2004): | | |
| Sceideal 1, i mír (*g*) | de réir alt 9 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972) | de réir *alt 65* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Trealamh Dramhaíola Leictreach agus Leictreonach), 2005 (I.R. Uimh. 340 de 2005): | | |
| rialachán 15(3)(*a*)(ii) | de réir fhorálacha alt 9 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972) | de réir *alt 65* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |

| An Ionstraim Reachtúil a leasaítear<br><br>(1) | Na focail atá le baint amach<br><br>(2) | Na focail atá le cur isteach<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh agus Íocaíochtaí Comhdhlúite agus Rialú), 2007 (I.R. Uimh. 142 de 2007): | | |
| Airteagal 189(3)(*b*)(iv) | de réir alt 9(1A) den Acht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972) | de réir *alt 65(2)* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| Na Rialacháin Dleachta Stampa (Ríomhstampáil Ionstraimí), 2009 (I.R. Uimh. 476 de 2009): | | |
| rialachán 2, sa mhíniú ar “uimhir CBL” | faoi alt 9(1A) (a cuireadh isteach le halt 171 den Acht Airgeadais, 1992 (Uimh. 9 de 1992)) den Acht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972) | faoi *alt 65(2)* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| An tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin, 2009 (Alt 33), 2010 (I.R. Uimh. 7 de 2010): | | |
| airteagal 2, sa mhíniú ar “CBL” | san Acht Cánach Breisluacha, 1972 | san *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |
| Na Rialacháin um Rialú Táirgí Inmháil, 2010 (I.R. Uimh. 146 de 2010): | | |
| rialachán 4(1), sa mhíniú ar “uimhir CBL”, i mír (*b*) | alt 9 den Acht Cánach Breisluacha, 1972 (Uimh. 22 de 1972) | *alt 65* den *Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010* |

## SCEIDEAL 8

*Alt 123.*

### Aisghairm agus Cúlghairm

## CUID 1

### Aisghairm

| Uimhir agus Bliain<br><br>(1) | Gearrtheideal<br><br>(2) | Méid na hAisghairme<br><br>(3) |
|---|---|---|
| Uimh. 19 de 1973. | An tAcht Airgeadais, 1973. | Cuid V (ailt 76 go 90), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 98(5).<br>An Deichiú Sceideal. |
| Uimh. 6 de 1975. | An tAcht Airgeadais, 1975. | Cuid V (ailt 50 go 53), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 29(3). |
| Uimh. 19 de 1975. | An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 1975. | Ailt 2 agus 4(3) agus (4).<br>An Sceideal. |
| Uimh. 16 de 1976. | An tAcht Airgeadais, 1976. | Cuid IV (ailt 49 go 63), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 83(5).<br>An Cúigiú Sceideal, Cuid II. |
| Uimh. 34 de 1978. | An tAcht Cánach Breisluacha (Leasú), 1978. | An tAcht iomlán. |
| Uimh. 11 de 1979. | An tAcht Airgeadais, 1979. | Cuid III (ailt 48 agus 49), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 59(4). |
| Uimh. 14 de 1980. | An tAcht Airgeadais, 1980. | Cuid III (ailt 80 go 82), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 96(4). |
| Uimh. 16 de 1981. | An tAcht Airgeadais, 1981. | Cuid III (ailt 42 go 45), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 54(4). |
| Uimh. 28 de 1981. | An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 1981. | Cuid II (ailt 10 go 15), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 20(3). |
| Uimh. 14 de 1982. | An tAcht Airgeadais, 1982. | Cuid III (ailt 74 go 90), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 105(4). |
| Uimh. 15 de 1983. | An tAcht Airgeadais, 1983. | Cuid III (ailt 77 go 89), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 122(4). |
| Uimh. 9 de 1984. | An tAcht Airgeadais, 1984. | Cuid III (ailt 84 go 95), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 116(4). |
| Uimh. 10 de 1985. | An tAcht Airgeadais, 1985. | Cuid III (ailt 41 go 54), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 71(4). |
| Uimh. 13 de 1986. | An tAcht Airgeadais, 1986. | Cuid III (ailt 79 go 91), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 118(4).<br>Alt 118(7), a mhéid a bhaineann sé le cáin bhreisluacha. |
| Uimh. 10 de 1987. | An tAcht Airgeadais, 1987. | Cuid III (ailt 38 go 47), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 55(4) agus (8). |

| Uimhir agus Bliain (1) | Gearrtheideal (2) | Méid na hAisghairme (3) |
|---|---|---|
| Uimh. 12 de 1988. | An tAcht Airgeadais, 1988. | Cuid III (ailt 59 go 63), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 77(4) agus (9). |
| Uimh. 10 de 1989. | An tAcht Airgeadais, 1989. | Cuid III (ailt 53 go 63), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 100(4) agus (9). |
| Uimh. 10 de 1990. | An tAcht Airgeadais, 1990. | Cuid III (ailt 97 go 107), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 140(4) agus (9). |
| Uimh. 13 de 1991. | An tAcht Airgeadais, 1991. | Cuid III (ailt 76 go 87), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 132(4) agus (9). |
| Uimh. 9 de 1992. | An tAcht Airgeadais, 1992. | Cuid III (ailt 164 go 198), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 254(4) agus (11). |
| Uimh. 13 de 1993. | An tAcht Airgeadais, 1993. | Cuid III (ailt 81 go 99), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 143(4) agus (9). |
| Uimh. 13 de 1994. | An tAcht Airgeadais, 1994. | Cuid III (ailt 90 go 101), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 166(4) agus (9). |
| Uimh. 8 de 1995. | An tAcht Airgeadais, 1995. | Cuid III (ailt 118 go 141), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 179(4) agus (10). |
| Uimh. 9 de 1996. | An tAcht Airgeadais, 1996. | Cuid III (ailt 87 go 100), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 143(4) agus (10). |
| Uimh. 22 de 1997. | An tAcht Airgeadais, 1997. | Cuid III (ailt 95 go 114), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 166(4) agus (10). |
| Uimh. 3 de 1998. | An tAcht Airgeadais, 1998. | Cuid 3 (ailt 104 go 117), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Mír (v) d'alt 133(6).<br>Ailt 134(2) agus 138(4) agus (9). |
| Uimh. 2 de 1999. | An tAcht Airgeadais, 1999. | Cuid 3 (ailt 119 go 139), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 217(4) agus (10). |
| Uimh. 3 de 2000. | An tAcht Airgeadais, 2000. | Cuid 3 (ailt 107 go 124), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 166(4) agus (10). |
| Uimh. 7 de 2001. | An tAcht Airgeadais, 2001. | Cuid 4 (ailt 181 go 200), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 243(4) agus (10).<br>Sceideal 5, Cuid 4. |
| Uimh. 5 de 2002. | An tAcht Airgeadais, 2002. | Cuid 3 (ailt 98 go 110), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 141(4) agus (9).<br>Sceideal 6, míreanna 1 agus 6(*a*). |
| Uimh. 3 de 2003. | An tAcht Airgeadais, 2003. | Cuid 3 (ailt 112 go 131), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 171(4) agus (10).<br>Sceideal 6, míreanna 2 agus 3(*b*). |
| Uimh. 8 de 2004. | An tAcht Airgeadais, 2004. | Cuid 3 (ailt 54 go 65), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 94(4) agus (9). |
| Uimh. 5 de 2005. | An tAcht Airgeadais, 2005. | Cuid 3 (ailt 98 go 113), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 150(4). |

| Uimhir agus Bliain (1) | Gearrtheideal (2) | Méid na hAisghairme (3) |
|---|---|---|
| Uimh. 6 de 2006. | An tAcht Airgeadais, 2006. | Cuid 3 (ailt 92 go 101), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 130(4).<br>Sceideal 2, míreanna 8 agus 9(*h*). |
| Uimh. 11 de 2007. | An tAcht Airgeadais, 2007. | Cuid 3 (ailt 75 go 98), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 121, a mhéid a bhaineann sé cáin bhreisluacha.<br>Alt 130(4).<br>Sceideal 3.<br>Sceideal 4, míreanna 3 agus 6(*c*). |
| Uimh. 3 de 2008. | An tAcht Airgeadais, 2008. | Cuid 3 (ailt 82 go 109), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 144(4).<br>Sceideal 4.<br>Sceideal 8, míreanna 3 agus 7(*c*). |
| Uimh. 25 de 2008. | An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2008. | Cuid 3 (ailt 67 go 77), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 102(4).<br>Sceideal 3, mír 2.<br>Sceideal 5, Cuid 3.<br>Sceideal 6, míreanna 4 agus 7(*d*). |
| Uimh. 12 de 2009. | An tAcht Airgeadais, 2009. | Cuid 3 (ailt 20 go 22), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Ailt 29(4) agus (7)(*b*) agus 32(4). |
| Uimh. 34 de 2009. | An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009. | Alt 241.<br>Sceideal 3, Cuid 11. |
| Uimh. 5 de 2010. | An tAcht Airgeadais, 2010. | Cuid 4 (ailt 112 go 133), a mhéid atá sí gan aisghairm.<br>Alt 165(4).<br>Sceidil 2 agus 3.<br>Sceideal 4, míreanna 4 agus 6(*d*). |

## CUID 2

### Cúlghairm

| I.R. Uimh. agus Bliain (1) | Teideal (2) | Méid na Cúlghairme (3) |
|---|---|---|
| I.R. Uimh. 307 de 1975. | An tOrdú d'Fhorchur Dleachtanna (Uimh. 221) (Dleachtanna Máil), 1975. | Mír 16. |
| I.R. Uimh. 146 de 1978. | An tOrdú Cánach Breisluacha (Ráta a Laghdú) (Uimh. 4), 1978. | An ionstraim reachtúil iomlán. |
| I.R. Uimh. 53 de 1981. | An tOrdú Cánach Breisluacha (Ráta a Laghdú) (Uimh. 5), 1981. | An ionstraim reachtúil iomlán. |

| I.R. Uimh. agus Bliain (1) | Teideal (2) | Méid na Cúlghairme (3) |
|---|---|---|
| I.R. Uimh. 430 de 1985. | An tOrdú Cánach Breisluacha (Gníomhaíochtaí Díolmhaithe) (Uimh. 1), 1985. | An ionstraim reachtúil iomlán. |
| I.R. Uimh. 413 de 1992. | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáin Bhreisluacha), 1992. | An ionstraim reachtúil iomlán. |
| I.R. Uimh. 303 de 1993. | An tOrdú Cánach Breisluacha (Tairseach le haghaidh Réamhíocaíochta), 1993. | An ionstraim reachtúil iomlán. |
| I.R. Uimh. 448 de 1994. | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáin Bhreisluacha), 1994. | An ionstraim reachtúil iomlán. |
| I.R. Uimh. 316 de 1997. | An tOrdú Cánach Breisluacha (Incháilitheacht chun an Cháin a bheidh Dlite a Chinneadh faoi Threoir Fáltas Airgid), 1997. | An ionstraim reachtúil iomlán. |
| I.R. Uimh. 520 de 2009. | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáin Bhreisluacha), 2009. | An ionstraim reachtúil iomlán. |
| I.R. Uimh. 317 de 2010. | Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáin Bhreisluacha), 2010. | An ionstraim reachtúil iomlán. |